AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 22.11.2022
COM(2022) 781 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA

Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh

Arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagail 3 agus 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú

{SWD(2022) 381 final}

An Coimisiún Eorpach

Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh

CLÁR ÁBHAR

Clár Ábhar 2

Achoimre feidhmiúcháin 1

1. Comhthéacs maicreacnamaíoch 8

2. Míchothromaíochtaí, rioscaí agus coigeartú: na príomhfhorbairtí 16

2.1. Earnáil sheachtrach 16

2.2. Iomaíochas 23

2.3. Corparáidí neamhairgeadais 30

2.4. Margaí tithíochta agus fiachas teaghlaigh 37

2.5. Earnáil an Rialtais 44

2.6. An earnáil airgeadais 49

3. Rannóg Tíortha 54

3.1. AN BHEILG 54

3.2. AN BHULGÁIR 57

3.3. AN tSEICIA 60

3.4. AN DANMHAIRG 63

3.5. AN GHEARMÁIN 65

3.6. AN EASTÓIN 67

3.7. ÉIRE 70

3.8. AN GHRÉIG 73

3.9. AN SPÁINN 76

3.10. AN FHRAINC 79

3.11. AN CHRÓIT 82

3.12. AN IODÁIL 85

3.13. AN CHIPIR 88

3.14. AN LAITVIA 91

3.15. AN LIOTUÁIN 94

3.16. LUCSAMBURG 97

3.17. AN UNGÁIR 100

3.18. MÁLTA 103
3.19. AN ÍSILTÍR 106
3.20. AN OSTAIR 109
3.21. AN PHOLAINN 112
3.22. AN PHORTAINGÉIL 114
3.23. AN RÓMÁIN 117
3.24. AN tSLÓIVÉIN 120
3.25. AN tSLÓVAIC 123
3.26. AN FHIONLAINN 126
3.27. AN tSUALAINN 128
Iarscríbhinn 1: Nótaí a ghabhann le táblaí na rannóige Tíortha 131
Iarscríbhinn 2: Réamhaisnéisí agus tuairiscí ón am i láthair ar na táscairí scórchláir 132
Iarscríbhinn 3: Scórchlár an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha 134

Leis an Tuarascáil seo maidir leis an Sásra Foláirimh, tionscnaítear an dóú babhta bliantúil déag den Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha. Is é is aidhm don nós imeachta míchothromaíochtaí a bhrath, a chosc agus a cheartú, ar míchothromaíochtaí iad a dhéanann difear nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú cuí geilleagair Ballstáit nó d'fheidhmiú cuí an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, nó an Aontais ina iomláine, agus freagairtí iomchuí beartais a spreagadh. Tá cur chun feidhme an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha leabaithe sa Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na hanailísí agus leis na moltaí a dhéantar faoi uirlisí eile faireachais eacnamaíoch (Airteagail 1 agus 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011).

Sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, sainaithnítear na Ballstáit ar cheart grinn-athbhreithnithe a dhéanamh orthu chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar difear dóibh le míchothromaíochtaí ar gá gníomhaíocht beartais a dhéanamh ina leith (Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011). Agus an plé ar an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh le Parlaimint na hEorpa agus laistigh den Chomhairle agus den Ghrúpa Euro á chur san áireamh, ullmhóidh an Coimisiún grinn-athbhreithnithe do na Ballstáit lena mbaineann ansin. Foilseofar na grinn-athbhreithnithe san earrach in 2023 agus soláthrófar leo an bonn don mheasúnú ón gCoimisiún maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bheith ann agus maidir lena thromchúisí atá siad, agus chun bearnaí beartais a shainaithint. Áirítear sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh freisin anailís ar impleachtaí mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha na mBallstát ar an limistéar euro ina iomláine.

Tá an anailís ar an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh bunaithe ar an léamh eacnamaíoch ar scórchlár táscairí roghnaithe, lena soláthraítear gaireas scagtha chun fianaise *prima facie* a bhrath maidir le rioscaí agus leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann. I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, is é ról an Choimisiúin léamh eacnamaíoch a dhéanamh ar luachanna an scórchláir lena gcumasaítear tuiscint níos doimhne ar an gcomhthéacs eacnamaíoch foriomlán agus breithnithe tírshonracha á gcur san áireamh. ([1]) Leis an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, déantar forbairt freisin ar uirlisí anailíseacha, ar chreataí measúnaithe agus ar shonraí foilsithe breise, go háirithe sonraí na bliana sin. ([2])

Mar fhorbairt ar an gcur chuige a glacadh sna blianta roimhe seo, tá an chéad scagadh le haghaidh míchothromaíochtaí sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh réamhbhreathnaitheach d'fhonn na rioscaí a bhaineann le míchothromaíochtaí atá ag teacht chun cinn a bhrath go luath. D'fhéadfaí a bheith i gceist leis sin grinn-athbhreithnithe a oscailt i gcás ina léirítear le treochtaí díobhálacha go bhfuil rioscaí arda ann go dtiocfadh méadú ar mhíchothromaíochtaí. Chuige sin, baintear úsáid as réamhaisnéisí, craoltaí agus réamh-mheastacháin sa tuarascáil seo chun tomhas níos fearr a dhéanamh ar an bhforbairt a d'fhéadfadh a bheith ar na rioscaí don chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch. Rinneadh luachanna athróga an scórchláir le haghaidh 2022 agus blianta ina dhiaidh sin a mheas trí shonraí réamhaisnéise an Choimisiúin a úsáid agus tá na craoltaí bunaithe ar shonraí na bliana sin (féach Iarscríbhinn 2 le haghaidh mionsonraí). Tá éiginnteacht mhór ann maidir leis na réamhaisnéisí sin agus is gá é sin a chur san áireamh chun seasamh le prionsabal na trédhearcachta maidir leis an anailís agus na sonraí a úsáidtear, agus le prionsabal na stuamachta maidir leis na conclúidí.

An cur chuige atá ann faoi láthair i dtaca leis an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, tá sé comhsheasmhach leis an togra ón gCoimisiún maidir le todhchaí an fhaireachais ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha arna chur ar aghaidh i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar rialachas eacnamaíoch. ([3]) Go háirithe, tá sé d'aidhm aige ról coisctheach níos láidre a bheith ag an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha i dtimpeallacht lena mbaineann rioscaí nua. Bheadh an measúnú ar mhíchothromaíochtaí bunaithe níos mó ar fhorbairt na rioscaí agus ar gníomhaíocht beartais. Leis an nós imeachta athchóirithe um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, dhíreofaí ar shaincheisteanna maicreacnamaíocha a dhéanann difear do na Ballstáit agus ag an am céanna, thabharfaí tuilleadh infheictheachta do ghnéithe an Aontais agus an limistéir euro de mhíchothromaíochtaí.

([1]) Maidir leis an réasúnaíocht is bunús le tógáil scórchlár na Tuarascála maidir leis an Sásra Foláirimh agus a léimh, féach an Coimisiún Eorpach (2016), 'The Macroeconomic Imbalance Procedure. Rationale, Process, Application: A Compendium', European Economy, Páipéar Institiúideach 039, Samhain 2016.

([2]) Ba é an 21 Deireadh Fómhair 2022 an scoithdháta le haghaidh shonraí an scórchláir, i.e. an dáta ar asbhaineadh sonraí as bunachar sonraí Eurostat chun an tuarascáil seo a ullmhú. I gcás aon sonraí eile, ba é an 3 Samhain 2022 an scoithdháta.

([3]) *Communication on orientations for a reform of the economic governance framework*, [Teachtaireacht maidir le treoshuíomhanna le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais], Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM(2022) 583 final.

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Sa Tuarascáil seo maidir leis an Sásra Foláirimh, breithnítear ar fhorbairt na míchothromaíochtaí tráth a bhfuil geilleagar an Aontais ag bogadh ó théarnamh ó phaindéim COVID-19 go moilliú láidir ar an bhfás le linn brúnna boilscitheacha. Faoi thús 2022, d'éirigh le beagnach gach geilleagar san Aontas cúiteamh a dhéanamh ar an laghdú OTI a tharla in 2020 de dheasca ráig na paindéime agus bhí siad ag fás go láidir, d'ainneoin roinnt scrogall ó thaobh an tsoláthair a bhí fós ann agus na nganntanas lucht saothair a bhí ag méadú. Ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine i mí Feabhra 2022, tháinig meath mór ar an ionchas do gheilleagar an Aontais mar thoradh ar mhéaduithe géara ar chostais an fhuinnimh. San ionchas atá ann faoi láthair, is suntasach an meascán de bhoilsciú ard agus muinín na dtomhaltóirí agus na dtáirgeoirí atá ag laghdú. Tá éiginnteacht mhór ann a bhaineann le doimhneacht agus fad na géarchéime fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá laghdú ag teacht ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch, agus tuartar go n-athróidh an fás ina fhás diúltach sa ráithe dheireanach de 2022. Is léir go bhfuil coinníollacha maoiniúcháin níos doichte, agus is mó is fíor é sin lasmuigh den limistéar euro, agus bearta á ndéanamh ag údaráis airgeadaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna boilscitheacha. Lasmuigh den Aontas Eorpach, tá an moilliú sa tSín agus an mhíshocraíocht sna margaí atá ag teacht chun cinn is suntasaí atá le tabhairt faoi deara sna dálaí domhanda.

Sular tháinig meath ar dhálaí eacnamaíocha, cuireadh tús arís le díghiaráil roinnt míchothromaíochtaí seanbhunaithe ar tháinig méadú orthu le linn na paindéime, agus ag an am céanna tháinig ardú ar phraghsanna tithe. Leis an téarnamh, cuireadh tús arís i roinnt mhaith cásanna le díghiaráil na leibhéal ard fiachais phríobháidigh agus phoiblí a bhí ar bun le deich mbliana anuas i roinnt tíortha, ach ó leibhéil tosaigh níos airde. Bhí athchothromú seachtrach ag filleadh go mall. Stad sé le linn na paindéime, de réir mar a tháinig meath ar na cuntais reatha i roinnt de na tíortha móra ar glanfhéichiúnaithe iad a bhfuil earnálacha móra turasóireachta acu, fad is a bhí farasbairr mhóra sa chuntas reatha fós ann. Maidir le fiachas rialtais, ar tháinig méadú substaintiúil air le géarchéim COVID-19 i bhfianaise an chúlaithe láidir agus an ghá a bhí ann tacú leis an ngeilleagar, tháinig maolú air ó bhí 2021 ann. Tháinig ardú ar fhás na bpraghsanna tithe le linn na paindéime agus leanadh den fhás láidir le linn an téarnaimh. I roinnt tíortha, leis an bhfás láidir ar phá, cuireadh leis an imní atá ann maidir le hiomaíochas costais a bhí ag méadú, i gcásanna áirithe, sa tréimhse roimh an bpaindéim.

Tá léamh eacnamaíoch an scórchláir, a léiríonn na torthaí do 2021, bunaithe ar chás lárnach réamhaisnéis an fhómhair, 2022, ón gCoimisiún agus ar fhorbairtí eacnamaíocha na bliana sin. Sa bhreis ar an gcás lárnach, tá rioscaí agus leochaileachtaí méadaithe ann a bhaineann leis an éiginnteacht mhéadaithe faoi fhorbairtí eacnamaíocha ag an bpointe seo, a phléitear thíos. Tá na conclúidí téamacha seo a leanas ann mar thoradh ar an léamh eacnamaíoch:

- In 2021, d'fhill **cuntais reatha** fhormhór na mBallstát ar staideanna a bhí gar dá staideanna roimh ghéarchéim COVID in 2019, d'ainneoin tionchar iarmharach a bheith acu i roinnt tíortha ina bhfuil earnálacha móra turasóireachta. D'fhan cuntais reatha fhormhór na dtíortha ar glanfhéichiúnaithe iad faoi bhun na leibhéal atá fabhrach chun iad a cheartú go tapa, agus ag an am céanna tháinig méadú ar roinnt farasbarr mór sa chuntas reatha. Tháinig cúngú ar shuíomhanna na stoc seachtrach mór den chuid is mó, a bhuí le fás OTI níos airde, ach tá siad fós substaintiúil. Le linn 2022, tháinig **laghdú láidir ar iarmhéideanna ar chuntas reatha, idir easnaimh agus bharrachais,** arb iad praghsanna fuinnimh atá i bhfad níos airde is cúis leis. I gcásanna áirithe, tá laghdú ar chomharduithe na trádála neamhfhuinnimh ag gabháil leo

sin, agus tá ról ag éifeachtaí an ráta malairte. Le bearta fioscacha chun tionchar na géarchéime fuinnimh a mhaolú, athraítear ranníocaíocht choibhneasta staideanna glaniasachtaithe agus staideanna glaniasachtaíochta na n-earnálacha rialtais agus príobháideacha, agus rannchuidítear le heasnaimh mhéadaithe sa chuntas reatha agus le barrachais laghdaithe.

- Ba dheacair an fhorbairt ar **chostais aonad saothair** a léirmhíniú le blianta beaga anuas mar gheall ar shuaitheadh tromchúiseach i dtomhas na táirgiúlachta, ach tá siad ag dul i méid ar an iomlán. Tá méadú mór tagtha ar an bpá i roinnt tíortha in 2021, rud a léiríonn go bhfuil baol ann go gcaillfear **iomaíochas costais** laistigh den limistéar euro, go háirithe i dtíortha ina raibh brú marthanach ann cheana féin roimh bhlianta na paindéime. I roinnt tíortha tá na margaí saothair an-docht, a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh, i bpáirt, mar thoradh ar thionchar sonrach na paindéime. In 2022, cuireadh dlús le méaduithe ar phá, rud nár tharla i gcás na táirgiúlachta, a fhágann go bhfuil brú breise ar an iomaíochas; mar gheall ar bhoilsciú ard, áfach, tá ioncam indiúscartha réadach an teaghlaigh ag titim. Go dtí seo, níor tháinig luachmhéadú ar **fhíor-rátaí malairte iarbhír atá bunaithe ar bhoilsciú sa limistéar euro ar an iomlán**, mar gheall ar dhímheas an airgeadra aonair, ach tá éagsúlacht shuntasach ann ó thír go tír. Tá ról ag tionchar éagsúil an tsuaite praghsanna fuinnimh ar dhinimic praghsanna, agus sin á spreagadh ag difríochtaí sa mheascán fuinnimh, ag struchtúr na margaí fuinnimh agus ag tacaíocht an rialtais. Tá éagsúlacht shuntasach ann freisin i rátaí malairte iarbhír bunaithe ar an gcroí-bhoilsciú, agus léiríonn tíortha a bhfuil brúnna praghsanna níos mó iontu luachmhéadú i gcoibhneas leis an limistéar euro le linn na bliana reatha. I gcás tíortha lasmuigh den limistéar euro, tá dímheas agus luachmhéadú substaintiúil ar bun, lena léirítear go páirteach dinimic éagsúil na rátaí malairte ainmniúla, ar dinimic iad, i roinnt cásanna, ach ní i ngach cás, a bhíonn á spreagadh ag an seasamh maidir leis an mbeartas airgeadaíochta.

- In 2021, tháinig méadú ar an bh**farasbarr sa chuntas reatha sa limistéar euro** go dtí na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. Léiríonn sonraí na bliana sin go bhfuil **laghdú géar ar siúl in 2022**, agus é sin á spreagadh ag allmhairí méadaithe den chuid is mó agus gurb iad allmhairí fuinnimh an fachtóir is mó de bharr éifeachtaí suntasacha praghsanna. Mar thoradh air sin, tuartar go dtiocfaidh laghdú mór ar chuntas reatha an limistéir euro in 2022, agus fanfaidh sé gan athrú den chuid is mó in 2023, d'ainneoin an fíoréileamh a bheith seasmhach. Mar thoradh ar athruithe ar chostais aonad saothair le linn na paindéime, cuireadh stad sealadach leis an g**coigeartú siméadrach ar shuíomhanna seachtracha laistigh den limistéar euro** go carnach le linn 2020 agus 2021. Ar an iomlán, bhí méaduithe cosúil le chéile, a bheag nó a mhór, i gcás tíortha ag a bhfuil staideanna glana infheistíochta idirnáisiúnta atá ard dearfach agus atá ard glan diúltach. Ag tosú in 2022, ba cheart an coigeartú siméadrach a atosú agus leanúint leis le linn na tréimhse réamhaisnéise, agus costais aonad saothair á méadú go háirithe i roinnt tíortha barrachais.

- Tháinig laghdú ar chóimheasa **an fhéichiúnais chorparáidigh** in 2021 de réir mar a d'fhill an fás eacnamaíoch. Is í an leachtacht mhéadaithe is suntasaí atá le tabhairt faoi deara sna corparáidí, leachtacht lena ndéantar rioscaí láithreacha a bhaineann le stoic fiachais chorparáidigh a mhaolú go páirteach. Mar sin féin, tá na stoic fiachais fós suntasach i roinnt mhaith Ballstát, agus os cionn na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim i gcásanna áirithe. Leantar den laghdú ar an bhfiachas corparáideach mar sciar de OTI in 2022, toisc go bhfuil an fás eacnamaíoch fós dearfach le linn sreafaí maoiniúcháin leanúnacha, ach is dócha go gcuirfidh an comhthéacs maicreacnamaíoch deacair isteach air sin. I roinnt tíortha, tá tús curtha le méaduithe ar iasachtaí neamhthuillmheacha agus ar fhéimheachtaí gnó in 2022.

- Tháinig méadú ar **phraghsanna tithe** i bhformhór na mBallstát in 2021 tar éis blianta d'fhás marthanach. Tháinig méadú eile ar an bpraghas sa chéad leath de 2022, ach tuartar go dtiocfaidh maolú air. Thosaigh na cóimheasa fiachais teaghlaigh ag dul i laghad arís in 2021, ach tá siad fós ard agus os cionn na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim i roinnt tíortha. Cé

go dtuartar go leanfaidh sé de bheith ag titim mar sciar de OTI in 2022, is dócha go dtiocfaidh méadú ar an ualach úis ar theaghlaigh. Lasmuigh den limistéar euro, tá méadú mór tagtha ar rátaí úis morgáiste le linn 2022, agus sa limistéar euro tá an méadú ar rátaí úis níos teoranta, ach meastar go leanfar den mhéadú.

- Tháinig laghdú ar chóimheasa **fiachais**-OTI an rialtais i mbeagnach gach Ballstát in 2021, ach tá siad fós i bhfad os cionn an leibhéil a bhí acu in 2019 i mbeagnach gach cás. Bhí na heasnaimh ard i gcónaí, ach bhí tionchar anuas ag an bhfás eacnamaíoch láidir ar na cóimheasa fiachais. Tháinig laghdú foriomlán ar chóimheasa fiachais rialtais in 2022 mar thoradh ar fhás eacnamaíoch leanúnach in éineacht le laghdú breise ar easnaimh d'ainneoin pacáistí tacaíochta suntasacha do theaghlaigh agus do ghnólachtaí a bhaineann le praghsanna arda fuinnimh. Tá an t-ionchas do 2023 éagsúil ó thír go tír, cé go mbeidh tuilleadh laghduithe ar chóimheasa fiachais rialtais i measc na dtíortha a bhfuil an fiachas is airde acu. Le bearta beartais nua chun tionchar na géarchéime fuinnimh a mhaolú, d'fhéadfaí na leibhéil fiachais a mhéadú. Tá méadú tagtha ar chostais fiach-sheirbhíse ó bhí 2021 ann agus dálaí airgeadais níos doichte ann tar éis na mblianta de dhálaí an-tacúil. Is sna tíortha nach bhfuil sa limistéar euro is mó a bhí an méid sin le sonrú, tíortha a bhfuil méadú níos láidre tagtha ar a raonta difríochta toraidh maidir le bannaí ceannasacha.

- Tá **an earnáil baincéireachta** dea-chaipitlithe agus cruthaíodh go bhfuil sí athléimneach le linn na paindéime. Leanadh den laghdú ar na hiasachtaí neamhthuillmheacha leagáide in 2021 agus le linn na bliana in 2022, ach ní féidir an fhéidearthacht go bhforbrófaí lúbanna aischothaithe a eisiamh. Cé gur tháinig téarnamh ar bhrabúsacht na mbanc, tá sí lag ó thaobh struchtúir de agus táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú uirthi arís d'ainneoin méaduithe ar chorrlaigh rátaí úis de réir mar a dhéantar difear do shócmhainní agus do rioscaí creidmheasa leis an ionchas eacnamaíoch atá ag dul in olcas. In 2021, leanadh den soláthar creidmheasa fiú tar éis dhul in éag ráthaíochtaí poiblí agus roinnt géarú macrastuamachta a dhéanamh. Meastar go mbeidh méadú éigin ar iasachtaí neamhthuillmheacha i ngeall ar thionchar moillithe áirithe ar tharraingt siar na mbeart tacaíochta a glacadh le linn na paindéime agus ar an ionchas eacnamaíoch atá ag dul in olcas faoi láthair.

I bhfianaise na timpeallachta eacnamaíche, tá rioscaí sonracha ann a d'fhéadfadh a bheith ina siocair le míchothromaíochtaí níos láidre. D'fhéadfadh níos mó cásanna díobhálacha ná an ceann a thuairiscítear thuas teacht chun cinn, as a dtiocfadh forbairtí níos géire nó níos fadtéarmaí a d'fhéadfadh bac a chur ar chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus ar fheidhmiú na ngeilleagar i gcoitinne:

- D'fhéadfadh sé go mbeadh sleabhcadh ní ba mhó agus ní b'fhaide ann mar thoradh ar ghéarchéim fhada fuinnimh, lena ngabhfadh **costais arda leanúnacha fuinnimh**, lena méadófaí stoic fiachais go díreach agus go hindíreach agus as a dtiocfadh sraith de thorthaí iarmhartacha tríd an tionchar ar thomhaltóirí, ar oibrithe, ar ghnólachtaí agus ar an earnáil baincéireachta. D'fhéadfadh sé gurbh ann d'easnaimh mharthanacha níos mó sa chuntas reatha i gcás roinnt tíortha mar thoradh ar chostais arda leanúnacha fuinnimh, rud a chuirfeadh brú ar a n-inbhuanaitheacht sheachtrach.

- Is rud dearfach í an fhéidearthacht go mbeadh claochlú struchtúrach níos láidre ann ó spleáchas ard fuinnimh ar fhuinneamh iontaise, go háirithe ón Rúis, ach tá rioscaí agus costais choigeartaithe i gceist léi. Dá n-aistreofaí slabhraí luacha ó na gnólachtaí Eorpacha is mó atá thíos agus a bhfuil praghsanna ionchuir níos airde le híoc acu ar fud an domhain, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí brabúsacht a mhaolú agus go mbeadh méadú ar fhéimheachtaí gnólachtaí, agus iad braislithe in earnálacha agus i réigiúin atá thíos, agus laghdú ar scaireanna onnmhairiúcháin agus fás féideartha i dtíortha atá níos neamhchosanta mar thoradh air.

- Dá ndéanfaí riosca a athphraghsáil ar fud an domhain, tá seans ann go mbeadh sé le brath sna margaí airgeadais, as a dtiocfadh éagobhsaíocht agus lena méadófaí costais iasachtaíochta do stáit cheannasacha agus d'iasachtaithe príobháideacha, ar bhealaí neamhghnácha b'fhéidir.

Mar gheall ar na dálaí eacnamaíocha níos measa, tháinig méadú ar leochaileachtaí agus ar rioscaí a bhaineann le míchothromaíochtaí a bhí ann cheana. D'ainneoin an mhoillithe láidir ar ghníomhaíocht atá ar siúl, tuartar go gcuideoidh fás ainmniúil OTI le cóimheasa fiachais a laghdú in 2022 agus in 2023 araon, arb é tionchar an bhoilscithe is cúis leis go príomha. Mar sin féin, méadaíonn gníomhaíocht eacnamaíoch níos laige agus coinníollacha maoiniúcháin níos déine na rioscaí a bhaineann le leibhéil arda fiachais. Riosca do chorparáidí agus do theaghlaigh araon is ea méadú ar iasachtaí neamhthuillmheacha agus ar fhéimheachtaí. Tá méaduithe ar chostais táirgthe i ndán do ghnólachtaí agus d'fhéadfaidís a bheith teoranta ina gcumas iad a chur ar aghaidh, agus déantar gnólachtaí níos leochailí a bhraisliú go hearnálach agus go geografach. Tá ioncam indiúscartha réadach laghdaithe i ndán do theaghlaigh i bhformhór na dtíortha, agus beidh méaduithe pá níos ísle ná boilsciú ach níos airde ná méadú táirgiúlachta. Tá coigeartú á dhéanamh ar phraghsanna tithe i roinnt mhaith Ballstát, i measc rátaí úis morgáiste atá ag dul i méid agus brú ar ioncam indiúscartha. Le fás láidir leanúnach ar phraghsanna tithe i roinnt tíortha, bheadh baol ann go ndéanfaí cúlú mí-ordúil, go háirithe i gcás ina mbeadh iasachtaí morgáiste ag rátaí úis athraitheacha ag gabháil leis. D'fhéadfadh strus corparáideach agus strus teaghlaigh cur lena chéile agus scaipeadh ar fud an gheilleagair, rud a mbeadh iarmhairtí aige ar an earnáil airgeadais freisin. Le bearta breise chun tacú le teaghlaigh leochaileacha agus le gnólachtaí níos neamhchosanta, d'fhéadfaí cuid de chostas na géarchéime fuinnimh ar earnáil an rialtais a aistriú agus é a chur le fiachas an rialtais, rud a d'fhéadfadh a bheith ina dhúshlán ar leith do na tíortha sin a bhfuil leibhéil arda tosaigh fiachais agus easnaimh acu, lena n-iarrtar go mbeadh bearta spriocdhírithe agus sealadach agus go mbeadh réitigh Eorpacha choiteanna ann. Go nithiúil, déanfaidh an Coimisiún athmheasúnú ar na riachtanais le haghaidh REPowerEU. Thairis sin, cuireann rátaí úis níos airde agus fás OTI atá níos laige nó diúltach bac ar dhíghiaráil an fhiachais rialtais, go háirithe i gcás tíortha a bhfuil fiachas ard acu. D'fhéadfadh tionchar iarmhartach a bheith aige sin ar earnálacha eile, agus tionchar diúltach aige sin ar an bhfás.

De réir mar a thagann deireadh leis an bhfás láidir tar éis na paindéime, d'fhéadfadh míchothromaíochtaí nua teacht chun cinn, agus tá an baol ann go mbeidh éifeachtaí éagsúla praghsanna ann mar thoradh ar shuaitheadh soláthair choitinn. D'ainneoin na méaduithe ar phraghsanna tráchtearraí agus go bhfuil an baol ann go mbeadh an soláthar gáis ina shuaitheadh coiteann don Aontas, tá éagsúlacht shuntasach ann maidir lena thionchar. Cé go meastar go dtosóidh an boilsciú ag titim de réir a chéile, d'fhéadfadh athrú céime a bheith ann maidir le leibhéil choibhneasta praghsanna agus costas na dtíortha éagsúla nuair a théann sé ar gcúl. D'fhéadfadh caillteanais iomaíochais costais a bheith mar thoradh air sin, caillteanais a d'fhéadfadh a bheith costasach le leachtú. Baineann sé sin go háirithe le tíortha an limistéir euro agus i gcás inar tháinig easnaimh eachtracha chun cinn, cé go bhféadfaí athchothromú an limistéir euro a éascú le boilsciú níos airde i dtíortha ag a bhfuil farasbairr mhóra sa chuntas reatha. I roinnt tíortha nach bhfuil sa limistéar euro, d'fhéadfadh dímheas airgeadra iomaíochas costais a chaomhnú trí roinnt costais saothair atá ag méadú go mór a fhritháireamh, ach d'fhéadfadh sé cur leis an mboilsciú a thuilleadh. D'fhéadfadh coinníollacha maoiniúcháin níos déine a bheith mar thoradh air sin, ach méadaíonn dímheasanna na costais a bhaineann le hiasachtaíocht sheachtrach agus le seirbhísí fiachais freisin.

Tá comharthaí áirithe athchothromaithe le feiceáil sa limistéar euro sa ghearrthéarma, ach is gá dlúthchomhordú leanúnach a dhéanamh ar fhreagairtí beartais maidir le feidhmíocht fhoriomlán an limistéir euro. Le forbairtí níos láidre maidir le costais aonad saothair i roinnt tíortha ar glanchreidiúnaithe iad, tacaítear le hathchothromú éigin laistigh den limistéar euro. Le dinimic an chuntais reatha le déanaí, a eascraíonn as an suaitheadh seachtrach díobhálach, tacaítear go forleathan le hathchothromú, agus tá laghduithe níos mó á léiriú ag tíortha

ar glanchreidiúnaithe iad ina mbarrachais mhóra. Is ábhar imní iad difríochtaí i méid na n-idirghabhálacha beartais arb é is aidhm dóibh tionchar praghsanna arda fuinnimh a mhaolú, agus a aistríonn ualach na géarchéime fuinnimh idir na hearnálacha corparáideacha, teaghlaigh agus poiblí, agus leitheadúlacht na mbeart praghais neamh-spriocdhírithe. D'fhéadfadh sé gurbh é a bheadh i gceist le cineál agus comhdhéanamh na mbeart sin, i dtéarmaí an tionchair a bhíonn acu ar an éileamh ar fhuinneamh agus ar phraghsanna fuinnimh, mar aon leis an tionchar a bhíonn acu ar chuideachtaí agus ar theaghlaigh, iarmhairtí don chuid eile den limistéar euro, agus d'fhéadfaí an chothroime iomaíochta a chur i mbaol leo. Chuige sin, ní mór na bearta sin a bheith spriocdhírithe agus sealadach. D'fhéadfadh sé go mbeadh dibhéirseacht mhéadaithe ann mar thoradh ar bhearta beartais neamhchomhordaithe, rud a chuirfeadh bac ar tharchur airgeadaíochta agus a mhéadódh tionchar ilchineálach na géarchéime fuinnimh.

San anailís a chuirtear i láthair sa Tuarascáil seo maidir leis an Sásra Foláirimh, léirítear gur gá dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar rioscaí a bhaineann le treochtaí coiteanna, a dhéanann difear do na Ballstáit a bhfuil míchothromaíochtaí acu cheana féin agus do na Ballstáit sin ag a bhfuil leochaileachtaí nua atá ag teacht chun cinn. Maidir le hiarmhairtí chogadh na Rúise san Úcráin, mar aon le srianta domhanda ar thaobh an tsoláthair agus brúnna boilscitheacha, is éard atá i gceist leo sin suaití coiteanna a bhféadfadh rioscaí a bheith ag baint leo don chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus d'fheidhmiú gheilleagar an Aontais ina iomláine agus an limistéir euro go háirithe. I bhfianaise a gcineáil choitinn, ní mór iad sin a mheas laistigh de chreat coiteann chun comhthéacs a sholáthar d'aon anailís thírshonrach dhifreáilte.

Mar chuid de bhonn taca anailíseach na ngrinn-athbhreithnithe tírshonracha atá ar na bacáin, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin grinnmheasúnuithe téamacha ar thrí shaincheist a bhfuil ábharthacht lárnach ag baint leo faoi láthair. Cumhdófar sna measúnuithe sin saincheisteanna is coiteann do roinnt Ballstát. Sna measúnuithe, sainaithneofar fachtóirí coiteanna atá ábhartha don anailís thírshonrach agus díreofar, ar bhealach níos mionsonraithe, ar na tíortha a ndearnadh measúnú orthu sa Tuarascáil seo maidir leis an Sásra Foláirimh arb iad na tíortha is mó dá ndéantar difear leis na saincheisteanna sin. Cuirfear na measúnuithe faoi bhráid an Choiste um Beartas Eacnamaíoch freisin go luath in 2023, agus iarrfar ar na Ballstáit ábhartha ionchur a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoin bplé. Cuirfidh sé sin bonn eolais faoi na grinn-athbhreithnithe tírshonracha i bpacáiste earraigh an tSeimeastair Eorpaigh. Déanfar na nótaí téamacha seo a leanas a ullmhú:

- I nóta téamach domhain maidir le **forbairtí sa mhargadh tithíochta,** breathnófar ar na rioscaí agus ar na spreagthaí a bhaineann le forbairtí i bpraghsanna tithe agus margaí morgáiste agus fiachas teaghlaigh. Díreofar sa nóta ar an tSeicia, ar an Eastóin, ar an nGearmáin, ar an Ungáir, ar an Laitvia, ar an Liotuáin, ar Lucsamburg, ar an Ísiltír, ar an bPortaingéil, ar an tSlóvaic agus ar an tSualainn.

- I nóta téamach domhain maidir le **dinimic iomaíochais**, déanfar measúnú ar mhéid agus ar thionchar chur ar aghaidh na gcostas fuinnimh chuig an mboilsciú, agus ar fhorbairt an phá. Díreofar sa nóta seo ar an tSeicia, ar an Eastóin, ar an Ungáir, ar an Laitvia, ar an Liotuáin, ar an Rómáin agus ar an tSlóvaic.

- I nóta téamach domhain maidir le h**inbhuanaitheacht sheachtrach agus iarmhéideanna**, breathnófar ar an laghdú ar chomharduithe trádála laistigh de chur chuige cothrománach. Díreofar sa nóta seo ar an gCipir, ar an nGréig, ar an nGearmáin, ar an Ungáir, ar an Laitvia, ar an Liotuáin, ar an Ísiltír, ar an bPortaingéil, ar an Rómáin agus ar an tSlóvaic.

Agus forbairt á déanamh ar an measúnú sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, cumhdófar sna grinn-athbhreithnithe freisin ábhair imní bhreise agus saincheisteanna tírshonracha. Áireofar leis sin tionchar na bhforbairtí atá ann faoi láthair ar mhíchothromaíochtaí a sainaithníodh sna grinn-athbhreithnithe in 2022 (**an Chipir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an Spáinn**, agus **an tSualainn**).

Sa Tuarascáil seo maidir leis an Sásra Foláirimh, tagtar ar an gconclúid go bhfuil gá leis na grinn-athbhreithnithe le haghaidh na mBallstát sin ag a bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha nó míchothromaíochtaí atá ann cheana. I gcás na mBallstát sin ar ina leith a sainaithníodh go bhfuil míchothromaíochtaí nó míchothromaíochtaí iomarcacha acu, déanfar measúnú i ngrinn-athbhreithnithe 2023 an bhfuil na míchothromaíochtaí sin géaraitheach, faoi cheartú, nó ceartaithe, d'fhonn na measúnuithe atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta agus measúnú a dhéanamh ar na riachtanais bheartais a d'fhéadfadh a bheith ann fós. Is amhlaidh a bheidh sé i gcás na **Cipire, na Fraince, na Gearmáine, na Gréige, na hIodáile, na hÍsiltíre, na Portaingéile, na Rómáine, na Spáinne** agus **na Sualainne**.

Ina theannta sin, déanfar na grinn-athbhreithnithe le haghaidh na mBallstát lena ngabhann rioscaí ar leith maidir le míchothromaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn. Is iad na nótaí ó na measúnuithe téamacha doimhne a chuirfidh bonn eolais faoi na grinn-athbhreithnithe, arb iad cúlra na hanailíse iad. Sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, tagtar ar an gconclúid go bhfuil údar leis na grinn-athbhreithnithe **don tSeicia, don Eastóin, don Ungáir, don Laitvia, don Liotuáin, do Lucsamburg agus don tSlóvaic**, nach raibh faoi réir grinn-athbhreithnithe sa timthriall roimhe sin, ach a d'fhéadfadh a bheith faoi réir rioscaí ar leith maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

Graf 1: **Líon na mBallstát a bhfuil athróga scórchláir lastall den tairseach á dtaifeadadh acu**



Maidir le líon na mBallstát a bhfuil athróga scórchláir lastall de thairseacha ábhartha á dtaifeadadh acu i mbliain áirithe, tá sé bunaithe ar bhliain an scórchláir a fhoilsítear leis an Tuarascáil bhliantúil maidir leis an Sásra Foláirimh faoi seach. Le hathbhreithnithe sonraí ex-post a d'fhéadfadh a bheith ann, d'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht i líon na luachanna lastall de thairseacha a ríomhtar leis na figiúirí is déanaí le haghaidh athróga an scórchláir i gcomparáid leis an líon a thuairiscítear sa ghraf thuas; cuir i gcás, maidir leis an méadú ar líon na mBallstát a raibh léamha cuntais reatha acu a bhí lasmuigh de na tairseacha idir sonraí 2019 agus 2020 a fheictear sa ghraf thuas, is iad athbhreithnithe ar shonraí is cúis leis den chuid is mó. Déantar réamhaisnéisí maidir le dliteanais san earnáil airgeadais le haghaidh 2022 amháin; ní dhéantar aon réamhaisnéis maidir le dífhostaíocht fhadtéarmach agus dífhostaíocht i measc na hóige.

Foinse: Ríomhanna Eurostat agus sheirbhísí an Choimisiúin (féach Iarscríbhinn 2)

1. COMHTHÉACS MAICREACNAMAÍOCH

Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, is í seo uair na cinniúna do gheilleagar an Aontais, atá ag bogadh ó théarnamh ó phaindéim COVID-19 go dtí moilliú ar an bhfás le linn brúnna boilscitheacha. Faoi thús 2022, d'éirigh le beagnach gach geilleagar san Aontas cúiteamh a dhéanamh ar an laghdú OTI a tharla de dheasca na paindéime in 2020, agus bhí siad ag fás go láidir. Le hionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, tháinig athrú mór ar ionchas gheilleagar an Aontais. De réir réamhaisnéis an fhómhair 2022 ón gCoimisiún, tiocfaidh laghdú ar an bhfíorfhás san Aontas ó 5.4 % in 2021, go 3.3 % in 2022 agus 0.3 % in 2023, agus meathlú na bliana atá ar siúl (Graf 1.1) á cheilt ag fás láidir aschuir sa chéad leath de 2022. ([4]) Faoi mhí Mheán Fómhair 2022, shroich an boilsciú an ráta is airde riamh, is é sin 10.9 %, ar bhonn bliain ar bhliain san Aontas, i gcomparáid le ráta boilscithe faoi bhun 2 % a bhí ann roimh an bpaindéim. Sa limistéar euro amháin, shroich an boilsciú an ráta is airde riamh i mí Dheireadh Fómhair, is é sin 10.7 %. Meastar go mbeidh tionchar níos mó ag an suaitheadh le déanaí (Graf 1.2 b) ar thíortha an Aontais atá ag brath níos mó ar ghás mar fhoinse fuinnimh. Thit muinín na dtomhaltóirí agus na dtáirgeoirí agus éiginnteacht mhór ann. Is léir go bhfuil na coinníollacha maoiniúcháin níos dúshlánaí anois, de réir mar a chuir údaráis airgeadaíochta tús le beartas a ghéarú chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna arda boilscitheacha, agus meastar go mbeidh siad ard go leor i gcónaí in 2023.

Graf 1.1: **Moilliú OTI**



Foinse: Eurostat agus Ameco. Tíortha arna gcur in ord de réir fhíor-réamh-mheastachán fáis OTI do 2023.

Is é an méadú as cuimse ar phraghsanna fuinnimh is cúis leis an mboilsciú den chuid is mó, ach tá roinnt fachtóirí eile tar éis brúnna praghsanna foriomlána a leathnú. De bharr an téarnaimh thapa dhomhanda tar éis na chéad ráige den phaindéim, tháinig méadú ar an éileamh ar fhuinneamh agus ar thráchtearraí eile agus ar phraghsanna an fhuinnimh agus na

([4]) An Coimisiún Eorpach (2022), Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Fómhar 2022, Páipéar Institiúideach 187, Samhain 2022. Ag tosú in 2022, comhfhreagraíonn figiúirí bliantúla do Réamhaisnéisí an Choimisiúin Eorpaigh.

dtráchtearraí sin. Ba é sin an chéad chéim den bhorradh boilscithe in earnáil an fhuinnimh. ([5]) San Aontas, bhí sé sin comhcheangailte le brú éilimh a d'eascair as tomhaltas folaigh agus leachtú na gcoigilteas ard teaghlaigh arna gcarnadh le linn chéim ghéar na paindéime, rud a d'fhág go raibh méadú tapa ar an éileamh intíre nuair a maolaíodh srianta. ([6]) Leanadh den spreagadh fioscach freisin chun tacú leis an éileamh san Aontas, tar éis thréimhse luath ghéar na paindéime. Bhí scrogaill soláthair éifeachtacha ag gabháil leis an mbrú éilimh sin, rud a chuir brú aníos ar phraghsanna na dtáirgí monaraíochta. Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, tháinig méadú as cuimse ar phraghsanna fuinnimh mar gheall ar an suaitheadh ar sholáthar ghás na Rúise go dtí an Eoraip, rud a fhágann gurb iad na praghsanna fuinnimh is mó a spreagann boilsciú ICPT (Graf 1.2 a).

Le forbairtí ar ioncam teaghlaigh le linn na paindéime, réitíodh an bealach chun téarnamh láidir a dhéanamh a luaithe a cuireadh deireadh leis na srianta, agus thosaigh dálaí mhargadh an tsaothair ag éirí níos doichte i roinnt tíortha agus earnálacha. Le raon beart beartais, lena n-áirítear bearta tacaíochta fostaíochta, rinneadh ioncaim teaghlaigh a chosaint in 2020 agus in 2021. Mar thoradh air sin, tháinig fás ar fhíorioncam indiúscartha teaghlaigh idir 2019 agus 2021 i bhformhór thíortha an Aontais, cé go raibh éagsúlacht shuntasach ann. San am céanna, i roinnt mhaith tíortha, charnaigh teaghlaigh glanchoigilteas le linn na paindéime agus bhí tionchar ag deiseanna ciorraithe tomhaltais air sin. De bharr méaduithe níos airde ar ioncam indiúscartha le linn 2021, cuireadh ar a gcumas do theaghlaigh méaduithe níos leithne ar phraghsanna a sheasamh gan laghdú ar éileamh, agus mar thoradh air sin, bhí roinnt corparáidí neamhairgeadais in ann brabúis a chaomhnú nó a mhéadú fiú le linn na tréimhse sin. ([7]) Is dócha go dtiocfaidh maolú ar an éifeacht sin toisc go dtuartar go dtiocfaidh laghdú ar an ollioncam indiúscartha réadach i bhformhór thíortha an Aontais in 2022 (féach Roinn 2.4). Cé gur cobhsaíodh an dífhostaíocht le bearta beartais, tháinig méadú ar thearcúsáid fhoriomlán lucht saothair le linn 2020. Ó shin i leith, tá sé ag titim leis an téarnamh ar éileamh agus leis an méadú géar ar fholúntais in 2021. ([8]) Maidir leis an laghdú treochta níos fadtéarmaí i ndaonraí atá in aois oibre mar gheall ar aosú agus ar athruithe ar threochtaí imirce, d'fhéadfadh sé gur chuir sé le margaí saothair níos déine i dtíortha éagsúla an Aontais. Bhí tearcúsáid lucht saothair sa dara ráithe de 2022 íseal i roinnt tíortha de chuid an Aontais a thuairiscigh croí-bhoilsciú ard (Graf 1.2 d).

D'ainneoin na mbeart fairsing beartais chun praghsanna fuinnimh a choinneáil faoi smacht, is iad is cúis leis an mbrú agus leis an neamhchinnteacht mhór eacnamaíoch. Is éard atá san ardú ar phraghsanna fuinnimh suaitheadh i dtéarmaí trádála a fhorchuireann costais ar gheilleagar an Aontais. Ar fud an Aontais, rinne rialtais iarracht ualach na bpraghsanna fuinnimh níos airde ar ghnólachtaí agus ar theaghlaigh a theorannú tríd an ualach a athdháileadh, ach ní féidir leo deireadh a chur leis an tionchar foriomlán eacnamaíoch. Tá éagsúlacht mhór idir bearta i dtíortha éagsúla, ó reonna praghsanna agus ciorruithe cánach go scéimeanna tacaíochta ioncaim, agus tá breithniú á dhéanamh maidir le tacaíocht bhreise. Leis na bearta sin, ní féidir cúiteamh

([5]) Féach C. Buelens agus V. Zdarek, (2022), *'Euro area inflation shaped by two years of COVID-19 pandemic,' Quarterly Report on the Euro Area (QREA)*, Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (AS ECFIN), an Coimisiún Eorpach, imleabhar 21(1), leathanaigh 7-20, le haghaidh anailís ar bhoilsciú sa limistéar euro roimh fhogha míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

([6]) Féach freisin R. Reis (2022), '*The Burst of High Inflation in 2021-22: How and Why Did We Get Here?*', páipéar plé SP17514 ó CEPR, le haghaidh plé ar ról an téarnaimh thapa maidir leis an mboilsciú a spreagadh.

([7]) Féach freisin Banc Náisiúnta na Seice (2022), an Tuarascáil ar Bheartas Airgeadaíochta, Samhradh 2022, Bosca 1.

([8]) De réir Eurostat, tagraíonn tearcúsáid lucht saothair do shuim na n-éileamh fostaíochta uile nár comhlíonadh, agus áirítear leis sin ceithre ghrúpa: (1) daoine dífhostaithe mar atá sainmhínithe ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), (2) oibrithe páirtaimseartha tearcfhostaithe (i.e. oibrithe páirtaimseartha ar mian leo níos mó oibre a dhéanamh), (3) daoine atá ar fáil chun obair a dhéanamh ach nach bhfuil obair á lorg acu, agus (4) daoine a bhfuil obair á lorg acu ach nach bhfuil ar fáil chun obair a dhéanamh.

iomlán a dhéanamh ar thionchar iomlán na méaduithe ar phraghsanna fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí, a bhfuil costais i bhfad níos mó orthu, cé go bhfuil éagsúlacht mhór ann ag brath ar a n-úsáid fuinnimh agus ar a neamhchosaint ar phraghsanna miondíola níos airde. Tá an boilsciú féin i bpraghsanna leictreachais éagsúil ar fud an Aontais, ní hamháin mar gheall ar bheartais rialtais, ach freisin mar thoradh ar mheascán fuinnimh agus ar shocruithe conarthacha na dtíortha agus ar chur ar aghaidh na bpraghsanna leictreachais mórdhíola chuig praghsanna miondíola. Is athrú mór é ar chostais agus ar phraghsanna coibhneasta a bhféadfadh athruithe struchtúracha suntasacha agus marthanacha ar fud earnálacha agus tíortha a bheith mar thoradh air, ag brath ar a fhad agus ar a dhéine atá sé.

Leathnaigh brúnna arda boilscithe thar earnáil an fhuinnimh, rud a fhágann go bhfuil baol ann go mbeidh éagsúlachtaí boilscithe daingnithe. Tháinig méadú mór ar an gcroí-bhoilsciú i dtíortha uile an Aontais agus an limistéir euro in 2022, agus is léiriú é roinnt den leathnú ar an éifeacht indíreach atá ag praghsanna fuinnimh níos airde. Tá difríochtaí móra idir tíortha maidir le croí-bhoilsciú 2022, idir 2.8 % agus 11.5 % ar fud thíortha an Aontais, agus idir 2.8 % agus 9.8 % laistigh den limistéar euro. Léirítear an ilchineálacht sa fhreagairt bheartais ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh i mbearta éagsúla boilscithe, lena n-áirítear díbhoilsceoirí trádála agus díbhoilsceoir OTI. Cé go bhfuil ról ag cur ar aghaidh an bhoilscithe fuinnimh, is dócha gur suntasach a bheidh fachtóirí eile amhail scrogaill sa soláthar agus éileamh folaigh iarmharach. Níl na héifeachtaí indíreacha a eascraíonn as méadú ar chostais phá le feiceáil go fóill, ach d'fhéadfadh sé go bhfuil siad á bhforbairt i roinnt tíortha san Aontas. Tá praghsanna tithe ag leibhéil an-ard anois agus é á spreagadh ag na srianta seanbhunaithe ar an soláthar, agus leis an ardú leanúnach atá ag teacht orthu, d'ainneoin na gcostas maoiniúcháin atá ag méadú, d'fhéadfaí brú breise a chur ar an mboilsciú le himeacht ama.

D'fhéadfadh sé go bhfuil scrogaill sa slabhra soláthair á maolú ach leanann siad de shrian a chur ar an soláthar i roinnt earnálacha. Tá brúnna leanúnacha ann mar thoradh ar shuaitheadh sa slabhra soláthair fós in 2022, cé go bhféadfadh sé go bhfuil na brúnna sin á maolú i roinnt earnálacha. ([9]) Le sonraí ó mhí Eanáir / ó mhí Feabhra 2022 maidir le hInnéacsanna na mBainisteoirí Ceannaigh le haghaidh amanna seachadta soláthróirí agus anailís dhinimiciúil ar fhachtóirí lena n-áirítear táscairí eile (riaráistí oibre, an cóimheas idir orduithe agus fardail, praghsanna ionchuir idirmheánacha agus costais loingseoireachta), tugtar le fios go bhfuil buaicphointe bainte amach ag brúnna sa slabhra soláthair, cé go bhfuil siad fós ard ó thaobh na staire de, agus thosaigh siad ag maolú san Aontas. Leanann Innéacsanna na mBainisteoirí Ceannaigh ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 de laghdú ar amanna seachadta agus de thitim ar éileamh lena n-éascaítear scrogaill soláthair a léiriú fós. ([10]) Mar sin féin, d'fhéadfadh céim ar gcúl a bheith ann mar thoradh ar shuaití a d'fhéadfadh a bheith ann, suaití atá nasctha leis an gcogadh san Úcráin. Is iad na praghsanna fuinnimh atá ag méadú agus an teannas geopholaitiúil níos leithne is cúis leis na suaití móra atá ann i bpríomhearnálacha, amhail tionscail dianfhuinnimh, agus cuireann siad teorainn lena rochtain ar amhábhair chriticiúla. Ag brath ar rannpháirtíocht sa slabhra soláthair, d'fhéadfadh forbairtí éagsúla croí-bhoilscithe a bheith ann ar fud an Aontais mar thoradh ar na forbairtí sin freisin.

D'ainneoin na gcostas aonad saothair atá ag méadú i roinnt tíortha, ar an iomlán, níl pá ainmniúil ag coinneáil suas leis an mboilsciú, arb é an toradh atá air laghdú ar chumhacht cheannaigh. In 2022, meastar go dtiocfaidh méadú 4.2 % ([11]) ar chúiteamh in

([9]) https://www.ecb.europa.eu/pub/economic-bulletin/focus/2022/html/ecb.ebbox202202_01~272e32f7f4.en.html

([10]) https://ihsmarkit.com/research-analysis/flash-pmi-data-to-highlight-recession-risks-and-varying-inflation-trends-at-start-of-fourth-quarter-October2022.html

([11]) Oibrithe a fhilleann ar an obair tar éis scéimeanna coinneála poist, a bhí ag fáil aistrithe díreacha seachas pá, ardaíonn siad na costais mheasta aonad saothair mar gheall ar an athrú ar a gcúiteamh.

aghaidh an fhostaí sa limistéar euro agus méadú 1.2 % ar tháirgiúlacht saothair, as a dtiocfaidh méadú 3 % ar chostais aonad saothair. Mar sin féin, tá éagsúlacht sna forbairtí i gcostais aonad saothair ar fud na dtíortha (Graf 1.2 e). Ní mheastar go gcoinneoidh pá ainmniúil suas leis an mboilsciú. Cé go gcuidíonn sé sin le gnólachtaí a chosaint ar mhéadú breise ar chostais táirgthe agus go gcaomhnaíonn sé an fhostaíocht, bíonn caillteanas cumhachta ceannaigh ann do theaghlaigh dá bharr. Bíonn tionchar ag caillteanas cumhachta ceannaigh ar an éileamh agus ardaíonn sé an riosca go mbeidh strus sa chlár comhardaithe do theaghlaigh leochaileacha.

Tá tús curtha leis an normalú ar an mbeartas airgeadaíochta, rud a mhéadaíonn costais chistithe agus a spreagann ceartúcháin ar phraghsanna sócmhainní. I mí Iúil, lean BCE a laghdú ar mhéideanna ceannaigh sócmhainní le céim eile ar a chonair normalaithe beartais trí na trí phríomhráta beartais a ardú 50 bonnphointe, rud a léiríonn tuilleadh normalaithe agus a cheadaíonn an Ionstraim um Chosaint Tarchurtha. Cuireadh arduithe breise ar rátaí beartais i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh costais chistiúcháin níos airde le haghaidh na mbanc ar aghaidh go páirteach chuig rátaí iasachta bainc níos airde, go háirithe le haghaidh teaghlach, agus rinneadh coigeartú anuas ar phraghsanna sócmhainní i gcásanna áirithe. Sa limistéar euro, d'éirigh caighdeáin chreidmheasa níos géire le haghaidh na gcatagóirí iasachta uile sa dara ráithe de 2022 agus lean siad de bheith ag géarú sa tríú ráithe, mar gheall ar imní maidir leis na rioscaí a bhíonn roimh iasachtaithe i dtimpeallacht neamhchinnte mhaicreacnamaíoch. Tá torthaí rialtais an limistéir euro luaineach agus tháinig méadú suntasach orthu in 2022, cé go meastar go maolófar an riosca maidir le difreálaigh mhóra rátaí úis ainmniúla idir tíortha sa limistéar euro tríd an Ionstraim um Chosaint Tarchurtha a thabhairt isteach. Tá dálaí airgeadaíochta níos géire ann freisin i mBallstáit nach bhfuil sa limistéar euro, ós rud é go bhfuil bainc cheannais an Aontais nach bhfuil sa limistéar euro tar éis a seasamh beartais a ghéarú le linn boilsciú ard, rud a fhágann go bhfuil méadú ar chostais mhaoiniúcháin don rialtas agus don earnáil phríobháideach.

Tá ráta malairte iarbhír ainmniúil an euro lagaithe agus tá na hathruithe ar airgeadraí an Aontais nach bhfuil sa limistéar euro measctha. Tá luaineacht nach beag tagtha ar an euro i gcoinne an dollair in 2022 ach tá an brú ar dhímheas an euro mar go ndearna banc ceannais na Stát Aontaithe an beartas airgeadaíochta a ghéarú níos tapa ná an Banc Ceannais Eorpach. Tá an euro neamhchosanta freisin ar rioscaí geopholaitiúla agus eacnamaíocha a bhaineann leis an gcogadh san Úcráin, ar rioscaí iad a bhaineann go sonrach leis an Aontas Eorpach, agus tá an dollar ag tairbhiú de shreafaí airgid chuig tearmainn, mar a tharlaíonn de ghnáth in aimsir na héiginnteachta. I bhfianaise na neamhchosaintí éagsúla atá ag Ballstáit an limistéir euro ar shreafaí trádála agus airgeadais lasmuigh den Aontas Eorpach, is ionann gluaiseachtaí an euro féin agus rúscadh neamhshiméadrach a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le gluaiseachtaí éagsúla sna rátaí malairte iarbhír ainmniúla (NEER), rud atá doiciméadaithe sa litríocht. ([12]) I measc airgeadraí an Aontais nach bhfuil sa limistéar euro, tháinig luachmhéadú mór ar koruna Phoblacht na Seice le linn géarú suntasach ar an mbeartas airgeadaíochta in éineacht le hidirghabháil an ráta malairte (Graf 1.2 c). Tá złoty na Polainne agus, go háirithe, forint na hUngáire ag dul i léig i gcónaí d'ainneoin go ndearnadh an t-airgeadaíocht intíre a ghéarú. I mí an Mhárta 2022, tháinig laghdú mór ar airgeadraí an dá thír le linn éiginnteacht mhéadaithe tar éis fhogha na Rúise faoin Úcráin agus tar éis ghéarú na gcoinníollacha airgeadais domhanda. Ghníomhaigh an Chróit chun leanúint de chobhsú a dhéanamh ar a hairgeadra i gcoibhneas leis an euro, agus tá a pionnáil sheanbhunaithe euro á coinneáil ar bun ag an Danmhairg agus tá bord airgeadra atá bunaithe ar an euro á fheidhmiú ag an mBulgáir. Tar éis níos mó ná dhá bhliain de rannpháirtíocht kuna in ERM

([12]) Féach P. Honohan agus P.R. Lane (2003), *'Divergent inflation rates in EMU'*, *Economic Policy*, 18(37), 357-394; agus, I. Angeloni agus M. Ehrmann (2007), '"Euro area inflation differentials', The BE Journal of Macroeconomics, 7(1).

II gan achrainn, tá an Chróit le dul isteach sa limistéar euro i mí Eanáir 2023. ([13]) Thit luach krona na Sualainne le bliain anuas d'ainneoin géarú leanúnach ar an mbeartas airgeadaíochta.

([13]) Is é 7,53450 HKR/EUR an ráta comhshó a leag an Chomhairle síos. RIALACHÁN ón gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 2866/98 a mhéid a bhaineann leis an ráta comhshó chuig an euro don Chróit, Iúil 2022.

Graf 1.2: **Comhthéacs maicreacnamaíoch**



(1) Comhfhreagraíonn boilsciú roimh an bpaindéim don mheánráta bliantúil athraithe a breathnaíodh le linn 2017-2019 le haghaidh innéacs ICPT. Ríomhtar croí-bhoilsciú le haghaidh 2022 M09 mar mheán innéacs ICPT gan fuinneamh, bia, alcól agus tobac san áireamh thar na chéad naoi mí de 2022, i gcomparáid leis an meán le haghaidh na tréimhse céanna in 2021.

Foinse: Eurostat agus Ameco

Bosca 1.1: An fhostaíocht agus forbairtí sóisialta

Roimh ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tharla téarnamh láidir i margadh an tsaothair san Aontas Eorpach. Bhí cruthú post láidir agus laghdú ar an dífhostaíocht (Graf 1.3 a) ag gabháil leis an téarnamh eacnamaíoch láidir a bhí ann tar éis chúlú eacnamaíoch COVID-19. Shroich ráta dífhostaíochta an Aontais (15-74 bliana d'aois) 6.4 % faoi dheireadh 2021 agus lean sé de bheith ag laghdú in 2022 go dtí gur shroich sé 6 % i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair, na rátaí is ísle le breis agus dhá dheacáid. Lean dálaí foriomlána mhargadh an tsaothair de bheith ag feabhsú in 2022, arb iad oscailt iomlán na ngeilleagar, feabhsuithe ar an staid eipidéimeolaíoch, tionchar an éilimh folaigh, agus an dea-séasúr turasóireachta tar éis na soghluaisteachta laghdaithe ba chúis leis sin. Mar sin féin, níor tháinig aon mhéadú ar an bhfostaíocht in earnáil na monaraíochta. De dhroim an mhéadaithe thapa ar an éileamh, bhí níos mó ganntanas lucht saothair ann ná riamh agus cé gur tháinig ganntanais chun cinn in earnálacha éagsúla, tháinig méadú níos mó orthu in earnáil na seirbhísí ná in earnáil na monaraíochta. Bhí fás fostaíochta gar do 1½%, agus shroich ráta fostaíochta an Aontais (20-64 bliana d'aois) 74.1 % sa cheathrú ráithe de 2021, cé gur fhan sé 2 phointe céatadáin faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim i réimse na monaraíochta. I gcodarsnacht leis sin, bhí cruthú post sách láidir i seirbhísí nach mbíonn chomh dian céanna ó thaobh na teagmhála de (amhail sláinte, riarachán poiblí, agus TFC) agus i dtógáil (Graf 1.3 b).

Meastar go dtiocfaidh moill ar mhargadh an tsaothair i bhfianaise an ionchais eacnamaíoch atá ag dul in olcas. In 2022, bhí margadh an tsaothair fós athléimneach mar gheall ar thionchar dearfach an téarnaimh a tháinig as athoscailt an gheilleagair tar éis na dianghlasála. Mar sin féin, tá an t-ardú ar phraghsanna fuinnimh ina riosca mór freisin don mhargadh saothair amach anseo. Cé go bhfuil an costas níos airde fuinnimh le brath go láidir ag na hearnálacha atá níos spleáiche ar fhuinneamh, tá torthaí iarmhartacha aige ar bheagnach gach earnáil. D'fhéadfadh an tionchar a bheadh ag suaitheadh praghais gáis ar an bhfostaíocht a bheith éagsúil ó thír go tír ag brath ar a n-iomaíochas. Tugtar le fios le meastacháin eacnaiméadracha go bhféadfaí an t-aschur a laghdú 0.6 % tar éis dhá bhliain le méadú 10 % ar phraghsanna gáis nádúrtha, agus go dtiocfadh laghdú 0.3 % ar fhostaíocht agus laghdú 0.2 % ar fhíorphá. ([14]) D'fhéadfaí an tionchar ar fhostaíocht a mhaolú trí laghdú a dhéanamh ar na huaireanta oibre in aghaidh an duine fhostaithe. D'fhéadfadh an rannchuidiú leis an méadú ar an dífhostaíocht a bheith níos mó le haghaidh seirbhísí ná le haghaidh na monaraíochta ós rud é go bhfuil cnapaireacht saothair níos coitianta in earnáil na monaraíochta, agus tá an fhostaíocht níos freagrúla thar an timthriall gnó in earnáil na seirbhísí, a bhfuil sciar réasúnta níos airde d'oibrithe sealadacha aige. ([15])

- I gcomparáid le figiúr bliantúil 2021, sa dara ráithe de 2022, tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta i ngach tír, go háirithe sa Ghréig (-2.5 pointe céatadáin), sa Spáinn (-2.3), in Éirinn (-1.9), san Ostair (-1.8), agus sa Liotuáin (-1.6 pointe céatadáin). An bhearna idir an ráta dífhostaíochta is airde, is é sin 12.5 % sa Spáinn, agus an ráta dífhostaíochta is ísle, is é sin 2.4 % sa tSeicia, thit sí go 10.1 pointe céatadáin, an bhearna is ísle ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2008 ann.

([14]) Le haghaidh plé níos doimhne, féach an tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach 2022 maidir le Margadh Saothair agus Forbairtí Pá san Eoraip (atá le teacht).

([15]) Le linn chúlú eacnamaíoch COVID-19, tharla an laghdú ar líon iomlán na n-uaireanta a d'oibrigh oibrithe sealadacha go príomha mar gheall ar chaillteanais post, agus i gcás oibrithe buana, tharla an laghdú mar thoradh ar thitim ar uaireanta in aghaidh an oibrí.

- In 2021, tháinig téarnamh tapa ar na rátaí fostaíochta (20-64) i mbeagnach gach Ballstát, agus sháraigh siad na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. Idir 2020 agus 2021, chonacthas na méaduithe is mó sa Ghréig (4.3 pointe céatadáin), in Éirinn (2.8), sa Pholainn (2.7), sa Spáinn (2), agus i Lucsamburg (2 phointe céatadáin). Tháinig laghdú ar an ráta fostaíochta sa Laitvia amháin (-1.6 pointe céatadáin). Sa chéad leath de 2022, lean an ráta fostaíochta de bheith ag méadú i ngach tír, go háirithe in Éirinn (+ 3.6 pointe céatadáin ar an meán sa chéad leath de 2022 i gcoibhneas le figiúr bliantúil 2021) agus sa Ghréig (+ 3.8 pointe céatadáin ar an meán sa chéad leath de 2022 i gcoibhneas le figiúr bliantúil 2021).

- Sa dara ráithe de 2022, d'fhan an fhostaíocht in earnáil na monaraíochta den chuid is mó faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim i roinnt Ballstát, lena n-áirítear an Bhulgáir, an Rómáin, an Spáinn, an Pholainn, an tSlóvaic, agus an Ghearmáin.

Graf 1.3: **Fostaíocht, dífhostaíocht, agus ganntanais saothair**



Nótaí: (1) Earnálacha ardteagmhála a ndéantar difear dóibh: mórdhíol agus miondíol; an earnáil iompair, earnáil na cóiríochta, na healaíona, gníomhaíochtaí na dteaghlach. Earnálacha ardteagmhála ar lú an difear a ndéantar dóibh: an earnáil tógála, riarachán poiblí, an earnáil sláinte, an earnáil oideachais. Seirbhísí ísealteagmhála: Seirbhísí faisnéise agus cumarsáide, seirbhísí airgeadais, seirbhísí gníomhaíochtaí gairmiúla, seirbhísí eastáit réadaigh. Ísealteagmháil, eile: monaraíocht, mianadóireacht, uisce agus talmhaíocht.
Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

2. MÍCHOTHROMAÍOCHTAÍ, RIOSCAÍ AGUS COIGEARTÚ: NA PRÍOMHFHORBAIRTÍ

2.1. EARNÁIL SHEACHTRACH

Léiríodh athruithe beaga nó measartha i gcuntais reatha fhormhór na mBallstát in 2021, agus is minic nach mbíonn na hathruithe a bhí ann bliain ó shin á n-aisiompú ach go páirteach. Go háirithe, chuir iarmhéideanna taistil a bhí ag téarnamh le feabhas páirteach ar chuntais reatha i roinnt tíortha móra ar glanfhéichiúnaithe iad. D'ainneoin an fheabhais, bhí easnamh mór i gcuntais reatha roinnt de na Ballstáit sin fós in 2021 agus bhí a staideanna glana infheistíochta idirnáisiúnta (NIIPanna) fós an-diúltach. An tráth céanna, tháinig méadú ar roinnt farasbarr mór sa chuntas reatha, agus iad ag teacht gar dá leibhéil in 2019 tar éis laghdú beag in 2020. Ar an iomlán, lean na farasbairr arda i gcuntas reatha roinnt tíortha de bheith i bhfad níos mó ná an méid is féidir a mhíniú le buntosca. ([16]) Chonacthas laghduithe beaga i roinnt tíortha eile agus i roinnt cásanna bhí iarmhéideanna go mór faoi bhun na n-iarmhéideanna a taifeadadh in 2019 (Graf 2.1.1 a).

Tá laghdú mór ag teacht ar iarmhéideanna na gcuntas reatha in 2022, arb iad praghsanna arda fuinnimh (Graf 2.1.1 a) **is cúis leo go príomha.** Is iad an dá rud is mó a spreagann na hathruithe sna cuntais reatha in 2021 agus in 2022 go dtí seo comhardú na trádála fuinnimh atá níos ísle ([17]) agus, ag obair sa treo eile, an téarnamh sa taisteal idirnáisiúnta. Tá an téarnamh sa turasóireacht ag dul chun tairbhe do thíortha ar glanfhéichiúnaithe iad den chuid is mó, ach is téarnamh páirteach é fós; formhór na dtíortha atá ag brath go mór ar onnmhairí turasóireachta, taispeánann siad iarmhéideanna taistil fós atá faoi bhun an leibhéil a bhí acu roimh an bpaindéim, cé go bhfuil na sonraí don phríomhshéasúr turasóireachta fós le teacht don tríú ráithe de 2022. Thairis sin, is minic a sháraítear an feabhas ar chomharduithe taistil le tionchar na bpraghsanna arda fuinnimh, a dhéanann dochar do bheagnach gach tír (Graif 2.1.3 d agus e). I gcás roinnt mhaith tíortha, tá meathlú suntasach ar chomharduithe na trádála neamhfhuinnimh ar siúl freisin in 2022. I gcásanna áirithe, is é an t-éileamh intíre athléimneach is cúis leis sin. Is éard atá san éifeacht fhoriomlán laghdú láidir ar na cuntais reatha in 2022, agus beidh easnamh ag roinnt tíortha a raibh barrachais acu sna blianta roimhe sin. Léirítear sa réamhaisnéis do 2023 go dtiocfaidh méaduithe boga ar na cuntais reatha le haghaidh roinnt tíortha san Aontas, ach ní le haghaidh gach tíre, ach is minic a bhíonn na méaduithe níos lú ná na meathluithe a taifeadadh in 2022.

([16]) Cuntais reatha i gcomhréir le buntosca ('noirm an chuntais reatha'), díorthaítear iad ó chúlchéimnithe ar fhoirm laghdaithe lena ngabhtar príomhchinntithigh chomhardú na hinfheistíochta coigilte, lena n-áirítear cinntithigh bhunúsacha, fachtóirí beartais agus dálaí airgeadais domhanda. Féach L. Coutinho *et al.* (2018), *Methodologies for the assessement of current account benchmarks, European Economy*, Páipéar Plé 86/2018, le haghaidh tuairisc ar an modheolaíocht chun an cuntas reatha bunaithe ar bhuntosca a úsáidtear sa Tuarascáil seo maidir leis an Sásra Foláirimh a ríomh; tá an mhodheolaíocht cosúil le S. Phillips *et al.* (2013), *The External Balance Assessment (EBA) Methodology*, Páipéar Oibre an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, 13/272.

([17]) Comhfhreagraíonn cothromaíocht fuinnimh do chomhardú na trádála maidir le hearraí faoi ítim "3 Breoslaí mianra, ábhair bhealaitheacha agus ábhair ghaolmhara' san Aicmiú Trádála Idirnáisiúnta Caighdeánach (SITC).

Le fás láidir ainmniúil OTI in 2021, cuidíodh le staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta atá diúltach agus le staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta atá dearfach a chúngú. In 2021, tháinig laghdú ar an scaipeadh in NIIPanna a tharla in 2020 (Graf 2.1.1 b agus Graf 2.1.3 a) i ngeall ar éifeacht láidir an ainmneora a bhí ann a bhuí le téarnamh suntasach san fhás eacnamaíoch, ach ní dhearnadh an scaipeadh a chealú go hiomlán i gcónaí. Lean an patrún sin ar aghaidh go dtí 2022 agus is minic feabhsuithe suntasacha breise a bheith á dtaifeadadh sna cóimheasa idir NIIPanna agus OTI de chuid na dtíortha móra ar glanfhéichiúnaithe iad, cé go bhfanann an chuid is mó acu faoi bhun leibhéil stuamachta NIIP. ([18]) I gcás fhormhór na dtíortha sin ar glanfhéichiúnaithe iad, tá olltorthaí an chuntais reatha le déanaí faoi bhun na leibhéal a chuideoidh lena stoic dhiúltacha a cheartú go tapa, mar a gabhadh leis an gcuntas reatha is gá chun sprioc shonrach NIIP a bhaint amach, fiú mura bhfuil ach beagán i gceist i gcás na Spáinne agus na Portaingéile (Graf 2.1.1 a agus b). Os a choinne sin, d'fhan NIIPanna roinnt tíortha ar glanfhéichiúnaithe iad i bhfad níos airde ná mar a mholtar le buntosca an gheilleagair.

Ó thaobh na hearnála de, tá laghdú ag teacht ar staideanna glaniasachtaithe teaghlaigh in 2022 mar thoradh ar an gcumhacht ceannaigh laghdaithe. In 2021, saintréith de na staideanna glaniasachtaithe/glaniasachtaíochta i bhformhór na mBallstát is ea an ghlaniasachtaíocht a dhéanann rialtais agus an glaniasachtú deimhneach ón earnáil phríobháideach, idir theaghlaigh agus chorparáidí (Graf 2.1.3 b). Bhí cúlú beag ann maidir leis an tacaíocht fhioscach eisceachtúil a bhí á saothrú in 2020 chun géarchéim na paindéime a mhaolú, rud a rinne laghdú beag ar staideanna glaniasachtaithe na n-earnálacha príobháideacha a fhritháireamh. In 2022, meastar go bhfanfaidh tacaíocht fhioscach i bhfeidhm, fiú má mheastar go leanfaidh formhór na mBallstát de glanstaideanna rialtais níos fearr a thaifeadadh (Graf 2.1.3 c). An tráth céanna, meastar gur ceannasach a bheidh an laghdú ar ghlaniasachtú teaghlach, rud a chuirfidh le staideanna foriomlána glaniasachtaithe/glaniasachtaíochta níos ísle i bhformhór na gcásanna.

([18]) Sainmhínítear tagarmharc an chuntais reatha lena gcobhsaítear NIIP mar an cuntas reatha is gá chun an NIIP a chobhsú ag an leibhéal reatha sna 10 mbliana amach romhainn. Is é an cuntas reatha is gá chun sprioc shonrach NIIP a bhaint amach an cuntas reatha is gá chun an tairseach stuamachta a bhaint amach sna 10 mbliana amach romhainn, nó chun an bhearna sa NIIP a laghdú faoina leath i gcomhréir le bunphrionsabail, cibé acu is airde. Cinntear tairseacha stuamachta NIIP ó uasmhéadú na cumhachta comharthaí chun géarchéim chomhardú na n-íocaíochtaí a thuar, agus faisnéis thírshonrach a bhfuil achoimre uirthi de réir ioncam *per-capita* á cur san áireamh. Faightear NIIP i gcomhréir le buntosca (noirm NIIP) mar charnadh luachanna noirm an chuntais reatha le himeacht ama. Maidir leis an modheolaíocht chun tagarmharcanna stuamachta agus bunúsacha NIIP a ríomh, féach A. Turrini agus S. Zeugner (2019), '*Benchmarks for Net International Investment Positions', European Economy,* Páipéar Plé 097/2019.

Graf 2.1.1: **Iarmhéideanna ar chuntas reatha agus staideanna glana infheistíochta idirnáisiúnta (NIIPanna)**



Rangaítear na tíortha in ord méadaitheach iarmhéideanna na gcuntas reatha in 2021, agus in ord laghdaitheach na gcóimheas idir NIIP agus OTI in 2021. Seasann CA do 'chuntas reatha'. Is é NENDI an NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana. Noirm an chuntais reatha: féach fonóta 16. I gcás na gcoincheap norm NIIP, tairseach stuamachta NIIP, tagarmharc an chuntais reatha lena gcobhsaítear NIIP agus an cuntas reatha is gá chun sprioc shonrach NIIP a bhaint amach: féach fonóta 18.

Foinse: Ríomhanna Eurostat agus sheirbhísí an Choimisiúin.

Le géarú airgeadaíochta domhanda le linn boilsciú ard, mar aon le rioscaí geopholaitiúla ardaithe, d'fhéadfaí difear a dhéanamh do choinníollacha maoinithe sheachtraigh roinnt Ballstát nach bhfuil sa limistéar euro. Mar a leagtar amach i Roinn 1, bhí athruithe ar roinnt rátaí malairte nach bhfuil sa limistéar euro, inar tháinig dímheas ar złoty na Polainne agus ar fhorint na hUngáire, mar thoradh ar an bpaindéim agus ar an éiginnteacht mhéadaithe a bhí ann le déanaí tar éis fhogha na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá dtiocfadh rioscaí maoinithe/athmhaoinithe sheachtraigh chun cinn, is lú an neamhchosaint a bheadh ag tíortha a bhfuil stoic shubstaintiúla cúlchiste malairte eachtraí acu, chomh maith leis na tíortha sin a bhfuil barrachais sholadacha i sreafaí seachtracha á dtaifeadadh acu. Riachtanais maoinithe sheachtraigh, lena n-áirítear riachtanais earnáil an rialtais, tá ról acu sa chomhthéacs sin (féach Roinn 2.6 maidir le hearnáil an rialtais).

Tá an farasbarr sa chuntas reatha sa limistéar euro ag titim go géar in 2022. Is iad na costais fuinnimh an príomhfhachtóir le haghaidh laghdú láidir na bliana sin ar chuntas reatha an limistéir euro (Graf 2.1.2 a). Ó bhí 2021 ann, tháinig arduithe suntasacha ar phraghsanna allmhairiúcháin le haghaidh earraí seachas tráchtearraí mar thoradh ar fhadhbanna soláthair domhanda. Léirítear an méid sin i gcomhardú trádála an limistéir euro maidir leis an tSín, ar tháinig laghdú níos mó ná pointe céatadáin amháin de OTI air i gcomparáid le 2019. Le hallmhairí fardail arda agus praghsanna arda allmhairiúcháin ón tSín, mínítear cuid den laghdú láidir ar bharrachas trádála na Gearmáine go háirithe. Ina theannta sin, tá moilliú ag teacht ar an éileamh domhanda ar onnmhairí Eorpacha, ós rud é go bhfuil impleachtaí ag an moilliú sa tSín agus ag an ngéarú airgeadaíochta sna Stáit Aontaithe ar an éileamh, ní hamháin ar an dá chomhpháirtí trádála sin, ach freisin ar an gcuid is mó de na margaí atá ag teacht chun cinn. Mar a leagtar amach i Roinn 1, tháinig dímheas láidir ar an euro, go háirithe i leith dhollar na Stát Aontaithe. Cuireann sé sin isteach ar chomhardú trádála an limistéir euro toisc gur mó sciar na n-allmhairí a ainmnítear i ndollair, go háirithe i gcás earraí fuinnimh, ná ainmníocht dollair na n-onnmhairí den chuid is mó. Mar sin féin, maidir leis an ioncam ó shócmhainní eachtracha a ainmnítear i ndollair, mar aon le trádáil cheannaíochta agus ioncam ón trádáil dhomhanda tráchtearraí, tá sé tar éis an tionchar foriomlán a bhí ag suaitheadh na dtéarmaí trádála ar an gcomhardú seachtrach a mhaolú beagán.

Is é suaitheadh na dtéarmaí trádála a spreag an laghdú ar chomhardú trádála an limistéir euro in 2022, agus tá an fíoréileamh fós láidir. Is é suaitheadh na dtéarmaí trádála atá ar bun in 2022 mar gheall ar phraghsanna allmhairiúcháin fuinnimh i bhfad níos airde agus ar an euro níos laige a spreag an laghdú ar chomhardú trádála ainmniúil an limistéir euro – agus, dá réir sin, ar an gcuntas reatha (Graf 2.1.2 b). Nuair a dhéantar é a thomhas i dtéarmaí réadacha, i.e. ag praghsanna tairiseacha, tuartar go neartóidh comhardú na trádála beagán in 2022, toisc gur cheart go dtiocfadh méadú ar fhíoréileamh comhiomlán beagán níos lú ná OTI. Tuartar gur mó an fás ar an bhfíoréileamh ná an fás aschuir in 2022 i dtíortha móra ar glanchreidiúnaithe iad agus laghdaigh sé a ranníocaíocht leis an bhfarasbarr sa chuntas reatha sa limistéar euro (Graf 2.1.2 b). Tuartar go leanfaidh sé sin ar aghaidh in 2023. Chuir roinnt tíortha ar glanfhéichiúnaithe iad feabhas ar a bhfíorchomhardú trádála ós rud é nár choinnigh an t-éileamh suas leis an bhfás OTI atá ag téarnamh. Is é sin iomlán na dtíortha beaga a bhfuil cobhsaíocht fhíorchomhardú na trádála á spreagadh acu in 2022, agus atá ag cur i gcoinne an laghdaithe ar fhíorchomhardú na Gearmáine, an ranníocóir is mó sa limistéar euro.

Is í an réamhaisnéis le haghaidh 2023 go mbeidh cobhsaíocht fhoriomlán i gcomhardú trádála an limistéir euro, lena n-áirítear a chomhdhéanamh, ach tá sé sin faoi réir an-chuid éiginnteachta. Is dócha go n-éascóidh scrogaill sa slabhra soláthair agus praghsanna allmhairiúcháin beagán in 2023, ach ba cheart dóibh leanúint den mheá ar chomhardú trádála an limistéir euro. Tríd an éileamh domhanda a mhoilliú, déanfar na hionchais onnmhairiúcháin a mhaolú ach d'fhéadfaí roinnt faoisimh a sholáthar i leith praghsanna tráchtearraí. Mar thoradh air sin, tuartar go dtiocfaidh laghdú beag ar thionchar na dtéarmaí trádála, rud a chuirfidh feabhas beag ar chomhardú foriomlán trádála an limistéir euro. Ina ionad sin, tá fás an éilimh intíre fós ina phríomhfhachtóir do dhinimic chomhardú seachtrach an limistéir euro in 2023. I dtéarmaí a chomhdhéanaimh, tuartar go leanfar den athchoigeartú ó rannchuidiú na dtíortha móra ar glanchreidiúnaithe iad.

Graf 2.1.2: **Cuntas reatha agus comhardú trádála an limistéir euro**



Is éard atá in 'earraí fisiceacha' comhardú trádála iomlán SITC; Comhfhreagraíonn 'earraí fuinnimh' do chomhardú na trádála le haghaidh chatagóir SITC3, agus is éard atá in 'earraí neamhfhuinnimh' an difríocht idir an dá cheann. Is éard atá i gceist le 'trádáil cheannaíochta' an difríocht idir comhardú na trádála in earraí ó Chomhardú na nÍocaíochtaí agus 'Earraí fisiceacha'.

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tíortha a raibh fiachas rialtais (% de OTI) os cionn 60% acu in 2021 i ngorm																							
BE	BG	CZ	DK	**DE**	EE	IE	**EL**	**ES**	FR	**HR**	**IT**	**CY**	LV	LT	LU	**HU**	MT	NL	**AT**	PL	**PT**	RO	**SI**	**SK**	**FI**	SE

Tíortha a raibh NIIP (% de OTI) faoi bhun -35 % acu in 2021 i ngorm																										
BE	BG	CZ	DK	DE	EE	**IE**	**EL**	**ES**	FR	**HR**	**IT**	**CY**	LV	LT	LU	**HU**	MT	NL	AT	**PL**	**PT**	**RO**	SI	**SK**	FI	SE

Ar leibhéal na tíre, is fiú aird a tharraingt ar na forbairtí seo a leanas:

- In 2021, maidir leis na hiarmhéideanna ar chuntas reatha bunaithe ar mheáin 3 bliana, bhí siad faoi bhun thairseach an scórchláir níos ísle de -4 % OTI i gcás ceithre Bhallstát: An Chipir, an Ghréig, Éire agus an Rómáin. An tráth céanna, bhí meán ag trí Bhallstát a bhí os cionn na huastairsí de 6 % OTI: An Danmhairg, an Ghearmáin, agus an Ísiltír. Maidir leis na léamha ar an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (NIIP), bhí siad faoi bhun thairseach an scórchláir de -35 % OTI i gcás deich mBallstát: An Chróit, an Chipir, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Spáinn.

- Maidir le cuntais reatha roinnt tíortha móra ar glanfhéichiúnaithe iad amhail an Chipir, agus an Ghréig go háirithe, bhí easnaimh mhóra iontu fós, cé go bhfuil feabhsuithe measartha taifeadta ag an gCipir. Cé gur tháinig méadú beag ar bharrachas na Spáinne, bhí easnamh measartha na Portaingéile gan athrú den chuid is mó in 2021. Sna tíortha sin, cé is moite den Spáinn, tá na cuntais reatha fós faoi bhun na leibhéal a mholtar le buntosca an gheilleagair, fiú más ag corrlaigh éagsúla atá siad. Sa chéad dá ráithe de 2022, bhí téarnamh láidir breise ar thaisteal idirnáisiúnta, in éineacht le praghsanna atá ag dul i méid san earnáil, ina dtacú láidir lena mbarrachais i gcomharduithe taistil, go háirithe i gcás na Portaingéile, agus ar bhonn níos lú, i gcás na Cipire, na Gréige agus na Spáinne freisin, ina bhfuil an príomhshéasúr turasóireachta fós le teacht sa tríú ráithe den bhliain. Mar sin féin, cé is moite den Spáinn, i gcás na dtíortha sin, meastar go dtiocfaidh meath ar a léamha cuntais reatha i mbliana ina iomláine, rud a léiríonn cothromaíochtaí fuinnimh níos measa den chuid is mó. I gcás na NIIPanna atá acu, ar léir iad a bheith diúltach, tá feabhas ag teacht orthu mar gheall ar an bhfás eacnamaíoch ainmniúil láidir,

ach rinneadh an feabhas sin a lagú beagán leis na héifeachtaí diúltacha luachála i gcás na Gréige.

- Tá na heasnaimh sa chuntas reatha an-mhór agus ar na leibhéil is airde le blianta anuas i gcás na hUngáire agus na Rómáine. Tháinig meath ar chuntas reatha na Rómáine ó easnamh a bhí ardaithe cheana féin agus tá sé fós ag dul in olcas in 2022 agus níl aon ionchas ann go dtiocfaidh feabhas mór air an bhliain seo chugainn. Tá meathlú suntasach á thaifeadadh ag an Ungáir freisin, agus meastar nach mbeidh ach feabhas bog ann in 2023, rud a léiríonn ceann de na meathluithe is géire ina cothromaíocht fuinnimh. Le dímheas fhorint na hUngáire, cuirtear leis na hábhair imní atá ann maidir le forbairtí ar a hearnáil sheachtrach. I gcás an dá thír, is léir go bhfuil na NIIPanna diúltach ach is cuid mhór den mhéid sin iad infheistíochtaí díreacha coigríche isteach. Maidir leis na NIIPanna atá acu, cé is moite d'ionstraimí neamh-in-mhainneachtana (NENDI), fágann sé sin go bhfuil siad níos fabhraí.

- Sa Laitvia, i Málta agus sa tSlóvaic, bhí easnamh neamhdhiomaibhseach sna cuntais reatha in 2021. I roinnt mhaith cásanna, tuartar go mbeidh meathluithe substaintiúla in 2022 agus in 2023. I gcás na Seicia, na Bulgáire agus na Polainne, tuartar go dtiocfaidh méadú ar na heasnaimh bhoga sa chuntas reatha a bhí ann in 2021. Le dímheas złoty na Polainne, cuirtear leis na hábhair imní atá ann maidir le forbairtí ar an earnáil sheachtrach sa Pholainn. Tuartar go mbeidh easnamh suntasach ag an mBeilg agus ag an Liotuáin in 2022. Rinne an tSlóvaic agus an Liotuáin roinnt de na meathluithe is mó ar chomharduithe trádála a thaifeadadh mar thoradh ar chothromaíochtaí fuinnimh atá ag dul in olcas. Meastar go méadóidh easnamh na Slóvaice a thuilleadh thar an leibhéal a bhí aici roimh an bpaindéim. I gcás na Polainne agus na Slóvaice, ag a bhfuil NIIPanna diúltacha suntasacha, agus i gcás Ballstáit eile i lár agus in oirthear na hEorpa, is cuid shuntasach dá ndliteanais sheachtracha iad infheistíochtaí díreacha coigríche isteach. Dá réir sin, tá na NENDInna atá acu níos fabhraí.

- Tá barrachas mór na Danmhairge, na Gearmáine, na hÍsiltíre agus na Sualainne fós os cionn noirm a gcuntas reatha. Cé gur tháinig méadú ar na farasbairr sa chuntas reatha sna tíortha sin in 2021, cé is moite den tSualainn, meastar go ndéanfaidh siad laghdú suntasach a thaifeadadh in 2022. Go háirithe, tá laghdú suntasach ag teacht ar chuntais reatha na Gearmáine, na hÍsiltíre agus na Sualainne, agus de bhreis ar an gcothromaíocht fuinnimh atá ag dul in olcas. Tá barrachas na Danmhairge ag méadú sa chéad leath den bhliain, ach ar an iomlán tuartar go mbeidh laghdú ann in 2022. Tá NIIPanna na hÍsiltíre, na Danmhairge, na Gearmáine agus na Beilge i bhfad níos airde ná na leibhéil a mbeifí ag súil leo i bhfianaise bhuntosca an gheilleagair.

Graf 2.1.3: **An earnáil sheachtrach: graif roghnaithe**



Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

2.2. IOMAÍOCHAS

D'fhás costais aonad saothair níos tapúla le linn 2020-21 ná sa tréimhse roimh an bpaindéim, agus tá dlús á chur lena ráta fáis in 2022. Chonacthas méadú mór ar chostais aonad saothair i bhformhór na mBallstát in 2020, mar gheall ar laghduithe meicniúla ar tháirgiúlacht thomhaiste, toisc gur mhaolaigh scéimeanna coinneála post an titim san fhostaíocht d'ainneoin an aschuir a bhí go mór níos ísle. In 2021, aisiompaíodh an treocht sin go páirteach toisc gur spreag téarnamh na táirgiúlachta laghduithe ar chostais aonad saothair, nó moilliú sofheicthe ar an bhfás ar fud an Aontais, beagnach (Graf 2.2.1 a). Tuartar go dtiocfaidh méadú ar chostais aonad saothair i mbliana agus an bhliain seo chugainn, agus meastar go dtiocfaidh méadú suntasach orthu i gcásanna áirithe (Graf 2.2.1 b). Meastar go spreagfar an méadú ar chostais aonad saothair le cúiteamh ainmniúil atá ag dul i méid go mór in aghaidh an fhostaí, ar cúiteamh é ar cheart dó a bheith i bhfad níos mó ná táirgiúlacht fíorshaothair i mbeagnach gach tír san Aontas (Graf 2.2.3 a agus b), i gcomhthéacs ina bhfuil leibhéal íseal dífhostaíochta agus ina bhfuil laghdú ag teacht ar an dífhostaíocht go minic. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go bhfuil na héifeachtaí sin ag leanúint de threochtaí as ar eascair imní faoi bhrúnna róbhorrtha féideartha roimh ghéarchéim COVID-19. De réir mar a mhoillíonn an móiminteam eacnamaíoch, beidh na gnóthachain táirgiúlachta níos ísle agus déanfaidh siad costais aonad saothair a mhaolú ar bhealach níos lú ná mar a rinne siad le déanaí.

Ní raibh an dinimic maidir leis an bhfíor-ráta malairte substaintiúil ar an iomlán go dtí seo, cé go raibh éagsúlacht ann, go háirithe lasmuigh den limistéar euro. Bhí na hathruithe ar fhíor-rátaí malairte iarbhír (REER) atá bunaithe ar ICPT srianta in 2021, cé gur tugadh faoi deara dímheasanna beaga i níos mó tíortha ná in 2020. Bhí na hathruithe ar REER atá bunaithe ar ICPT agus atá bunaithe ar an díbhoilsceoir OTI thar thréimhse trí bliana suas go 2021 teoranta freisin (Graf 2.2.3 c). In 2022, tá ráta malairte iarbhír ainmniúil (NEER) dímheasta go dtí seo i mbeagnach gach Ballstát sa limistéar euro, rud a léiríonn dímheas an euro, agus d'fhan athruithe ar REER bunaithe ar ICPT measartha cé is moite den bheagán cásanna ina raibh an boilsciú i bhfad níos airde ná mar a bhí in áiteanna eile nó inar dhímheas NEER níos mó (Graf 2.2.3 e). I roinnt tíortha nach bhfuil sa limistéar euro, bhí athruithe na bliana ar REER níos soiléire. Ní léiríonn REER atá bunaithe ar an díbhoilsceoir OTI go bhfuil an t-iomaíochas praghsanna ag dul in olcas i gcás fhormhór na mBallstát cé go bhfuil éagsúlacht shuntasach ann ó thír go tír (Graf 2.2.3 d). Amach anseo, d'fhéadfadh dúshláin teacht chun cinn in REERanna laistigh den limistéar euro mar gheall ar éagsúlacht i rátaí boilscithe agus difríochtaí i neamhchosaintí ar athruithe ar ráta malairte ainmniúil an euro ar fud thíortha éagsúla an limistéir euro. Meastar go mbeidh níos mó ilchineálachta ar fud tíortha nach bhfuil sa limistéar euro, rud a léiríonn go páirteach dinimic éagsúil maidir leis an ráta malairte ainmniúil.

Is riosca iad rátaí boilscithe arda éagsúla don iomaíochas a mhéid a éiríonn siad daingnithe, agus baineann rioscaí ar leith leo laistigh den limistéar euro. Mar a leagtar amach i Roinn 1, ní hamháin go bhfuil rátaí boilscithe ard, ach tá siad an-éagsúil le chéile, lena n-áirítear laistigh den limistéar euro. Ar an iomlán, tá an éagsúlacht sin fréamhaithe i ndéine fuinnimh éagsúil ar fud na ngeilleagar, agus déanann scála agus comhdhéanamh na mbeart rialtais difear di. D'ainneoin gurb é an méadú ar chostais fuinnimh is cúis leis an mboilsciú den chuid is mó, agus go meastar go dtitfidh sé, cruthaíonn éagsúlacht sna rátaí boilscithe riosca don iomaíochas ó dhá thaobh. Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh sé nach bhfillfeadh praghsanna fuinnimh ar na leibhéil a bhí ann roimhe sin, ach d'fhéadfaidís cobhsú ar leibhéil níos airde. Bheadh costais mhóra i gceist leis sin d'earnálacha sonracha, amhail tionscail dianfhuinnimh. A mhéid a

éiríonn na costais sin buan, bheadh na leibhéil praghsanna níos airde buan i gcás tíortha a bhfuil boilsciú níos airde acu mar gheall ar thionchar díreach na gcostas fuinnimh. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag an méadú coibhneasta sin ar a n-iomaíochas agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le hathshocrú, rud a d'fhágfadh go dtiocfadh laghdú ar na scaireanna onnmhairiúcháin agus rud a d'fhéadfadh fás sna tíortha is mó atá neamhchosanta a spreagadh. Le himeacht ama, d'fhéadfadh gá a bheith le hathrú a dhéanamh ar a samhail ghnó mar gheall air sin, agus d'fhéadfadh athruithe struchtúracha costasacha a bheith i gceist. Ar an dara dul síos, is féidir le difríochtaí boilscithe a bheith ina gcúis le méaduithe ar phraghsanna eile seachas fuinneamh. Ní le rátaí boilscithe foriomlána amháin a bhaineann difríochtaí idir tíortha ach tá siad ag éirí níos soiléire sa chroí-bhoilsciú freisin. I mBosca 2.2.1, pléitear an riosca go bhféadfadh na difríochtaí sin a bheith daingnithe agus a bheith ina gcúis le méaduithe breise, lena n-áirítear ar phá. D'fhéadfadh fíor-luachmhéaduithe a bheith mar thoradh ar dhifreálaigh den sórt sin atá ag méadú, rud a laghdódh an t-iomaíochas. Na hathruithe coibhneasta ar an iomaíochas, d'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le hathchothromú sa limistéar euro, dá ngnóthódh tíortha a raibh laigí iomaíochais acu cheana i gcoibhneas lena bpiaraí. Faoi láthair, áfach, ní dhéanann na difríochtaí is suntasaí sa bhoilsciú difear do ghlanchreidiúnaithe ná do ghlanfhéichiúnaithe móra, ar an iomlán. Thairis sin, d'fhéadfadh ionchais ilchineálacha maidir le boilsciú i gcásanna áirithe leochaileachtaí a mhéadú laistigh den limistéar euro, dá n-eascródh carnadh iomarcach fiachais as fíor-rátaí ionchasacha úis atá ró-íseal. Lasmuigh den limistéar euro, baineann rioscaí eile le dímheasanna airgeadra, mar shampla i dtéarmaí iasachtaíocht sheachtrach agus costais seirbhísithe fiachais.

Tá an comhthéacs reatha ina bhfuil difreálaigh boilscithe ag ardú éagsúil le comhthéacs na tréimhse roimh an ngéarchéim airgeadais dhomhanda, ach d'fhéadfadh rioscaí maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bheith ag baint leis fós. Sa tréimhse roimh an ngéarchéim airgeadais, ba é an toradh a bhí ar bhoilsciú ard i roinnt tíortha sa limistéar euro timthriall inar chothaigh fíor-rátaí úis ísle éileamh iomarcach agus carnadh fiachais, rud a spreag luachmhéadú ar an bhfíor-ráta malairte. An uair seo, áfach, is é an suaitheadh a bhíonn ann den chuid is mó ná suaitheadh crapthach fuinnimh de bharr costbhrú, seachas suaitheadh forleathnaitheach. Cé go bhféadfadh boilsciú ard sna tíortha is mó atá buailte a bheith ag obair an uair seo chun fíor-rátaí úis a choinneáil íseal agus maolú éigin a dhéanamh ar an tionchar níos díobhálaí ar an éileamh sa ghearrthéarma mar gheall ar bhille fuinnimh níos airde, d'fhéadfadh méaduithe daingnithe ar phraghsanna nó ar phá iarrachtaí chun boilsciú a laghdú a dhéanamh níos casta, as a dtiocfadh caillteanais iomaíochais a d'fhéadfadh fás eacnamaíoch a mhaolú amach anseo.

Graf 2.2.1: **Costais aonad saothair**



(1) Cuirtear tíortha i láthair in ord méadaitheach ULC in 2020-21
Foinse: Ameco; Tagann sonraí 2022 agus 2023 ó réamhaisnéis eacnamaíoch fhómhar 2022 ón gCoimisiún Eorpach. Tagraíonn na sonraí do líon na bhfostaithe agus líon na ndaoine atá fostaithe

Léiríonn forbairtí maidir leis an sciar den mhargadh onnmhairíochta in 2021 gur cúlaíodh go páirteach éifeachtaí ghéarchéim COVID-19 ach is dócha go dtitfidh siad go luath amach anseo, i ngeall ar na costais fuinnimh níos airde agus moilliú ar an trádáil. Ba é éifeacht na paindéime laghdú a dhéanamh ar sciartha na ngeilleagar den mhargadh onnmhairíochta a bhfuil earnálacha turasóireachta idirnáisiúnta tábhachtacha acu, a bhfuil seasaimh sheachtracha níos diúltaí ag roinnt díobh, agus sciartha den mhargadh onnmhairíochta a mhéadú i gcás roinnt tíortha ar glanchreidiúnaithe iad i gcoibhneas leis na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim. Tuartar go dtiocfaidh laghdú ar scaireanna onnmhairíochta i bhformhór thíortha an Aontais in 2023, agus tionchar diúltach ag an méadú an-ard ar chostas an fhuinnimh san Eoraip air, agus ról á imirt ag roinnt suaití sa slabhra soláthair freisin. Tuartar go bhfeicfear éifeacht níos láidre i roinnt tíortha ar glanchreidiúnaithe iad agus ag a bhfuil earnálacha substaintiúla déantúsaíochta.

Tríd is tríd, tá athruithe ar an iomaíochas fabhrach arís d'athchothromú níos siméadraí a dhéanamh ar sheasaimh sheachtracha laistigh den limistéar euro. (Graf 2.2.3 f). Tá forbairtí sna costais aonad saothair beagán níos measartha i dtíortha ar glanfhéichiúnaithe iad ná i dtíortha ar glanchreidiúnaithe iad. Mar sin féin, bíonn forbairtí sa bhoilsciú, agus go háirithe sa chroí-bhoilsciú, cosúil le chéile den chuid is mó nó uaireanta bíonn siad níos srianta i dtíortha ar glanchreidiúnaithe iad, rud a d'fhéadfadh an t-athchothromú a mhaolú amach anseo, mura rud é go leanann forbairtí pá de dhibhéirsiú i bhfianaise na ndifríochtaí sa tearcúsáid lucht saothair. Cé gur gnách le tíortha ar glanchreidiúnaithe iad níos mó tairbhe a bhaint as dímheas ar an euro mar gheall ar a sciar níos airde de thrádáil lasmuigh den limistéar euro, sa chás seo léiríonn dinimic na sciartha den mhargadh onnmhairíochta athchothromú seachtrach toisc go bhfuil cuid den mhargadh onnmhairíochta caillte á fáil ar ais ag tíortha ar glanchreidiúnaithe iad, agus meastar go dtiocfaidh laghdú ar scaireanna glanchreidiúnaithe amach anseo.

Tíortha a raibh fás ainmniúil costais aonad saothair (% athrú 3 bliana) os cionn 9% (EA) nó 12% (neamh-EA) in 2021 i ngorm																								
BE	BG	CZ	DK	DE	EE	IE	EL	ES	FR	HR	IT	CY	LV	LT	LU	HU	MT	NL	AT	PL	PT	RO	SI	SK	FI	SE

Tíortha a raibh díbhoilsceoir REER, ICPT (% athrú 3 bliana) os cionn +/- 5 % (EA) nó +/- 11% (neamh-EA) in 2021 i ngorm																								
BE	BG	CZ	DK	DE	EE	IE	EL	ES	FR	HR	IT	CY	LV	LT	LU	HU	MT	NL	AT	PL	PT	RO	SI	SK	FI	SE

Tíortha a raibh sciar den mhargadh onnmhairiúcháin, % de na honnmhairí domhanda (% athrú 5 bliana) faoi bhun -6 % in 2021 i ngorm																								
BE	BG	CZ	DK	DE	EE	IE	EL	ES	FR	HR	IT	CY	LV	LT	LU	HU	MT	NL	AT	PL	PT	RO	SI	SK	FI	SE

Ar leibhéal na tíre, is fiú na forbairtí seo a leanas maidir le hiomaíochas a chur i dtábhacht:

- Bhí an fás ar chostais aonad saothair, a carnadh i gcaitheamh na dtrí bliana roimh 2021, os cionn thairseach an scórchláir in 15 Bhallstát: An Ostair, an Bhulgáir, an tSeicia, an Eastóin, an Ungáir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, agus an Spáinn. I gcás REER bunaithe ar ICPT, bhí na hathruithe i gcaitheamh na dtrí bliana níos srianta agus níor sháraigh aon Bhallstát tairseacha an scórchláir. Bhí na hathruithe ar sciartha den mhargadh onnmhairíochta i gcaitheamh na gcúig bliana faoi bhun thairseach an scórchláir sa Fhrainc, san Iodáil agus sa Spáinn in 2021. Cé gurbh é an sciar laghdaitheach d'onnmhairí earraí is mó ba chúis le laghdú sa Fhrainc, ba é laghdú ar scaireanna onnmhairíochta seirbhísí ba chúis leis an titim sa Spáinn agus san Iodáil. Sa trí thír, ba shuntasaí na laghduithe thuasluaite le linn phaindéim 2020.

- Tá an imní faoi bhrúnna costais suntasach i roinnt tíortha le roinnt blianta anuas agus tá siad ag dul i méid, nó níl siad ag laghdú go leordhóthanach, lena n-áirítear sa Bhulgáir, sa tSeicia, san Eastóin, san Ungáir, sa Laitvia, sa Liotuáin, i Lucsamburg, sa Rómáin, agus sa tSlóvaic. Bhí siad suntasach cheana féin roimh ghéarchéim COVID-19, i bhformhór na gcásanna lean siad ar aghaidh in 2021 agus sa chéad leath de 2022 agus na margaí saothair sách dian. Tuartar go bhfanfaidh an fás faoi chostais aonad saothair ard nó go dtiocfaidh méadú mór air an bhliain seo chugainn i bhformhór na dtíortha sin. Tá rioscaí breise dá n-iomaíochas le sárú ag roinnt tíortha, a bhaineann leis an mborradh faoi bhoilsciú, atá i bhfad níos airde ná mar atá sa chuid eile den Aontas agus i bpiaraí an limistéir euro. Cé go dtuartar go ndímheasfaidh REER in 2023 sa chuid is mó de na tíortha sin, meastar go mbeidh luachmhéadú éadrom sa tSlóvaic.

- Léirigh Málta agus an tSlóivéin éifeachtaí a bhí cosúil leis na tíortha thuasluaite sa tréimhse roimh COVID-19, ach bhí ábhair imní faoi chaillteanais iomaíochais, más ann dóibh, níos measartha in 2021 agus meastar go bhfanfaidh siad beag i mbliana freisin. Sa Bheilg agus sa Pholainn, tuartar go dtiocfaidh méadú mór ar chostais aonad saothair le linn na bliana seo agus na bliana seo chugainn. Os a choinne sin, bhí méaduithe ar chostais aonad saothair níos lú san Iodáil, agus tuartar go leanfaidh siad ar aghaidh mar sin, rud a léiríonn gnóthachan beag coibhneasta ó thaobh an iomaíochais de.

- Tá laghdú ag teacht ar an imní faoi iomaíochas costais i roinnt tíortha móra ar glanfhéichiúnaithe iad, lena n-áirítear an Chipir, an Ghréig, an Phortaingéil, agus an Spáinn. Go háirithe, tá costais aonad saothair ag fás beagán níos lú ná mar atá siad i gcomhpháirtithe trádála agus sa chuid eile den limistéar euro.

Bosca 2.2.1: Daingniú féideartha boilscithe agus caillteanais iomaíochais

Is féidir le boilsciú ard éagsúil, a chonacthas ar fud an Aontais ó bhí deireadh 2021 ann, difear díobhálach a dhéanamh don iomaíochas, go háirithe má bhíonn sé leanúnach. Má chúitíonn arduithe comhiomlána ar phá caillteanas chumhacht cheannaigh na n-oibrithe go hiomlán nó go páirteach, léireofar na méaduithe pá sin i gcostais aonad saothair níos airde mura ndéanfar iad a fhritháireamh trí mhéaduithe táirgiúlachta. D'fhéadfadh éifeachtaí indíreacha agus rioscaí maidir le boilsciú níos airde amach anseo a bheith mar thoradh ar na méaduithe sin ar chostais aonad saothair. ([19]) D'fhéadfadh éagsúlachtaí san iomaíochas ar fud Bhallstáit an limistéir euro teacht chun cinn má tá an suaitheadh boilscithe an-difriúil ó thír go tír nó má thagann éifeachtaí indíreacha an-difriúil chun cinn i ndiaidh an tsuaite boilscithe sin. Más rud é go gcuireann éilimh ar mhéaduithe pá san áireamh gur dócha go dtiocfaidh laghdú ar an mboilsciú, tá an riosca a bhaineann le bís phá agus praghsanna fós teoranta. I dTuarascáil 2023 ón gCoimisiún maidir leis an Limistéar Euro, pléitear ról an ionchais maidir le boilsciú i dtaca le méaduithe pá. ([20]) Is ionann an t-ardú mór atá ag teacht ar phraghsanna fuinnimh agus sciar mór de na méaduithe ar an leibhéal praghsanna i bhformhór na mBallstát. Mar sin féin, más rud é gur leathnaigh boilsciú chuig earraí agus seirbhísí eile, seachas fuinneamh, ní féidir caighdeáin mhaireachtála a choinneáil ar bun mura gcoinníonn an fás ar ioncam suas leis sin, fiú nuair a thiteann praghsanna fuinnimh. Is féidir le comhpháirteanna fuinnimh agus bia na n-innéacsanna praghsanna foriomlána a bheith sách luaineach, agus is beag tionchar atá ag cinntí maidir leis an mbeartas airgeadaíochta orthu, toisc go mbíonn tionchar mór ag na margaí idirnáisiúnta orthu de ghnáth, thar an ngearrthéarma ar a laghad, i.e. in éagmais idirghabháil beartais rialála nó fhioscaigh. Mar thoradh air sin, úsáideann bainc cheannais bearta croí-bhoilscithe chun treocht bhunúsach an bhoilscithe a ghabháil ar bhealach níos fearr. ([21])

Tháinig ardú mór ar chostais aonad saothair i roinnt tíortha san Aontas, lena n-áirítear an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, agus Lucsamburg agus in dhá Bhallstát nach bhfuil sa limistéar euro, an Bhulgáir agus an Pholainn, i gcaitheamh na bliana suas go dtí an dara ráithe de 2022 (Graf 2.2.2 a). Ba é an fás an-láidir faoi chúiteamh in aghaidh an fhostaí a spreag an t-ardú, fás a sháraigh 10 % nó a bhí an-ghar do 10 %. Mar sin féin, tháinig méadú, lasmuigh de phraghsanna, ar an gcúiteamh in aghaidh an fhostaí i gceithre Bhallstát, agus bhí an difreálach an-mhór sa Bhulgáir. Níor leor na hathruithe táirgiúlachta chun an fás faoi chostais aonad saothair a mhaolú, agus i gcásanna áirithe neartaigh siad é. Sa Bhulgáir agus i Lucsamburg, tháinig méadú, lasmuigh de phraghsanna, ar chostais aonad saothair, agus sháraigh fás na gcostas sin an croí-bhoilsciú san Eastóin, sa Laitvia, sa Liotuáin, agus sa Pholainn. Cé go bhfuil an dara cás fíor freisin maidir leis an mBeilg, an Fhrainc, an Iodáil, agus an Rómáin, bhí a gcostais aonad saothair beagáinín níos srianta. Cruthaíonn barrachais na gcostas aonad saothair sin maidir le praghsanna rioscaí go dtiocfaidh méadú breise ar phraghsanna ionas gur féidir le gnólachtaí corrlaigh phraghais-chostais a chaomhnú.

([19]) Tugtar le fios in anailís a rinne CAI le déanaí go bhféadfadh na rioscaí a bhaineann le bíseanna pá agus praghsanna a bheith sách srianta. Tá an chonclúid bunaithe ar na comparáidí idir forbairtí boilscithe, pá agus dífhostaíochta atá ann faoi láthair agus eachtraí stairiúla comhchosúla i gcás ardgheilleagar, agus tá caveat leis nach gá do na heachtraí sin a bheith ionadaíoch go hiomlán ar na himeachtaí reatha, go háirithe i bhfianaise chineál sainiúil shuaitheadh COVID-19. Thairis sin, ní chuirtear san áireamh san anailís na forbairtí in 2022 ar lena linn a cuireadh tús le suaitheadh na bpraghsanna fuinnimh le déine iomlán i bhformhór thíortha an Aontais. Féach CAI (2022), *Wage dynamics post-COVID-19 and wage-price spiral risks*, in: Ionchas Eacnamaíochta Domhanda: *Countering the cost-of-living crisis*. Caibidil 2, Deireadh Fómhair 2022.

([20]) SWD(2022) 382. Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin. Tuarascáil 2023 ar an limistéar euro a ghabhann leis an Moladh le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro

([21]) Féach M. Ehrmann, et al. (2018), *Measures of underlying inflation for the euro area*, Feasachán Eacnamaíoch BCE, Eagrán 4/2018.

D'fhéadfadh iarmhairtí suntasacha agus níos seasmhaí a bheith ag forbairtí éagsúla maidir le croí-bhoilsciú agus costas aonad saothair ar iomaíochas roinnt tíortha, rud atá ábhartha go háirithe do thíortha an limistéir euro. Leis an athrú ar REER atá bunaithe ar an gcroí-bhoilsciú (Graf 2.2.2 b), tugtar caillteanais neamhdhiomaibhseacha iomaíochais le fios san Eastóin, sa Liotuáin, agus sa tSlóvaic mar gheall ar chroí-bhoilsciú i bhfad níos airde ná an chuid eile den limistéar euro. I gcás an dá thír dheireanacha sin, déantar é sin a chúiteamh le hathruithe ar REER i ndáil le tíortha nach bhfuil sa limistéar euro. Os a choinne sin, tairbhíonn iomaíochas na Gearmáine, agus iomaíochas na Fionlainne, na Fraince agus na hIodáile ar bhonn níos lú, de chroí-bhoilsciú níos ísle i gcomparáid leis an gcuid eile den limistéar euro. Rannchuidíonn dímheas REER i dtaca le tíortha nach bhfuil sa limistéar euro, tríd is tríd, le gnóthachain iomaíochais na dtíortha sin.

I gcás roinnt tíortha nach bhfuil sa limistéar euro, rinne athruithe sa ráta malairte ainmniúil difear mór do REER. Is é cás na hUngáire an cás is suntasaí agus dímheas láidir ainmniúil ina chúis le gnóthachain iomaíochais d'ainneoin croí-bhoilsciú a bhí sách ard. Is féidir éifeachtaí den chineál céanna a fheiceáil sa Pholainn agus sa tSualainn. Os a choinne sin, bhí luachmhéadú mór ar an ráta malairte ainmniúil (iarbhír) sa tSeicia, rud a d'fhág go raibh fíor-luachmhéadú láidir ann ar an ráta croí-bhoilscithe atá réasúnta ard. Cé go bhféadfadh díluacháalacha airgeadra brúnna costais a mhaolú, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh rioscaí eile a bheith i gceist leo amhail costais seirbhísithe fiachais níos airde ar fhiachas a ainmniítear in airgeadra eachtrach, idir rioscaí intíre agus rioscaí seachtracha. D'fhéadfaidís srian a chur le húsáid díluacháalacha ainmniúla mar ionstraim chun tionchar na gcostas méadaithe ar an iomaíochas a mhaolú.

Graf 2.2.2: **Costas aonad saothair, (croí)-b(h)oilsciú agus iomaíochas**



Cuirtear tíortha i láthair in ord méadaitheach an athraithe ar ULC, i.e. in ord laghdaitheach REER atá bunaithe ar chroí-bhoilsciú. Ní áirítear fuinneamh, bia, alcól ná tobac sa bheart croí-bhoilscithe. Ríomhadh REER atá bunaithe ar chroí-bhoilsciú chun críocha anailíse, inar cuireadh fás foriomlán CPI in ionad na rátaí croí-bhoilscithe le haghaidh na gcomhpháirtithe trádála, an tSín agus an tSeapáin, toisc nach raibh an croíbheart ar fáil.
Foinse: Ríomhanna Eurostat agus sheirbhísí an Choimisiúin.

Graf 2.2.3: **Iomaíochas: graif roghnaithe**



Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

2.3. CORPARÁIDÍ NEAMHAIRGEADAIS

Bhí cóimheasa idir fiachas corparáideach neamhairgeadais agus OTI fós suntasach i roinnt mhaith tíortha in 2021, cé gur lean siad de bheith ag laghdú. Tar éis na díghiarála suntasaí a tharla le deich mbliana anuas i roinnt mhaith Ballstát, bhí cóimheasa idir fiachas corparáideach neamhairgeadais agus OTI in 2021 faoi bhun an bhuaicphointe a bhí ann roimh an bpaindéim i bhformhór thíortha an Aontais. Mar sin féin, in 2021, bhí cóimheasa fiachais os cionn na leibhéal arna moladh ag buntosca an gheilleagair agus ag leibhéil a bhain le hábhair imní stuamachta i mbeagnach leath de thíortha an Aontais agus i roinnt mhaith tíortha os cionn na leibhéal a cláraíodh in 2019, roimh thús phaindéim COVID-19 (Graf 2.3.1 a agus b). ([22]) In 2021, tháinig laghdú ar an gcóimheas idir fiachas corparáideach agus OTI i bhformhór na mBallstát, mar gheall ar an téarnamh suntasach i bhfás OTI go príomha (Graf 2.3.3 a). Bhí glanchreidmheas do chorparáidí neamhairgeadais dearfach ar fud an Aontais agus thosaigh sé ag feabhsú i bhformhór thíortha an Aontais in 2021, lena n-áirítear i roinnt cásanna ina bhfuil fiachas corparáideach neamhairgeadais ard, i bhfianaise an fheabhais atá tagtha ar an infheistíocht (Graf 2.3.3 c).

Lean an próiseas díghiarála a tosaíodh arís in 2021 ar aghaidh in 2022, ach is dócha go gcuirfidh an timpeallacht mhaicreacnamaíoch dheacair bac air. Lean an cóimheas idir fiachas corparáideach agus OTI de bheith ag laghdú i mbeagnach gach Ballstát sa chéad leath de 2022, d'ainneoin an mhéadaithe ar chreidmheas, rud a d'fhéadfadh riachtanais leachtachta atá ag dul i méid a léiriú freisin. Rinneadh éifeacht an ghlanchreidmheasa nua ar an gcóimheas idir fiachas corparáideach agus OTI a fhritháireamh le fuílleach le fíorfhás OTI agus leis an méadú géar ar bhoilsciú (Graf 2.3.3 b). Ar an iomlán, meastar go leanfar den díghiaráil éighníomhach, arna spreagadh ag boilsciú atá ag ardú seachas fíorfhás OTI, ach tá baol suntasach ann go bhféadfadh an laghdú ar chóimheasa fiachais moilliú nó cúlú. D'fhéadfadh an méadú ar bhoilsciú corrlaigh bhrabúis a chur faoi bhrú mura féidir costais mhéadaitheacha a chur ar aghaidh chuig custaiméirí agus an t-éileamh a laghdú ar an iomlán. Thosaigh sciar na gcorparáidí den bhrabús ag maolú sa chéad leath de 2022 ach tá sé fós os cionn an leibhéil a bhí ann roimh COVID-19. I mbeagnach gach tír sa limistéar euro, le sciar ard d'iasachtú nua do chorparáidí a bhfuil aibíochtaí gearra acu, tugtar le fios gur féidir le coinníollacha iasachtaithe níos doichte agus rátaí úis atá ag dul i méid difear a dhéanamh do chorparáidí sách tapa. ([23]) I roinnt Ballstát nach bhfuil sa limistéar euro, tháinig méadú suntasach ar rátaí iasachta le haghaidh corparáidí agus, cé is moite de sciar ard d'iasachtaí corparáideacha atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, is cúis le leochaileachtaí breise é sin.

Cuireann imní mhéadaitheach maidir le hiasachtaí corparáideacha neamhthuillmheacha agus féimheachtaí le leochaileachtaí foriomlána san earnáil chorparáideach agus san

([22]) D'fhorbair an Coimisiún Eorpach tagarmharcanna fiachais tírshonracha i gcomhar le Meitheal EPC LIME (an Coimisiún Eorpach, *Benchmarks for the assessment of private debt* [Tagarmharcanna chun measúnú a dhéanamh ar fhiachas príobháideach], Nóta don Choiste um Beartas Eacnamaíoch, ARES (2017) 4970814) agus J.-C. Bricongne, L. Coutinho, A. Turrini agus S. Zeugner, *Is Private Debt Excessive?*, Open Economies Review, 3, 471-512, 2020. Le tagarmharcanna bunaithe ar bhuntosca, déantar measúnú ar fhiachas príobháideach ó chúlchéimnithe lena ngabhtar príomh-dheitéarmanaint an fháis chreidmheasa agus lena gcuirtear san áireamh stoc tosaigh fiachais ar leith. Is é atá i dtairseacha stuamachta an leibhéal fiachais lena mbaineann dóchúlacht measartha ard de ghéarchéim bhaincéireachta i gcás ina sáraítear í, tríd an dóchúlacht go mbeidh géarchéimeanna ann agus an dóchúlacht go mbeidh foláirimh bhréagacha ann a laghdú.

([23]) An Banc Ceannais Eorpach (2022), Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais – Bealtaine 2022. Sonraí le haghaidh 2021. https://www.ecb.europa.eu/pub/pdf/fsr/ecb.fsr202205~f207f46ea0.en.pdf

earnáil airgeadais tar éis shuaitheadh COVID-19. Rinne géarchéim COVID-19 difear mór do roinnt tionscal, amhail cóiríocht agus iompar. ([24]) Tá laghdú ag teacht ar chóimheasa iasachta neamhthuillmhí agus ar fhéimheachtaí gnó i bhformhór na mBallstát ó bhí 2020 ann, fiú tar éis deireadh a chur le moratóirí aisíocaíochtaí fiachais de réir a chéile. Mar sin féin, tá an sciar de ghnólachtaí leochaileacha tar éis COVID-19 an-ard i roinnt tíortha ina bhfuil sciar ard d'iasachtaí neamhthuillmheacha (Graf 2.3.3 f). Cé gur lean an cóimheas iasachta neamhthuillmhí de bheith ag laghdú i bhformhór na mBallstát sa chéad leath de 2022 fós, thosaigh siad ag méadú i roinnt Ballstát (Graf 2.3.3 e). Chomh maith leis sin, thosaigh féimheachtaí gnó ag ardú i roinnt Ballstát sa chéad leath de 2022. Ina theannta sin, cé go bhfuil méadú mór ag teacht ar chreidmheas, tá caighdeáin chreidmheasa ag géarú go mór agus tá siad anois ag na leibhéil is airde ó bhí 2013 ann (Graif 2.3.3 c agus d). Cé gur tháinig méadú ar mhaoláin leachtachta agus ar ghlanchoigilteas le blianta beaga anuas, mar gheall ar an timpeallacht mhaicreacnamaíoch dheacair, in éineacht le claochluithe struchtúracha agus suaitheadh sa slabhra soláthair, d'fhéadfadh na cláir chomhardaithe dul in olcas, d'fhéadfadh corrlaigh bhrabúis a bheith faoi bhrú agus d'fhéadfaí difear a dhéanamh do sheirbhísiú fiachais agus do choigilteas corparáideach agus d'infheistíochtaí corparáideacha (féach Bosca 2.3.1).

Déanfaidh an ghéarchéim fuinnimh difear láidir do roinnt tionscal go háirithe, trí mhéaduithe ar phraghsanna agus trí shuaitheadh soláthair, agus d'fhéadfadh éifeacht bhuan a bheith aici as a dtiocfadh claochluithe struchtúracha. Tá tionscail dianfhuinnimh neamhchosanta go háirithe agus d'fhéadfadh brú a bheith orthu maidir lena gcláir chomhardaithe. Tá dlús á chur le claochluithe struchtúracha mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh. Cé go meastar go ndéanfar praghsanna agus soláthairtí fuinnimh a normalú, d'fhéadfadh athrú struchtúrach buan a bheith ann, athrú a d'fhéadfadh tionchar forleathan a bheith aige ar acmhainneacht táirgeachta agus ar fhás féideartha na dtíortha is mó atá buailte, ag brath ar a ndéine fuinnimh agus ar speisialtóireacht an táirgthe. Mar thoradh ar an tréimhse is measa den ghéarchéim fuinnimh, d'fhéadfadh sé go ndúnfaí gnólachtaí agus/nó go n-aistreofaí an t-éileamh ar tháirgeadh ó shuíomhanna eile –ar lú an difear a dhéantar dóibh – agus d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le seachfhoinsiú buan thar lear. D'fhéadfadh sé gur ar leibhéal níos airde a dhéanfaí praghsanna, agus pá, a normalú, rud a d'fhéadfadh na costais a bhaineann leis an aistriú fuinnimh a imshocrú, agus ar an iomlán, d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le caillteanas iomaíochais, go háirithe i dtionscail dianfhuinnimh áirithe agus d'fhéadfadh sé tionchar difreálach a imirt ó thír go tír.

([24]) Féach L. Archanskaia, P. Nikolov agus W. Simons (2022), *Estimates of corporate cleansing during COVID-19 – using firm-level data to measure its productivity impact, Quarterly Report on the Euro Area (QREA),* Iml. 21, Uimh. 2 (2022).

Graf 2.3.1: **Fiachas na gcorparáidí neamhairgeadais**



Cuirtear na tíortha i láthair in ord laghdaitheach chóimheas fiachais-OTI na gcorparáidí neamhairgeadais in 2021.
Foinse: Cuntais clár comhardaithe airgeadais earnála Eurostat – iasachtaí (F4) móide urrúis fiachais (F3), meastacháin Ameco agus sheirbhísí an Choimisiúin.

Tá ról tábhachtach ag idirghabhálacha beartais maidir le geilleagair náisiúnta a chosaint ar strus corparáideach, ach d'fhéadfadh easpa comhordaithe a bheith ina cúis imní ó thaobh an limistéir euro agus an mhargaidh inmheánaigh de. Le hidirghabhálacha beartais náisiúnta, dáiltear ualach na géarchéime fuinnimh idir an earnáil chorparáideach, an earnáil teaghlaigh agus an earnáil phoiblí ar bhealach níos cothroime. Beidh tábhacht ar leith ag baint leo sin maidir le tionscail neamhchosanta a chosaint agus maidir le laghduithe ar ghníomhaíochtaí, dúnadh, seachfhoinsiú thar lear agus mainneachtainí iasachtaí a sheachaint. Gan bearta den sórt sin, d'fhéadfaí strus corparáideach a scaipeadh ar fud na ngeilleagar náisiúnta. Cé nach bhfuil aon fhianaise ann go dtí seo, d'fhéadfadh coinníollacha airgeadais agus an spás fioscach atá ar fáil ról a imirt faoi dheireadh ar scála agus raon feidhme na n-idirghabhálacha náisiúnta agus d'fhéadfadh cineálacha éagsúla cur chuige idir tíortha cur leis an éagsúlacht idir rioscaí leachtacha corparáidí agus rioscaí sócmhainneachta, go háirithe i gcás ina n-éireodh an ghéarchéim níos measa nó fadtréimhseach. Bheadh tionchar aige sin ar phraghsanna, ós rud é go bhféadfadh difríochtaí san infheistíocht chorparáideach agus in iompraíocht socraithe praghsanna a bheith ina gcúis le héagsúlachtaí i bhfás an éilimh agus i dtarchur an bheartais airgeadaíochta, i bhfianaise dhifreálaigh an bhoilscithe agus an iomaíochais atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn sa limistéar euro. Le hiarrachtaí breise lánpháirtíochta, is féidir an meascán dúshlán sin a shárú agus leochaileachtaí corparáideacha agus éagsúlacht san fhás agus sa táirgiúlacht a laghdú. Ar an taobh náisiúnta, tá córais dócmhainneachta iomchuí tábhachtach chun an tionchar eacnamaíoch fadtéarmach atá ag aon dócmhainneacht chorparáideach a íoslaghdú.

Ar leibhéal na tíre, is fiú na forbairtí seo a leanas a chur i dtábhacht:

- Tá an fiachas corparáideach neamhairgeadais an-ard, thar 100 % de OTI, agus os cionn tagarmharcanna bunúsacha agus stuamachta sa tSualainn agus sa Danmhairg, agus tá comharthaí breise ann go bhfuil leochaileachtaí ann. Sa tSualainn, tá an cóimheas idir fiachas corparáideach agus OTI fós os cionn an bhuaicphointe a bhí ann roimh ghéarchéim COVID-19 agus tá sé ag méadú. Sa Danmhairg, tháinig laghdú ar thaiscí corparáideacha ó leibhéal a bhí íseal cheana féin.

- Sa Bheilg, sa Chipir, in Éirinn, i Lucsamburg agus san Ísiltír, tá cóimheasa arda idir fiachas corparáideach neamhairgeadais agus OTI os cionn 100 % agus os cionn tagarmharcanna bunúsacha agus stuamachta. Mar sin féin, is é is cúis leis sin freisin sciar suntasach d'iasachtaí

infheistíochta dírí coigríche agus iasachtaí trasteorann ionchuideachta, rud a d'fhéadfadh leochaileachtaí a theorannú go páirteach.

- Tá laghdú ag teacht ar chóimheasa arda idir fiachas corparáideach neamhairgeadais agus OTI, os cionn tagarmharcanna bunúsacha agus stuamachta, sa Fhrainc, sa Ghréig, i Málta, agus sa Phortaingéil. Sa Fhrainc agus i Málta, maolaítear an t-ardleibhéal fiachais go páirteach trí mhaoláin leachtachta shuntasacha. San Ostair, tá an cóimheas idir fiachas corparáideach agus OTI os cionn na tairsí stuamachta agus bhí an fás creidmheasa láidir. Rinne géarchéim COVID-19 difear díréireach do roinnt tionscal, rud a d'fhág go raibh earnálacha corparáideacha leochaileach i dtíortha amhail an Ghréig agus an Iodáil.

- Tá an cóimheas idir fiachas corparáideach agus OTI sa Spáinn os cionn tagarmharcanna bunúsacha agus stuamachta. Sa Bhulgáir, tá an cóimheas idir fiachas corparáideach agus OTI measartha, cé go bhfuil sé thar an tagarmharc bunúsach agus níos airde i gcomparáid lena piaraí réigiúnacha.

Bosca 2.3.1: Coigilteas corparáideach agus forbairtí infheistíochta

Is féidir le coigilteas corparáideach agus forbairtí infheistíochta léargais úsáideacha a thabhairt maidir le fóntacht chorparáideach agus leochaileachtaí a bhaineann le stoic fiachais chorparáidigh. Tá difríocht eacnamaíoch idir an méadú ar fhiachas corparáideach chun infheistíocht a mhaoiniú agus méaduithe chun costais gan choinne a chumhdach, toisc go dtagann méadú ar an táirgiúlacht agus ar an acmhainneacht táirgeachta agus dá bhrí sin, an fhóntacht chorparáideach, mar gheall ar iasachtaí breise chun infheistíocht a mhaoiniú. An tráth céanna, is féidir leochaileachtaí corparáideacha a bhaineann le fiachas ard a mhaolú go páirteach trí choigilteas nó taiscí a mhéadú. Sa Bhosca seo, féachtar níos mionsonraithe ar an ról atá ag coigilteas corparáideach agus forbairtí infheistíochta maidir le leochaileachtaí corparáideacha a mhaolú i gcomhthéacs an téarnaimh ó phaindéim COVID-19 agus an mhoillithe eacnamaíoch a tharla le déanaí.

Tháinig méadú ar choigilteas corparáideach i roinnt mhaith Ballstát ó bhí paindéim COVID-19 ann (Graf 2.3.2 a). Thiomsaigh a lán corparáidí coigilteas réamhchúraim ag tús phaindéim COVID-19 chun feabhas a chur ar a staid leachtachta, arna éascú go páirteach ag bearta tacaíochta. Thosaigh ollchoigilteas corparáideach ag laghdú sa cheathrú ráithe de 2021 agus lean sé de bheith ag laghdú go mór sa chéad leath de 2022 ó bhliain amháin roimhe sin, ach tá an chuid is mó de na tíortha fós os cionn an leibhéil a bhí ann roimh COVID-19. Tuartar, áfach, go dtiocfaidh méadú ar choigilteas corparáideach, i gcéatadán de OTI, i bhformhór na mBallstát in 2022 ar an iomlán (Graf 2.3.2 a). Thosaigh taiscí ag laghdú sa chéad leath de 2022 i bhformhór na mBallstát, ós rud é go bhfuil leachtacht shubstaintiúil de dhíth ar go leor corparáidí chun aghaidh a thabhairt ar an ardú mór ar chostais ionchuir, ach d'fhan siad os cionn leibhéal 2019. Thosaigh an sciar den bhrabús corparáideach neamhairgeadais san Aontas ag maolú sa chéad leath de 2022, ach tá sé fós os cionn an leibhéil a bhí ann roimh COVID-19.

Tháinig laghdú mór ar infheistíocht corparáidí mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, ach théarnaigh sí i bhformhór na dtíortha in 2021. Bhí an téarnamh láidir, ós rud é gur sháraigh cóimheasa idir oll-infheistíocht chorparáideach agus OTI leibhéil 2019 in 2021 in 16 de na 24 Bhallstát a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, seachas an Ostair, an Chipir, an Ghearmáin, Éire, Lucsamburg, an Ísiltír, an tSlóvaic, agus an Spáinn. In 2021, tháinig méadú ar infheistíocht agus ar ghlansreafaí creidmheasa, i gcéatadán OTI araon, i roinnt mhaith Ballstát (Graf 2.3.2 b). Tugann sé sin le fios gur úsáideadh iasachtaí breise i roinnt tíortha chun infheistíocht a mhaoiniú. Maidir leis an éileamh ar iasachtaí le linn 2022, is lú go mór an tábhacht a bhaineann leis an ngá atá le hinfheistíochtaí seasta a mhaoiniú, de réir Shuirbhé BCE maidir le hIasachtú Bainc. I dtéarmaí réadacha, lean an infheistíocht le haghaidh an Aontais ina iomláine de bheith ag méadú beagán sa chéad leath de 2022, ach mhéadaigh sí ar luas i bhfad níos ísle ná mar a mhéadaigh sí roimhe seo, agus níor bhain sí leibhéil 2019 amach arís gó fóill.

Graf 2.3.2: **Infheistíocht, creidmheas agus coigilteas corparáidí neamhairgeadais**



(1) Baineadh Éire den phána ar dheis toisc go raibh an infheistíocht an-luaineach in 2021.
Foinse: Eurostat agus Ameco

Graf 2.3.3: **Corparáidí neamhairgeadais: graif roghnaithe**



Comhfhreagraíonn glansreafaí creidmheasa (idirbhearta fiachais) d'idirbheart iasachtaí (F4) agus d'idirbheart urrús fiachais (F3) ó chuntais idirbheart airgeadais earnála Eurostat.
Na meánchaighdeáin chreidmheasa maidir le fiontar, soláthar iasachtaí, glanchéatadán ualaithe (géaraithe lúide éascaithe nó droim ar ais) bunaithe ar sciar gach tíre i méideanna iomlána gan íoc na hiasachta de chomhiomlán an limistéir. Chun an sainmhíniú ar ghnólachtaí leochaileacha a fháil, féach fonóta 24.
Foinse: Ameco, Eurostat, BCE.

2.4. MARGAÍ TITHÍOCHTA AGUS FIACHAS TEAGHLAIGH

Tháinig borradh breise faoi phraghsanna tithe in 2021 agus meastar go bhfuil ró-luacháil níos mó ná 10 % orthu i leath de thíortha an Aontais. Ó thosaigh paindéim COVID-19, tháinig borradh faoi phraghsanna tithe agus measadh go raibh ró-luacháil níos mó ná 10 % ar phraghsanna i roinnt Ballstát, agus go raibh ró-luacháil níos mó ná 20 % orthu i roinnt mhaith Ballstát ag deireadh 2021 (Graf 2.4.1 a).[25]) Tá géarú praghsanna tithe níos soiléire i dtéarmaí ainmniúla ach tháinig borradh faoi phraghsanna tithe díbhoilscithe fiú, i dtréimhse ina raibh boilsciú ard, i bhformhór na dtíortha. Tá srianta soláthair fós sa mhargadh tithíochta agus mar aon le costais arda tógála, cuireann siad le praghsanna tithe níos airde in éineacht le héileamh láidir.

Sa chéad leath de 2022, chonacthas rátaí fáis as cuimse maidir le praghsanna tithe agus tá coinne le maolú sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Bhí rátaí ísle morgáiste agus fás ioncaim íseal bainteach leis an méadú ar chreidmheas agus ar phraghsanna tithe le deich mbliana anuas, cé go bhfuil an géarú ó thosaigh ráig na paindéime rómhór le míniú leis na tosca sin. Meastar go maolófar an méadú ar na rátaí úis maidir le praghsanna tithe beagáinín agus léiríonn sonraí 2022 le déanaí go bhfuil sé sin ar siúl i roinnt mhaith tíortha san Aontas ach níl sé ar siúl i ngach tír. Tá rátaí morgáiste i bhfad níos ísle ná boilsciú, rud a chruthaíonn fíor-rátaí úis diúltacha as cuimse agus dreasacht chun tuilleadh ceannachán réadmhaoine a dhéanamh, ach ba cheart go ndéanfadh an méadú a bhfuil coinne leis ar chostas morgáistí nua an t-éileamh ar thithíocht agus praghsanna tithe a mhaolú amach anseo. Ar an gcaoi chéanna, leis an laghdú ar an gcumhacht cheannaigh mar thoradh ar bhoilsciú níos airde agus leis an neamhchinnteacht faoi neart an gheilleagair agus na n-ioncam teaghlaigh, ba cheart an t-éileamh ar thithíocht a mhaolú agus ar an mbealach sin, an fás faoi phraghsanna tithe a mhaolú. I dtíortha áirithe, tá méadú mór tagtha ar rátaí morgáiste cheana féin agus tá fíorioncaim ag laghdú nó marbhánta i bhformhór thíortha an Aontais (Graf 2.4.1 b).

([25]) Ríomhtar bearnaí maidir le luacháil praghsanna tithe i dtaca le tagarmharcanna chun éifeachtaí tírshonracha a ghabháil. Tá bearnaí maidir le luachálacha sintéiseacha bunaithe ar an mbearna a fhaightear ó thagarmharcanna éagsúla: (i) diall idir praghas agus ioncam i dtaca lena mheán fadtéarmach; (ii) diall idir praghas agus cíos i dtaca lena mheán fadtéarmach; (iii) claonadh ó thagarmharcanna atá bunaithe ar chúlchéimnithe agus buntosca an gheilleagair maidir le héileamh agus soláthar á gcur san áireamh (Féach N. Philiponnet agus A. Turrini (2017), *Assessing House Price Developments in the EU*, Páipéar Plé 048 ón gCoimisiún Eorpach, Bealtaine 2017).

Graf 2.4.1: **Forbairtí agus buntosca maidir le praghsanna tithe**



(1) Ar phána a, cuirtear tíortha i láthair in ord laghdaitheach an fháis díbhoilscithe faoi phraghsanna tithe in 2021. Chun sonraí agus modheolaíocht a fháil, féach fonóta 25.
(2) Ar phána b, is é atá sna rátaí úis bainc ar mhorgáistí nua do theaghlaigh meán na n-iasachtaí iomlána arna ríomh trí na méideanna a ualú le meán gluaisteach (a shainmhínítear chun críocha an chostais iasachtaíochta) le haghaidh thíortha an limistéir euro (diamaint ghorma) agus an meán míosúil gan na méideanna le haghaidh tíortha nach bhfuil sa limistéar euro (diamaint bhuí) a ualú. (*) Cuirtear an fíorchúiteamh d'fhostaithe in ionad an ghlanioncaim indiúscartha réadaigh. Is é 2022-08 an ráta úis is déanaí atá ar fáil don Ungáir.
Foinse: Eurostat, Ameco, BCE, réamhaisnéis eacnamaíoch fhómhar 2022 ón gCoimisiún Eorpach, agus meastacháin sheirbhísí an Choimisiúin le haghaidh bearnaí measta maidir le luacháil praghsanna tithe in 2021.

Tar éis an mhéadaithe in 2020, tháinig laghdú ar chóimheasa idir fiachas teaghlaigh agus OTI in 2021 i bhformhór thíortha an Aontais, cé gur tháinig méadú ar ghlansreafaí creidmheasa. Tháinig laghdú ar na cóimheasa idir fiachas teaghlaigh agus OTI in 2021 i gcomparáid le 2020 mar gheall ar an méadú ar OTI ach bhí siad fós níos airde ná mar a bhí siad in 2019 i roinnt tíortha agus ní mheastar go dtiocfaidh athrú bunúsach orthu in 2022 (Graf 2.4.3 a agus b). Bhí glansreafaí creidmheasa do theaghlaigh dearfach i mbeagnach gach tír san Aontas, áfach, agus tháinig méadú orthu fiú i gcás ina bhfuil fiachas teaghlaigh ard cheana féin. Is cosúil go bhfuil fiachas teaghlaigh ard i mbeagnach leath an Aontais nuair a chuirtear i gcomparáid é le tagarmharcanna arb ionann iad agus buntosca tírshonracha an gheilleagair agus le tairseacha arb iad is cúis le hábhair imní stuamachta. ([26])

Bhí forbairtí creidmheasa bainc in 2022 míchothrom ar fud an Aontais, agus tá fás creidmheasa ag moilliú go háirithe in áiteanna nach bhfuil sa limistéar euro. Lasmuigh den limistéar euro, tháinig méadú mór ar rátaí úis morgáistí in éineacht le rátaí margaidh airgid. Is amhlaidh atá go háirithe i measc tíortha ina bhfuil dímheas ar a ráta malairte ainmniúil. Sa limistéar euro, tá forbairtí níos míchothroma, ach tá méadú tagtha ar chostas an chreidmheasa le déanaí freisin (Graf 2.4.1 b). Níor tháinig moilliú ar ghlansreafaí creidmheasa bainc ach i líon anteoranta tíortha sa limistéar euro, agus tá an moilliú níos feiceálaí i dtíortha nach bhfuil sa limistéar euro (Graf 2.4.2 b).

Amach anseo, beidh rioscaí ag baint le cumais teaghlach íocaíochtaí morgáiste a íoc. I bhformhór na mBallstát, tá sciar na n-iasachtaí ag a bhfuil rátaí úis atá seasta ar feadh tréimhse suas le cúig bliana ard, tá sé os cionn 80 % in ocht dtír san Aontas agus tá sé idir 40 % agus 80 % i naoi dtír eile, rud a fhágann go bhfuil teaghlaigh sna tíortha sin níos leochailí i dtaobh méaduithe ar rátaí úis. Beidh ioncaim teaghlaigh faoi bhrú, agus an t-ioncam atá ar fáil do chaiteachas eile ag

([26]) Féach fonóta 22.

laghdú mar gheall ar an ardú ar bhillí fuinnimh. Cruthaíonn an dá éifeacht sin riosca maidir le strus ar an gclár comhardaithe d'ainneoin fíor-rátaí úis atá an-íseal agus diúltach fiú. Sleabhcadh eacnamaíoch níos doimhne nó níos fadtéarmaí ag a bhfuil tionchar diúltach ar an bhfostaíocht, d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le tuilleadh deacrachtaí maidir le haisíocaíocht iasachta agus staonadh.

Déantar rioscaí don gheilleagar de bharr coigeartú substaintiúil anuas ar phraghsanna tithe a mhaolú beagán trí ualaí níos ísle den earnáil sa gheilleagar agus trí bhearta macrastuamachta, ach ní féidir neamhaird a thabhairt orthu. In 2021, bhí gníomhaíocht tógála níos airde i dtíortha ina ndéantar an ró-luacháil is mó ar phraghsanna tithe ach bhí sí fós faoi bhun na mbuaicleibhéal. D'fhéadfadh sé sin an tionchar a bheadh ag aon choigeartú anuas ar phraghsanna a laghdú, toisc gur lú an difear a dhéanfaí don bhreisluach agus don fhostaíocht ná mar a dhéanfaí roimh an ngéarchéim airgeadais dhomhanda, cé go bhféadfaí fás tomhaltais na dteaghlach a laghdú trí éifeachtaí rachmais. Ina theannta sin, is dócha go mbeidh aon laghdú ar phraghsanna tithe níos lú, toisc go bhfanfadh na tosca struchtúracha as ar eascair an srian ar an soláthar tithíochta i bhfeidhm. Leis na bearta macrastuamachta atá i bhfeidhm, laghdaíodh na rioscaí don chobhsaíocht airgeadais fhoriomlán a bhaineann leis an margadh tithíochta freisin (féach Bosca 2.4.1). D'ainneoin na dtosca maolaitheacha sin, tá rioscaí fós ann a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar earnálacha eile agus fáinne fí a chruthú lena nochtar laigí sistéamacha.

D'fhéadfadh treochtaí éagsúla laistigh den limistéar euro eascairt as dinimic dhifriúil na dtíortha maidir leis an margadh tithíochta mar aon leis an gcomhbheartas airgeadaíochta. Fiú mura bhfuil ach baol beag ann go ndéanfaí ceartúcháin mhóra ar phraghsanna tithe, tá dúshláin ann a bhaineann le leibhéil arda féichiúnais mhorgáiste, go háirithe nuair a bhíonn tréimhse socraithe íseal ag rátaí úis, nuair a bhíonn aibíochtaí fada ag morgáistí agus nuair a bhíonn luachálacha tithe os cionn buntosca. Tá éagsúlachtaí móra ann ar fud Bhallstáit an limistéir euro, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le roinnt dúshlán i gcomhthéacs an chomhbheartais airgeadaíochta. D'fhéadfadh sé nach leor an géarú atá á dhéanamh faoi láthair ar na coinníollacha maoiniúcháin sa limistéar euro chun an praghas tithíochta a mhaolú i dtíortha ina bhfuil srian mór ar sholáthar tithe. Os a choinne sin, i dtíortha ina bhfuil soláthar níos solúbtha, d'fhéadfadh géarú na gcoinníollacha airgeadais praghsanna tithe a laghdú agus drochthionchar aige sin ar an earnáil tógála. D'fhéadfadh sé sin na geallta a ardú maidir le beartais thírshonracha, go háirithe na beartais sin a bhaineann le cánachas tithíochta agus fiachas teaghlaigh agus aisíocaíochtaí, chomh maith le bearta macrastuamachta agus beartais mhacrastuamachta ar thaobh an tsoláthair.

Graf 2.4.2: **Fiachas teaghlaigh agus iasachtaí bainc do theaghlaigh**



(1) Ar phána a, cuirtear tíortha i láthair in ord laghdaitheach an chóimheasa idir fiachas teaghlaigh agus OTI in 2021. Le fiachas, cuimsítear iasachtaí (F4) agus urrúis fiachais (F3). Chun sonraí agus tagairt don mhodheolaíocht a fháil, féach fonóta 25.
(2) Ar phána b, cuirtear tíortha i láthair in ord laghdaitheach an chóimheasa idir iasachtaí bainc agus OTI. Iasachtaí coigeartaithe (glansreafaí) arna dtuairisciú ag BCE atá sna hiasachtaí. Níl sonraí ar fáil i leith na Danmhairge.
Foinse: Eurostat, Ameco, BCE, Réamhaisnéis Eacnamaíoch fhómhar 2022 ón gCoimisiún Eorpach, agus meastacháin sheirbhísí an Choimisiúin

Tíortha a raibh fás innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (% athrú 1 bhliain) os cionn 6% in 2021 i ngorm																							
BE	BG	CZ	DK	DE	EE	IE	EL	ES	FR	HR	IT	CY	LV	LT	LU	HU	MT	NL	AT	PL	PT	RO	SI	SK	FI	SE

Ar leibhéal na tíre, is fiú na forbairtí seo a leanas sa mhargadh tithíochta agus i bhfiachas teaghlaigh a chur i dtábhacht:

- In 2021, sháraigh fás praghsanna tithe díbhoilscithe tairseach an scórchláir 6 % in 14 Bhallstát: An Ostair, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Phortaingéil, an tSlóivéin, agus an tSualainn. Sa dara ráithe de 2022, bhí praghsanna tithe fós ag géarú agus ag fás níos mó ná 20 % i dtéarmaí ainmniúla ó bhliain níos luaithe sa tSeicia, san Eastóin, sa Liotuáin, agus san Ungáir; in 12 Bhallstát eile, an Ostair, an Bhulgáir, an Chróit, an Ghearmáin, Éire, an Laitvia, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic, agus an tSlóivéin, bhí an fás faoi phraghsanna idir 10 % agus 20 %.

- I measc na mBallstát ina meastar go ndéantar ró-luacháil ar phraghsanna tithe le níos mó ná 20 %, tá an Ostair, an Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Phortaingéil, agus an tSualainn. Sa Fhrainc agus sa tSualainn, tá fiachas teaghlaigh os cionn na leibhéal stuamachta, tá creidmheas do theaghlaigh ard agus meastar go mbeidh fiachas teaghlaigh níos airde ag deireadh 2022 ná mar a bhí sé in 2019. Cé go bhfuil an chuid is mó de mhorgáistí ag rátaí seasta i gcás na Fraince, sa tSualainn, tá rátaí comhlúthacha ag níos mó ná dhá thrian de mhorgáistí nach bhfuil ach tréimhse sheasta suas le bliain amháin acu, rud a nochtann níos mó teaghlach do na rioscaí a bhaineann le híocaíochtaí morgáiste méadaithe mar gheall ar rátaí úis níos airde. I Lucsamburg, tá ró-luacháil praghsanna tithe ar an ró-luacháil is airde san Aontas agus tá fiachas teaghlaigh an-ard i ndáil le hioncam teaghlaigh; thairis sin, tá an creidmheas ag méadú go tapa. San Ostair, sa tSeicia agus sa Ghearmáin, tá fiachas teaghlaigh faoi bhun na leibhéal stuamachta nó tá sé i gcomhréir leo, ach tá sreafaí

creidmheasa chuig teaghlaigh ard. Fuair an Ostair agus an Ghearmáin moltaí ó BERS le déanaí maidir lena mhargadh réadmhaoine cónaithe. Tá fiachas teaghlach sa Bheilg os cionn na leibhéal stuamachta, agus sa Phortaingéil, tá sé os cionn na leibhéal stuamachta agus na leibhéal bunúsach araon. Sa Phortaingéil, tá rátaí úis nach bhfuil seasta ach ar feadh tréimhse suas le bliain amháin ag dhá thrian de mhorgáistí freisin, agus tá rátaí seasta ag na morgáistí eile ar feadh tréimhse idir bliain amháin agus cúig bliana.

- San Eastóin, sa Fhrainc, sa Ghréig, san Ungáir, sa Laitvia, i Málta, sa tSlóvaic, agus sa Spáinn, rinneadh ró-luacháil ar phraghsanna tithe in 2021 freisin agus tháinig méadú tapa orthu sa chéad leath de 2022. Sna tíortha sin, cé is moite den Eastóin agus den Laitvia, tá fiachas teaghlaigh os cionn na tairsí stuamachta nó tá sé ag méadú agus ag déanamh ar na tagarmharcanna. Sa tSlóvaic, tá fiachas teaghlaigh ag méadú le himeacht ama, tá sé níos airde ná an tagarmharc bunúsach agus tuartar go dtrasnóidh sé an tairseach stuamachta i mbliana.

- Tá praghsanna ainmniúla tithe sa Bhulgáir, sa Chróit, in Éirinn, sa Liotuáin, sa Pholainn, agus sa tSlóivéin ag méadú go tapa freisin, agus iad 10 % níos airde i gcomparáid le bliain níos luaithe sa chéad leath de 2022.

- Sa Chipir agus san Fhionlainn, ní cosúil go ndéantar ró-luacháil ar phraghsanna tithe ach tá saincheisteanna ann a bhaineann le fiachas teaghlaigh. Sa Chipir, tá laghdú ag teacht ar fhiachas teaghlaigh agus tá sé faoi bhun an tagarmhairc bhunúsaigh ach meastar go bhfuil sé i bhfad os cionn na tairsí stuamachta. San Fhionlainn, tá fiachas teaghlaigh os cionn na leibhéal bunúsach agus stuamachta freisin. Sa dá thír, tá rátaí comhlúthacha ag níos mó ná 90 % de na morgáistí nó níl siad socraithe ach ar feadh tréimhse suas le bliain amháin.

Bosca 2.4.1: Measúnú BERS ar leochaileachtaí réadmhaoine cónaithe

Tá measúnú córasach á dhéanamh ag an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) ar leochaileachtaí réadmhaoine cónaithe i dtíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) ó bhí 2016 ann ([27]). Bhí BERS gníomhach maidir le measúnú a dhéanamh ar leochaileachtaí réadmhaoine cónaithe ar fud LEE agus, tar éis dó an chéad sraith rabhadh a eisiúint in 2016, d'eisigh sé sraith moltaí tírshonracha in 2019, mar aon le tuilleadh rabhadh maidir le leochaileachtaí meántéarmacha in earnáil na réadmhaoine cónaithe. Is féidir le BERS rabhaidh a eisiúint má fheictear dó gur gá leochaileachtaí agus treochtaí a aithint a d'fhéadfadh cur isteach ar an gcobhsaíocht airgeadais, cé go n-eisítear moltaí ní hamháin chun rioscaí cobhsaíochta airgeadais a chur in iúl ach chun aird a tharraingt freisin ar na gníomhaíochtaí feabhais is gá. Foilsíodh an measúnú deireanach i mí Feabhra 2022.

Is é conclúid mheasúnú BERS ó mhí Feabhra 2022 go bhfuil méadú leanúnach ag teacht i roinnt tíortha ar rioscaí réadmhaoine cónaithe mar gheall ar fhás tapa faoi phraghsanna tithe agus féichiúnas na dteaghlach a bheith ag dul i méid. Is de chineál meántéarmach na príomh-leochaileachtaí a cuireadh i dtábhacht i measúnú BERS agus, ag brath ar an tír, baineann siad le fás tapa faoi phraghsanna tithe agus le ró-luacháil fhéideartha ar réadmhaoin chónaithe (de réir mar a leathnaíonn an bhearna idir an fás faoi phraghsanna tithe agus ioncam indiúscartha teaghlaigh), leibhéal agus dinimic an fhéichiúnais teaghlaigh, an fás faoi chreidmheasa tithíochta agus comharthaí go bhfuiltear ag maolú na gcaighdeán iasachtaí. Tá éagsúlachtaí sna leochaileachtaí sonracha ó thír go tír, agus is féidir teacht ar na sonraí maidir leis na cásanna is mó imní sna rabhaidh agus sna moltaí aonair. Sa bhreis ar bhreithnithe maidir le beartas macrastuamachta, mhaolófaí roinnt leochaileachtaí bunúsacha ar bhealach níos éifeachtúla le cuidiú ó athchóirithe ar bheartais tithíochta agus chánachais.

Tábla 2.4.1:

		LU	SE	NL	DK	AT	CZ	DE	PT	BE	SK	MT	EE	HU	SI	HR	BG	LT	FR	PL	FI	IE	LV	ES	EL	IT	CY	RO
Measúnú riosca BERS 2022	Rioscaí scaireanna	A	A	A	A	M	M	M	M	M	M	M	M	Í	Í	Í	Í	Í	M	M	M	M						
	Rioscaí sreafaí	A	A	A	A	A	A	A	A	A	A	A	A	A	A	A	A	A	M	M	M	M						
	Riosca foriomlán	A	A	A	A	M	M	M	M	M	M	M	M	M	M	M	M	M	M	M	M	M	NA	NA	NA	NA	NA	NA
Beartas iomchuí agus leordhóthanach,		**Níl**	**Níl**	**Níl**	**Níl**	**Níl**	Tá	**Níl**	Tá	Tá	**Níl**	Tá	Tá	**Níl**	Tá	**Níl**	**Níl**	Tá	Tá	Tá	**Níl**	Tá						
Rabhadh (W) nó Moladh (R) in	2016	W	W	W	W	W				W											W							
	2019	**R**	**R**	**R**	**R**		W	W		**R**									W		**R**							
	2022					**R**		**R**			W			W		W	W											

(1) NA - ní dhearnadh measúnú air.
Foinse: BERS

Tar éis do BERS measúnú a dhéanamh, d'eisigh sé ceithre rabhadh thírshonracha agus dhá mholadh maidir le leochaileachtaí meántéarmacha réadmhaoine cónaithe do thíortha an Aontais. Tugadh rabhaidh do cheithre thír san Aontas a raibh leochaileachtaí nua-aitheanta acu: An Bhulgáir, an Chróit, an Ungáir, agus an tSlóvaic. Eisíodh moltaí chuig an Ostair agus chuig an nGearmáin, a raibh rabhaidh BERS faighte acu cheana féin in 2016 agus in 2019 faoi seach, agus nár thug aghaidh go leordhóthanach ar a leochaileachtaí. Tá leochaileachtaí réadmhaoine cónaithe fós ard sna tíortha a fuair moltaí BERS in 2019. Sa Danmhairg, san Fhionlainn, i Lucsamburg, san Ísiltír agus sa tSualainn, tá leochaileachtaí fós ann d'ainneoin na mbeart a tugadh isteach le déanaí chun aghaidh a thabhairt orthu. Sa chuid is mó de na cásanna sin, lean praghsanna tithe de bheith ag ardú nó tá fás níos tapúla ná riamh tagtha orthu, rud a fhágann go bhfuil ró-luacháil praghsanna tithe gan athrú nó méadaithe. Níor tháinig athrú ar na rioscaí a bhaineann le féichiúnas teaghlaigh nó tháinig méadú orthu i roinnt tíortha. I gcás na dtíortha LEE eile, níor shainaithin BERS carnadh

([27]) BERS (2016), *Vulnerabilities in the EU residential real estate sectors*, Samhain 2016, BERS (2019), *Vulnerabilities in the residential real estate sectors of the EEA countries*, Meán Fómhair 2019 agus BERS (2022), *Vulnerabilities in the residential real estate sectors of the EEA countries*, Feabhra 2022.

leochaileachtaí ábhartha in earnáil na réadmhaoine cónaithe, nó sainaithníodh leochaileachtaí den sórt sin ach meastar gur leor an seasamh beartais atá ann faoi láthair chun aghaidh a thabhairt orthu.

Graf 2.4.3: **Fiachas teaghlaigh agus praghsanna tithe: graif roghnaithe**



Foinse: Ameco, Eurostat, BCE., seirbhísí an Choimisiúin

2.5. EARNÁIL AN RIALTAIS

Tháinig laghdú ar chóimheasa fiachais rialtais i bhformhór na mBallstát in 2021 ach tá siad fós i bhfad os cionn na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim. In 2021, tháinig laghdú ar an gcóimheas fiachais-OTI i mbeagnach gach tír san Aontas, agus tháinig laghdú dhá phointe céatadáin ar chomhiomlán an Aontais. Is toradh é an laghdú sin ar théarnamh OTI ainmniúil tar éis 2020 agus lean coinníollacha maoiniúcháin fabhracha ar aghaidh. Os a choinne sin, cé go raibh easnaimh fhioscacha níos ísle ná mar a bhí siad in 2020, is minic a bhí siad measartha mór, thart ar 5.1 % de OTI le haghaidh an limistéir euro agus 4.6 % de OTI le haghaidh an Aontais toisc go raibh beartais fhioscacha fós leathnaitheach. Go háirithe, lean easnaimh fhioscacha de léiriú a thabhairt ar an tionchar a bhí ag bearta suntasacha sealadacha éigeandála COVID-19 chun tacú le teaghlaigh agus le gnólachtaí a ndearna an phaindéim difear dóibh, bearta a chomhfhreagraíonn do thart ar 3¼°% de OTI le haghaidh chomhiomlán an Aontais.

Meastar go dtiocfaidh laghdú eile ar an gcóimheas idir fiachas rialtais agus OTI i bhformhór thíortha an Aontais in 2022. I bhformhór na mBallstát, tuartar go dtiocfaidh laghdú 3½ phointe céatadáin ar an bhfiachas rialtais in 2022 ar an gcomhiomlán, ach go bhfanfaidh sé níos airde ná leibhéil 2019 fós, i gcásanna áirithe, faoi thart ar 15 phointe céatadáin. Is toradh é an feabhas ar fhás eacnamaíoch ainmniúil leanúnach, atá níos airde ná costas intuigthe an fhiachais, mar aon le laghdú eile ar easnaimh d'ainneoin pacáistí móra tacaíochta do theaghlaigh agus do ghnólachtaí a bhaineann le praghsanna arda fuinnimh, tar éis dhá bhliain de thacaíocht fhioscach shuntasach a soláthraíodh i gcomhthéacs phaindéim COVID-19. Bhí na laghduithe ar an gcóimheas fiachais níos suntasaí sna tíortha is mó atá i bhfiacha toisc go mbíonn éifeacht dighiarála níos láidre ag an bhfás eacnamaíoch nuair a bhíonn na cóimheasa fiachais-OTI níos mó. I roinnt tíortha ag a bhfuil cóimheasa fiachais rialtais íseal nó measartha, meastar go dtiocfaidh méadú breise orthu sin.

Tugann an t-ionchas do 2023 le fios go mbeidh laghduithe níos éadroime ann nó go gcobhsófar cóimheasa fiachais rialtais i bhformhór thíortha an Aontais. In 2023, tuartar go dtiocfaidh laghduithe níos lú ar an gcóimheas fiachais mar thoradh ar lagú na gníomhaíochta eacnamaíche, agus meastar go n-ardóidh easnaimh rialtais ar bhonn comhiomlán, agus difreáil áirithe ann ó thír go tír. Tuartar nach mbainfidh cóimheasa fiachais rialtais a léamha roimh COVID-19 amach faoi 2023 ach amháin i mionlach de na Ballstáit (Graf 2.5.1). Sna míonna amach romhainn, d'fhéadfadh bearta spriocdhírithe breise a bheith ann chun tacú le teaghlaigh agus gnólachtaí leochaileacha, lena n-aistreofaí cuid de chostas na géarchéime fuinnimh ar earnáil an rialtais agus lena gcuirfí le fiachas náisiúnta. Ina theannta sin, d'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag géarú breise ar choinníollacha maoiniúcháin nó ar athruithe sa ráta malairte ar an bhfeidhmíocht fhioscach, go háirithe sna tíortha nach bhfuil sa limistéar euro, áit a mbíonn an sciar den fhiachas atá ainmnithe in airgeadra eachtrach suntasach go minic. D'fhéadfadh boilsciú níos airde gníomhú chun an t-ualach fiachais a laghdú a mhéid a mhéadaíonn sé OTI ainmniúil, ach d'fhéadfadh préimheanna riosca níos airde agus gníomhaíocht eacnamaíoch níos laige rannchuidiú le cóimheasa fiachais an rialtais a mhéadú, agus, dá réir sin, dúshláin a chruthú ní hamháin don inbhuanaitheacht fhioscach ach do chodanna eile den gheilleagar freisin (féach Bosca 2.5.1).

D'fhéadfadh méadú teacht ar chostais seirbhísithe fiachais mar gheall ar rátaí úis ainmniúla níos airde. I dtéarmaí réadacha, meastar go bhfanfaidh rátaí úis diúltach sa limistéar euro. Tá méadú ag teacht ar thorthaí bannaí ceannasacha ar fud an limistéir euro in 2022, agus tá méadú beag ag teacht ar raonta difríochta toisc go bhfuil praghsanna margaidh i mbaol. D'ainneoin

an ghéaraithe ar an mbeartas airgeadaíochta, tuartar go fóill go bhfanfaidh fíor-rátaí úis diúltach agus tá torthaí bannaí rialtais an limistéir euro fós ar na torthaí is ísle ar domhan. Mar sin féin, tháinig méaduithe beagán níos láidre ar thorthaí bannaí na mBallstát a raibh fiacha móra acu le linn an tríú ráithe, ach cuidíonn aibíochtaí fiachais níos faide leis an tionchar a mhaolú. Ní féidir neamhaird a thabhairt ar an bhféidearthacht go dtiocfadh ardú ar rátaí úis agus ar OTI ainmniúil diúltach, rud a bheadh níos díobhálaí ná an réamhaisnéis reatha. Sa chás sin, d'fhéadfadh rátaí úis a bheith níos mó ná fás ainmniúil OTI, rud a chuirfeadh leis an mbrú chun feabhas a chur ar sheasaimh fhioscacha i roinnt tíortha a bhfuil fiachas ard acu. Le tabhairt isteach na hIonstraime um Chosaint Tarchurtha ag BCE i mí Iúil 2022 chun tarchur airgeadaíochta ordúil ar fud Bhallstáit uile an limistéir euro a áirithiú, soláthraítear árachas áirithe in aghaidh meath láidir ar choinníollacha maoiniúcháin, fad a chomhlíontar na coinníollacha a bhaineann leis an mbeartas eacnamaíoch.

Bíonn costais seirbhíse fiachais níos airde ar Bhallstáit nach bhfuil sa limistéar euro mar gheall ar raonta difríochta toraidh bannaí ceannasacha atá ag leathnú agus neamhchosaint ar fhiachas atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha. Bhí tionchar níos suntasaí ag an ngéarú domhanda ar choinníollacha maoiniúcháin lasmuigh den limistéar euro. Tá torthaí bannaí ceannasacha thar a bheith ard san Ungáir, sa Pholainn, agus sa Rómáin. Ina theannta sin, tá sciar suntasach d'fhiachas rialtais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach ag tíortha nach bhfuil sa limistéar euro, go háirithe an Bhulgáir ([28]) (74 %), agus an Rómáin (52 %), ach an Ungáir (22 %), an Pholainn (22 %), agus an tSualainn (17 %) freisin.

Graf 2.5.1: **Fiachas agus easnamh rialtais le OTI**



(1) Cuirtear na tíortha i láthair in ord laghdaitheach an chóimheasa fiachais-OTI agus an chóimheasa idir easnamh agus OTI in 2021.
Foinse: Ameco agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tíortha a raibh fiachas rialtais (% de OTI) os cionn 60% acu in 2021 i ngorm																							
BE	BG	CZ	DK	DE	EE	IE	EL	ES	FR	HR	IT	CY	LV	LT	LU	HU	MT	NL	AT	PL	PT	RO	SI	SK	FI	SE

Ar leibhéal na tíre, is fiú na forbairtí seo a leanas in earnáil an rialtais a chur i dtábhacht:

- Ag deireadh 2021, bhí na cóimheasa idir fiachas rialtais agus OTI os cionn 60 % san Ostair, sa Chróit, san Fhionlainn, sa Ghearmáin, san Ungáir, sa tSlóivéin, agus sa tSlóvaic, agus bhí siad os

([28]) Coinníonn an Bhulgáir ráta malairte seasta maidir leis an euro ar bun trí shocrú boird airgeadra agus chuaigh sí isteach in ERM II i mí Iúil 2020.

cionn 100 % sa Ghréig, san Iodáil, sa Phortaingéil, sa Spáinn, sa Fhrainc, sa Bheilg, agus sa Chipir. Tháinig laghdú ar na cóimheasa fiachais-OTI sna Ballstáit sin uile in 2021, seachas sa Ghearmáin agus sa tSlóvaic, agus meastar go leanfaidh siad de bheith ag laghdú sa chuid is mó de na Ballstáit in 2022 agus 2023.

- Sainaithníodh go bhfuil rioscaí arda maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach ag an nGréig sa ghearrthéarma (féach Bosca 2.5.1). Tá an cóimheas idir fiachas rialtais agus OTI sa Ghréig ar an gcóimheas is airde san Aontas agus tá sé i bhfad os cionn 100 %, agus tá an t-easnamh fioscach fós suntasach ach meastar go dtiocfaidh laghdú mór air. Meastar go laghdóidh ollriachtanais mhaoiniúcháin sna blianta amach romhainn.

- Sa mheántéarma, meastar go bhfuil aghaidh á tabhairt ag naoi mBallstát ar rioscaí arda maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach, is iad sin an Bheilg, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, agus an Spáinn. Tá tíortha a bhfuil na cóimheasa fiachais is airde acu an-leochaileach i dtaobh athruithe ar choinníollacha maoiniúcháin. I gcás méadú 1 phointe céatadáin ar an difreálach idir fás agus ús, thiocfadh ardú os cionn 10 bpointe céatadáin de OTI ar fhiachas faoi 2023 san Iodáil, sa Ghréig, sa Spáinn, agus sa Phortaingéil (féach Bosca 2.5.1).

- Is saintréithe den Rómáin agus den Ungáir easnaimh fhioscacha a bhíonn ard i gcónaí agus torthaí bannaí a bhíonn ag méadú, agus tá fiachas atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ábhartha don dá thír, go háirithe an Rómáin. San Ungáir, tá fiachas an rialtais os cionn 60 % de OTI freisin agus tá ollriachtanais mhaoiniúcháin an rialtais ard. Sa Rómáin, meastar go dtiocfaidh laghdú beag ar an gcóimheas idir fiachas rialtais agus OTI i bhfianaise táirgeacht fhioscach níos fearr a bhfuil coinne léi.

Bosca 2.5.1: Athrú ar choinníollacha maoiniúcháin – cás díobhálach de 'r-g'

Déanann an Coimisiún measúnú ar rioscaí inbhuanaitheachta gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha na mBallstát. Measann sé go bhfuil leochaileachtaí gearrthéarmacha ag an nGréig mar gheall ar athróga fioscacha agus athróga macra-airgeadais araon. ([29]) Sa mheántéarma, meastar go bhfuil aghaidh á tabhairt ag naoi mBallstát ar riosca ard maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach, is iad sin an Bheilg, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, agus an Spáinn. Is toradh iad na rioscaí ar na nithe seo a leanas:

- cóimheasa fiachais atá ard nó ag dul i méid, go háirithe cóimheasa atá nasctha le seasamh fioscach lag,
- neamhchinnteacht mhéadaithe maidir leis na réamh-mheastacháin bhunlíne,
- leochaileacht i leith cásanna díobhálacha macra-airgeadais,
- méid an choigeartaithe fhioscaigh is gá chun an cóimheas fiachais-OTI a thabhairt go 60 % sa mheántéarma, i.e. táscaire S1.

Seachas an anailís fiachais agus an t-aicmiú riosca, tá tosca eile ann a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don inbhuanaitheacht fhioscach. ([30]) Ar an drochuair, dliteanais theagmhasacha atá ard don Aontas ina iomláine ach ag a bhfuil difríochtaí móra idir tíortha freisin, d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar fhiachas poiblí agus ar easnamh poiblí. Baineann sé sin freisin le riosca na ndliteanas teagmhasach a thagann ón earnáil baincéireachta. Ar an taobh dearfach de, maolaítear rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach trí shíneadh a chur le haibíocht fiachais a tugadh faoi deara le blianta beaga anuas nó tionchar athchóirithe agus infheistíocht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ar fhás OTI a bhfuil coinne leis sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Tionchar cáis dhíobhálaigh 'r-g' ar an leibhéal fiachais réamh-

tír	Tionchar
IT	11.86
EL	10.92
FR	8.62
ES	8.42
BE	7.89
PT	7.48
HU	5.97
HR	5.61
AT	5.47
SI	5.20
FI	5.00
DE	4.95
PL	4.65
CY	4.45
NL	4.33
SK	4.23
MT	4.21
RO	4.00
CZ	3.62
LT	2.75
LV	2.72
BG	2.20
IE	1.98
DK	1.85
EE	1.84
LU	1.66
SE	1.38

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

D'fhéadfadh ról ríthábhachtach a bheith ag neamhchinnteacht agus ag timpeallacht eacnamaíoch atá ag athrú san inbhuanaitheacht fhioscach. Bhí coinníollacha maoiniúcháin fabhrach le deich mbliana anuas ós rud é gur eascair an ráta úis íseal as sochaithe atá ag dul in aois, fás táirgiúlachta níos ísle agus beartas airgeadaíochta atá faoi stiúir na mbanc ceannais. Le 'r-g' diúltach, i gcás ina sáraíonn fás eacnamaíoch rátaí úis, maolaítear dúshláin fhioscacha go pointe áirithe ach ní chuirtear deireadh leo toisc gur féidir an difreálach a aisiompú de réir mar a athraíonn na coinníollacha. Is é sin an fáth a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an measúnú ar rioscaí inbhuanaitheachta faoi láthair agus r ag méadú de réir mar atá g ag laghdú, mar gheall ar an athrú ar choinníollacha maoiniúcháin agus ar lagú na staide eacnamaíche ar an iomlán.

D'fhéadfadh cóimheasa fiachais níos airde teacht as torthaí fáis níos laige nó as rátaí úis níos airde sna deich mbliana amach romhainn in éagmais gníomhaíocht beartais. Rinneadh an anailís bhunlíne ar an inbhuanaitheacht fhioscach agus an toimhde ann go mbeadh coinníollacha fabhracha maoiniúcháin ann. Ina theannta sin, ceapadh cás díobhálach chun méadú, nó aisiompú fiú, maidir le 'r-g' a ghabháil. Sa chás sin, meastar go bhfanfaidh an réamh-mheastachán 'r-g' diúltach i bhformhór na mBallstát in 2032 ach bheadh sé níos airde ná mar a ceapadh sa chás bunlíne. Mar thoradh air sin, bheadh an fiachas réamh-mheasta sa chás díobhálach níos airde faoi 2032 i gcomparáid leis an mbunlíne.

([29]) Tá an t-aicmiú riosca maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach bunaithe ar Réamhaisnéis Earraigh 2022 an Choimisiúin (a chuirtear i láthair sa roinn 'Tír' den Tuarascáil seo maidir leis an Sásra Foláirimh).

([30]) An Coimisiún Eorpach (2022): Tuarascáil maidir le hInbhuanaitheacht Fhioscach, Páipéar Institiúideach 171.

Graf 2.5.2: **Earnáil an rialtais: graif roghnaithe**



Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

2.6. AN EARNÁIL AIRGEADAIS

Léirigh earnáil baincéireachta an Aontais athléimneacht in aghaidh thionchar na paindéime in 2021 ach tá dúshláin le sárú aici fós mar gheall ar bhrabúsacht atá íseal ó thaobh struchtúir de. Bhí an cóimheas caipitil de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (CET1) fós ard agus cobhsaí le bliain anuas (2021R3-2022R2) (Graf 2.6.1 a). Bhí an ráta toraidh ar chothromas os cionn na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim agus ioncam oibriúcháin níos airde agus forálacha níos ísle á dtaifeadadh le linn na tréimhse sin ach is dúshlán struchtúrach í an bhrabúsacht ar fud an Aontais mar gheall ar an ró-acmhainn agus ar an gcostéifeachtúlacht íseal. ([31]) Leanadh de dhiúscairt na n-iasachtaí neamhthuillmheacha leagáide in 2021 agus sa chéad leath de 2022, agus níor tháinig aon mhéadú suntasach ar iasachtaí neamhthuillmheacha nua d'ainneoin gur tarraingíodh siar de réir a chéile moratóirí maidir le haisíocaíochtaí iasachta a tugadh isteach tar éis ráig phaindéim COVID-19 (Graf 2.6.1 b). Leanadh den soláthar creidmheasa do chorparáidí neamhairgeadais d'ainneoin go ndeachaigh na ráthaíochtaí rialtais a deonaíodh le linn ráig COVID-19 in éag de réir a chéile agus, i dtíortha áirithe, le linn an ghéaraithe mhacrastuamachta. Leathnaíodh creidmheas do theaghlaigh go seasta in 2021 i gcomhthéacs an mhéadaithe thobainn ar phraghsanna tithíochta ar fud an Aontais (Graf 2.6.2 a). Thosaigh coinníollacha creidmheasa ag géarú sa dara leath de 2021 agus tháinig méadú ar rátaí iasachta mar aon le géarú airgeadaíochta, go háirithe i dtíortha nach bhfuil sa limistéar euro (Graif 2.6.2 b agus c).

Amach anseo, is dócha go mbeidh drochthionchar ag an réamhaisnéis eacnamaíoch ar cháilíocht sócmhainní agus ar bhrabúsacht baincéireachta. Cé go bhfuil tionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin ar earnáil airgeadais an Aontais teoranta go dtí seo mar gheall ar neamhchosaintí airgeadais dhírigh ísle, tá rioscaí ann maidir le héifeachtaí indíreacha. Leis an réamhaisnéis eacnamaíoch atá ag dul in olcas agus le tionchar moillithe mar gheall ar tharraingt siar na mbeart tacaíochta, d'fhéadfaí cóimheasa iasachta neamhthuillmhí a ardú, cóimheasa a bhí cothrom le 1.8 % do bhanc mór airmheánach an Aontais ag deireadh an dara ráithe de 2022. ([32]) Tacaítear leis sin le staonadh ard agus le sciar ard iasachtaí a aicmítear mar iasachtaí tearcfheidhmiúla (iasachtaí Chéim 2) (Graf 2.6.2 d), arbh ionann é agus 9.5 % sa limistéar euro sa dara ráithe de 2022. ([33]) ([34]) Tá sé sin i bhfad os cionn na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim agus tá an t-insreabhadh fós ann i gcás earnálacha nár théarnaigh go hiomlán tar éis na paindéime. ([35]) Tháinig laghdú beag ar chóimheasa caipitil ag tús 2022 i measc méaduithe ar shócmhainní atá ualaithe ó thaobh riosca ach bhí siad fós cobhsaí sa dara leath de 2022, agus cóimheas comhiomlán caipitil CET1 le haghaidh bainc mhóra fós ag 15 %. ([36]) 7.9 % a bhí sa ráta

([31]) Athbhreithniú BCE ar Chobhsaíocht Airgeadais, Bealtaine 2022.

([32]) Príomhthráscairí Riosca ÚBE.

([33]) Faoi IFRS 9, ní mór d'eintitis is infheidhme ionstraimí airgeadais a chur ina dtrí chéim ar leith anois, lena n-áirítear 'tuillmheach' (Céim 1), 'tearcfheidhmiúil' (Céim 2) agus 'neamhthuillmheach' (Céim 3). Tagraíonn Céim 2 d'iasachtaí a bhfuil méadú suntasach ar riosca creidmheasa ag gabháil leo ó tugadh aitheantas tosaigh dóibh.

([34]) Sonraí Baincéireachta Maoirseachta BCE.

([35]) Sheol an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) cleachtadh trédhearcachta bliantúil uile-Aontais 2022 i mí Mheán Fómhair 2022 agus tá coinne aige an fhaisnéis maidir le neamhchosaintí agus cáilíocht sócmhainní na mbanc a eisiúint ag tús mhí na Nollag, mar aon le Tuarascáil Measúnaithe Riosca ÚBE.

([36]) Príomhthráscairí Riosca ÚBE. I mí Iúil 2022, d'fhoilsigh ÚBE a dhréacht-mhodheolaíocht maidir le tástáil struis uile-Aontais 2023, modheolaíocht atá á plé leis an tionscal. Leis an modheolaíocht, cumhdaítear na réimsí riosca uile agus cuirtear leis an modheolaíocht a ullmhaíodh do thástáil struis uile-Aontais 2021 agus roinnt feabhsuithe modheolaíochta agus sampla níos mó de bhainc ag gabháil léi.

toraidh ar chothromas sa dara ráithe de 2022 arna thacú le glanioncam úis. ([37]) Le praghsanna fuinnimh níos airde agus leis an meath ar an réamhaisnéis eacnamaíoch, cuirtear srian ar go leor iasachtaithe agus léiríodh an méadú lena bhfuil coinne ar rioscaí creidmheasa cheana féin sa laghdú ar luachálacha na hearnála airgeadais in 2022, cé go bhfuil sé i gcomhréir, tríd is tríd, le treocht fhoriomlán an mhargaidh. I suirbhéanna maidir le hiasachtú bainc sa limistéar euro, tugtar le fios gur lean na bainc de bheith ag géarú a gcaighdeán iasachtaí le haghaidh teaghlach agus fiontar in 2022 agus rinneadh géarú suntasach sa tríú ráithe de 2022. ([38]). I mí Mheán Fómhair 2022, d'eisigh Bord Ginearálta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS) rabhadh maidir le leochaileachtaí i gcóras airgeadais an Aontais Eorpaigh agus chuir sé i bhfios go láidir go bhfuil méadú tagtha ar na rioscaí don chobhsaíocht airgeadais san Aontas agus don dóchúlacht go dtiocfaidh cásanna ardriosca chun cinn. Baineann na rioscaí sainaitheanta leis na nithe seo a leanas: (i) an meath ar an ionchas maicreacnamaíoch, (ii) rioscaí don chobhsaíocht airgeadais mar thoradh ar cheartúchán géar féideartha ar phraghsanna sócmhainní, agus (iii) impleachtaí na bhforbairtí sin do cháilíocht sócmhainní. ([39])

Is deis agus is dúshlán d'earnáil airgeadais na hEorpa iad méadúcháin sna rátaí úis, agus tá méadú ar an riosca. Bhí an timpeallacht leanúnach ísealráta úis ina dúshlán d'earnáil airgeadais an Aontais le 10 mbliana anuas agus bhí sé ar cheann de na cúiseanna le brabúsacht íseal na hearnála sin. Cé go n-ardaíonn rátaí úis méadaithe ioncam úis na mbanc, is féidir leo a gcostais chistiúcháin a ardú freisin. Thairis sin, d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag rátaí úis níos airde ar luachálacha sócmhainní baincéireachta agus ar urrúis chomhthaobhacha, lena n-áirítear réadmhaoin, agus urrúis. D'fhéadfadh cuair thoraidh chomhréidhe nó inbhéartaithe i dtimpeallacht ina bhfuil rioscaí cúlaithe eacnamaíochta a bheith ina ndúshláin do bhainc agus d'infheisteoirí institiúideacha, go háirithe cuideachtaí árachais. Is féidir coinne a bheith leis go gcuirfear brú ar iasachtaithe leochaileacha de bharr an mhéadaithe ar chostais chistiúcháin mar aon le boilsciú ard agus fás eacnamaíoch íseal. ([40]) D'fhéadfadh sé go mbeadh drochthionchar ag ilroinnt leanúnach nó mhéadaithe ar chostas cistiúcháin cheannasaigh sa limistéar euro ar earnálacha baincéireachta a bhfuil claontacht láidir intíre acu. Cé gur forbairt dheimhneach atá i rátaí úis níos airde do chuideachtaí árachais a bhfuil punanna sócmhainní acu a infheistítear den chuid is mó sna sócmhainní a mbaineann riosca íseal leo, d'fhéadfadh na cistí infheistíochta agus pinsin a bheith thíos le caillteanais luachála ar a bpunann toraidh sheasta. Bíonn tionchar ag rátaí úis atá ag dul i méid, mar aon le hathmheasúnú ar phraghassócmhainní, ar eastát réadach tráchtála (CRE) a bhfuil bainc neamhchosanta air níos mó ná riamh. ([41]) Mar sin féin, is casta an measúnú riosca mar gheall ar chastacht mhargadh CRE i dtaca le neamhbhainc agus ábhair idirnáisiúnta a bheith ann chomh maith le bearnaí móra i sonraí. ([42])

([37]) Deais Rioscaí ÚBE, R2 2022 agus staidreamh baincéireachta maoirseachta ÚBE, R2 2022.

([38]) Suirbhé BCE maidir le hIasachtú Bainc an Limistéir Euro, an tríú ráithe de 2022.

([39]) BERS/2022/7

([40]) Athbhreithniú BCE ar Chobhsaíocht Airgeadais, Bealtaine 2022.

([41]) Ba mhó ná 9 % den neamhchosaint ar riosca bainc an limistéir euro an neamhchosaint a bhain le CRE. Sa limistéar euro, bhí fás 12.6 % ar iasachtaí NFC idir 2019R4 agus 2022R2, beagnach leath (5.6 pc) tiomnaithe do sheirbhísí eastáit réadaigh agus do sheirbhísí gairmiúla.

([42]) *Commercial real estate and financial stability – new insights from the euro area credit register* ['Eastát réadach tráchtála agus cobhsaíocht airgeadais — léargais nua ó chlár creidmheasa an limistéir euro'], Feasachán Macrastuamachta BCE, Eagrán an 19 Deireadh Fómhair 2022.

Graf 2.6.1: **Bainc: brabúsacht, cóimheasa caipitil agus iasachtaí neamhthuillmheacha**



Cuimsíonn cóimheas Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (CET1) gnáthscaireanna agus tuilleamh coimeádta. Is éard atá i gcóimheas Leibhéal 1 agus sa toradh ar chothromas meán na sonraí ráithiúla le bliain anuas (2021R3 – 2022R2). Tá an meánluach don Aontas Eorpach neamhualaithe de réir mhéid an gheilleagair. Ní áirítear EL ina bhfuil toradh an-diúltach ar chothromas (-6 %) sa phainéal ar chlé. Tagraíonn sonraí a bhaineann leis an 'mbuaic' do chóimheas na n-ionstraimí fiachais neamhthuillmheacha comhlána thar iomlán na n-ionstraimí fiachais comhlána; Tuairiscítear cóimheasa iasachtaí neamhthuillmheacha le haghaidh 2021R2 agus 2022R2; léiríonn uimhreacha faoi bhun na gcód tíre an bhliain inar buaiceadh NPDanna

Foinse: Sonraí Baincéireachta Comhdhlúite BCE, seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tá méadú mór tagtha le bliain anuas ar na rioscaí domhanda cobhsaíochta airgeadais. In 2022 mhéadaigh na rioscaí cobhsaíochta airgeadais ar fud an domhain mar go raibh boilsciú ard ann, géarú ar dhálaí airgeadais agus luaineacht mhéadaithe sa mhargadh. ([43]) D'fhéadfadh athphraghsáil riosca ar fud an domhain iarmhairtí a bheith aige le haghaidh margaí airgeadais, rud a bheadh ina chúis le héagobhsaíocht agus le hardú costas iasachtaíochta do stáit agus d'iasachtaithe príobháideacha, fiú ar bhealaí neamhghnácha uaireanta. Dúshláin éagsúla atá sa mhéid sin do chodanna éagsúla den earnáil airgeadais agus is deacair a thuar, de bharr idirnascthacht an chórais airgeadais dhomhanda, cén áit a bhféadfadh leochaileachtaí teacht chun cinn.

Tá an córas airgeadais neamhchosanta ar rioscaí sistéamacha nua, rioscaí a bhféadfadh tionchar difreáilte a bheith acu laistigh den Aontas agus den limistéar euro araon. Tháinig méadú ar an dóchúlacht go bhféadfadh rioscaí díobhálacha sistéamacha a bheith ann san Aontas ar fad, go háirithe na rioscaí a bhaineann le mífheidhmiú sa mhargadh agus le triomú leachtachta, agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar institiúidí airgeadais baincéireachta agus neamhbhaincéireachta araon. ([44]) D'fhéadfadh fíorú na rioscaí sistéimeacha sin tionchar difreálaithe a bheith aige ar fud an Aontais. Cé gur féidir forbairtí éagsúla sa limistéar euro a bheith ann mar gheall ar idirghabhálacha ilchineálacha beartais ó na Ballstáit, tá na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro faoi réir rioscaí breise a bhaineann le triomú leachtachta agus feidhmiú mhargadh an ráta malairte. Meastar go leanfaidh rioscaí oibríochtúla de bheith ard, rud atá nasctha le riosca níos airde cibirionsaithe agus an digitiú a bheith ag dul i méid. ([45]) Is dúshlán ar leith do roinnt institiúidí airgeadais neamhbhaincéireachta iad rioscaí aeráide agus an neamhchosaint mhéadaitheach ar chriptea-shócmhainní.

([43]) CAI (2022): Tuarascáil ar an gCobhsaíocht Airgeadais Dhomhanda: Navigating the High-Inflation Environment, Deireadh Fómhair 2022.

([44]) Rabhadh BERS maidir le leochaileachtaí i gcóras airgeadais an Aontais (BERS/2022/7), Deireadh Fómhair 2022.

([45]) Deais Rioscaí ÚBE, R2 2022.

Tíortha a raibh sreabhadh creidmheasa na hearnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI) os cionn 14 % acu in 2021 i ngorm																									
BE	BG	CZ	DK	DE	EE	IE	EL	ES	FR	HR	IT	CY	LV	LT	LU	HU	MT	NL	AT	PL	PT	RO	SI	SK	FI	SE

Tíortha a raibh dliteanais iomlána na hearnála airgeadais, neamh-chomhdhlúite (% athrú 1 bhliain) os cionn 16.5 % in 2021 i ngorm																									
BE	BG	CZ	DK	DE	EE	IE	EL	ES	FR	HR	IT	CY	LV	LT	LU	HU	MT	NL	AT	PL	PT	RO	SI	SK	FI	SE

Ar leibhéal na tíre, is fiú na forbairtí seo a leanas maidir le hearnáil an airgeadais a chur i dtábhacht:

- Tá roinnt tíortha, lena n-áirítear an Chipir, an Ghréig agus an Iodáil, thíos le meascán de bhrabúsacht lag na hearnála airgeadais, d'earnáil chorparáideach leochaileach, agus d'fhiachas ard rialtais, rud a mhéadaíonn an baol go mbeidh fáinne fí ann. Tá feabhsuithe móra taifeadta ag gach ceann de na trí thír ar a gcóimheasa iasachtaí neamhthuillmheacha, rud atá fós os cionn mheán an Aontais Eorpaigh (ach rud beag os cionn an mheáin i gcás na hIodáile), agus tá iasachtaí Chéim 2 agus iasachtaí staonta ardaithe. Sa Ghréig, tá laghdú mór tagtha ar chóimheas iasachtaí neamhthuillmheacha na mbanc mar gheall ar dhíolacháin iasachtaí neamhthuillmheacha, rud a chuir deireadh leis an riosca do bhainc ach a d'aistrigh go páirteach é chuig roinnt institiúidí airgeadais lasmuigh den earnáil baincéireachta. Eascraíonn ábhair imní bhreise as brabúsacht dhiúltach na mbanc agus as sreafaí creidmheasa diúltacha in 2021 agus bhí an cóimheas caipitil i measc na gcóimheas caipitil is ísle san Aontas. Thaifead bainc na Cipire brabúsacht an-íseal in 2021, agus bhí an cóimheas caipitil gar do mheán an Aontais. Taifeadann bainc na hIodáile cóimheas caipitil faoi bhun an mheáin agus neamhchosaint ard ar fhiachas rialtais.

- Is saincheist í cáilíocht shócmhainní na mbanc sa Bhulgáir, áit a bhfuil iasachtaí neamhthuillmheacha fós ardaithe fiú má tá laghdú ag teacht orthu, i gcomhthéacs an fhiachais ardaithe staonta. Sa limistéar euro, tá iasachtaí Chéim 2 an-ard san Ostair. Tháinig méadú mór ar chóimheas an fhiachais staonta san Ungáir in 2021.

- Tá brabúsacht an-íseal fós le sonrú in earnálacha na baincéireachta sa Ghearmáin, i Málta agus in Éirinn agus tá baol ann go ndéanfar é a mhaolú a thuilleadh mar gheall ar an meath atá ag teacht ar an ionchas eacnamaíoch.

- D'fhás dliteanais na hearnála airgeadais in 2021 os cionn thairseach scórchláir an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha de 16.5 % san Eastóin, in Éirinn, sa Liotuáin agus sa tSlóvaic. Thrasnaigh sreabhadh creidmheasa na hearnála príobháidí tairseach scórchláir an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha de 14 % i Lucsamburg agus sa tSualainn.

Graf 2.6.2: **An earnáil airgeadais: graif roghnaithe**



Foinse: BCE

3. RANNÓG TÍORTHA

3.1. AN BHEILG

Tá an cóimheas idir fiachas na hearnála príobháidí agus OTI agus an cóimheas idir fiachas rialtais agus OTI ard sa Bheilg, ach tá na rioscaí lena mbaineann teoranta de réir dealraimh. Tá imní faoi iomaíochas costais ag teacht chun cinn, agus tá méadú mór le teacht ar chostais ainmniúla aonad saothair. Tá fiachas rialtais na Beilge fós mór d'ainneoin na laghduithe a tháinig air le déanaí.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, ní dhearna an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus níor sainaithníodh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le haghaidh na Beilge. I mbliana, ní mheasann an Coimisiún gur gá mionanailís bhreise a dhéanamh ar an mBeilg.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 2.8 % in 2022 agus 0.2 % in 2023. Tá boilsciú ard ann. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú air go 13.1 % i mí Dheireadh Fómhair, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú 4.8 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear i léamh an scórchláir don Bheilg go raibh trí tháscaire thar a dtairseachatáscacha in 2021, mar atá fiachas na hearnála príobháidí, fiachas rialtais agus an t-athrú ar dhífhostaíocht i measc na hóige. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Tá imní ag teacht chun cinn faoin **iomaíochas costais**. Tháinig laghdú beag ar chostais ainmniúla aonad saothair in 2021, tar éis méadú láidir a bhaineann leis an bpaindéim in 2020, ach tuartar go dtiocfaidh méadú suntasach orthu in 2022 agus 2023, mar gheall ar mhéaduithe sách láidir ar phá ainmniúil. Léiríonn an méadú sin luasghéarú i gcoibhneas leis an tréimhse díreach roimh an bpaindéim agus tá sé níos suntasaí ná i gcás phiaraí na Beilge sa limistéar euro. Tháinig luachmhéadú beag ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021. Tháinig dímheas air i gcomparáid leis an mbliain seo caite, áfach, faoi mhí Lúnasa 2022.

- Tá an cóimheas idir **fiachas corparáideach neamhairgeadais** agus OTI fós orthu sin is airde san Aontas, ach tá sé ag laghdú leis. Tháinig laghdú measartha air, go 106.9 % in 2021, de réir mar a d'fhritháirigh fás láidir atosú i sreafaí creidmheasa. Lean sé de bheith ag laghdú sa chéad leath de 2022, ach tá tosca riosca ann a bhaineann leis an timpeallacht mhaicreacnamaíoch. Tá an fiachas 11 phointe céatadáin níos ísle anois ná mar a bhí in 2019, ach tá sé fós os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhaircbhunúsaigh araon. Laghdaítear rioscaí mar gheall ar an sciar ard d'iasachtú trasteorann inghrúpa san fhiachas corparáideach.

- Tá an cóimheas idir **fiachas teaghlaigh** agus OTI ag dul i laghad beagán ar bheagán ach tá sé fós ardaithe. Tar éis méadú mór in 2020, tháinig laghdú air in 2021, ós rud é go meastar go leanfaidh glansreafaí creidmheasa de bheith measartha. Tháinig laghdú beag ar an gcóimheas fiachais teaghlaigh sa chéad leath de 2022, gar don leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim. Is dócha fós go dtacóidh fás aschuir ainmniúil le díghiaráil in 2022 i bhfianaise an ráta boilscithe. Tá an fiachas teaghlaigh os cionn an tagarmhairc bhunúsaigh ach tá sé faoi bhun an tagarmhairc stuamachta. Tá an fiachas neamhthuillmheach teaghlaigh fós íseal; leis an sciar ard morgáistí a bhfuil rátaí seasta fada acu agus an fíormhéadú réamh-mheasta ar chúiteamh, laghdaítear na rioscaí a bhaineann le fiachas teaghlaigh sa ghearrthéarma.

- Tá an imní a bhaineann le forbairtí ar **phraghsanna tithe** ag méadú. Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe go 7.1 % in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, bhí an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ag 5.9 % sa dara ráithe de 2022. Measadh go ndearnadh ró-luacháil 23.4 % ar phraghsanna tithe in 2021.

- Tá rioscaí ag baint le **hardfhiachas rialtais** na Beilge. Tháinig laghdú ar fhiachas rialtais in 2021, go 109.2 % de OTI, toisc go raibh éifeacht shuntasach ainmneora ag an bhfás láidir. Tá sé fós thart ar 12 phointe céatadáin os cionn leibhéal 2019. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an bhfiachas rialtais arís in 2022, ach táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú ar an bhfiachas sin beagán ar bheagán idir 2023 agus 2024. Tá an t-easnamh rialtais mór go fóill, cé gur laghdaigh sé go 5.6 % in 2021 agus tuartar go dtiocfaidh laghdú beag air in 2022 sula dtiocfaidh méadú arís air. Tá rioscaí arda inbhuanaitheachta fioscaí ann sa mheántéarma agus san fhadtéarma mar gheall ar réamh-mheastacháin fhadtéarmacha ar fhorbairtí fiachais fhadtéarmaigh agus ardú ar chostais a bhaineann le haosú.

Graf 3.1.1: **Graif roghnaithe: An Bheilg**



Foinse: Ameco, Eurostat agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.1.1: **Príomhthascairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Bheilg**

	Tairseacha	Tagarmharc	Tagarmharc.	2019	2020	2021	réamhaisnéis 2022	réamhaisnéis 2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			0.0	0.1	0.5	-0.4	-1.7
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		0.8 (1)	2.2 (2)	0.1	1.1	0.4	-2.7	-2.9
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-81.5 (3)	11.1 (4)	40.9	47.0	59.9	51.7	45.7
NIENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				36.1	34.6	37.3		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9% (limistéar euro) 12% (limistéar neamh-euro)			4.8	7.1 p	5.4 p	9.6	15.0
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				1.4	4.1 p	-0.1 p	5.4	9.2
Fíor-ráta malairte éifeachtach – 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bhliain)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			2.7	2.5	0.6	-1.9	-5.0
Fíor-ráta malairte éifeachtach – 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-1.2	1.3	0.5	-3.6	-2.0
Sciar den mhargadh onnmhairíochta – % d'onnmhairí an domhain (athrú 5 bliana)	-6%			-2.3	10.1	2.4	2.2	2.4
Sciar den mhargadh onnmhairíochta – % d'onnmhairí an domhain (athrú 1 bhliain)				-0.5	4.7	-0.5	0.1	-1.3
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			178.3	180.9 p	169.0 p	159.9	154.1
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			4.7	-3.3 p	3.8 p	5.9	7.6
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		48.8 (6)	66.8 (7)	60.4	65.6	62.1	60.7	60.3
Fiachas corparáide neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		72.3 (6)	71.9 (7)	117.9	115.3	106.9	99.2	93.8
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			2.5	3.3	4.5	-2.1	-1.4
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		23.4 (8)		4.0	4.2	7.1	3.5	1.1
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			97.6	112.0	109.2	106.2	107.9
Iarmhéid ginearálta rialtais (% de OTI)				-1.9	-9.0	-5.6	-5.2	-5.8
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			5.8	8.8	7.5	6.1	
Táta toraidh ar chothromas (%)				8.6	5.9	9.9		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		15.5	17.1	17.6		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				2.1e	2.1e	1.6p	1.4	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			6.2 b	5.8	5.9	6.0	6.2
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		6.4 (10)		5.5	5.8	6.3	5.8	6.4
Ráta gníomhaíochta – % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			1.4	0.4 b	1.1	1.9	2.3
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí – % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-1.6	-1.0	0.0		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige – % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-5.8	-3.5	2.2		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.2. AN BHULGÁIR

Sa Bhulgáir, tá imní ann maidir le hiomaíochas costais agus fiachas corparáideach, cé go bhfuil na rioscaí a bhaineann leis sin teoranta de réir dealraimh. Tá méadú mór ag teacht ar chostais ainmniúla aonad saothair le blianta beaga anuas agus meastar go leanfaidh siad de bheith ag méadú, i gcomhthéacs croí-bhoilsciú an-ard agus méaduithe láidre ar phá ainmniúil. Tá laghdú ag teacht ar fhiachas corparáideach neamhairgeadais, ach tá sé fós ard go leor.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, ní dhearna an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus níor sainaithníodh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le haghaidh na Bulgáire. I mbliana, ní mheasann an Coimisiún gur gá mionanailís bhreise a dhéanamh ar an mBulgáir.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 3.1 % in 2022 agus 1.1 % in 2023. Tá an boilsciú ard, i gcomparáid le cuid mhór de chomhpháirtithe trádála na Bulgáire sa limistéar euro. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú air go 15.6 % i mí Mheán Fómhair, agus meastar gurb éard atá sa chroí-bhoilsciú 9.4 %. Meastar go n-ardóidh pá go tapa, i gcomhréir le praghsanna.

Leis an léamh scórchláir le haghaidh na Bulgáire, léirítear go ndeachaigh táscaire amháin thar a thairseach thráscach in 2021, is é sin fás ainmniúil ar chostas aonad saothair. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Níl imní an-mhór ann faoin **inbhuanaitheacht sheachtrach**. Taifeadadh easnamh beag 0.5 % de OTI sa chuntas reatha in 2021, agus meastar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh sin amach anseo. An staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta diúltach (NIIP), arb éard atá ann den chuid is mó infheistíocht dhíreach choigríche, tháinig feabhas uirthi in 2021 agus meastar go dtiocfaidh sí gar do chomhardú faoi 2024. Tá an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta gan ionstraimí neamh-mhainneachtana dearfach agus ard.

- Is ann go fóill don bhrú a bhaineann leis **an iomaíochas costais** a bhí ann roimh phaindéim COVID-19. Tá méadú mór ag teacht ar chostais ainmniúla aonad saothair le blianta beaga anuas agus meastar go leanfaidh siad de sin, i gcomhthéacs croí-bhoilsciú an-ard, na nganntanas lucht saothair agus méaduithe láidre ar phá ainmniúil. Tháinig luachmhéadú ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021 agus tháinig luachmhéadú eile air faoi mhí Lúnasa 2022.

- **Tá fiachas corparáideach neamhairgeadais** fós ard i gcomparáid le piaraí réigiúnacha agus tá sé níos mó ná na buntosca, ach tá sé ag laghdú leis. Tar éis dó roinnt dul chun cinn a dhéanamh in 2020 le linn ghéarchéim COVID-19, tháinig laghdú arís ar an gcóimheas idir fiachas corparáideach neamhairgeadais agus OTI in 2021, go 59.5 %. Laghdaigh sé a thuilleadh sa chéad leath de 2022, ach tá rioscaí ann a bhaineann leis an timpeallacht mhaicreacnamaíoch. Mar atá i gceist in go leor Ballstát eile nach bhfuil sa limistéar euro, tá sciar na n-iasachtaí corparáideacha atá ainmnithe in airgeadra eachtrach ard. Tá féichiúnas corparáideach ann in éineacht le maoláin leachtachta arda, rud a mhaolaíonn rioscaí, ach is ann d'iasachtaí neamhthuillmheacha. Tá an cóimheas idir fiachas teaghlaigh agus OTI faoi bhun an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bunaithe ar bhuntosca, ach mar gheall gurb iad rátaí athraitheacha le haghaidh iasachtaí tithíochta na rátaí is coitianta, tá teaghlaigh atá i bhfiacha neamhchosanta ar na rioscaí a bhaineann le rátaí úis níos airde.

- Is ann don imní a bhaineann le forbairtí ar **phraghsanna tithe**. Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ó 4.6 % go 8.7 % in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, méadaíodh an fás faoi phraghsanna tithe go 14.6 % sa dara ráithe de 2022. Ní léirítear leis an méadracht bearna luachála go bhféadfadh sé go mbeadh ró-luacháil ann, áfach.

- San **earnáil baincéireachta**, tá ábhair imní fós ann a bhaineann le cáilíocht a sócmhainní den chuid is mó. Tháinig laghdú breise ar chóimheas iasachta neamhthuillmhí go 4.8 % in 2021 ach tá sé fós i bhfad os cionn mheán an Aontais. Tá an cóimheas iasachtaí tearcfheidhmiúla(céim 2) agus iasachtaí staonta fós ard, rud a mhéadaigh tar éis na paindéime. Chuaigh an moratóir iasachtaí príobháideacha in éag i mí na Nollag 2021 amháin. Cé go bhfuil cóimheas caipitil leibhéal 1 i bhfad os cionn mheán an Aontais, tá an toradh ar chothromas íseal.

Graf 3.2.1: **Graif roghnaithe: An Bhulgáir**



Foinse: Ameco, Eurostat agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.2.1: **Príomhtháscairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Bhulgáir**

	Tairseacha	Tagarmharc	Tagarmharc	2019	2020	2021	réamhaisnéis 2022	réamhaisnéis 2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			2.0	0.9	0.5	-0.6	-1.6
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		-0.8 (1)	-4.0 (2)	1.9	0.0	-0.5	-1.2	-3.0
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-37.2 (3)	-20.9 (4)	-30.2	-26.1	-18.4	-13.7	-13.3
NIENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				40.2	47.9	49.8		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9% (limistéar euro) 12% (limistéar neamh-euro)			20.4	19.9	16.4	26.9	25.5
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				3.1	9.0	3.6	12.3	7.8
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			4.6	7.1	3.8	4.6	-1.6
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				0.0	2.9	0.8	1.0	-3.5
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 5 bliana)	-6%			15.1	15.7	12.2	10.6	9.2
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 1 bhliain)				2.7	-0.7	5.0	3.1	-1.1
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			90.7	92.5	84.4	80.0	75.2
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			5.6	3.6	4.4	7.1	6.0
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		78.6 (6)	28.5 (7)	23.0	24.4	24.9	24.1	25.5
Fiachas corparáide neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		105.3 (6)	52.0 (7)	67.7	68.1	59.5	55.9	49.7
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			3.9	5.2	2.5 p	0.9	0.5
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		-0.5 (8)		6.0	4.6	8.7	9.3	5.3
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			20.0	24.5	23.9	22.5	23.6
Fiachas ginearálta rialtais (% de OTI)				2.1	-3.8	-3.9	-3.4	-2.8
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndilteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			5.2	10.6	9.5	2.6	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				11.2	4.9	8.8		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		18.4	22.0	22.0		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				6.5e	5.9e	4.8p	4.3	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			6.2	5.8	5.5	5.5	5.2
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		4.9 (10)		5.2	6.1	5.3	5.2	5.2
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			4.5	0.9	0.6	0.6	1.7
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-2.1	-1.2	-1.0		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-8.3	1.3	-0.1		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.3. AN tSEICIA

Is ann go fóill don imní sa tSeicia maidir le hiomaíochas costais agus forbairtí ar phraghsanna tithe a bhí annroimh phaindéim COVID-19. Tá méadú breise le teacht ar chostais ainmniúla aonad saothair, tá luachmhéadú ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír ar bun agus tá an croí-bhoilsciú an-ard i gcomparáid le piaraí na Seicia sa limistéar euro. Bhí an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe orthu sin ba mhó san Aontas, agus meastar go ndéantar ró-luacháil ar phraghsanna tithe.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann cheana, ní dhearna an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus níor sainaithníodh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le haghaidh na Seicia. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar leochaileachtaí nua atá ag teacht chun cinn agus ar na himpleachtaí atá acu i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh na Seicia.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 2.5 % in 2022 agus 0.1 % in 2023. Tá an boilsciú an-ard faoi láthair i gcomparáid le comhpháirtithe trádála na Seicia sa limistéar euro, agus tá beartas sriantach airgeadaíochta ann. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, mhéadaigh sé go 17.8 % i mí Mheán Fómhair, agus d'ardaigh an príomhráta beartais airgeadaíochta go 7 %. Measadh gurbh éard a bhí sa chroí-bhoilsciú 13.7 % i mí Mheán Fómhair. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na Seicia go ndeachaigh dhá tháscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin fás ainmniúil faoi chostas aonad saothair agus fás iarbhír faoi phraghsanna tithe. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Tá ábhair imní maidir le **hinbhuanaitheacht sheachtrach** teoranta i gcónaí. Tar éis 7 mbliana barrachais, athraíodh iarmhéid ar chuntas reatha go heasnamh 0.8 % de OTI in 2021, rud a bhí spreagtha ag barrachas earraí laghdaithe de bharr allmhairí a bheith ag dul i méid, agus costas fuinnimh níos airde. Tuartar go méadóidh an t-easnamh, mar go léiríonn sonraí na bliana seo laghdú breise ar chomhardú na n-earraí. Mar sin féin, tháinig tuilleadh feabhais ar an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (NIIP) lagdhiúltach, ach tuartar go dtiocfaidh meath beag air sin amach anseo. Tá an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta gan ionstraimí neamh-mhainneachtana dearfach agus mór.

- B'ábhar imní é **an t-iomaíochas costais** roimh phaindéim COVID-19 agus tá sé fós ina ábhar imní. Tá méadú mór ag teacht ar chostais ainmniúla aonad saothair le blianta beaga anuas, agus margadh saothair daingean ann. Tar éis maolú sealadach in 2021, meastar go mbeidh an fás faoin gcostas aonad saothair ard arís in 2022 agus in 2023. Tháinig luachmhéadú ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021 agus tá luachmhéadú ar bun in 2022 chomh maith. Chuir an difreálach boilscithe agus neartú an ráta malairte iarbhír ainmniúil i leith an limistéir euro leis an méadú sin.

- Is ábhar imní go fóill é an fás an-mhór faoi **phraghsanna tithe**. Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ó 8.5 % in 2020 go 19.7 % in 2021, fás atá orthu sin is tapa san Aontas. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, méadaíodh an fás faoi phraghsanna tithe go 23.1 % sa dara ráithe de 2022. Measadh go ndearnadh ró-luacháil 25 % ar phraghsanna tithe in 2021. Tháinig méadú mór freisin ar chreidmheas morgáiste in 2021, lena n-áirítear iasachtaí nua agus coinne le géarú airgeadaíochta ann. Rinneadh an treocht sin a aisiompú in 2020 tar éis bearta diana macrastuamachta a thabhairt isteach agus mhéadaigh rátaí morgáiste go mór. D'fhan an cóimheas idir fiachas teaghlaigh agus OTI gan athrú ach bhí sé fós faoi bhun tagarmharcanna.

- **Tá rioscaí a bhaineann le fiachas** rialtais sách íseal fós. Tá an cóimheas idir fiachas rialtais agus OTI fós réasúnta íseal, cé gur mhéadaigh sé go 42 % in 2021 agus tuartar go leanfaidh sé de bheith ag méadú beagán. Laghdaigh an t-easnamh rialtais go 5.1 % in 2021 agus tuartar go

leanfaidh sé de bheith ag feabhsú amach anseo. Thairis sin, tá na rioscaí fadtéarmacha maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach ard mar gheall ar aosú an daonra.

- Tá an **earnáil baincéireachta** cobhsaí agus athléimneach. Tá na bainc caipitlithe go maith agus tá a mbrabúsacht ard. Tá an cóimheas iasachta neamhthuillmhí íseal go fóill. D'fhéadfadh méadú mór ar rátaí iasachtaithe na méideanna iasachta atá sách ard a laghdú agus cur le roinnt ceartúchán ar phraghsanna tithe.

Graf 3.3.1: **Graif roghnaithe: An tSeicia**



Foinse: Eurostat agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.3.1: **Príomhtháscairí eacnamaíocha agus airgeadais, an tSeicia**

	Tairseacha	Tagarmharc	Tagarmharc.	2019	2020	2021	réamhaisnéis 2022	2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			0.8	0.9	0.5	-1.0	-3.5
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		0.8 (1)	-2.9 (2)	0.3	2.0	-0.8	-4.1	-5.4
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-64.0 (3)	6.5 (4)	-19.8	-16.3	-15.6	-17.1	-15.8
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				30.2	37.3	36.4		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			14.5	18.7	13.9	15.2	15.0
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				4.3	7.3	1.8	5.5	7.1
Fíor-ráta malairte éifeachtach – 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			8.7	5.6	5.0	8.7	7.5
Fíor-ráta malairte éifeachtach – 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				0.3	0.7	3.9	3.9	-0.3
Sciar den mhargadh onnmhairíochta – % d'onnmhairí an domhain (athrú 5 bliana)	-6%			4.8	8.1	-1.1	-1.6	-2.4
Sciar den mhargadh onnmhairíochta – % d'onnmhairí an domhain (athrú 1 bhliain)				-1.0	2.4	-4.5	0.7	0.1
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			78.6	81.7	78.8	74.9	69.4
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			1.4	0.6	2.9	5.9	5.6
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		62.8 (6)	46.3 (7)	31.5	33.9	34.4	34.1	33.7
Fiachas corparáide neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		88.5 (6)	63.1 (7)	47.1	47.8	44.4	40.8	35.7
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			6.2	5.4	16.4	3.8	-4.4
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		25.3 (8)		9.2	8.5	19.7	15.1	2.8
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% d'Olltáirgeacht Intíre)	60%			30.0	37.7	42.0	42.9	44.2
Fiachas ginearálta rialtais (% de OTI)				0.3	-5.8	-5.1	-4.3	-4.1
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			4.6	4.8	7.9	0.2	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				13.9	6.7	10.6		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		18.2	20.3	19.8		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				1.7e	1.9e	1.7p	1.4	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			2.4	2.3	2.5	2.7	2.9
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		2.7 (10)		2.0	2.6	2.8	2.7	3.3
Ráta gníomhaíochta – % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			1.7	0.5	0.0	-1.7	-0.9
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí – % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-1.1	-0.4	0.1		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige – % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-4.9	0.1	1.5		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.4. AN DANMHAIRG

Sa Danmhairg, tá fás ard faoi phraghsanna tithe agus faoi fhiachas príobháideach, cé go bhfuil na rioscaí gaolmhara teoranta de réir cosúlachta. Tá barrachas an chuntais reatha measartha mór. Bhí an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe orthu sin ba mhó san Aontas agus meastar go ndéantar ró-luacháil mheasartha ar phraghsanna tithe. Tá na cóimheasa idir fiachas corparáideach teaghlaigh agus OTI agus idir fiachas neamhairgeadais agus OTI ard agus os cionn an tagarmhairc stuamachta agus tagarmhairc bhunúsaigh araon, ach tá siad ag laghdú.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, ní dhearna an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus níor sainaithníodh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le haghaidh na Danmhairge. I mbliana, ní mheasann an Coimisiún gur gá mionanailís bhreise a dhéanamh ar an Danmhairg.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 3.0 % in 2022 agus 0 % in 2023. Tá an boilsciú ard, mar aon le géarú mór ar an mbeartas airgeadaíochta. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú ar an mboilsciú go 11.1 % i mí Mheán Fómhair, agus meastar gurb éard atá sa chroí-bhoilsciú 5.2 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na Danmhairge go ndeachaigh trí tháscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin an t-iarmhéid ar chuntas reatha, fás iarbhír faoi phraghsanna tithe agus fiachas na hearnála príobháidí. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Baineann saincheisteanna na **hearnála seachtraí** le barrachas an-ard sa chuntas reatha, rud a mhéadaigh go 9 % de OTI in 2021. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an mbarrachas in 2022, ach go bhfanfaidh sé go soiléir os cionn uastairseach an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, de réir mar a théann iarmhéideanna na seirbhísí chun nirt. Mar thoradh ar bharrachais charntha, tá staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (NIIP) ard ann a shroich 77 % de OTI in 2021, cé go dtuartar go dtiocfaidh laghdú air amach anseo. Gineann an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta mhór glanioncam príomha dearfach, rud a threisíonn barrachas mór an chuntais reatha.

- Tá imní theoranta ann fós faoin **iomaíochas costais**. Tháinig méadú beag ar chostais ainmniúla aonad saothair in 2021 agus tuartar go leanfaidh siad de bheith ag méadú níos mó fós in 2022 agus 2023. Tháinig meath beag ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig dímheas air faoi mhí Lúnasa 2022.

- **Tá an fiachas corparáideach neamhairgeadais (NFC)** ard, agus tháinig méadú measartha air go 110.4 % de OTI in 2021. Tá sé fós os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bhunúsaigh. Tá sreafaí creidmheasa NFC in % de OTI ard ach tháinig laghdú orthu sa dara ráithe de 2022.

- Tá an cóimheas idir **fiachas teaghlaigh** agus OTI fós ar an gcóimheas is airde san Aontas agus tá sé os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmharc bunaithe ar bhuntosca araon. Mar sin féin, tá laghdú tagtha air in 2021 agus lean sé de bheith ag laghdú sa chéad leath de 2022, toisc go bhfuil glansreafaí creidmheasa measartha i gcónaí. Meastar fós go dtacóidh OTI ainmniúil leis an díghiaráil in 2022. Tá an fiachas neamhthuillmheach teaghlaigh fós íseal. Tá rátaí comhlúthacha ag thart ar leath na morgáistí nó socraítear suas le 5 bliana iad.

- Is ábhar imní go fóill é an **fás an-mhór faoi phraghsanna tithe.** Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ó 5.1 % go 11.7 % in 2021, fás atá orthu sin is tapa san Aontas. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig luasmhoilliú faoin bhfás faoi phraghsanna tithe go 2.8 % sa dara ráithe de 2022. Measadh go ndearnadh ró-luacháil 20 % ar phraghsanna tithe in 2021.

Graf 3.4.1: **Graif roghnaithe: An Danmhairg**



Foinse: Eurostat, BCE agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.4.1: **Príomhtháscairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Danmhairg**

	Tairseacha	Tagarmharc	Tagarmharc	2019	2020	2021	réamhaisnéis 2022	réamhaisnéis 2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			7.9	7.9	8.5	7.9	7.7
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		1.1 (1)	2.7 (2)	8.5	7.9	9.0	6.7	7.4
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-91.7 (3)	19.9 (4)	77.7	70.0	77.0	71.7	80.6
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				29.0	32.6	32.1		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			3.4	6.7	6.1	8.9	8.6
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				1.9	3.5	0.6	4.6	3.2
Físor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			-0.2	0.9	-1.1	-4.9	-8.7
Físor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-1.8	1.5	-0.9	-5.5	-2.5
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 5 bliana)	-6%			1.7	10.6	6.5	8.7	9.3
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 1 bhliain)				2.3	6.6	-2.3	1.5	1.0
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			221.2	221.3	214.7	212.2	206.9
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			10.5	5.0	12.3	10.4	13.6
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		69.7 (6)	93.7 (7)	110.6	111.9	104.3	100.5	97.8
Fiachas corparáide neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		96.2 (6)	99.6 (7)	110.6	109.4	110.4	111.7	109.1
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			1.4	4.7	9.5	-6.3	-1.6
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		20.0 (8)		2.4	5.1	11.7	1.1	-0.7
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% d'Ollt.áirgeacht Intíre)	60%			33.7	42.2	36.6	33.7	32.8
Fiachas ginearálta rialtais (% de OTI)				4.1	0.2	3.6	1.8	0.5
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			13.4	5.6	11.7	0.3	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				8.7	4.5	8.2		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		18.0	19.1	18.7		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				1.9e	1.9e	1.8p	1.5	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			5.3 b	5.2	5.2	5.1	5.0
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		4.7 (10)		5.0	5.6	5.1	4.5	5.5
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			1.6 b	1.1 b	1.4	3.0	2.6
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-0.4	-0.3	0.0		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-2.1	-0.8	0.3		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.5. AN GHEARMÁIN

Tá laghdú substaintiúil tagtha le déanaí ar bharrachas mór chuntas reatha na Gearmáine, mar thoradh ar mheathlú ar théarmaí trádála mar thoradh ar an suaitheadh díobhálach seachtrach. Go dtí go luath in 2022, bhí an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe orthu sin ba mhó san Aontas, agus meastar go ndéantar ró-luacháil ar phraghsanna tithe. D'fhéadfadh croí-bhoilsciú agus méaduithe pá sa Ghearmáin athchothromú sa limistéar euro a éascú.

Sa bhabhtaden nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus tháinig ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ann sa Ghearmáin. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar mharthanacht leochaileachtaí nó ar an gcaoi a bhfuil deireadh á chur leis na leochaileachtaí i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh na Gearmáine.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 1.6 % in 2022 agus -0.6 % in 2023. Agus é ag 11.6 % i gcomparáid leis an mbliain seo caite, bhí an boilsciú ard agus ag méadú i mí Dheireadh Fómhair, cé go raibh sé níos ísle ná mar atá ann i bhformhór thíortha an limistéir euro, agus meastar go raibh an croí-bhoilsciú ag 5.1 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na Gearmáine go ndeachaigh trí thráscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin an t-iarmhéid ar chuntas reatha, fás iarbhír faoi phraghsanna tithe agus an fiachas rialtais. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Tháinig méadú beag ar **bharrachas an chuntais reatha**, go 7.4 % de OTI in 2021, rud atá nasctha le hinfheistíocht lag phríobháideach agus phoiblí d'ainneoin coinníollacha fabhracha maoiniúcháin. In 2022, tá an barrachas sa chuntas reatha le laghdú go mór faoi bhun 6 % de OTI den chéad uair ó bhí 2010 ann. Léiríonn an laghdú sin an méadú mór ar phraghsanna fuinnimh agus meath gaolmhar ar théarmaí trádála, éileamh intíre atá réasúnta athléimneach agus fás fardail. Tuartar go dtiocfaidh méadú ar an mbarrachas arís in 2023, ach go bhfanfaidh sé go mór faoi bhun 6 % de OTI.

- D'fhéadfadh forbairtí ar an **iomaíochas costais** athchothromú an limistéir euro a éascú. D'ainneoin an mhargaidh saothair dhocht, níor tháinig mórán méadaithear an bhfás faoi chostas ainmniúil aonad saothair, ach tuartar go dtiocfaidh méadú air in 2022 agus in 2023. Tháinig meath ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2022.

- Is ábhar imní go fóill é an fás faoi **phraghsanna tithe**. Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ó 7.8 % go 11.5 % in 2021, fás atá orthu sin is tapa san Aontas. Tháinig borradh breise faoi phraghsanna ainmniúla tithe agus shroich siad 10.2 % i gcomparáid leis an mbliain seo caite sa dara ráithe de 2022, agus níor tháinig aon athrú ar an gcóimheas idir praghas agus ioncam, den chuid is mó. Measadh go ndearnadh ró-luacháil 21 % ar phraghsanna tithe in 2021.

- Tá rioscaí **fiachais rialtais** fós faoi smacht. Sháraigh an cóimheas idir fiachais rialtais agus OTI tairseach tháscach an scórchláir de 60 % de OTI, rud a d'ardaigh go 68.6 % in 2021. Tuartar go dtiocfaidh laghdú ar an méid sin as seo amach, agus meastar go bhfuil rioscaí measartha inbhuanaitheachta fioscaí ann san fhadtéarma. Laghdaigh an t-easnamh fioscach go 3.7 % de OTI in 2021, arb ionann é agus easnamh níos lú ná meán an limistéir euro. Tuartar go leanfar den chúngú in 2022, ach go leathnófar é in 2023.

Graf 3.5.1: **Cairteacha roghnaithe: An Ghearmáin**



Foinse: Eurostat agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.5.1: **Príomhtháscairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Ghearmáin**

	Tairseacha	Tagarmharc	Tagarmharc	2019	2020	2021	réamhaisnéis 2022	réamhaisnéis 2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			7.8	7.5	7.3	6.0	5.2
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		1.9 (1)	2.9 (2)	7.6	7.0	7.4	3.7	4.6
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-83.3 (3)	25.1 (4)	58.5	64.1	70.7	76.8	76.4
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				51.0	54.9	54.6		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			8.1 p	10.3 p	7.4 p	8.3	11.0
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				3.3 p	3.4 p	0.6 p	4.1	6.0
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			2.0	2.4	0.5	-2.3	-5.5
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-1.5	1.4	0.8	-4.3	-2.0
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 5 bliana)	-6%			-1.2	0.3	-5.3	-7.0	-7.3
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 1 bhliain)				-1.9	2.1	-3.6	-2.4	-1.7
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			112.7 p	121.2 p	120.4 p	120.2	111.3
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			6.4 p	6.4 p	5.7 p	7.7	5.2
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		52.8 (6)	65.9 (7)	53.4	57.0	56.7	56.1	55.2
Fiachas corparáide neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		76.9 (6)	80.6 (7)	59.3	64.2	63.7	64.1	56.1
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			4.4	7.1	8.2 p	4.6	-0.9
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		20.5 (8)		5.8	7.8	11.5p	8.2	2.2
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			58.9	68.0	68.6	67.4	66.3
Fiachas ginearálta rialtais (% de OTI)				1.5	-4.3	-3.7	-2.3	-3.1
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			7.3	11.4	7.2	9.7	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				2.1	2.2	4.0		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		15.5	16.0	15.7		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				1.2e	1.2e	1.1p	1.0	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			3.3	3.3 b	3.4 b	3.5	3.4
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		3.3 (10)		3.0	3.7 b	3.6	3.1	3.5
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			1.3	0.3 b	1.2	1.5	1.9
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-0.5	-0.4 b	-0.2		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-1.3	0.8 b	0.3		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.6. AN EASTÓIN

San Eastóin, tá an imní a bhaineann le hiomaíochas costais ag dul i méid. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an bhfás faoi chostas ainmniúil aonad saothair, agus tá an croí-bhoilsciú ard i gcomparáid le piaraí na hEastóine sa limistéar euro. Tá an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe orthu sin is mó san Aontas agus meastar go ndéantar ró-luacháil mheasartha ar phraghsanna tithe.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, ní dhearna an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus níor sainaithníodh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le haghaidh na hEastóine. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar leochaileachtaí nua atá ag teacht chun cinn agus ar na himpleachtaí atá acu i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh na hEastóine.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI -0.1 % in 2022 agus 0.7 % in 2023. Tá an boilsciú ard, fiú i gcomparáid le comhpháirtithe trádála na hEastóine sa limistéar euro. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig laghdú air go 22.4 % i mí Dheireadh Fómhair, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú i mí Mheán Fómhair 12.5 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na hEastóine go ndeachaigh cúig tháscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin fás faoi chostas ainmniúil aonad saothair, fás iarbhír faoi phraghsanna tithe, fás faoi dhliteanais san earnáil airgeadais, athrú ar an ráta gníomhaíochta agus athrú ar an dífhostaíocht i measc na hóige. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Tá ábhair imní maidir le **hinbhuanaitheacht sheachtrach** teoranta i gcónaí. Cé gur taifeadadh easnamh 1.8 % de OTI in 2021 san iarmhéid ar chuntas reatha, meastar go n-athróidh sé ina bharrachas beag in 2022 agus go bhfeabhsófar a thuilleadh é amach anseo. Tá an t-easnamh rialtais laghdaithe go 2.4 % de OTI in 2021, agus tuartar go bhfanfaidh sé gan athrú den chuid is mó in 2022, ach go dtosóidh sé ag leathnú in 2023. Tá an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (NIIP) diúltach, ach tháinig feabhas air in 2021. Tar éis meath sealadach in 2022, tuartar go leanfaidh sé de bheith ag feabhsú in 2023. Ós rud é gurb ionann stoc carntha IDC agus an chuid is mó de na dliteanais, tá NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana deimhneach agus ard.

- Tá an imní atá ann faoin **iomaíochas costais** ag méadú. Tháinig méadú ar chostais ainmniúla aonad saothair in 2021 agus tuartar go dtiocfaidh méadú mór orthu in 2022 agus in 2023, i gcomhthéacs na méaduithe arda ar phá ainmniúil san Eastóin nach bhfuil ag teacht leis an táirgiúlacht. Tháinig luachmhéadú ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021 agus beidh luachmhéadú níos láidre ann in 2022.

- Is ábhar imní go fóill é an **fás mór faoi phraghsanna tithe.** Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ó 6 % in 2020 go 15.1 % in 2021, fás atá orthu sin is mó san Aontas le cúpla ráithe anuas agus a shroich 27.4 % sa dara ráithe de 2022. Is ábhar imní é maidir le inacmhainneacht go bhfuil an cóimheas idir praghsanna agus ioncam orthu sin is airde san Eoraip. Measadh go ndearnadh ró-luacháil 7 % ar phraghsanna tithe in 2021.

- Tá **an cóimheas idir fiachais teaghlaigh** agus OTI gar don tagarmharc bunaithe ar bhuntosca agus faoi bhun na tairsí stuamachta. Bhí glansreafaí creidmheasa chuig teaghlaigh measartha suas go dtí 2021, agus iad thart ar 2 % de OTI. Cé go bhfuil méadú gar do 4 % de OTI tagtha ar ghlansreafaí creidmheasa in 2022, lean an cóimheas idir fiachais agus OTI de bheith ag laghdú sa chéad leath de 2022.

- Tháinig laghdú ar an **ráta dífhostaíochta** go 6.2 % in 2021 agus tuartar go dtiocfaidh laghdú beag air in 2022, ach go dtiocfaidh méadú air in 2023. Tháinig laghdú ar an ráta gníomhaíochta

in 2021, rud atá fós ina léiriú ar shrianta paindéime; tá sé le feabhsú arís as seo amach. Tá an dífhostaíocht i measc na hóige ardaithe fós, cé gur tháinig laghdú uirthi.

Graf 3.6.1: **Graif roghnaithe: An Eastóin**



Foinse: Eurostat, BCE (BSI) agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.6.1: **Príomhtháscairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Eastóin**

	Tairseacha	Tagarmharc	Tagarmharc.	2019	2020	2021	réamhaisnéis 2022	réamhaisnéis 2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			1.8	0.8	-0.1	-0.8	-0.2
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		-0.6 (1)	-2.6 (2)	2.4	-1.0	-1.8	0.4	0.7
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-61.6 (3)	-14.3 (4)	-22.6	-21.9	-13.0	-18.4	-14.2
NIENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				31.0	41.5	39.9		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			15.8	15.7	10.7	19.5	25.2
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				4.7	3.9	1.8	12.9	8.8
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			6.1	5.3	1.9	0.0	-3.5
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				0.0	0.7	1.2	-2.1	-2.9
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 5 bliana)	-6%			1.7	16.4	17.8	19.4	16.0
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 1 bhliain)				2.6	4.8	7.8	1.2	-1.1
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			98.9	101.4	95.3	91.3	81.5
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			3.4	3.0	6.5	7.8	3.9
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		87.8 (6)	38.2 (7)	38.6	40.7	37.8	37.3	37.5
Fiachas corparáide neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		111.8 (6)	61.0 (7)	60.3	60.7	57.5	54.0	44.0
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			4.4	7.0	10.4	1.3	-0.6
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		6.9 (8)		7.0	6.0	15.1	20.8	7.0
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			8.5	18.5	17.6	18.7	19.3
Fiachas ginearálta rialtais (% de OTI)				0.1	-5.5	-2.4	-2.3	-3.7
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			11.6	17.3	17.5	1.5	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				8.3	7.4	9.5		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		25.7	27.0	23.3		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				1.6e	1.6e	1.1p	1.0	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			5.2	5.6	5.9	6.4	6.3
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		6.2 (10)		4.5	6.9	6.2	6.1	6.6
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			1.3	0.4	-0.2	4.8	2.0
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-1.3	-0.8	0.3		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-2.4	6.2	4.7		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.7. ÉIRE

In Éirinn, tá na cóimheasa idir fiachas seachtrach agus OTI, idir fiachas teaghlaigh agus OTI, idir fiachas corparáideach neamhairgeadais agus OTI agus idir fiachas rialtais agus OTI ard ach leanann siad de bheith ag laghdú go mór. Mar thoradh air sin, is cosúil go bhfuil an imní a bhaineann leis teoranta i gcónaí. Bíonn tionchar ag fiontair ilnáisiúnta ar chóimheasa fiachais in Éirinn. Tá borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe agus is ábhar imní é an inacmhainneacht tithíochta.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus tháinig ar an gconclúid nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ann in Éirinn a thuilleadh. I mbliana, ní mheasann an Coimisiún gur gá mionanailís bhreise a dhéanamh ar Éirinn.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 7.9 % in 2022 agus 3.2 % in 2023. Tá boilsciú ard ann. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú air go 9.6 % i mí Dheireadh Fómhair, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú i mí Mheán Fómhair 5.1 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na hÉireann go ndeachaigh ceithre thráscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad an t-iarmhéid ar chuntas reatha, an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta, fiachas na hearnála príobháidí agus fás faoi dhliteanais san earnáil airgeadais. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- **Tháinig laghdú substaintiúil ar an inbhuanaitheacht sheachtrach** le blianta beaga anuas. Tá an earnáil sheachtrach an-bhoilscithe ag gníomhaíochtaí cuideachtaí ilnáisiúnta. Tá barrachas láidir 14.2 % de OTI taifeadta sa chuntas reatha in 2021 agus tuartar go dtiocfaidh méadú breise air in 2022. D'fhan barrachas an chuntais reatha arna cheartú le haghaidh thionchar na bhfiontar ilnáisiúnta fós ard in 2021. Tháinig feabhas ar an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (NIIP) go -145.5 % de OTI in 2021. Tuartar go dtiocfaidh feabhas leanúnach ar NIIP don chéad 2 bhliain eile.

- **Tá fiachas corparáideach neamhairgeadais** ard, ach tá sé ag laghdú leis. Laghdaigh sé go measartha, go 138 % de OTI, nó 252 % den ollioncam náisiúnta (OIN) modhnaithe in 2021. Tháinig laghdú ar an gcóimheas fiachais chorparáidigh neamhairgeadais sa chéad leath de 2022, ach tá tosca riosca ann a bhaineann leis an timpeallacht mhaicreacnamaíoch. Tá sé os cionn an na tairsí bunúsaí agus na tairsí stuamachta araon, cé go laghdaítear rioscaí mar gheall ar an sciar ard d'iasachtú trasteorann inghrúpa san fhiachas corparáideach. Tá sciar na n-iasachtaí corparáideacha atá ainmnithe in airgeadra eachtrach (12 %) ar cheann de na sciartha is airde i measc thíortha an limistéir euro ach baineann sé le láithreacht na bhfiontar ilnáisiúnta. Tá an cóimheas idir **fiachais teaghlaigh** agus OTI réasúnta íseal agus tá sé ag laghdú leis. Tá sé faoi bhun na dtagarmharcanna, ach tá rómheastachán á dhéanamh ar OTI na hÉireann mar gheall ar ghníomhaíochtaí cuideachtaí ilnáisiúnta. Mar sciar d'ollioncam intíre teaghlaigh, tháinig laghdú mór ar fhiachas teaghlaigh ach tá sé fós gar do 100 %. Tá sciar na n-iasachtaí morgáiste ar ráta comhlúthach sách íseal, agus é ag 20 % in 2021.

- Tá an imní faoi fhorbairtí ar **phraghsanna tithe** ag méadú. Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ó 0.3 % go 8.3 % in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, bhí an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ag 14.4 % sa dara ráithe de 2022. Is ábhar imní é maidir le inacmhainneacht go bhfuil an cóimheas idir praghsanna agus ioncam orthu sin is airde san Eoraip. Ní léirítear leis an méadracht bearna luachála ó sheirbhísí an Choimisiúin, áfach, go bhféadfadh sé go mbeadh ró-luacháil ann ar phraghsanna tithe.

- Tá an **earnáil baincéireachta** cobhsaí ar an iomlán. Tá na bainc dea-chaipitlithe agus tá méadú tagtha ar an mbrabúsacht in 2021, cé go raibh sé fós íseal i gcomparáid le piaraí na hÉireann san Eoraip. Lean iasachtaí neamhthuillmheacha de bheith ag laghdú, fiú má tá

neamhchosaintí iasachta tearcfheidhmiúla (chéim 2), go háirithe i leith contrapháirtithe neamhairgeadais, fós sách ard. Tá earnáil airgeadais neamhbhaincéireachta na hÉireann an-mhór, ach níl sí idirnasctha ach go fánach leis an ngeilleagar intíre.

- Tá na**rioscaí a bhaineann leis an gcóimheas idir fiachais rialtais** agus OTI sách íseal. Tháinig laghdú air go 55.4 % in 2021 agus tuartar go leanfaidh sé de bheith ag titim go láidir in 2022. I gcodarsnacht leis sin, tá an fiachas rialtais i gcoibhneas le OIN fós mór, ag thart ar 100 %. Tuartar go mbeidh barrachas beag ag comhardú an rialtais in 2022 agus tuartar go leanfaidh sé de bheith ag feabhsú. Tá rioscaí measartha ann maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach san fhadtéarma.

Graf 3.7.1: **Graif roghnaithe: Éire**



Foinse: Eurostat, BCE (BSI) agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.7.1: **Príomhthascairí eacnamaíocha agus airgeadais, Éire**

	Tairseacha	*"eagarmharc"eagarmharc		2019	2020	2021	réamhaisnéis 2022	2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			-4.7	-7.2	-4.2	8.5	16.9
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		4.3 (1)	-4.9 (2)	-19.8	-6.8	14.2	18.2	18.3
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-159.0 (3)	17.0 (4)	-193.4	-177.0	-145.5	-121.4	-93.7
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				-282.6	-294.4	-335.1		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			-3.9	-6.3	-7.9	-10.0	-1.7
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				1.3	-5.1	-4.2	-1.0	3.6
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			-1.4	-1.2	-2.6	-6.1	-7.2
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-2.7	0.3	-0.1	-6.3	-0.9
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	-6%			73.1	51.5	39.9	47.3	41.3
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 1 bhliain)				9.7	23.2	-4.0	6.8	1.9
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			209.3 p	187.3 p	168.1 p	149.4	144.0
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			-9.6 p	-3.6 p	2.6 p	7.2	13.2
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		74.6 (6)	44.9 (7)	38.6p	34.4p	29.7p	24.6	22.9
Fiachas corparáideach neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		112.8 (6)	42.0 (7)	170.7	152.9	138.4	124.8	121.1
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			0.5	-0.5	4.2	5.5	0.4
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		-11.5 (8)		2.3	0.3	8.3	12.5	12.7
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			57.0	58.4	55.4	44.7	41.2
Iarmhéid ginearálta rialtais (% de OTI)				0.5	-5.0	-1.7	0.2	0.8
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			15.4 p	7.4 p	18.8 p	2.1	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				3.7	-2.2	4.5		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		22.3	22.3	22.2		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				3.4e	3.4e	2.4p	2.0	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			5.8	5.6	5.7	5.5	5.1
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		5.1 (10)		5.0	5.9	6.2	4.4	4.8
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			0.6	-1.8	1.8	1.6	3.5
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-2.6	-1.6	-0.3		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar	2 pp			-4.3	1.4	0.7		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.8. AN GHRÉIG

Sa Gréig, tá imní ann go fóill faoin gcóimheas idir an fiachas seachtrach agus OTI agua faoin gcóimheas idir fiachas rialtais agus OTI, cé gur lean siad de bheith ag laghdú tar éis ghéarchéim COVID-19. Tá an t-easnamh sa chuntas reatha ag méadú i gcónaí agus tuartar go bhfanfaidh sé mór. Tá imní fós ann faoin earnáil baincéireachta, earnáil lena ngabhann ualach ard stoc d'iasachtaí neamhthuillmheacha, cé go bhfuil laghdú mór tagtha ar an stoc sin. Tá laigí fós ann i margadh an tsaothair, d'ainneoin feabhsuithe suntasacha.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus tháinig ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha ann sa Ghréig. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar mharthanacht leochaileachtaí iomarcacha nó ar an gcaoi a bhfuil deireadh á chur leis na leochaileachtaí i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh na Gréige.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 6 % in 2022 agus 1 % in 2023. Tá boilsciú ard ann. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig laghdú air go 9.8 % i mí Dheireadh Fómhair, agus meastar gurb éard atá sa chroí-bhoilsciú 6.9 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na Gréige go ndeachaigh sé tháscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin an t-iarmhéid ar chuntas reatha, an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta, fás iarbhír faoi phraghsanna tithe, fiachas rialtais, athrú ar an dífhostaíocht agus athrú ar an ráta gníomhaíochta. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Is ábhar imní fós í an **inbhuanaitheacht sheachtrach**. Tháinig méadú ar an easnamh sa chuntas reatha, go 6.8 % de OTI in 2021. Meastar go bhfeabhsóidh an séasúr láidir turasóireachta an comhardú seirbhísí agus i bpáirt, ach níor cheart go ndéanfadh sé comhordú na trádála in earraí atá ag dul in olcas, lena n-áirítear fuinneamh, a fhritháireamh go hiomlán. Tuartar go leathnóidh an t-easnamh sa chuntas reatha in 2022 agus go bhfanfaidh sé i bhfad níos airde ná na leibhéil a bhí ag gabháil leis roimh an bpaindéim. Fanann NIIP mór agus diúltach ag -171.9 % de OTI in 2021, rud atá beagán níos lú ná mar a bhí in 2020, agus tuartar go leanfaidh sé de bheith ag feabhsú. Sciar mór de dhliteanais NIIP is ea fiachas rialtais a shíneann ar théarmaí lamháltais agus ar aibíochtaí fada.

- Tá imní fós ann maidir le cóimheasa idir **fiachas teaghlaigh augs OTI agus idir fiachas corparáideach neamhairgeadais** agus OTI. Tá an dá rud os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bhunúsaigh, ach tá siad ag laghdú leo. Tháinig laghdú ar an gcóimheas idir fiachas teaghlaigh agus fiachas corparáideach neamhairgeadais sa chéad leath de 2022. Tá rátaí comhlúthacha ag baint le níos mó ná leath na morgáistí.

- Tá **fiachas an rialtais** an-ard. Tá an cóimheas idir fiachas rialtais agus OTI ar na cóimheasa is airde san Aontas, cé gur tháinig laghdú 12 phointe céatadáin air in 2021, go 194.5 % de OTI agus meastar go dtiocfaidh laghdú breise air in 2022, faoi bhun leibhéal 2019, agus in 2023. Tá an t-easnamh rialtais mór go fóill, cé gur laghdaigh sé go 7.5 % in 2021 agus tuartar go leanfaidh sé de bheith ag laghdú. Ós rud é go bhfuil fiachas na Gréige i seilbh iasachtóirí oifigiúla den chuid is mó, áirithítear le rátaí úis fabhracha na n-iasachtaí sin go gcoimeádtar srian ar an gcaiteachas úis sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma . Ina theannta sin, tá maolán airgid nach beag fós ag an nGréig, rud a fhágann gur féidir leachtacht a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil agus go laghdaítear na rioscaí tar-rollta. Tá méadú tagtha ar raonta difríochta na mbannaí ceannasacha ach tá siad cobhsaithe anois ag ráta níos airde ná meán an limistéir euro. Tá rioscaí arda ann sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma maidir leis an inbhuanaitheacht fhioscach, ach is meánrioscaí iad san fhadtéarma.

- Tá imní fós ann faoin **earnáil baincéireachta**. Tá ualach fós ar an earnáil baincéireachta, arb é atá ann stoc iasachtaí neamhthuillmheacha, cé go bhfuil sé laghdaithe go mór. Tá rioscaí gaolmhara ann sa gheilleagar, toisc go bhfuil cuid den fhiachas príobháideach leagáide neamhthuillmheach ar chláir chomhardaithe institiúidí airgeadais lasmuigh den earnáil baincéireachta. Le bliain anuas, tá glanchruthú iasachtaí neamhthuillmheacha nua fós ag ráta teoranta, ach tá na hiasachtaí tearcfheidhmiúla(céim 2) agus sciar na n-iasachtaí staonta os cionn mheán an limistéir euro. Tháinig titim an-diúltach ar an mbrabúsacht in 2021 agus tá cóimheas caipitil ghnáthchothromas leibhéal 1 fós orthu sin is ísle san Aontas. Tá fás praghsanna tithe ardaithe fós, ach is fás measartha atá ann go luath in 2022.

- Tá laigí i **margadh an tsaothair** fós ina n-ábhar imní, d'ainneoin feabhsuithe suntasacha. Tháinig laghdú substaintiúil ar an ráta dífhostaíochta, ach tá sé fós ar na rátaí is airde san Aontas, agus é ag 14.7 % in 2021. Táthar ag súil go leanfaidh sé de bheith ag laghdú in 2022 ach nach dtiocfaidh aon athrú air den chuid is mó in 2023. Tá an ráta gníomhaíochta sách íseal, cé gur tháinig méadú air in 2021. Tháinig laghdú ar na rátaí dífhostaíochta i measc na n-óg agus na rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí ach tá siad fós ar na rátaí is airde san Aontas.

Graf 3.8.1: **Graif roghnaithe: An Ghréig**



Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.8.1: **Príomhthascairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Ghréig**

	Tairseacha	Tagarmharc	Tagarmharc	2019	2020	2021	réamhaisnéis 2022	réamhaisnéis 2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			-2.1	-3.7	-5.0	-6.9	-7.1
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		-1.1 (1)	-2.6 (2)	-1.5	-6.6	-6.8	-7.3	-7.4
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-45.7 (3)	-47.6 (4)	-154.1	-173.8	-171.9	-147.3	-143.8
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				-133.5	-155.1	-150.2		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			-1.1	6.2 p	4.0 p	5.3	1.4
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				0.0	7.2 p	-3.1 p	1.3	3.3
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			0.5	0.4	-3.1	-5.0	-9.9
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-2.1	0.4	-1.4	-3.9	-5.0
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 5 bliana)	-6%			3.2	-10.7	9.6	13.3	6.7
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 1 bhliain)				0.7	-19.7	20.1	8.5	1.2
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			110.3	124.9 p	120.7 p	107.6	102.0
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			-1.0	5.1 p	-0.1 p	3.1	4.0
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		33.8 (6)	21.6 (7)	55.9	59.5	55.2	47.3	43.9
Fiachas corparáide neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		62.7 (6)	47.0 (7)	54.4	65.4	65.5	60.3	58.1
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			7.2 e	5.7 e	6.4 e	-0.9	-1.5
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		5.0 (8)		7.2	4.5	7.5	6.0	2.1
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			180.6	206.3	194.5	171.1	161.9
Fiachas ginearálta rialtais (% de OTI)				1.1	-9.9	-7.5	-4.1	-1.8
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			11.6	27.5	14.3	1.9	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				0.7	-7.9	-20.1		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		16.2	15.0	13.6		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				35.5e	26.5e	8.6p	6.8	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			19.8	18.4	16.7	15.0	13.3
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		8.8 (10)		17.9	17.6	14.7	12.6	12.6
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			0.3	-2.9	-0.8	-0.7	1.3
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-4.1	-3.8	-3.3		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-10.7	-6.5	-5.7		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.9. AN SPÁINN

Sa Spáinn, tá imní ann go fóill faoin gcóimheas idir an fiachas teaghlaigh agus OTI, an fiachas corparáideach neamhairgeadais agus OTI, an fiachas rialtais agus OTI agus an fiachas seachtrach agus OTI, cé gur lean siad de bheith ag laghdú tar éis ghéarchéim COVID-19 agus tá an fiachas seachtrach agus príobháideach ag titim go daingean i gcomhthéacs fhás láidir ainmniúil OTI. Tá an cóimheas idir fiachas rialtais agus OTI an-ard agus tá an t-easnamh fioscach suntasach, d'ainneoin feabhas beag a tháinig air. Cé go bhfuil an ráta dífhostaíochta fós ard, tá sé faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim cheana féin agus meastar go bhfanfaidh sé cobhsaí an bhliain seo chugainn.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus tháinig ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ann sa Spáinn. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar mharthanacht leochaileachtaí nó ar an gcaoi a bhfuil deireadh á chur leis na leochaileachtaí i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh na Spáinne.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 4.5 % in 2022 agus 1 % in 2023. Tá boilsciú ard ann. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig laghdú air go 7.3 % i mí Dheireadh Fómhair, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú i mí Mheán Fómhair 4.8 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear i léamh an scórchláir don Spáinn go raibh sé tháscaire in 2021 thar a dtairseacha tháscacha, mar atá an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta, sciar an mhargaidh onnmhairiúcháin, fás ainmniúil ar chostas aonad saothair, fiachas na hearnála príobháidí, fiachas rialtais agus an t-athrú ar dhífhostaíocht. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Tá ábhair imní maidir le **hinbhuanaitheacht sheachtrach** fós ann d'ainneoin roinnt feabhsuithe. Tháinig feabhas substaintiúil ar an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta dhiúltach (NIIP), go -71.5 % de OTI in 2021, go príomha mar gheall ar éifeachtaí láidre dearfacha luachála agus fás ard ainmniúil OTI. Táthar ag súil go leanfaidh NIIP de bheith ag feabhsú, cé go mbeidh sé níos moille. Bhain an feabhas den chuid is mó le NIIP seachas ionstraimí neamh-inmhainneachtana, a bhog ó -52.1 % go -39.7 % de OTI. D'fhan an t-iarmhéid ar chuntas reatha ag barrachas beag, ag 1.2 % de OTI in 2021, ach tuartar go dtiocfaidh laghdú beag air. Meastar go bhfeabhsóidh an séasúr láidir turasóireachta an comhardú seirbhísí agus go ndéanfaidh sé comhardú na trádála in earraí atá ag dul in olcas a fhritháireamh i bpáirt, lena n-áirítear fuinneamh, in 2022.

- Tá roinnt den ábhar imní atá ann maidir le **hiomaíochas costais** teoranta i gcónaí. Tháinig méadú beag ar chostais ainmniúla aonad saothair (ULC) in 2021 agus meastar go dtiocfaidh méadú breise orthu de bharr an mhéadaithe ar an gcroí-bhoilsciú. Tháinig luachmhéadú beag ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021. Tháinig dímheas air i gcomparáid leis an mbliain seo caite, áfach, faoi mhí Lúnasa 2022.

- Tá imní fós ann a bhaineann leis an gcóimheas idir an **fiachas corparáideach neamhairgeadais** agus OTI, ach tá sé ag laghdú leis. Tháinig laghdú beag air, go 80 % in 2021, agus lean sé de bheith ag laghdú sa chéad leath de 2022, ach tá tosca riosca ann a bhaineann leis an timpeallacht mhaicreacnamaíoch. Tá sé os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bhunúsaigh go fóill agus tá sé fós 8 bpointe céatadáin níos airde ná mar a bhí sé in 2019. Tá an cóimheas idir **fiachas teaghlaigh** agus OTI fós os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bunaithe ar bhuntosca ach gar dóibh, agus é ag laghdú leis arís.

- Tá an-imní ann go fóill faoin **bhfiachas rialtais**. Tháinig laghdú beag air in 2021, shroich sé 118.3 % de OTI agus tuartar go dtiocfaidh laghdú air arís in 2022 agus in 2023. Bhí an

t-easnamh rialtais mór go fóill, cé gur laghdaigh sé go 6.9 % in 2021. Tuartar go dtiocfaidh laghdú breise air in 2022 agus 2023. Tá rioscaí inbhuanaitheachta fioscaí ard sa mheántéarma agus meánrioscaí ann san fhadtéarma, mar gheall ar chuid de na costais a bhaineann leis an daonra atá ag dul in aois.

- **Is ábhar imní fós iad laigí i margadh** an tsaothair, d'ainneoin feabhsuithe suntasacha. Tháinig laghdú substaintiúil ar an ráta dífhostaíochta le 10 mbliana anuas, ach tá sé fós orthu sin is airde san Aontas, ag 14.8 % in 2021, go háirithe i measc na n-óg agus na gcodanna fadtéarmacha. Tuartar go dtiocfaidh laghdú air in 2022 ach go bhfanfaidh sé gan athrú den chuid is mó ina dhiaidh sin. Tá an ráta dífhostaíochta i measc na hóige agus an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí orthu sin is airde san Aontas fós, d'ainneoin na titime gasta a bhí ann le déanaí. Baineann athléimneacht mhargadh an tsaothair tairbhe as na hathchóirithe a rinneadh mar chuid den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, lena dtacaítear le margadh an tsaothair i gcomhthéacs an ionchais eacnamaíoch atá ag dul in olcas.

Graf 3.9.1: **Cairteacha roghnaithe: An Spáinn**



Foinse: Eurostat agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.9.1: **Príomhthascairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Spáinn**

							réamhaisnéis	
	Tairseacha	*tagarmharc*	*tagarmharc*	*2019*	*2020*	*2021*	*2022*	*2023*
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			2.3	1.5	1.2	0.8	0.9
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		0.9 (1)	-1.6 (2)	2.1	0.6	1.0	0.9	0.8
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-58.0 (3)	-18.8 (4)	-73.7	-85.7	-71.5	-60.2	-54.9
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				-46.1	-52.1	-39.7		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			5.7	14.3 p	12.3 p	9.8	6.0
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				3.7	8.6 p	-0.3 p	1.4	4.8
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			1.7	1.1	-0.5	-3.2	-6.4
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-1.7	0.7	0.5	-4.3	-2.7
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	-6%			2.3	-7.2	-10.5	0.9	2.1
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 1 bhliain)				-0.9	-10.5	2.0	12.8	0.0
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			129.3	148.1 p	139.1 p	131.8	129.4
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			1.5	4.7 p	2.5 p	3.2	7.2
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		40.8 (6)	46.6 (7)	56.8	62.7	58.4	56.5	55.2
Fiachas corparáideach neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		57.4 (6)	56.6 (7)	72.5	85.4	80.7	75.3	74.2
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilsithe (athrú % 1 bhliain)	6%			4.1	2.2	1.5	-2.3	-2.7
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		11.5 (8)		5.2	2.2	3.7	6.0	0.8
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			98.2	120.4	118.3	114.0	112.5
Iarmhéid ginearálta rialtais (% de OTI)				-3.1	-10.1	-6.9	-4.6	-4.3
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			1.6	9.8	6.6	2.5	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				6.7	-3.5	10.2		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		12.5	13.2	13.3		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				3.1e	2.8e	2.9p	2.7	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			15.5	15.0	14.8 d	14.3	13.4
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		11.8 (10)		14.1	15.5	14.8 d	12.7	12.7
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			-0.4	-1.7	0.0 d	-0.5	1.8
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-4.2	-2.7	-0.2 d		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp	2 pp			-11.9	-0.3	0.5 d		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.10. AN FHRAINC

Sa Fhrainc, tá imní fós ann maidir le hiomaíochas costais agus an cóimheas ard idir fiachas rialtais agus OTI. Ina theannta sin, ba cheart dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhiachas príobháideach ard. Tá an croí-bhoilsciú níos ísle ná mar atá i roinnt mhaith tíortha eile sa limistéar euro. Mar sin féin, is gá i gcónaí dlúthfhaireachán a dhéanamh ar ábhair imní maidir le hinbhuanaitheacht sheachtrach agus maidir le hiomaíochas. Cé go bhfuil laghdú ag teacht air, tá an cóimheas idir fiachas rialtais agus OTI agus easnamh an rialtais fós ard. Tá an fiachas corparáideach neamhairgeadais ag laghdú leis i ndiaidh méadú géar le linn na paindéime.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus tháinig ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ann sa Fhrainc. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar mharthanacht leochaileachtaí nó ar an gcaoi a bhfuil deireadh á chur leis na leochaileachtaí i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh na Fraince.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 2.6 % in 2022 agus 0.4 % in 2023. Tá boilsciú ard ann cé go bhfuil sé níos ísle ná mar atá ann i bhformhór na dtíortha sa limistéar euro. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú air go 7.1 % i mí Dheireadh Fómhair, agus meastar gurb éard atá sa chroí-bhoilsciú 4.1 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na Fraince go ndeachaigh trí thráscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin an t-athrú ar an sciar den mhargadh onnmhairiúcháin, fiachas na hearnála príobháidí agus an fiachas rialtais. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Ní mór dlúthfhaireachán a dhéanamh ar shaincheisteanna **inbhuanaitheachta seachtraí**. D'athraigh an cuntas reatha ina bharrachas beag de 0.4 % de OTI in 2021 agus d'fhill sé ar na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. Tuartar go mbeidh easnamh ann in 2022 agus 2023. Lean NIIP de bheith ag dul in olcas in 2021, go dtí -32.1 % de OTI, arna spreagadh ag iarmhéid diúltach ar chuntas reatha agus ag éifeachtaí luachála. Tuartar go dtiocfaidh feabhsú as seo amach.

- B'ábhar imní é **an t-iomaíochas costais** roimh phaindéim COVID-19 agus tá sé fós ábhartha. Tháinig méadú ar chostais ainmniúla aonad saothair (ULC) in 2021 agus tuartar go dtiocfaidh méadú níos láidre orthu, i gcomhthéacs croí-bhoilsciú níos ísle ná mar atá i bhformhór thíortha eile an limistéir euro. Tháinig meath beag ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig dímheas air faoi mhí Lúnasa 2022.

- D'ainneoin an laghdaithe go 101 % in 2021, tá an cóimheas idir **fiachas corparáideach neamhairgeadais** agus OTI fós ard. Lean an fiachas corparáideach neamhairgeadais de bheith ag laghdú sa chéad leath de 2022. Tá sé os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bhunúsaigh go fóill agus tá sé fós 10 bpointe céatadáin níos airde ná mar a bhí sé in 2019. Tá féichiúnas corparáideach ann in éineacht lemaoláin leachtachta corparáidí atá ard agus ag dul i méid, rud a mhaolaíonn rioscaí.

- Tá an imní atá ann faoi fhorbairtí ar **phraghsanna tithe** ag méadú. Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ó 5.2 % go 6.3 % in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, méadaíodh an fás faoi phraghsanna tithe go 7.1 % sa dara ráithe de 2022. Measadh go ndearnadh ró-luacháil 20 % ar phraghsanna tithe in 2021. Tá an **fiachas teaghlaigh** mar chóimheas le OTI os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bhunúsaigh araon agus tá na sreafaí creidmheasa chuig teaghlaigh ard. Mar sin féin, maolaítear rioscaí leis an sciar ard iasachtaí ag rátaí seasta, caighdeáin stuama iasachtaithe agus bearta beartais macrastuamachta.

- Tá imní mhór ann faoin **bhfiachas rialtais**. Tháinig laghdú beag ar an gcóimheas idir fiachas rialtais agus OTI in 2021 , cóimheas a bhí ard cheana féin, go 112.8 % de OTI, rud a sháraíonn tairseach an scórchláir, agus tuartar go bhfanfaidh sé cobhsaí den chuid is mó le linn na tréimhse réamhaisnéise, os cionn leibhéal 2019. Tá an t-easnamh rialtais mór go fóill, cé gur laghdaigh sé go 6.5 % in 2021 agus tuartar go leanfaidh sé de bheith ag laghdú in 2022. Beidh rioscaí móra inbhuanaitheachta fioscaí ann fós sa mheántéarma agus riosca measartha inbhuanaitheachta fioscaí ann san fhadtéarma.

Graf 3.10.1: **Graif roghnaithe: An Fhrainc**



Sa chás 'ráta díobhálach fáis úis' glactar leis go mbeidh éifeacht charnach aige nach bhfuil chomh fabhrach leis an éifeacht sa bhonnlíne (i.e. tá an difreálach idir rátaí úis an mhargaidh agus fás ainmniúil OTI 1 phointe céatadáin níos airde ar bhonn buan). Sa chás 'strus airgeadais', beidh rátaí úis margaidh níos airde roimh an tír ar bhonn sealadach (bliain amháin) in 2023 (i.e. glactar leis go dtiocfaidh méadú 1 phointe céatadáin ar rátaí úis an mhargaidh go sealadach in 2023).

Foinse: Eurostat agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.10.1: **Príomhthascairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Fhrainc**

							réamhaisnéis	
	Tairseacha	*Tagarmharc*	*Tagarmharc.*	*2019*	*2020*	*2021*	*2022*	*2023*
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			-0.4	-0.7	-0.3	-0.9	-0.4
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		0.3 (1)	-1.7 (2)	0.5	-1.8	0.4	-1.4	-0.1
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-75.8 (3)	9.4 (4)	-24.6	-30.7	-32.1	-27.6	-27.5
NIENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				-35.2	-41.3	-37.2		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			0.9 p	5.0 p	4.6 p	8.5	7.6
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				-0.7 p	4.8 p	0.5 p	3.0	4.0
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			1.6	2.7	-0.4	-5.9	-9.2
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-1.4	1.5	-0.5	-6.8	-2.2
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 5 bliana)	-6%			-0.7	-8.5	-11.4	-5.2	-5.1
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 1 bhliain)				-1.0	-6.9	-1.1	3.7	0.4
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			153.1 p	175.0 p	167.8 p	168.4	158.2
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			8.4 p	13.5 p	6.5 p	9.2	7.3
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		49.1 (6)	58.6 (7)	62.2	68.6	66.7p	67.4	67.0
Fiachas corparáide neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		54.2 (6)	72.5 (7)	90.9	106.4		101.0	91.2
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			2.5	4.1	4.7	2.5	-0.5
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		19.6 (8)		3.3	5.2	6.3	5.2	1.2
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			97.4	115.0	112.8	111.7	110.8
Fiachas ginearálta rialtais (% de OTI)				-3.1	-9.0	-6.5	-5.0	-5.3
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			6.0 b	11.3	7.3 p	4.3	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				6.0	4.1	7.1		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		15.2	16.0	16.2		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				2.5e	2.2e	1.9p	1.8	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			8.9	8.5	8.1 d	7.9	7.9
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		8.1 (10)		8.4	8.0	7.9 d	7.7	8.1
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			0.3	-0.4	0.2 d	1.3	2.4
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-0.8	-1.0	-0.2 d		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-5.3	-2.0	-3.1 d		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.11. AN CHRÓIT

Sa Chróit, tá laghdú fós ag teacht ar na cóimheasa idir fiachas rialtais agus OTI, idir fiachas príobháideach agus OTI agus idir fiachas seachtrach agus OTI, agus is cosúil go bhfuil na rioscaí gaolmhara teoranta. Tá cóimheas idir fiachas rialtais agus OTI fós ard ach tá an t-easnamh fioscach ag laghdú. Tá méadú ag teacht ar an bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ach ní léiríonn méadracht na bearna luachála go bhféadfadh ró-luacháil a bheith ar phraghsanna tithe.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus tháinig ar an gconclúid nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ann sa Chróit a thuilleadh. I mbliana, ní mheasann an Coimisiún gur gá mionanailís bhreise a dhéanamh ar an gCróit.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 6 % in 2022 agus 1 % in 2023. Tá an boilsciú ard agus tá sé le fanacht os cionn mheán an limistéir euro in 2022 agus 2023. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, d'fhan sé ag 12.6 % i mí Mheán Fómhair, agus an croí-bhoilsciú ag 9.8 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na Cróite go ndeachaigh dhá tháscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta agus an fiachas rialtais. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Tá laghdú substaintiúil tagtha ar ábhair imní maidir leis an **inbhuanaitheacht sheachtrach**. Tháinig méadú ar an gcuntas reatha go barrachas 3.1 % de OTI in 2021. Meastar go leanfaidh an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta measartha diúltach (NIIP), a bhí ag -35.1 % de OTI in 2021, de bheith ag feabhsú in 2022. D'éirigh le NIIP gan ionstraimí neamhmhainneachtana dearfach agus bhí sé cothrom le 12 % de OTI in 2021.

- Is cosúil go bhfuil imní theoranta ann faoin **iomaíochas costais**. Is riosca é an boilsciú ard, cé nach bhfuil innéacsú pá forleathan. Tháinig laghdú ar chostais ainmniúla aonad saothair in 2021 agus tuartar go leanfaidh siad de bheith ag méadú go láidir in 2022 agus 2023. Tháinig luachmhéadú beag ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tugadh dímheas éadrom faoi deara faoi mhí Lúnasa 2022.

- Tá an cóimheas idir **fiachas teaghlaigh** agus OTI os cionn a thagarmhairc bunaithe ar bhuntosca, ach tá sé cuid mhaith faoi bhun an tagarmhairc stuamachta. Bhí glansreafaí creidmheasa chuig teaghlaigh measartha in 2021 agus 2022. Lean an cóimheas idir fiachas teaghlaigh agus OTI de bheith ag laghdú sa chéad leath de 2022. Tá sciar na n-iasachtaí tithíochta ar ráta comhlúthach réasúnta íseal.

- Tá an imní faoi **fhorbairtí ar phraghsanna tithe** ag méadú. Tháinig luasmhoilliú faoin bhfás faoi phraghsanna tithe go 7.3 % in 2021, ach mhéadaigh sé i gcomparáid leis an mbliain seo caite go 13.6 % sa dara ráithe de 2022. Ní léirítear leis an méadracht bearna luachála go bhféadfadh sé go mbeadh ró-luacháil ar phraghsanna tithe, áfach. Cé go bhfuil an **earnáil baincéireachta** caipitlithe go maith agus go bhfuil a brabúsacht ard, is saintréith di freisin cóimheas réasúnta ard iasachtaí neamhthuillmheacha, cé go bhfuil laghdú ag teacht air.. Tháinig méadú mór ar iasachtaí tearcfheidhmiúla (céim 2) ó thosaigh an phaindéim agus níor mhaolaigh siad ó shin.

- Tá na rioscaí a bhaineann le fiachas rialtais neamhdhiomaibhseach. Tháinig laghdú ar an gcóimheas idir **fiachas rialtais** agus OTI go 78.4 % in 2021, méid is mó ná an tairseach scórchláir 60 %. Tuartar go dtiocfaidh laghdú breise air, agus go dtitfidh sé faoi bhun leibhéal 2019 in 2022. Tá laghdú tagtha ar thoradh na raonta difríochta bannaí ceannasacha ach tá siad fós os cionn mheán an limistéir euro. Cuirfear deireadh leis an riosca ráta malairte a bhaineann

leis an bhfiachas rialtais nuair a ghlacfar an euro, ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh. Laghdaigh an t-easnamh rialtais go 2.6 % de OTI in 2021 agus tuartar go laghdóidh sé a thuilleadh in 2022. Tá rioscaí measartha inbhuanaitheachta fioscaí ann sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma.

Graf 3.11.1: **Graif roghnaithe: An Chróit**



Sa chás 'ráta díobhálach fáis úis' glactar leis go mbeidh éifeacht charnach aige nach bhfuil chomh fabhrach leis an éifeacht sa bhonnlíne (i.e. tá an difreálach idir rátaí úis an mhargaidh agus fás ainmniúil OTI 1 phointe céatadáin níos airde ar bhonn buan). Sa chás 'strus airgeadais', beidh rátaí úis margaidh níos airde roimh an tír ar bhonn sealadach (bliain amháin) in 2023 (i.e. glactar leis go dtiocfaidh méadú 1 phointe céatadáin ar rátaí úis an mhargaidh go sealadach in 2023).

Foinse: Eurostat agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.11.1: **Príomhtháscairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Chróit**

	Tairseacha	Tagarmharc	Tagarmharc	2019	2020	2021	réamhaisnéis 2022	réamhaisnéis 2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			2.6	1.3	1.8	0.9	0.9
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		-0.2 (1)	-4.0 (2)	2.8	-0.5	3.1	0.2	-0.6
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-46.7 (3)	-18.5 (4)	-47.0	-48.1	-35.1	-33.3	-26.0
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				1.2	3.0	12.0		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9% (limistéar euro) 12% (limistéar neamh-euro)			2.8	13.7 p	6.4 p	12.4	8.8
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				0.0	9.8 p	-3.1 p	3.9	5.9
Fíor-ráta malairte éifeachtach – 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			1.5	0.5	-1.5	-4.7	-7.5
Fíor-ráta malairte éifeachtach – 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-1.5	-0.5	0.5	-4.6	-3.6
Sciar den mhargadh onnmhairíochta – % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	-6%			22.0	-1.3	7.9	27.8	25.2
Sciar den mhargadh onnmhairíochta – % d'onnmhairí an domhain (athrú % 1 bhliain)				4.2	-16.1	19.1	21.2	-0.9
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			88.3	98.0 p	88.5 p	80.5	79.4
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			1.1	1.3 p	3.0 p	2.8	4.4
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		54.6 (6)	18.3 (7)	34.1	38.0	34.7	32.0	33.1
Fiachas corparáide neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		65.2 (6)	39.3 (7)	54.2	60.0	53.8	48.5	46.3
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			7.8	7.3	4.5	0.8	-0.5
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		-3.4 (8)		9.0	7.7	7.3	9.8	4.2
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			71.0	87.0	78.4	70.0	67.2
Fiachas ginearálta rialtais (% de OTI)				0.2	-7.3	-2.6	-1.6	-2.4
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			6.8	7.3	11.7	0.7	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				9.1	4.7	7.7		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		21.7	22.7	23.8		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				5.2e	5.3e	4.2p	3.7	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			8.8	7.5	7.2	7.1	6.7
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		7.4 (10)		6.6	7.5	7.6	6.3	6.3
Ráta gníomhaíochta – % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			0.9	0.7	2.4	2.6	2.3
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí – % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-4.2	-2.5	-0.6		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige – % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-14.7	-6.3	-1.8		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.12. AN IODÁIL

San Iodáil, níl aon athrú ar na hábhair imní a bhaineann le cóimheas ard idir fiachas rialtais agus OTI. D'fhéadfadh laigí sa mhargadh saothair méadú arís. D'ainneoin na bhfeabhsuithe san earnáil baincéireachta, tá méadú ag teacht ar an mbaol go mbeidh fáinní fí ann mar gheall ar an gcomhthéacs maicreacnamaíoch agus tá gá le dlúthfhaireachán.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus tháinig ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ann san Iodáil. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar mharthanacht leochaileachtaí nó ar an gcaoi a bhfuil deireadh á chur leis na leochaileachtaí i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh na hIodáile.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 3.8 % in 2022 agus 0.3 % in 2023. Tá boilsciú ard ann. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú air go 12.8 % i mí Dheireadh Fómhair, agus meastar gurb éard atá sa chroí-bhoilsciú 4.5 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na hIodáile go ndeachaigh trí thráscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad an t-athrú ar an sciar den mhargadh onnmhairiúcháin, an fiachas rialtais, agus an t-athrú ar an ráta gníomhaíochta. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Tá imní theoranta ann faoin **iomaíochas costais**. Níor tháinig aon athrú ar na costais ainmniúla aonad saothair in 2021, ach tuartar go dtiocfaidh méadú orthu as seo amach. Tháinig meath beag ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig dímheas air faoi mhí Lúnasa 2022. Os a choinne sin, tá fás táirgiúlachta ag titim chun deiridh ar phiarthíortha na hIodáile san Aontas leis na blianta fada.

- Tá an cóimheas idir **fiachas teaghlaigh** agus OTI fós gar do thagarmharcanna agus d'fhan glansreabhadh creidmheasa chuig teaghlaigh measartha in 2021 agus 2022. D'fhan an cóimheas idir fiachas teaghlaigh agus OTI cobhsaí, den mhórchuid, sa chéad leath de 2022. Tá sciar na n-iasachtaí ar ráta comhlúthach réasúnta íseal.

- Tá **fiachas rialtais** fós ard d'ainneoin go bhfuil laghdú tagtha ar a chóimheas leis OTI go 150 % in 2021. Cé go bhfuiltear ag tuar go leanfaidh an cóimheas fiachais de bheith ag laghdú, meastar go bhfanfaidh sé i bhfad os cionn leibhéal 2019. Tá an t-easnamh rialtais mór go fóill, cé gur laghdaigh sé go 7.2 % in 2021 agus tuartar go leanfaidh sé de bheith ag laghdú. Bhí raon difríochta na mbannaí ceanasacha an-éagsúla le meán an limistéir euro, rud a ardaíonn costais chistiúcháin, ach a dhéanann sin de réir a chéile i bhfianaise mheánaibíocht mhéadaithe an fhiachais gan íoc. Tá rioscaí inbhuanaitheachta fioscaí ard sa mheántéarma, agus leis an laghdú réamh-mheasta ar chostais aosaithe, laghdaítear an riosca go meánriosca san fhadtéarma.

- Tháinig feabhas substaintiúil ar an **earnáil baincéireachta** le blianta beaga anuas. Leanadh den laghdú ar chóimheas na n-iasachtaí neamhthuillmheacha (NPLanna), agus shroich sé thart ar 3.5 % in 2021. Cé nach bhfuil an cóimheas sin ach beagán os cionn mheán an limistéir euro, tháinig méadú ar na hiasachtaí tearcfheidhmiúla(céim 2) ó bhí 2020 ann. D'fhéadfadh nasc nach beag idir na bainc cheannasacha agus an nasc le roinnt leochaileachtaí san earnáil chorparáideach an baol a bhaineann le fáinní fí a mhéadú.

- Tá laigí i **margadh an tsaothair** fós ina n-ábhar imní. Mhéadaigh an ráta dífhostaíochta go 9.5 % in 2021 agus tá sé sách ard cé go bhfuil sé faoi bhun na tairsí 10 %. Tuartar go dtiocfaidh laghdú air in 2022 ach go dtiocfaidh méadú air arís in 2023. Tá an ráta gníomhaíochta an-íseal, go háirithe i gcás na mban, d'ainneoin gur tháinig méadú air in 2021. Tá

an ráta dífhostaíochta i measc na hóige agus an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí fós orthu sin is airde san Aontas.

Graf 3.12.1: **Graif roghnaithe: An Iodáil**



Sa chás 'ráta díobhálach fáis úis' glactar leis go mbeidh éifeacht charnach aige nach bhfuil chomh fabhrach leis an éifeacht sa bhonnlíne (i.e. tá an difreálach idir rátaí úis an mhargaidh agus fás ainmniúil OTI 1 phointe céatadáin níos airde ar bhonn buan). Sa chás 'strus airgeadais', beidh rátaí úis margaidh níos airde roimh an tír ar bhonn sealadach (bliain amháin) in 2023 (i.e. glactar leis go dtiocfaidh méadú 1 phointe céatadáin ar rátaí úis an mhargaidh go sealadach in 2023).

Foinse: Eurostat agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.12.1: **Príomhthascairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Iodáil**

							réamhaisnéis	
	Tairseacha	"agairmharc"	agairmharc	2019	2020	2021	2022	2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			2.9	3.3	3.4	2.6	1.2
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		1.6 (1)	0.2 (2)	3.3	3.9	3.1	0.8	-0.2
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-65.8 (3)	14.7 (4)	-1.2	1.4	8.1	7.2	7.4
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				-0.1	1.2	6.4		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			3.2	6.6	4.6	6.1	5.3
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				1.3	3.2	0.0	2.8	2.4
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			0.2	0.6	-1.8	-5.7	-9.4
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-2.2	0.9	-0.5	-6.1	-3.2
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	-6%			-2.4	-2.9	-6.2	0.8	1.1
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 1 bhliain)				-1.4	-2.8	-0.8	6.7	-0.4
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			106.0	118.5	113.5	109.7	106.4
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			0.3	4.0	3.3	4.0	4.5
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		43.8 (6)	39.0 (7)	41.1	44.9	43.4	42.6	42.5
Fiachas corparáideach neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		77.7 (6)	58.4 (7)	64.9	73.6	70.1	67.1	63.9
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			-0.7	1.8	0.9	-2.2	-3.5
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		-8.4 (8)		-0.1	1.9	2.6	4.9	1.6
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			134.1	154.9	150.3	144.6	143.6
Iarmhéid ginearálta rialtais (% de OTI)				-1.5	-9.5	-7.2	-5.1	-3.6
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			4.7	7.3	6.2	0.9	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				4.9	1.0	5.7		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		13.9	15.5	15.1		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				6.7e	4.5e	3.5p	3.0	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			10.6	9.9	9.6	9.0	8.8
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		9.6 (10)		9.9	9.3	9.5	8.3	8.7
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			0.9	-1.8	-1.1	0.8	2.4
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-1.2	-1.8	-1.1		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar p	2 pp			-8.5	-4.8	-2.5		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.13. AN CHIPIR

Sa Chipir, tá imní ann go fóill faoin gcóimheas idir an fiachas teaghlaigh agus OTI, an fiachas corparáideach neamhairgeadais agus OTI, an fiachas rialtais agus OTI agus an fiachas seachtrach agus OTI, cé gur lean siad de bheith ag laghdú tar éis ghéarchéim COVID-19. D'ainneoin na bhfeabhsuithe, tá cóimheasa idir fiachas corporáideach neamhairgeadais agus OTI agus fiachas teaghlaigh agus OTI fós ar na cóimheasa is airde san Aontas. Laghdaigh an t-easnamh mór sa chuntas reatha, ach tuartar go dtiocfaidh méadú air arís, agus an timpeallacht sheachtrach ag dul in olcas. Bhí teacht aniar ann san earnáil baincéireachta, cé go bhfuil rioscaí fós ann, lena n-áirítear na rioscaí sin a bhaineann le hiasachtaí neamhthuillmheacha.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus tháinig ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha ann sa Chipir. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar mharthanacht leochaileachtaí nó ar an gcaoi a bhfuil deireadh á chur leis na leochaileachtaí i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh na Cipire.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 5.6 % in 2022 agus 1 % in 2023. Tá boilsciú ard ann. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig laghdú air go 8.6 % i mí Dheireadh Fómhair, agus meastar gurb éard atá sa chroí-bhoilsciú 5.9 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na Cipire go ndeachaigh ceithre thráscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad an t-iarmhéid ar chuntas reatha, an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta, fiachas na hearnála príobháidí agus an fiachas rialtais. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Is ábhar imní fós í an **inbhuanaitheacht sheachtrach**. Tá an t-easnamh sa chuntas reatha fós mór d' ainneoin roinnt cúngaithe go 6.8 % de OTI in 2021. Ba é an téarnamh páirteach sa chomhardú taistil ba chúis leis an bhfeabhas, rud a fhritháiríonn an meath ar chomhardú na trádála in earraí fuinnimh. Tháinig rannchuidiú diúltach ón gcomhardú ioncaim phríomha atá ag dul in olcas. Tuartar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh sa chuntas reatha in 2022, sula dtitfidh sé arís fad a fhanfaidh sé mór, agus ní chuideoidh sé leis an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (NIIP) a choinneáil ar leibhéil stuama. Cé gur lean NIIP de bheith mór agus diúltach ag -117.8 % de OTI in 2021, is léiriú é den chuid is mó ar ghníomhaíochtaí eintiteas sainchuspóireach a bhfuil naisc tuairiscithe teoranta acu leis an ngeilleagar intíre. Tuartar go leanfaidh NIIP de bheith ag laghdú.

- Tá imní theoranta ann faoin **iomaíochas costais**. Tháinig laghdú beag ar chostais aonad saothair in 2021, ach táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú beag orthu, i bhfianaise croí-bhoilsciú ard. Tá innéacsú páirteach ar phá le boilsciú. Tháinig meath beag ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig dímheas air faoi mhí Lúnasa 2022.

- Tá an cóimheas idir **fiachas corparáideach neamhairgeadais** agus OTI fós orthu sin is airde san Aontas, ach tá sé ag laghdú leis. Lean sé de bheith ag laghdú sa chéad leath de 2022 ach tá sé fós os cionn an tagarmhaircstuamachta agus an tagarmhairc bhunúsaigh. Maolaítear rioscaí leis an sciar ard de mhaoláin leachtachta agus d'fhiachas eachtrach eititeas sainchuspóireach neamhairgeadais ar leo longa. Tá iasachtaí corparáideacha neamhthuillmheacha (NPLanna) na mbanc fós ardaithe agus tá iasachtaí neamhthuillmheacha i seilbh cuideachtaí fála creidmheasa freisin. Tá an cóimheas idir fiachas teaghlaigh agus OTI i measc na gcóimheas is airde san Aontas freisin agus tá sé os cionn an tagarmhairc stuamachta mheasta atá aige. Mar sin féin, tháinig laghdú ar an gcóimheas in 2021 agus lean sé de bheith ag laghdú sa chéad leath de 2022. Tá cuid den fhiachas teaghlaigh i bhfoirm iasachtaí neamhthuillmheacha arna sealbhú ag bainc nó ag cuideachtaí fála creidmheasa. Foriaimh a chur ar fionraí arís agus arís eile, baineann sé sin an bonn den smacht íocaíochta. Is dócha go

gcuirfidh rátaí úis níos airde brú ar acmhainn sheirbhísithe fiachais NFCanna agus teaghlach, de réir mar atá fiachas ar ráta comhlúthach i réim.

- Tá imní fós ann maidir leis an gcóimheas idir **fiachas rialtais** agus OTI. Tháinig laghdú ar an gcóimheas fiachais rialtais go 101 % de OTI in 2021 agus tuartar go dtiocfaidh laghdú breise air, go dtí faoi bhun leibhéal 2019 in 2022. Is gnách go mbíonn raonta difríochta bannaí ceannasacha níos airde ná mar a bhíonn i gcomhaltaí eile an limistéir euro. Meastar go dtiocfaidh barrachas as an gcomhardú fioscach in 2022 agus tá coinne leis go gcoinneoidh na príomhbharrachais réamh-mheasta ollriachtanais mhaoiniúcháin an rialtais ar leibhéil réasúnta íseal. Ina theannta sin, tá maoláin airgid mhóra ag an gCipir. Tá rioscaí measartha inbhuanaitheachta fioscaí ann sa mheántéarma agus san fhadtéarma araon.

- Bhí teacht aniar san **earnáil baincéireachta**, cé go raibh dúshláin fós ann. In 2021, tháinig laghdú breise ar an stoc iasachtaí neamhthuillmheacha go dtí thart ar 5.6 % mar gheall ar dhíolacháin sócmhainní, agus in 2022 tá sé fós cobhsaí. Tá tionchar na paindéime le feiceáil sa sciar méadaithe d'iasachtaí a aicmítear mar iasachtaí a bhfuil riosca méadaithe ag baint leo. Tá cóimheas iasachta chéim 2 agus sciar na n-iasachtaí staonta i bhfad os cionn mheán an limistéir euro. Mar sin féin, tá mainneachtainí nua teoranta go dtí seo tar éis baint na móratóirí. Cé go bhfuil cóimheas caipitil leibhéal 1 gar do mheán an Aontais, tá an toradh ar chothromas orthu sin is ísle san Aontas agus níl sé ach rud beag dearfach in 2021. Meastar go méadóidh rátaí úis níos airde glanioncam úis na mbanc, i bhfianaise mhéid mór shealúchais airgid na mbanc agus phríomhacht iasachtaí rátaí comhlúthacha. Mar sin féin, d'fhéadfadh meath teacht ar cháilíocht na sócmhainní mar gheall ar bhrú chláir chomhardaithe na hearnála príobháidí.

Graf 3.13.1: **Graif roghnaithe: An Chipir**



Foinse: Eurostat, Comext agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.13.1: **Príomhthascairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Chipir**

							réamhaisnéis	
	Tairseacha	Tagarmharc	Tagarmharc.	2019	2020	2021	2022	2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			-4.9	-6.5	-7.5	-8.8	-7.9
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		-2.0 (1)	-1.3 (2)	-5.6	-10.1	-6.8	-9.7	-7.3
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-59.4 (3)	-40.1 (4)	-115.4	-134.5	-117.8	-104.8	-108.0
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				-155.3	-111.4	-76.4		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9% (limistéar euro) 12% (limistéar neamh-euro)			5.2	6.9	4.1 p	2.2	5.9
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				2.7	2.9	-1.4 p	0.7	6.6
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bhliain)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			0.0	0.1	-2.4	-5.8	-8.8
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-2.2	0.5	-0.8	-5.8	-2.9
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	-6%			25.3	38.9	24.9	25.1	19.5
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 1 bhliain)				5.3	13.6	-2.7	3.9	-1.2
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			265.5	269.8	248.4 p	228.2	213.0
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			-0.5	-1.2	4.3 p	3.4	-0.4
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		45.6 (6)	93.1 (7)	86.2	89.4	83.0	77.4	74.5
Fiachas corparáide neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		81.2 (6)	137.2 (7)	179.3	180.4	165.4	150.8	138.5
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			3.4	0.7	-4.3	-5.5	-4.0
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		-13.7 (8)		3.7	-0.2	-3.4	0.9	3.3
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			90.4	113.5	101.0	89.6	84.0
Fiachas ginearálta rialtais (% de OTI)				1.3	-5.8	-1.7	1.1	1.1
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			7.5	-7.1	-0.8	-0.2	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				3.5	-3.3	0.6		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		17.4	17.6	17.6		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				18.1e	11.0e	5.6p	5.6	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			8.9	7.7	7.4	7.4	7.3
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		8.9 (10)		7.1	7.6	7.5	7.2	7.2
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			2.6	1.9	1.7	-0.9	0.1
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-3.7	-2.4	-0.1		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-12.5	-6.5	-3.1		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.14. AN LAITVIA

Bhí imní ann sa Laitvia maidir le hiomaíochas costais agus forbairtí i bpraghsanna tithe roimh phaindéim COVID-19 agus tá sí ag dul i méid. Meastar go leanfaidh na costais ainmniúla aonad saothair de bheith ag méadú mar gheall ar an bhfás táirgiúlachta a bheith ag lagú. Tá an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe tapa go fóill agus tá dlús leis an bhfás sin le déanaí, agus mar gheall air sin tá ró-luacháil bheag ann, cé go bhfuil an fiachas teaghlaigh íseal. Tá an méadú mór ar phraghsanna fuinnimh le sonrú sa chroí-bhoilsciú, atá orthu sin is airde san Aontas agus rannchuidigh an méadú sin leis an gcuntas reatha a lagú.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, ní dhearna an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus níor sainaithníodh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le haghaidh na Laitvia. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar leochaileachtaí nua atá ag teacht chun cinn agus ar na himpleachtaí atá acu i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh na Laitvia.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 1.9 % in 2022 agus -0.3 % in 2023. Tá an boilsciú orthu sin is airde sa limistéar euro. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig laghdú air go 21.8 % i mí Dheireadh Fómhair, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú i mí Mheán Fómhair 8.9 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na Laitvia go ndeachaigh ceithre thráscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin fás ainmniúil faoin gcostas aonad saothair, fás iarbhír faoi phraghsanna tithe, an t-athrú ar an ráta gníomhaíochta agus an t-athrú ar an dífhostaíocht i measc na hóige. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Tá rioscaí **inbhuanaitheachta seachtraí** teoranta ann d'ainneoin an t-ionchas atá ag dul in olcas**.** D'iompaigh an cuntas reatha ina chuntas diúltach in 2021, baineadh -4.2 % amach agus tuartar go dtiocfaidh meath breise air in 2022, mar gheall go príomha ar an gcostas méadaithe ar allmhairí fuinnimh. D'éirigh an t-easnamh rialtais i bhfad níos mó le linn ghéarchéim COVID-19, 7 % a bhí ann in 2021, agus tuartar go bhfanfaidh sé thart ar an leibhéal sin in 2022 ach go laghdóidh sé in 2023. Lean an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta de bheith ag feabhsú áfach agus bhain sí -27.4 % de OTI amach in 2021. Ós rud é gurb éard atá i ndliteanais na Laitvia bannaí rialtais agus infheistíocht dhíreach choigríche go príomha, tá an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta gan ionstraimí neamh-mhainneachtana dearfach.

- Bhí imní ann cheana faoin **iomaíochas costais** roimh phaindéim COVID-19 agus tá sí fós ábhartha. Tháinig laghdú ar an bhfás ainmniúil faoin gcostas aonad saothair go 4 % in 2021 ach tuartar go dtiocfaidh borradh mór faoi arís in 2022 agus go mbeidh sé fós ard in 2023. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an boilsciú ard brú breise ar an bhfás pá agus meastar go laghdófar an fás táirgiúlachta mar gheall ar an ionchas eacnamaíoch atá ag dul in olcas. Cé go raibh an boilsciú an-ard, tháinig luachmhéadú beag ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021, agus tháinig luachmhéadú air i gcomparáid leis an mbliain seo caite freisin faoi mhí Lúnasa 2022.

- Is ábhar imní go fóill é an fás mór faoi **phraghsanna tithe**. Is éard a bhí san fhás ainmniúil faoi phraghsanna tithe in 2021 10.9 % agus tháinig borradh mór faoi sa chéad leath de 2022. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, bhí an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ag 16.5 % sa dara ráithe de 2022. Tá an borradh sin ann tar éis 10 mbliana nuair a bhí an fás faoi phraghsanna tithe ar an mórchóir ag teacht leis an bhfás faoin bpá. In 2021, measadh go ndearnadh ró-luacháil 10 % ar phraghsanna tithe. Tá an t-iasachtú morgáiste go measartha agus tá an fiachas teaghlaigh íseal agus ag laghdú leis.

- Tá an **earnáil baincéireachta** ar fónamh agus dea-caipitlithe. Tháinig feabhas ar an mbrabúsacht in 2021 os cionn mheán an Aontais agus tháinig laghdú níos mó ná 2 phointe

céatadán ar an gcóimheas iasachta neamhthuillmhí go 2.1 %. Ní raibh aon ghníomhaíocht mhór ann maidir le dinimic chreidmheasa agus lean an fiachas san earnáil phríobháideach de bheith ag laghdú.

- Tháinig meath ar **mhargadh an tsaothair**le linn ghéarchéim COVID-19 agus níor théarnaigh sé go hiomlán go fóill. Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta go 7.6 % in 2021 agus tuartar go dtiocfaidh laghdú air in 2022 ach go dtiocfaidh méadú air arís in 2023. Tháinig laghdú mór ar an ráta gníomhaíochta in 2021 agus tháinig deireadh le treocht chun feabhais a mhair beagnach 10 mbliana, ach tuartar go dtosóidh sé ag méadú arís in 2022. Níor tháinig feabhas ar an dífhostaíocht i measc na hóige tar éis an mhéadaithe a tháinig uirthi in 2020.

Graf 3.14.1: **Graif roghnaithe: An Laitvia**



Foinse: Eurostat agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.14.1: **Príomhtháscairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Laitvia**

							réamhaisnéis	
	Tairseacha	"agarmharc"	"agarmharc"	*2019*	*2020*	*2021*	*2022*	*2023*
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			0.2	0.6	-0.7	-3.2	-6.9
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		-0.4 (1)	-3.8 (2)	-0.6	2.6	-4.2	-8.1	-8.4
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-50.5 (3)	-13.3 (4)	-40.3	-34.1	-27.4	-24.4	-25.0
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				5.8	14.1	18.9		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			15.3	16.1	14.5	22.4	25.5
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				5.0	4.8	4.0	12.3	7.4
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			3.8	5.9	2.3	-2.9	-7.5
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				0.0	2.0	0.3	-5.2	-2.8
Sciar den mhargadh onnmhaireochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	-6%			3.3	19.7	13.4	15.6	10.0
Sciar den mhargadh onnmhaireochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 1 bhliain)				-1.3	11.8	-1.8	3.7	-2.1
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			66.2	64.7	58.0	53.1	51.4
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			1.1	-1.9	0.9	1.8	3.0
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		61.9 (6)	18.2 (7)	20.2	20.3	19.4	18.1	18.1
Fiachas corparáideach neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		83.5 (6)	68.9 (7)	46.0	44.4	38.6	35.0	33.3
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilsoithe (athrú % 1 bhliain)	6%			5.8	2.7	7.3	-2.5	-2.2
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		10.3 (8)		9.0	3.5	10.9	11.1	-0.4
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			36.5	42.0	43.6	42.4	44.0
Iarmhéid ginearálta rialtais (% de OTI)				-0.6	-4.3	-7.0	-7.1	-3.4
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			4.6	10.8	13.2	1.8	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				9.6	5.2	4.5		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		22.0	25.7	29.2		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				3.9e	4.6e	2.1p	1.8	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			7.5	7.3	7.3	7.6	7.6
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		7.4 (10)		6.3	8.1	7.6	7.1	8.1
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			1.1	1.1	-1.8	2.0	2.5
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-1.7	-1.2	-1.1		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar	2 pp			-4.8	-2.1	2.6		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.15. AN LIOTUÁIN

Bhí imní ann sa Liotuáin maidir le hiomaíochas costais roimh phaindéim COVID-19 agus tugtar chun cinn iad leis na forbairtí atá ag tarlú faoi láthair. Tá fás ainmniúil mór faoin gcostas aonad saothair le blianta anuas agus meastar go leanfaidh an fás mór sin ar aghaidh, agus tá croí-boilsciú ard ann freisin i gcomparáid le piaraí na Liotuáine sa limistéar euro. Tá an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe orthu sin is mó san Eoraip agus tá fás faoi iasachtaí le sonrú fós.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, ní dhearna an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus níor sainaithníodh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le haghaidh na Liotuáine. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar leochaileachtaí nua atá ag teacht chun cinn agus ar na himpleachtaí atá acu i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh na Liotuáine.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 2.5 % in 2022 agus 0.5 % in 2023. Tá an boilsciú ard, i gcomparáid le comhpháirtithe trádála na Liotuáine sa limistéar euro. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig laghdú air go 22 % i mí Dheireadh Fómhair 2022, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú i mí Mheán Fómhair 11.9 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na Liotuáine go ndeachaigh cúig tháscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin fás ainmniúil faoin gcostas aonad saothair, fás iarbhír faoi phraghsanna tithe, fás faoi dhliteanais san earnáil airgeadais, an t-athrú ar an dífhostaíocht fhadtéarmach agus an t-athrú ar an dífhostaíocht i measc na hóige. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Níl méadú ar an imní faoin **inbhuanaitheacht sheachtrach** d'ainneoin an t-ionchas atá ag dul in olcas. Tháinig laghdú ar an mbarrachas sa chuntas reatha go 1.1 % in 2021, agus mar sin cuireadh ar neamhní an méadú sealadach a bhí air le linn na paindéime, laghdú arb éard is cúis leis comhardú na trádála san fhuinneamh agus in earraí eile atá ag dul in olcas. Tuartar go dtiocfaidh meath ar iarmhéid ar chuntas reatha agus go mbeidh easnamh mór ann in 2022. Tar éis an laghdaithe mhóir in 2021, meastar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh rialtais go 1.9 % in 2022 agus go leanfaidh sé de bheith ag méadú in 2023. Tá an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta beagnach comhardaithe anois agus réamh-mheastar go leanfaidh sí de bheith ag feabhsú. Ós rud é gurb éard atá sna dliteanais infheistíocht dhíreach choigríche go príomha, tá staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta gan ionstraimí neamh-mhainneachtana dearfach.

- B'ábhar imní é **an t-iomaíochas costais** roimh phaindéim COVID-19 agus tá sé fós ina ábhar mór imní. Tá costais ainmniúla aonad saothair ag méadú leo go láidir le blianta beaga anuas agus tuartar go mbeidh borradh faoin bhfás faoi na costais sin in 2022, i gcomhthéacs arduithe móra ar phá ainmniúil sa Liotuáin. Tuartar go mbeidh méaduithe breise ann, cé nach mbeidh siad chomh mór céanna, le linn na tréimhse réamhaisnéise. Tháinig luachmhéadú beag ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021. Bhí sé gan athrú ar an mórchóir faoi mhí Lúnasa 2022 i gcomparáid leis an mbliain seo caite áfach.

- Is ábhar imní go fóill é an **fás mór faoi phraghsanna tithe**. Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ó 7.3 % in 2020 go 16.1 % in 2021, fás atá orthu sin is mó san Aontas. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú 22.1 % ar an bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe sa dara ráithe de 2022. I gcás 2021, ní léirítear le méadracht praghsanna tithe go bhféadfadh ró-luacháil a bheith ann. Tá borradh faoi iasachtaí teaghlaigh le roinnt míonna anuas.

- Lean an **ráta dífhostaíochta** den treocht laghdaithe a bhí faoi, agus bhain sé 7.1 % amach in 2021 agus tuartar go dtiocfaidh laghdú air in 2022 freisin ach go dtiocfaidh méadú air arís in 2023. Tá an ráta dífhostaíochta fós níos airde ná mar atá sé i roinnt mhaith tíortha eile san Aontas, ach bhain an ráta folúntas leibhéal ard nach bhfacthas cheana amach. Tháinig méadú

beag ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí in 2021. Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta i measc na hóige in 2021.

Graf 3.15.1: **Graif roghnaithe: An Liotuáin**



Foinse: Eurostat agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.15.1: **Táscairí eacnamaíocha agus airgeadais roghnaithe, an Liotuáin**

	Tairseacha	*Tagarmharc I*	*Tagarmharc II*	*2019*	*2020*	*2021*	réamhaisnéis *2022*	*2023*
easamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			1.5	3.7	4.0	1.5	-1.8
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		0.7 (1)	-2.5 (2)	3.5	7.3	1.1	-3.9	-2.8
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-61.2 (3)	1.5 (4)	-23.5	-15.6	-7.4	-3.4	-4.2
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				5.6	15.2	22.2		
maíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			16.6	17.4	19.2	26.0	24.2
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				6.3	4.9	6.8	12.4	3.4
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			3.8	6.9	4.4	-0.7	-8.7
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-0.7	3.3	1.8	-5.5	-5.2
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	-6%			16.4	38.7	37.9	30.0	21.7
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 1 bhliain)				6.5	8.9	3.4	3.3	-1.7
achas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			55.2	54.4	53.9	51.1	46.8
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			2.6	0.3	5.9	6.0	5.6
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		63.9 (6)	14.9 (7)	23.0	24.2	23.6	22.6	22.7
Fiachas corparáideach neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		86.7 (6)	48.8 (7)	32.2	30.2	30.3	28.5	24.1
argadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			4.5	6.1	11.0	-1.6	-2.8
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		-7.0 (8)		6.8	7.3	16.1	14.1	2.8
achas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			35.8	46.3	43.7	38.0	41.0
Iarmhéid ginearálta rialtais (% de OTI)				0.5	-7.0	-1.0	-1.9	-4.4
arnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			6.2	28.5	25.2	8.1	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				14.5	10.0	10.4		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		19.5	21.5	23.2		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				1.7e	2.2e	1.2p	1.0	
argadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			6.5	7.0	7.3	7.2	6.7
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		6.4 (10)		6.3	8.5	7.1	6.0	7.1
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			2.5	2.6	0.9	1.0	-1.2
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-1.1	-0.2	0.6		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-2.6	6.3	3.2		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.16. LUCSAMBURG

In Lucsamburg, tá méadú ar an imní faoi fhorbairtí ar phraghsanna tithe agus faoin bhfiachas teaghlaigh. Tá an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe orthu sin is airde san Eoraip agus is é is cúis leis an imní faoin ró-luacháil agus faoin bhfiachas ard teaghlaigh. Tá laghdú ag teacht ar an bhfiachas teaghlaigh mar chéatadán den ollioncam indiúscartha teaghlaigh ach tá sé fós an-ard. Tá an earnáil baincéireachta cobhsaí ach tá roinnt rioscaí ag bagairt uirthi. Tá imní áirithe ag teacht chun cinn faoin iomaíochas, agus an costas aonad saothair ag fás go leanúnach.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, ní dhearna an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus níor sainaithníodh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le haghaidh Lucsamburg. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar leochaileachtaí nua atá ag teacht chun cinn agus ar na himpleachtaí atá acu i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh Lucsamburg.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 1.5 % in 2022 agus 1 % in 2023. Tá boilsciú ard ann. I gcomparáid leis an mbliain caite, d'fhan an boilsciú ag 8.8 % i mí Dheireadh Fómhair agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú i mí Mheán Fómhair 4.9 %, méid atá níos lú ná mar atá ann i roinnt mhaith tíortha eile sa limistéar euro. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh Lucsamburg go ndeachaigh cúig tháscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin fás ainmniúil faoin gcostas aonad saothair, fás iarbhír faoi phraghsanna tithe, sreabhadh creidmheasa san earnáil phríobháideach, fiachas san earnáil phríobháideach agus an t-athrú ar an dífhostaíocht i measc na hóige. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- D'fhéadfadh **an t-iomaíochas costais** a bheith ina ábhar imní amach anseo. Tháinig méadú 3.9 % ar chostais ainmniúla aonad saothair in 2021 agus tuartar go leanfaidh siad de bheith ag méadú níos mó fós in 2022 agus 2023. Leis an bpacáiste leathan beart a glacadh chun srian a choinneáil ar an mboilsciú, meastar go maolófar méaduithe ar an bpá ainmniúil amach anseo. Tháinig luachmhéadú beag ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, dímheasadh faoi mhí Lúnasa 2022 é.

- Tá an cóimheas idir **fiachas corparáideach neamhairgeadais** agus OTI ar an gcóimheas is airde san Aontas, cé gur tháinig laghdú beag air, go 274 % de OTI in 2021. Tá sé fós os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bhunúsaigh agus tá sé fós 31 p.c. níos airde ná mar a bhí sé in 2019. Laghdaítear na rioscaí sin mar gheall ar an sciar ard d'iasachtú trasteorann inghrúpa san fhiachas corparáideach. Tá an sciar d'iasachtaí corparáideacha a ainmnítear in airgeadraí eachtracha ag 11 % agus tá sé orthu sin is airde i measc thíortha an limistéir euro. Tháinig laghdú ar an gcóimheas fiachais chorparáidigh neamhairgeadais sa chéad leath de 2022, ach tá tosca riosca ann a bhaineann leis an timpeallacht mhaicreacnamaíoch. Tháinig laghdú ar shreafaí creidmheasa chuig corparáidí neamhairgeadais ach tá siad fós an-ard ag 16.7 % de OTI.

- Tá laghdú ag teacht ar an **bhfiachas teaghlaigh** mar chéatadán d'ollioncam indiúscartha teaghlaigh, cé go bhfuil sé orthu sin is airde san Aontas go fóill. Mhaolaigh glansreafaí creidmheasa chuig teaghlaigh sa dara ráithe de 2022. Tháinig laghdú ar an stoc fiachais mar gheall ar an bhfás ainmniúil faoi OTI agus lean sé de bheith ag laghdú sa chéad leath de 2022. Thosaigh costais mhaoiniúcháin do theaghlaigh ag méadú, mar gheall go páirteach ar an sciar ard de mhorgáistí ar ráta comhlúthach agus i gcomhréir leis an méadú le haghaidh an limistéir euro agus d'éirigh caighdeáin iasachtaithe le haghaidh iasachtaí morgáiste ní ba theinne.

- Is ábhar imní go fóill é **an fás an-mhór faoi phraghsanna tithe.** D'fhan an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe an-ard, ag 13.9 % in 2021, i gcomparáid le 14.5 % in 2020, fás atá orthu sin is tapa san Aontas. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, bhí an fás ainmniúil faoi phraghsanna

tithe ag 11.5 % sa dara ráithe de 2022. Is ábhar imní é maidir le hinacmhainneacht go bhfuil ceann de na cóimheasa idir praghsanna agus ioncam is airde san Eoraip i Lucsamburg. Meastar ag 61 % gurb iad na praghsanna tithe is mó a ndearnadh ró-luacháil orthu de réir shamhail luachála an Choimisiúin in 2021, as measc Bhallstáit an Aontais. Tá an riosca go ndéanfaí ceartú géar ar phraghsanna tithe teoranta i bhfianaise na srianta soláthair, ach tá méadú ar an riosca sin i bhfianaise na ndálaí maoiniúcháin níos teinne agus an fháis níos ísle atá ann.

- Tá **an earnáil baincéireachta** cobhsaí ach tá roinnt rioscaí ag bagairt uirthi. Tá na bainc dea-chaipitlithe agus leachtach. Mhéadaigh an bhrabúsacht in 2021 ach bhí sí fós go mór faoi bhun mheán an Aontais. Tá an cóimheas iasachta neamhthuillmhí orthu sin is ísle san Aontas. Is é an príomhriosca atá ann d'earnáil na baincéireachta an fás dinimiciúil faoi mhorgáistí, i bhfianaise an fhiachais aird teaghlaigh atá ann cheana agus praghsanna tithe atá ró-ard.

Graf 3.16.1: **Graif roghnaithe: Lucsamburg**



Foinse: Eurostat agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.16.1: **Táscairí eacnamaíocha agus airgeadais roghnaithe, Lucsamburg**

	Tairseacha	*tagarmharc*	*tagarmharc*	*2019*	*2020*	*2021*	réamhaisnéis *2022*	réamhaisnéis *2023*
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			4.0	3.9	4.2	4.0	3.4
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		5.5 (1)	3.0 (2)	3.4	4.6	4.7	2.9	2.5
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-171.4 (3)	53.7 (4)	67.8	55.7	30.6	33.9	35.3
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				-4153.8	-4172.4	-4766.5		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			14.7	13.0	11.2 p	15.0	17.4
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				3.1	3.8	3.9 p	6.7	5.9
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			2.0	1.5	0.6	-1.9	-4.7
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-0.6	0.4	0.8	-3.0	-2.5
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	-6%			7.0	17.6	13.1	13.9	14.2
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 1 bhliain)				3.1	15.2	-1.4	-1.2	-1.3
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			310.8	320.3	340.6 p	329.7	309.9
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			24.9	42.9	53.9 p	12.2	8.0
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		91.7 (6)	88.5 (7)	67.2	68.5	66.0	67.2	67.6
Fiachas corparáideach neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		104.6 (6)	89.7 (7)	243.6	251.8	274.6	262.5	242.3
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			8.3	13.1	12.4	3.9	2.2
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		60.9 (8)		10.1	14.5	13.9	10.0	3.1
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			22.4	24.5	24.5	24.3	26.0
Iarmhéid ginearálta rialtais (% de OTI)				2.2	-3.4	0.8	-0.1	-1.7
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			3.7	-2.6	11.4	0.2	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				5.2	4.4	5.5		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		18.8	19.5	18.3		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				0.6e	0.7e	0.6p	0.7	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			5.6	6.0	5.9	5.6	5.0
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		5.7 (10)		5.6	6.8	5.3	4.7	5.1
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			2.0	2.0	2.1	-1.2	-2.3
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-0.9	-0.4	0.4		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp	2 pp			-1.9	7.8	2.7		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.17. AN UNGÁIR

San Ungáir, tá an imní ag méadú fós faoin inbhuanaitheacht sheachtrach, an t-iomaíochas costais, an inbhuanaitheacht fhioscach agus forbairtí ar phraghsanna tithe. Tháinig méadú ar an easnamh sa chuntas reatha in 2021 agus tuartar go méadóidh sé a thuilleadh agus tá treocht laghdaithe faoin ráta malairte. Tá méaduithe an-mhór ar chostais aonad saothair le blianta agus tá siad fós ag méadú leo, ach coinníodh an t-iomaíochas costais go dtí seo trí bhíthin an dímheasa ainmniúil. Tá an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe le déanaí orthu sin is mó san Eoraip agus tá soláthar teoranta ann agus meastar go ndéantar ró-luacháil ar phraghsanna tithe. Tá an t-easnamh rialtais fós ard.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, ní dhearna an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus níor sainaithníodh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le haghaidh na hUngáire. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar leochaileachtaí nua atá ag teacht chun cinn agus ar na himpleachtaí atá acu i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh na hUngáire.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 5.5 % in 2022 agus 0.1 % in 2023. Tá an boilsciú an-ard, lena n-áirítear i gcomparáid le comhpháirtithe trádála na hUngáire sa limistéar euro. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú air go 20.7 % i mí Mheán Fómhair, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú 13.2 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na hUngáire go ndeachaigh cúig tháscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta, fás ainmniúil faoin gcostas aonad saothair, fás iarbhír faoi phraghsanna tithe, an fiachas rialtais agus an t-athrú ar an dífhostaíocht i measc na hóige. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Tháinig méadú ar rioscaí **inbhuanaitheachta seachtraí** agus sreafaí seachtracha ag dul in olcas. Mhéadaigh an t-easnamh sa chuntas reatha go 4 % de OTI in 2021, agus is léir go bhfuil sé ag méadú a thuilleadh in 2022. Mar gheall ar ghlanallmhairí móra fuinnimh na hUngáire, cuireann forbairtí ar phraghsanna idirnáisiúnta fuinnimh isteach ar an gcomhardú seachtrach. Níor tháinig athrú ar an staid ghlan dhiúltach infheistíochta idirnáisiúnta (NIIP) in 2021 ar an mórchóir. Tá an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta GAN ionstraimí neamh-mhainneachtana beagnach comhardaithe. Leis na cúlchistí malairte eachtraí, cumhdaítear beagán níos mó ná 3 mhí d'allmhairí agus tá siad níos mó ná an fiachas seachtrach gearrthéarmach.

- B'ábhar imní é **an t-iomaíochas costais** roimh phaindéim COVID-19 agus tá sé fós ina ábhar imní. Mar gheall ar an dímheas ainmniúil leanúnach ar an bhforint, fritháirítear go páirteach na méaduithe móra ar chostais ainmniúla aonad saothair le blianta beaga anuas. Tháinig méadú ar chostais aonad saothair arís in 2021, i gcomhthéacs margadh saothair teann agus tuartar go méadóidh siad go mór arís in 2022 agus 2023. Níor tháinig aon athrú ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021 ar an mórchóir ach dímheasadh go láidir faoi mhí Lúnasa 2022 é.

- Is ábhar imní go fóill é an fás an-mhór faoi **phraghsanna tithe**. Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ó 4.9 % go 16.5 % in 2021, fás atá orthu sin is tapa san Aontas. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig borradh faoin bhfás faoi phraghsanna tithe go 22.8 % sa dara ráithe de 2022. Measadh go ndearnadh ró-luacháil 17 % ar phraghsanna tithe in 2021. An tráth céanna, bhí an infheistíocht teaghaise cuid mhaith faoi bhun mheán an Aontais ag 3.9 % de OTI in 2021.

- Tháinig laghdú beag ar an **bhfiachas rialtais** in 2021, go 76.8 % de OTI, tar éis fás suntasach ainmniúil faoi OTI, agus tuartar go gcobhsóidh sé ar an leibhéal sin a bheag nó a mhór. Laghdaigh an t-easnamh rialtais go 7.1 % de OTI in 2021 agus tuartar go leanfaidh sé air ag

maolú mar gheall ar bhearta a d'fhógair an rialtas. Tá méadú ar an sciar den fhiachas rialtais a ainmnítear in airgeadraí eachtracha nó a shealbhaíonn neamhchónaitheoirí. Mhéadaigh torthaí bannaí ceannasacha le haghaidh na n-aibíochtaí uile, go háirithe ó bhí an samhradh seo caite ann. An tráth céanna, tá ollriachtanais maoiniúcháin an rialtais ard. Tá rioscaí measartha inbhuanaitheachta fioscaí ann sa mheántéarma agus tá rioscaí móra inbhuanaitheachta fioscaí ann san fhadtéarma, mar gheall freisin ar an daonra atá ag dul in aois.

- Tá an **earnáil baincéireachta** ar fónamh ar an iomlán fós ach beidh dúshláin le sárú aici amach anseo. Tá an bhrabúsacht orthu sin is airde san Aontas, tá cóimheas caipitil leibhéal 1 gar do mheán an Aontais agus d'fhan an cóimheas iasachta neamhthuillmhí íseal, cé go raibh méadú ar an bhfiachas staonta in 2021. Le cáin amhantair a tugadh isteach le déanaí le haghaidh 2022 agus 2023 agus caidhp rialála ar rátaí solúbtha morgáiste go dtí lár-2023, is dóichí go laghdófar brabúis banc go mór. Is ionann sealúchais fhiachas an rialtais agus beagnach an cúigiú cuid de shócmhainní bainc. Tá an cóimheas idir fiachas na hearnála príobháidí agus OTI íseal ach tháinig méadú mór ar iasachtaíocht teaghlach agus corparáidí ó bhí 2020 ann agus tá tábhacht ag baint le hiasachtaí in airgeadraí eachtracha, go háirithe i gcás na réadmhaoine tráchtála.

Graf 3.17.1: **Graif roghnaithe: An Ungáir**



Foinse: Eurostat, Comext agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.17.1: **Táscairí eacnamaíocha agus airgeadais roghnaithe, an Ungáir**

	Tairseacha	*tagarmharc*	*tagarmharc*	*2019*	*2020*	*2021*	réamhaisnéis *2022*	réamhaisnéis *2023*
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			0.5	-0.5	-1.9	-4.2	-6.0
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		0.0 (1)	-6.1 (2)	-0.8	-1.1	-4.0	-7.6	-6.3
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-52.0 (3)	-14.4 (4)	-49.8	-52.2	-53.1	-46.1	-44.7
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				-2.6	-2.4	-1.5		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			11.5	13.7	12.4 p	20.6	27.8
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				3.1	6.7	2.1 p	10.7	13.0
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			0.4	-4.9	-4.1	-13.1	-13.5
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-0.8	-3.6	0.3	-10.0	-4.2
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 5 bliana)	-6%			5.0	7.4	0.0	2.0	3.3
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 1 bhliain)				1.1	2.6	-3.8	2.6	0.9
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			67.3	76.8	80.5 p	75.9	65.5
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			4.2	8.1	12.7 p	6.0	2.0
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		46.4 (6)	26.0 (7)	18.5	20.8	21.0	19.7	18.6
Fiachas corparáide neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		63.4 (6)	35.1 (7)	48.8	56.0	59.5	56.2	46.3
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			11.8	1.5	10.0 p	4.5	-15.3
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		16.8 (8)		17.0	4.9	16.5	17.1	3.5
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			65.3	79.3	76.8	76.4	75.2
Fiachas ginearálta rialtais (% de OTI)				-2.0	-7.5	-7.1	-6.2	-4.4
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			36.8	55.0	16.4	0.0	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				14.3	7.6	12.7		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		15.8	15.9	17.7		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				4.2e	3.6e	3.2p	3.4	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			3.6	3.7	3.8	3.9	4.0
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		3.3 (10)		3.3	4.1	4.1	3.6	4.2
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			2.6	2.0	2.1	3.4	3.8
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-1.2	-0.5	-0.1		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp	2 pp			-1.5	2.0	3.6		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.18. MÁLTA

I Málta, tá an t-easnamh sa chuntas reatha mór go leor fós agus tá an fiachas corparáideach neamhairgeadais ard freisin cé go bhfuil na rioscaí a bhaineann leis sin teoranta de réir dealraimh. Tá an cóimheas ard idir an fiachas corparáideach neamhairgeadais agus OTI fós ag laghdú. Meastar go ndéantar ró-luacháil mheasartha ar phraghsanna ainmniúla tithe.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, ní dhearna an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus níor sainaithníodh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le haghaidh Málta. I mbliana, ní mheasann an Coimisiún gur gá mionanailís bhreise a dhéanamh ar Mhálta.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 5.7 % in 2022 agus 2.8 % in 2023. Tá boilsciú ard ann cé go bhfuil sé níos ísle ná mar atá ann i bhformhór na mBallstát eile san Aontas. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú air go 7.5 % i mí Dheireadh Fómhair, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú 6.7 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Leis an léamh scórchláir le haghaidh Málta, léirítear go ndeachaigh táscaire amháin thar a thairseach thráscach in 2021, is é sin fás ainmniúil faoin gcostas aonad saothair. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Tá an t-ionchas **inbhuanaitheachta seachtraí** ag dul in olcas. Mhéadaigh an t-easnamh sa chuntas reatha go 4.6 % in 2021 agus meastar go dtiocfaidh meath breise air in 2022. ([46]) Fritháirítear feabhsuithe ar chomharduithe taistil in aghaidh chomhardú na trádála in earraí fuinnimh atá ag dul in olcas. Ba é an t-easnamh sa trádáil in earraí neamhfhuinnimh ba mhó ba chúis leis an laghdú foriomlán. Tá an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta fós mór agus dearfach, rud a léiríonn seasamh na tíre mar lárionad airgeadais idirnáisiúnta. Tuartar go bhfanfaidh sí ar an leibhéal sin d'ainneoin easnaimh mhóra sa chuntas reatha.

- Níl ach imní theoranta ann faoin **iomaíochas costais** de réir dealraimh. Tháinig laghdú ar chostais ainmniúla aonad saothair in 2021, tar éis an mhéadaithe mhóir in 2020 ach tuartar go méadóidh siad arís beagán in 2022. Tá an fás faoin gcostas aonad saothair fós faoi bhun mheán an limistéir euro. Dímheasadh an fíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, dímheasadh faoi mhí Lúnasa 2022 é.

- Tá leochaileachtaí fós ann a bhaineann leis an gcóimheas idir an **fiachas corparáideach neamhairgeadais** agus OTI, cé go bhfuil sé ag laghdú leis. Tháinig laghdú measartha air go 78.4 % in 2021. Lean an cóimheas fiachais chorparáidigh neamhairgeadais de bheith ag laghdú sa chéad leath de 2022, ach tá tosca riosca ann a bhaineann leis an timpeallacht mhaicreacnamaíoch. Tá sé fós os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bhunúsaigh agus tá sé trí phointe céatadáin níos airde ná mar a bhí sé in 2019. Tá sreafaí creidmheasa chuig corparáidí neamhairgeadais ard go fóill mar % de OTI.

- Tá imní ann fós faoi fhorbairtí ar **phraghsanna tithe**. Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe go 5.1 % in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú ar an bhfás faoi phraghsanna tithe go 7.7 % sa dara ráithe de 2022. Measadh go ndearnadh ró-luacháil 9 % ar phraghsanna tithe in 2021. Tá an earnáil baincéireachta ar fónamh ar an iomlán agus tá leibhéil arda caipitlithe ann ach tá an bhrabúsacht íseal. Tá nochtadh na mbanc ar an earnáil réadmhaoine fós an-ard.

([46]) Tá neamhréiteach mór ann idir sonraí faoi Chomhardú na nÍocaíochtaí agus faoin gCuntas Náisiúnta i dtaca leis an gcuntas reatha, agus barrachas mór le sonrú sa Chuntas Náisiúnta in 2021, cé gur barrachas níos ísle é ná mar a bhíodh ann roimh bhlianta na paindéime. Bunaítear an scórchlár agus na measúnuithe sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh ar shonraí faoi Chomhardú na nÍocaíochtaí.

- Tháinig méadú ar an gcóimheas **fiachais rialtais** go 56.3 % de OTI agus tuartar go méadóidh sé a thuilleadh, i dtreo na tairsí de 60 % de OTI. Tháinig laghdú ar an easnamh rialtais go 7.8 % de OTI in 2021 agus tuartar go leanfaidh sé de bheith ag laghdú. Tá rioscaí measartha inbhuanaitheachta fioscaí ann sa mheántéarma agus tá rioscaí móra inbhuanaitheachta fioscaí ann san fhadtéarma, mar gheall ar an daonra atá ag dul in aois agus an t-easnamh ard tosaigh fioscach.

Graf 3.18.1: **Graif roghnaithe: Málta**



Foinse: Eurostat, Comext agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.18.1: **Táscairí eacnamaíocha agus airgeadais roghnaithe, Málta**

	Tairseacha	"agarmharc"	agarmharc	2019	2020	2021	réamhaisnéis 2022	réamhaisnéis 2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			5.7	2.8	-0.8	-4.2	-4.8
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		-2.4 (1)	3.2 (2)	5.0	-2.9	-4.6	-5.1	-4.8
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-71.1 (3)	-15.8 (4)	53.5	51.0	52.8	50.3	52.8
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				234.8	254.6	259.4		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			7.2	19.6	12.9	9.7	0.6
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				3.6	11.4	-2.2	0.7	2.1
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			1.8	2.1	-1.2	-4.8	-8.1
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-1.2	1.4	-1.3	-5.0	-2.2
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	-6%			20.0	12.5	-0.9	-1.4	2.2
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 1 bhliain)				4.0	4.1	-8.9	3.2	0.4
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			124.1	138.6	131.8	129.9	120.9
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			12.7	6.6	9.4	11.0	9.8
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		56.4 (6)	54.8 (7)	48.5	55.1	53.4	53.0	53.6
Fiachas corparáideach neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		47.8 (6)	52.6 (7)	75.6	83.5	78.4	76.9	67.3
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilsoithe (athrú % 1 bhliain)	6%			4.2	2.2	3.8 p	0.5	-1.5
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		8.6 (8)		6.1	3.4	5.1	7.0	7.0
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			40.7	53.3	56.3	57.4	59.9
Iarmhéid ginearálta rialtais (% de OTI)				0.6	-9.4	-7.8	-6.0	-5.7
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			7.5	1.7	7.7	0.2	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				6.0	0.3	3.5		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		20.2	21.3	20.6		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				3.2e	3.6e	3.0p	2.8	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			3.8	3.9	3.8	3.7	3.2
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		3.8 (10)		3.6	4.4	3.4	3.2	3.1
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			5.3	4.9	3.5	1.5	0.9
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-1.5	-0.9	-0.9		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-1.4	0.3	0.3		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.19. AN ÍSILTÍR

San Ísiltír, tá an barrachas sa chuntas reatha, an cóimheas idir an fiachas teaghlaigh agus OTI agus an cóimheas idir an fiachas corparáideach neamhairgeadais agus OTI agus an ró-luacháil ar phraghsanna tithe fós mór. An barrachas sa chuntas reatha agus na forbairtí is déanaí ar an iomaíochas costais, is údar iad le dlúthfhaireachán a dhéanamh, lena n-áirítear ó thaobh athchothromú an limistéir euro. Bhí an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe orthu sin is mó san Aontas in 2021 agus meastar go ndéantar ró-luacháil ar phraghsanna tithe.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus tháinig ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ann san Ísiltír. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar mharthanacht leochaileachtaí nó ar an gcaoi a bhfuil deireadh atá á chur leis na leochaileachtaí i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh na hÍsiltíre.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 4.6 % in 2022 agus 0.6 % in 2023. Tá boilsciú ard ann. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig laghdú air go 16.8 % i mí Dheireadh Fómhair, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú 6.8 %. Meastar go méadóidh an boilsciú níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na hÍsiltíre go ndeachaigh ceithre tháscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin iarmhéideanna ar chuntas reatha, fás ainmniúil faoin gcostas aonad saothair, fás iarbhír faoi phraghsanna tithe agus an fiachas san earnáil phríobháideach. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Baineann saincheisteanna i dtaobh **na hearnála seachtraí** leis an mbarrachas ard seanbhunaithe sa chuntas reatha, fiú más rud é gur athbhreithníodh anuas é. Tháinig méadú air in 2021 go 7.2 % de OTI, mar gheall go príomha ar chomharduithe níos airde ioncaim. Tuartar go laghdóidh sé in 2022, mar gheall ar théarmaí trádála atá ag dul in olcas agus ar thionchar athlonnú Shell chuig an Ríocht Aontaithe, ach tá sé fós os cionn na dtairseacha táscacha. Tá an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta mar sciar de OTI, ag 93 % in 2021, orthu sin is airde san Aontas, d'ainneoin an laghdaithe mhóir atá ann mar thoradh ar éifeachtaí diúltacha luachála. Tuartar go leanfaidh sé de bheith ag laghdú in 2022.

- D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh forbairtí ar an **iomaíochas costais** bac ar athchothromú an limistéir euro. Tháinig laghdú beag ar chostais ainmniúla aonad saothair in 2021, d'ainneoin gur éirigh an margadh saothair ní ba theinne, ach tuartar go dtiocfaidh méadú orthu, cé go mbeidh siad fós faoi bhun mheán an limistéir euro. Níor tháinig aon athrú ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021 ar an mórchóir ná níor tháinig aon athrú mór air i gcomparáid leis an mbliain seo caite faoi mhí Lúnasa 2022.

- Tá an cóimheas idir **fiachas corparáideach neamhairgeadais** agus OTI fós orthu sin is airde san Aontas cé go bhfuil sé ag laghdú. Tháinig laghdú measartha air in 2021, go 129 %. Lean an cóimheas fiachais chorparáidigh neamhairgeadais de bheith ag laghdú sa chéad leath de 2022, ach tá tosca riosca ann a bhaineann leis an timpeallacht mhaicreacnamaíoch. Tá sé fós os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bhunúsaigh araon. Maolaítear na rioscaí leis an sciar ard d'iasachtú trasteorann inghrúpa agus maoláin mhóra chorparáideacha leachtachta. Tháinig méadú ar shreafaí creidmheasa chuig corparáidí neamhairgeadais mar sciar de OTI in 2021.

- Tá an cóimheas idir **fiachas teaghlaigh** agus OTI fós orthu sin is airde san Aontas agus b'ionann é agus 100 % de OTI in 2021, méid atá os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bunaithe ar bhuntosca. Tháinig laghdú ar an gcóimheas in 2021 áfach, d'ainneoin rannchuidiú dearfach sreafaí creidmheasa, agus lean sé de bheith ag laghdú sa chéad leath de 2022. Tá an fiachas neamhthuillmheach teaghlaigh fós íseal.

- Is ábhar imní go fóill é an fás mór faoi **phraghsanna tithe**. Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ó 7.6 % in 2020 go 15 % in 2021, fás atá orthu sin is tapa san Aontas. Bhain an fás 18.2 % amach sa dara ráithe de 2022 i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Measadh go ndearnadh ró-luacháil 21 % ar phraghsanna tithe in 2021. Is údar le faireachán a dhéanamh iad na rioscaí a bhaineann le ceartuithe praghais, d'ainneoin go bhfuil an earnáil baincéireachta cobhsaí agus dea-chaipitlithe agus gur mhéadaigh an bhrabúsacht in 2021. Tá an cóimheas iasachta neamhthuillmhí íseal. Tá an fás faoi mhorgáistí beag go fóill.

Graf 3.19.1: **Graif roghnaithe: An Ísiltír**



Foinse: Eurostat, Ameco agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.19.1: **Príomhthascairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Ísiltír**

	Tairseacha	*tagarmharc*tagarmharc*		2019	2020	2021	réamhaisnéis 2022	réamhaisnéis 2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			8.4	7.1	6.4	6.0	6.1
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		2.3 (1)	5.6 (2)	6.9	5.1	7.2	5.7	5.3
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-88.8 (3)	35.0 (4)	89.6	113.0	93.0	82.7	85.2
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				-0.3	12.9	26.0		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			6.0	14.4 p	11.2 p	9.5	5.3
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				3.2	8.5 p	-0.6 p	1.6	4.3
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			2.4	3.8	2.2	-2.4	-5.6
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				0.4	1.8	0.0	-4.2	-1.5
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	-6%			-0.3	6.8	1.1	0.7	-2.1
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 1 bhliain)				-1.3	5.0	-5.0	0.7	-1.2
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			229.9	233.1 p	229.3 p	218.7	213.8
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			-0.3	-0.7 p	11.7 p	6.9	13.4
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		63.5 (6)	73.4 (7)	99.7	103.8p	100.4p	95.9	92.7
Fiachas corparáideach neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		94.1 (6)	113.5 (7)	130.2			122.8	121.1
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			4.6	6.2	11.2 p	8.4	-0.7
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		20.7 (8)		7.3	7.6	15.0	16.8	3.3
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			48.5	54.7	52.4	50.3	52.4
Iarmhéid ginearálta rialtais (% de OTI)				1.8	-3.7	-2.6	-1.1	-4.0
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			7.9	1.4 p	-0.3 p	3.4	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				7.7	3.1	8.3		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		16.9	17.9	17.8		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				1.8e	1.9e	1.4p	1.3	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			5.1	4.7	4.5	4.3	4.1
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		4.7 (10)		4.4	4.9	4.2	3.7	4.3
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			1.2	1.2	1.0	1.9	2.5
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-1.4	-1.0	-0.4		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-3.6	0.2	0.4		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.20. AN OSTAIR

San Ostair, tháinig borradh faoi phraghsanna tithe agus bhí an cóimheas idir fiachas corparáideach neamhairgeadais agus OTI agus an cóimheas idir fiachas rialtais agus OTI fós ard, cé go bhfuil na rioscaí lena mbaineann teoranta de réir dealraimh. Tháinig méadú suntasach ar an bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe le blianta, agus meastar go bhfuil ró-luacháil mhór ar phraghsanna tithe. Tháinig méadú ar an gcóimheas idir an fiachas corparáideach agus OTI agus tá sé fós os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bhunúsaigh. Tá an fiachas rialtais ag laghdú, cé go bhfuil sé fós níos airde ná mar a bhí sé in 2019.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, ní dhearna an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus níor sainaithníodh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le haghaidh na hOstaire. I mbliana, ní mheasann an Coimisiún gur gá mionanailís bhreise a dhéanamh ar an Ostair.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 4.6 % in 2022 agus 0.3 % in 2023. Tá boilsciú ard ann. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú air go 11.5 % i mí Dheireadh Fómhair, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú i mí Mheán Fómhair 5.7 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na hOstaire go ndeachaigh trí thráscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin fás ainmniúil faoin gcostas aonad saothair, fás iarbhír faoi phraghsanna tithe agus an fiachas rialtais. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Mhéadaigh an imní faoin **bhfiachas corparáideach neamhairgeadais**. Tháinig méadú ar an gcóimheas idir an fiachas corparáideach agus OTI go 78 % in 2021 agus tá sé fós os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bhunúsaigh. Tá sé fós sé phointe céatadáin níos airde ná mar a bhí sé in 2019. An tráth céanna, tháinig laghdú ar an gcóimheas fiachais chorparáidigh neamhairgeadais sa chéad leath de 2022, d'ainneoin méadú ar shreafaí creidmheasa mar % de OTI. Tá imní theoranta ann faoin iomaíochas costais. Mhaolaigh an fás ainmniúil faoin gcostas aonad saothair go mór in 2021 ach tuartar go dtiocfaidh méadú air arís sna blianta atá le teacht agus go méadóidh sé beagán níos tapa ná mar a mhéadóidh i dtíortha eile sa limistéar euro.

- Tá an cóimheas idir an **fiachas teaghlaigh** agus OTI ar leibhéal an tagarmhairc stuamachta agus tá sé faoi bhun an tagarmhairc bunaithe ar bhuntosca. Tháinig laghdú air in 2021 agus d'fhan sé gan athrú sa chéad leath de 2022 ar an mórchóir. Tá an fiachas neamhthuillmheach teaghlaigh fós íseal.

- Is ábhar imní go fóill é an **fás an-mhór faoi phraghsanna tithe**. Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ó 7.7 % in 2020 go 12.4 % in 2021, fás atá orthu sin is tapa san Aontas. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig laghdú beag ar an bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe, ag 12.4 % sa dara ráithe de 2022. Measadh go ndearnadh ró-luacháil 27 % ar phraghsanna tithe. Mar gheall ar an nochtadh íseal ar ráta comhlúthach, an cóimheas íseal idir fiachas teaghlaigh agus OTI, an ráta íseal úinéireachta in aghaidh cíosa, an earnáil shláintiúil airgeadais agus an líon beag iasachtaí neamhthuillmheacha, teorannaítear rioscaí maicreacnamaíocha.

- Tá imní theoranta ann faoin **bhfiachas rialtais**. Tháinig laghdú beag ar an bhfiachas rialtais in 2021, go 82.3 % de OTI, agus tuartar go laghdóidh sé a thuilleadh, ach tá sé fós níos airde ná mar a bhí sé in 2019. Tá an t-easnamh rialtais mór go fóill, cé gur laghdaigh sé go 5.9 % de OTI in 2021 agus tuartar go leanfaidh sé de bheith ag laghdú. Tá rioscaí measartha inbhuanaitheachta fioscaí ann sa mheántéarma agus san fhadtéarma araon.

- Tá an **earnáil baincéireachta** ar fónamh ar an iomlán. Cé go raibh cóimheas caipitil leibhéal 1 faoi bhun mheán an Aontais, tá an bhrabúsacht os cionn mheán an Aontais. Tá an cóimheas iasachtaí neamhthuillmheacha an-íseal freisin ach tá an sciar d'iasachtaí tearcfheidhmiúla (céim 2) fós an-ard. Is foinse mheasartha riosca é nochtadh Raiffeisen Bank International (RBI) i dtreo na Rúise.

Graf 3.20.1: **Graif roghnaithe: An Ostair**



Foinse: Eurostat, BCE agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.20.1: **Príomhthascairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Ostair**

							réamhaisnéis	
	Tairseacha	Tagarmharc	Tagarmharc.	2019	2020	2021	2022	2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			1.6	2.1	1.9	1.2	0.1
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		1.5 (1)	0.5 (2)	2.4	3.0	0.4	0.2	-0.1
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-82.1 (3)	12.3 (4)	14.4	11.5	14.7	16.8	16.1
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				-0.6	-4.6	-4.2		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			5.6	12.0	9.9	9.6	9.5
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				2.3	7.1	0.3	2.1	6.9
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			2.1	3.2	1.2	-2.9	-6.7
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-1.0	2.1	0.1	-5.0	-2.0
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 5 bliana)	-6%			1.2	5.4	-2.7	4.9	1.5
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 1 bhliain)				-0.1	0.5	-3.8	6.4	-1.2
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			121.5	130.4	129.7	125.1	115.6
Fiachas sreafa creidmheasa, comhdhlúite (% de OTI)	14%			5.1	4.4	7.4	8.3	5.4
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		50.7 (6)	77.4 (7)	49.6	53.2	52.1	49.5	48.7
Fiachas corparáide neamhairgeadais, arna chomhdhlúthú (% de OTI)		69.9 (6)	76.5 (7)	71.9	77.2	77.6	75.6	66.9
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilsoithe (athrú % 1 bhliain)	6%			4.0	6.1	9.9	2.1	1.3
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		26.7 (8)		5.8	7.7	12.4	8.9	-0.1
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			70.6	82.9	82.3	78.5	76.6
Fiachas ginearálta rialtais (% de OTI)				0.6	-8.0	-5.9	-3.4	-2.8
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			3.6	11.4	8.0	3.9	
Táta toraidh ar chothromas (%)				7.8	4.1	6.4		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		15.6	16.1	16.0		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% iasachtaí comhlána)				2.2e	2.0e	1.8p	1.8	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			5.3	5.3	5.7	5.7	5.5
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		5.4 (10)		4.8	6.0	6.2	5.0	5.2
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar an bpointe céatadáin (pp))	-0.2 pp			0.7	-0.4	0.1	1.9	3.0
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-1.0	-0.6	0.3		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-2.9	1.2	1.0		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.21. AN PHOLAINN

Sa Pholainn, tá costais aonad saothair agus praghsanna tithe ag méadú, cé go bhfuil na rioscaí lena mbaineann teoranta de réir dealraimh. Meastar go méadóidh an fás ainmniúil faoin gcostas aonad saothair, i bhfianaise an chroí-bhoilscithe aird agus an ghanntanais lucht saothair. Tá an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe orthu sin is mó san Aontas agus meastar go ndéantar ró-luacháil theoranta ar phraghsanna tithe. Leis an dímheas ar an ráta malairte, cuirtear roinnt brú ar an mboilsciú agus tá easnamh sa chuntas reatha anois mar thoradh ar imthosca aonuaire.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, ní dhearna an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus níor sainaithníodh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le haghaidh na Polainne. I mbliana, ní mheasann an Coimisiún gur gá mionanailís bhreise a dhéanamh ar an bPolainn.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 4 % in 2022 agus 0.7 % in 2023. Tá an boilsciú an-ard i láthair na huaire, i gcomparáid le comhpháirtithe trádála na Polainne sa limistéar euro, ach tuartar go dtiocfaidh moill air. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú air go 15.7 % i mí Mheán Fómhair, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú 11.5 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Leis an léamh scórchláir le haghaidh na Polainne, léirítear go ndeachaigh táscaire amháin thar a thairseach thráscach in 2021, is é sin an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Níl imní mhór ann go fóill faoin **inbhuanaitheacht sheachtrach**. I bhfianaise an éilimh láidir agus téarmaí neamhfhabhracha trádála, tá easnamh sa chuntas reatha de 1.4 % de OTI in 2021 agus tuartar go dtiocfaidh meath breise air in 2022. Dá ainneoin sin, tuartar go dtiocfaidh feabhas breise ar an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta agus go mbeidh sí fós laistigh de thairseach thráscach an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha de -35 % ó 2022 ar aghaidh. Tá cuid mhaith den staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta ag brath ar an infheistíocht dhíreach, rud lena dteorannaítear an imní atá ann faoin staid sheachtrach.

- D'fhéadfadh sé go mbeadh imní ann faoin **iomaíochas costais** dá leanfadh an boilsciú ard agus an fás láidir faoin bpá ar aghaidh. Tháinig laghdú ar na costais ainmniúla aonad saothair in 2021 agus tuartar go mbeidh méadú suntasach orthu amach anseo. Dímheasadh an fíor-ráta malairte iarbhír *vis-à-vis* comhpháirtithe trádála na Polainne.

- Tá fás tapa faoi **phraghsanna ainmniúla tithe** le blianta beaga anuas, ach tá siad fós i gcomhréir leis na buntosca ar an mórchóir i gcomhthéacs fás láidir faoin ioncam. Leis an teannadh airgeadais in 2021/22, spreagadh an méadú is géire san Aontas ar an ráta morgáiste sa Pholainn, agus tá laghdú mór ar shreafaí creidmheasa teaghlaigh. Le leitheadúlacht morgáistí ar ráta comhlúthach, is dócha go dtarchuirfear na costais úis sin go díreach chuig sealbhóirí morgáistí nua agus morgáistí a bhí ann cheana. Leanann **earnáil baincéireachta** na Polainne de bheith dea-chaipitlithe áfach i gcomhthéacs féichiúnas íseal teaghlaigh agus cóimheasa réasúnta íseal idir iasachtaí agus luachanna. Tá leibhéal na n-iasachtaí neamhthuillmheacha fós íseal agus leanann sé de bheith ag laghdú.

- Géaraítear brúnna boilscithe le **ganntanais lucht saothair**. Bhain an fás ainmniúil faoi phá 12.4 % amach i mí Lúnasa 2022 i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Tá an ráta dífhostaíochta fós orthu sin is ísle san Aontas, ag 3.4 % in 2021, agus tuartar go laghdóidh sé in 2022 sula méadaíonn sé beagán in 2023. Mhéadaigh an ráta gníomhaíochta a thuilleadh. Leis an mborradh a chuir daoine easáitithe ón Úcráin faoin soláthar lucht saothair, meastar go maolófar ganntanais lucht saothair, mar a léirítear cheana i roinnt earnálacha amhail seirbhísí.

Graf 3.21.1: **Graif roghnaithe: An Pholainn**



Foinse: Eurostat agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.21.1: **Príomhthascairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Pholainn**

							réamhaisnéis	
	Tairseacha	*"eagarmharc"eagarmharc*		*2019*	*2020*	*2021*	*2022*	*2023*
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			-1.1	0.1	0.3	-1.0	-3.0
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		0.3 (1)	-4.4 (2)	-0.2	2.5	-1.4	-4.1	-3.5
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-52.7 (3)	-4.1 (4)	-48.8	-43.9	-39.5	-29.4	-27.0
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				-10.7	-4.5	0.8		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			8.0	14.0	9.9 b	14.4	16.9
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				3.9	7.5	-1.6 b	8.1	9.8
Fíor-ráta malairte éifeachtach – 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			2.8	1.1	-0.4	-0.7	-0.2
Fíor-ráta malairte éifeachtach – 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-0.9	1.1	-0.6	-1.2	1.5
Sciar den mhargadh onnmhairíochta – % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	-6%			22.0	33.6	24.9	19.1	15.2
Sciar den mhargadh onnmhairíochta – % d'onnmhairí an domhain (athrú % 1 bhliain)				3.8	11.3	-0.7	0.3	0.1
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			74.2	76.1	71.6	63.5	57.8
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			3.6	1.8	4.0	2.4	2.8
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		54.3 (6)	22.2 (7)	34.4	34.6	32.3	26.8	24.3
Fiachas corparáideach neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		82.4 (6)	34.5 (7)	39.8	41.5	39.3	36.7	33.5
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			6.4	6.7	3.7	-2.6	-5.8
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		-1.9 (8)		8.7	10.5	9.2	9.9	5.0
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			45.7	57.2	53.8	51.3	52.9
Iarmhéid ginearálta rialtais (% de OTI)				-0.7	-6.9	-1.8	-4.8	-5.5
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			4.3	11.6	13.6	0.1	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				6.9	3.1	4.8		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		15.9	17.5	16.1		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				6.1e	6.0e	5.0p	4.7	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			4.1	3.5	3.3	3.1	3.0
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		3.4 (10)		3.3	3.2	3.4	2.7	3.0
Ráta gníomhaíochta – % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			2.1	1.4	3.4	1.7	1.2
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí – % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-1.5	-0.9	-0.1		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige – % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-7.9	-4.0	0.1		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.22. AN PHORTAINGÉIL

Sa Phortaingéil, tá imní ann go fóill faoin gcóimheas idir an fiachas teaghlaigh agus OTI, an fiachas corparáideach neamhairgeadais agus OTI, an fiachas rialtais agus OTI agus an fiachas seachtrach agus OTI, cé gur lean na cóimheasa fiachais de bheith ag laghdú tar éis ghéarchéim COVID-19. Tá borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe agus tá comharthaí ag teacht chun cinn go bhfuil ró-luacháil á dhéanamh ar thithe. Tá riosca fós ann i ndáil leis an bhfáinne fí idir an earnáil airgeadais agus an earnáil phoiblí.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus tháinig ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ann sa Phortaingéil. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar mharthanacht leochaileachtaí nó ar an gcaoi a bhfuil deireadh á chur leis na leochaileachtaí i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh na Portaingéile.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 6.6 % in 2022 agus 0.7 % in 2023. Tá boilsciú ard ann agus réamh-mheastar go n-athróidh sé i gcomhréir le meán an limistéir euro ar an mórchóir. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú air go 10.6 % i mí Dheireadh Fómhair, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú i mí Mheán Fómhair 6.5 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na Portaingéile go ndeachaigh sé thascaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta, fás ainmniúil faoin gcostas aonad saothair, fás iarbhír faoi phraghsanna tithe, an fiachas san earnáil phríobháideach, fiachas rialtais agus an t-athrú ar an dífhostaíocht i measc na hóige. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Is fadhb fós í an **inbhuanaitheacht sheachtrach**. Cé gur tháinig feabhas mór ar an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta agus gur bhain sí amach na leibhéil is airde a bhí aici le 15 bliana, tá sí mór agus diúltach go fóill agus tuartar go dtiocfaidh tuilleadh feabhsuithe uirthi go dtí 2024. Mhéadaigh an t-easnamh sa chuntas reatha go 1.2 % de OTI 2021, toisc gur fritháiríodh go maith an feabhas ar an gcomhardú taistil agus ar onnmhairí earraí le comhardú na trádála in earraí fuinnimh a chuaigh in olcas. Réamh-mheastar go méadóidh an t-easnamh beagán in 2022 mar gheall ar éifeachtaí praghais. Tháinig fás ainmniúil measartha faoin gcostas aonad saothair in 2021 agus meastar go n-iompóidh sé ina fhás diúltach in 2022. Dímheasadh an fíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, dímheasadh faoi mhí Lúnasa 2022 é.

- Tá leochaileachtaí fós ann a bhaineann leis an gcóimheas idir an **fiachas corparáideach neamhairgeadais** agus OTI, cé go bhfuil sé ag laghdú leis. Tháinig laghdú air go 90.5 % in 2021, ach tá sé fós ceithre phointe céatadáin níos airde ná mar a bhí in 2019. Tháinig laghdú ar an gcóimheas fiachais chorparáidigh neamhairgeadais sa chéad leath de 2022, ach tá tosca riosca ann a bhaineann leis an timpeallacht mhaicreacnamaíoch. Tá sé fós os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bhunúsaigh araon. Maidir le hiasachtaí neamhthuillmheacha corparáidí mar chéatadán d'iasachtaí corparáideacha banc, lean siad de bheith ag laghdú. Tá an cóimheas idir **fiachas teaghlaigh** agus OTI fós os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bunaithe ar bhuntosca, cé gur tháinig laghdú air in 2021 agus gur lean sé de bheith ag laghdú sa chéad leath de 2022.

- Tá an imní faoi fhorbairtí ar **phraghsanna tithe** ag méadú. Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ó 8.8 % go 9.4 % in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe go 13.2 % sa dara ráithe de 2022. Meastar go ndearnadh ró-luacháil 23 % ar phraghsanna tithe in 2021. Ní shocraítear an ráta úis ach ar feadh suas le bliain amháin i gcás dhá thrian de mhorgáistí.

- Tá imní mhór ann go fóill faoin **bhfiachas rialtais**. In 2021, tháinig laghdú naoi bpointe céatadáin air, go 125.5 % de OTI, agus tuartar go laghdóidh sé a thuilleadh, agus go mbainfidh sé amach in 2022 na leibhéil ar a raibh sé roimh an bpaindéim. Tháinig laghdú ar an easnamh rialtais go 2.9 % de OTI in 2021 agus tuartar go leanfaidh sé de bheith ag laghdú sa tréimhse réamhaisnéise. Tá rioscaí móra inbhuanaitheachta fioscaí ann sa mheántéarma agus tá rioscaí measartha inbhuanaitheachta fioscaí ann san fhadtéarma.

- Mhaolaigh an imní faoin earnáil **baincéireachta**, ach tá roinnt laigí fós inti. Mhéadaigh an bhrabúsacht agus d'fhan cóimheasa sócmhainneachta athléimneach. Tá cóimheas caipitil leibhéal 1 os cionn na gceanglas rialála áfach ach tá sé íseal i gcomparáid le piaraí Eorpacha, agus tá an bhrabúsacht fós réasúnta íseal. Lean an cóimheas iasachta neamhthuillmhí de bheith ag laghdú ach tá sé fós os cionn mheán an Aontais agus tá iasachtaí tearcfheidhmiúla (céim 2) ardaithe freisin. Thairis sin, tá na rioscaí fós ann i ndáil leis an bhfáinne fí idir an earnáil airgeadais agus an earnáil phoiblí.

Graf 3.22.1: **Graif roghnaithe: An Phortaingéil**



Foinse: Eurostat agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.22.1: **Príomhtháscairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Phortaingéil**

							réamhaisnéis	
	Tairseacha	*°agarmharc°agarmharc*		*2019*	*2020*	*2021*	*2022*	*2023*
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			0.8	0.0	-0.6	-1.2	-1.1
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		0.0 (1)	-2.4 (2)	0.4	-1.0	-1.2	-1.4	-0.8
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-52.3 (3)	-15.7 (4)	-100.0	-104.6	-94.7	-85.2	-79.3
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				-46.7	-46.7	-36.1		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			8.5	15.6	12.5 p	8.4	3.4
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				2.8	8.7	0.6 p	-0.9	3.8
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			-0.3	0.0	-2.8	-5.3	-7.3
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-1.9	0.8	-1.8	-4.4	-1.4
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	-6%			8.3	-1.5	-5.3	3.3	1.3
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 1 bhliain)				0.8	-10.2	0.1	12.2	-0.3
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			149.5	163.7	156.9 p	147.8	137.6
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			2.6	4.4	4.0 p	5.7	3.5
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		40.4 (6)	31.5 (7)	63.5	69.1	66.4	63.0	61.4
Fiachas corparáideach neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		64.4 (6)	62.0 (7)	86.0	94.6	90.5	84.8	76.2
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			9.0	8.1	7.9	5.7	2.0
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		22.5 (8)		10.0	8.8	9.4	10.9	2.1
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			116.6	134.9	125.5	115.9	109.1
Iarmhéid ginearálta rialtais (% de OTI)				0.1	-5.8	-2.9	-1.9	-1.1
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			-0.2	6.6	7.1	1.8	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				4.3	0.0	4.9		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		14.1	15.4	15.5		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				6.1e	4.9e	3.6p	3.4	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			7.7	7.0	6.8	6.5	6.1
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		6.2 (10)		6.7	7.0	6.6	5.9	5.9
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			2.2	0.0	0.7	0.3	1.4
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-3.6	-2.3	-0.3		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-9.7	-1.4	3.1		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.23. AN RÓMÁIN

Sa Rómáin, leanann an imní atá ann faoin inbhuanaitheacht sheachtrach agus an t-easnamh rialtais de bheith ag méadú. Mhéadaigh an t-easnamh sa chuntas reatha in 2021 agus tá sé ag méadú a thuilleadh i láthair na huaire. Tháinig feabhas ar an easnamh rialtais agus tuartar go leanfaidh sé de bheith ag laghdú, ach tá sé ard go fóill. Tuartar go dtiocfaidh méadú ar chostais ainmniúla aonad saothair i gcomhthéacs an bhoilscithe aird, na nganntanas lucht saothair agus na méaduithe móra ainmniúla ar phá, agus mar gheall ar sin tá imní áirithe ann faoin iomaíochas.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus tháinig ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ann sa Rómáin. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar mharthanacht leochaileachtaí nó ar an gcaoi a bhfuil deireadh á chur leis na leochaileachtaí i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh na Rómáine.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 5.8 % in 2022 agus 1.8 % in 2023. Tá boilsciú ard ann. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú air go 13.4 % i mí Mheán Fómhair, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú 6.5 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na Rómáine go ndeachaigh trí thráscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin iarmhéid ar chuntas reatha, an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta agus fás ainmniúil faoin gcostas aonad saothair. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Mhéadaigh an imní faoin **inbhuanaitheacht sheachtrach** a thuilleadh. Mhéadaigh an t-easnamh sa chuntas reatha go 7.3 % de OTI in 2021, agus tuartar go méadóidh sé a thuilleadh in 2022. Tháinig feabhas áirithe ar an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta go -47.2 % de OTI in 2021, mar gheall ar an bhfás láidir ainmniúil faoi OTI agus roinnt éifeachtaí dearfacha luachála, agus tuartar go bhfeabhsóidh sí a thuilleadh in 2022, ach go dtiocfaidh meath uirthi arís in 2023. D'fhan an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta gan ionstraimí neamh-mhainneachtana diúltach ach gar don chomhardú.

- Bhí imní ann faoin **iomaíochas costais** roimh phaindéim COVID-19 agus tá an imní sin ag méadú a thuilleadh. Tháinig méadú beag ar chostais ainmniúla aonad saothair in 2021 agus tuartar go dtiocfaidh méadú níos mó orthu in 2022 agus ina dhiaidh sin, i gcomhthéacs an bhoilscithe aird, na nganntanas lucht saothair agus na méaduithe móra ar phá ainmniúil. Níor tháinig aon athrú ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021 ar an mórchóir agus lean sé de bheith réasúnta cobhsaí faoi mhí Lúnasa 2022.

- Tá imní theoranta ann faoi fhorbairtí ar **phraghsanna tithe**. Mhoilligh an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe beagán ó 4.7 % go 4.4 % in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig borradh faoin bhfás faoi phraghsanna tithe go 8.5 % sa dara ráithe de 2022. Ní léirítear leis an méadracht bearna luachála go bhféadfadh sé go mbeadh ró-luacháil á déanamh ar phraghsanna tithe.

- Tá na rioscaí a bhaineann leis an **bhfiachas rialtais** ag méadú. Tháinig feabhas ar an easnamh rialtais, ach tá sé ard go fóill ag 7.1 % de OTI in 2021. Tuartar go laghdóidh sé a thuilleadh. Tháinig méadú ar an bhfiachas rialtais go 48.9 % de OTI in 2021 agus tuartar go laghdóidh sé beagán i mbliana agus an bhliain seo chugainn. Tá sé fós i bhfad níos mó na leibhéil a bhí ann roimh COVID. Tá torthaí bannaí ceannasacha orthu siúd is airde san Aontas. Baineann rioscaí móra le hairgeadraí, ainmnítear leath fhiachais an rialtais láir in airgeadraí eachtracha, agus shealbhaigh neamhchónaitheoirí tuairim agus leath den fhiachas rialtais ag deireadh 2021. Tá rioscaí móra inbhuanaitheachta fioscaí ann sa mheántéarma agus tá rioscaí measartha inbhuanaitheachta fioscaí ann san fhadtéarma.

- Tá an **earnáil baincéireachta** cobhsaí. Tháinig laghdú ar an gcóimheas iasachta neamhthuillmhí go 3.4 % de na hiasachtaí iomlána in 2021. Cé go bhfuil an cóimheas caipitil leibhéal 1 gar do mheán an Aontais, tá an bhrabúsacht an-ard. Tar éis an teannaidh airgeadais, tháinig méadú mór ar rátaí úis in 2021 agus in 2022.

Graf 3.23.1: **Graif roghnaithe: An Rómáin**



Foinse: Eurostat, Comext agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.23.1: **Príomhthascairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Rómáin**

	Tairseacha	"agarmharc"	"agarmharc"	2019	2020	2021	réamhaisnéis 2022	réamhaisnéis 2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			-4.2	-4.8	-5.7	-7.2	-8.7
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		0.3 (1)	-5.0 (2)	-4.9	-4.9	-7.3	-9.5	-9.2
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-47.5 (3)	-8.0 (4)	-43.4	-47.6	-47.2	-39.8	-42.3
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				-4.0	-7.0	-6.5		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			24.0	20.7	14.4 p	10.0	9.4
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				6.9	5.8	1.2 p	2.8	5.2
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			0.2	3.4	1.0	2.8	0.5
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-0.3	1.4	0.0	1.5	-0.9
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	-6%			17.4	19.9	10.6	12.1	9.2
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 1 bhliain)				1.5	1.9	0.5	4.1	0.8
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			46.5	48.0	48.1 p	45.8	39.5
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			2.0	1.3	3.8 p	5.0	3.1
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		59.8 (6)	20.4 (7)	15.4	16.1	15.8	14.8	14.2
Fiachas corparáideach neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		97.9 (6)	39.9 (7)	31.1	31.9	32.3	31.0	25.3
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilsithe (athrú % 1 bhliain)	6%			-1.9	2.3	-1.1	-4.5	-5.8
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		-19.8 (8)		3.4	4.7	4.4	8.9	1.4
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			35.1	46.9	48.9	47.9	47.3
Iarmhéid ginearálta rialtais (% de OTI)				-4.3	-9.2	-7.1	-6.5	-5.0
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			10.3	13.4	14.3	0.8	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				12.3	9.0	13.1		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		19.0	21.8	19.9		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				4.3e	3.9e	3.4p	3.1	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			5.4	5.4	5.5	5.7	5.6
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		5.5 (10)		4.9	6.1	5.6	5.4	5.8
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			3.1	2.3	3.2	2.2	2.2
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-1.4	-0.6	-0.2		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-4.9	-1.4	0.5		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.24. AN tSLÓIVÉIN

Sa tSlóivéin, tá imní ann fós faoi fhorbairtí ar phraghsanna tithe agus faoin easnamh rialtais, ach tá na rioscaí lena mbaineann teoranta de réir dealraimh. Tá an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe orthu sin is mó san Aontas, ach ní léir go bhféadfadh sé go mbeadh ró-luacháil á déanamh ar phraghsanna tithe. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh srianta ar thaobh an tsoláthair agus an boilsciú ard isteach ar an iomaíochas agus ar an bhfás sa mheántéarma. Tá an t-easnamh rialtais fós ard.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, ní dhearna an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus níor sainaithníodh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le haghaidh na Slóivéine. I mbliana, ní mheasann an Coimisiún gur gá mionanailís bhreise a dhéanamh ar an tSlóivéin.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 6.2 % in 2022 agus 0.8 % in 2023. Tá boilsciú ard ann. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig laghdú air go 10.3 % i mí Dheireadh Fómhair, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú i mí Mheán Fómhair 6.6 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na Slóivéine go ndeachaigh ceithre tháscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin fás ainmniúil faoin gcostas aonad saothair, fás iarbhír faoi phraghsanna tithe, an t-athrú ar an ráta gníomhaíochta agus an t-athrú ar an dífhostaíocht i measc na hóige. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Níl imní mhór ann faoin **inbhuanaitheacht sheachtrach**. Tar éis barrachas an-mhór a thaifeadadh le roinnt blianta anuas, tháinig meath ar an iarmhéid ar chuntas reatha go 3.8 % de OTI in 2021. Ba é an phríomhchúis leis sin comhardú na trádála in earraí, lena n-áirítear, go pointe, earraí fuinnimh a bheith ag dul i laghad. Tuartar go dtiocfaidh laghdú breise ar an iarmhéid ar chuntas reatha agus go n-iompóidh sé ina chuntas diúltach in 2022. Lean an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta de bheith ag méadú léi go socair, agus bhain sí -6.8 % de OTI amach in 2021 agus tuartar go mbeidh sí comhardaithe faoi 2024. Tá an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta gan ionstraimí neamh-mhainneachtana beagán ar thaobh na dearfachta.

- Níl imní mhór ann faoin **iomaíochas costais** go fóill. Tháinig fás ainmniúil measartha faoin gcostas aonad saothair in 2021 agus meastar go n-iompóidh sé ina fhás diúltach in 2022. Tuartar go dtiocfaidh méadú ar chostais aonad saothair in 2023. Dímheasadh an fíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT beagán in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, dímheasadh faoi mhí Lúnasa 2022 é.

- Is ábhar imní go fóill é an **fás an-mhór faoi phraghsanna tithe**. Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ó 4.6 % in 2020 go 11.5 % in 2021, fás atá orthu sin is mó san Aontas. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, bhí an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ag 15.6 % sa dara ráithe de 2022. Ní léirítear leis an méadracht bearna luachála go bhféadfadh sé go mbeadh ró-luacháil á déanamh ar phraghsanna tithe. Cuirtear in iúl le sonraí faoi idirbhirt a rinneadh le déanaí go bhféadfadh sé go mbeadh moilliú ar an margadh.

- Tá dinimic **fiachais rialtais** ina hábhar imní go fóill, d'ainneoin feabhsuithe a rinneadh. Tháinig laghdú ar an bhfiachas rialtais go 74.5 % de OTI in 2021 agus tuartar go leanfaidh sé de bheith ag laghdú de réir a chéile. Tá an t-easnamh rialtais fós ard ach tháinig laghdú air go 4.7 % de OTI in 2021. Tuartar go laghdóidh sé a thuilleadh in 2022, ach go méadóidh sé in 2023. Tá rioscaí móra inbhuanaitheachta fioscaí ann sa mheántéarma agus san fhadtéarma mar gheall ar an staid bhuiséadach tosaigh neamhfhabhrach agus mar gheall go bhfuil an daonra ag dul in aois.

- Tá an **earnáil baincéireachta** cobhsaí fós. Cé go bhfuil an caipitiliú faoi bhun mheán an Aontais, mhéadaigh an bhrabúsacht in 2021 agus tá sí go maith os cionn mheán an Aontais. Tháinig laghdú mór ar an gcóimheas iasachta neamhthuillmhí le blianta beaga anuas agus tá sé fós íseal.

Graf 3.24.1: **Graif roghnaithe: An tSlóivéin**



Foinse: Eurostat, Ameco agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.24.1: **Táscairí eacnamaíocha agus airgeadais roghnaithe, an tSlóivéin**

	Tairseacha	*agairmharc	*agairmharc	2019	2020	2021	réamhaisnéis 2022	2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%|6%			6.0	6.5	5.8	3.5	0.8
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		0.8 (1)	-1.1 (2)	5.9	7.6	3.8	-0.7	-0.6
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-63.0 (3)	5.1 (4)	-16.2	-15.6	-6.8	-2.0	0.2
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				0.8	1.6	9.7		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			8.0	14.5	12.8	7.4	5.8
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				3.9	7.3	1.1	-1.0	5.7
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			1.0	1.9	-0.4	-4.5	-6.6
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-0.5	0.6	-0.5	-4.5	-1.8
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	-6%			15.8	19.5	11.6	9.1	5.8
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 1 bhliain)				0.7	1.7	-0.5	3.1	0.7
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			68.6	69.5	66.4	64.4	59.0
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			0.8	-0.9	3.5	5.8	4.3
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		43.9 (6)	37.2 (7)	26.8	27.8	26.4	25.5	25.4
Fiachas corparáideach neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		65.9 (6)	57.3 (7)	41.8	41.7	40.0	38.9	33.6
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			5.3	5.2	7.8	2.5	1.9
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		0.4 (8)		6.7	4.6	11.5	10.5	3.3
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			65.4	79.6	74.5	69.9	69.6
Iarmhéid ginearálta rialtais (% de OTI)				0.6	-7.7	-4.7	-3.6	-5.2
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			9.9	14.0	14.1	1.5	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				10.3	11.3	9.5		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		17.8	16.7	16.9		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				3.4e	3.0e	2.1p	1.9	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			5.4	4.8	4.7	4.6	4.4
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		6.0 (10)		4.4	5.0	4.8	4.1	4.3
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			3.5	0.2	0.6	2.1	2.8
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-2.4	-1.2	-0.3		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-7.2	3.0	3.9		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.25. AN tSLÓVAIC

Bhí imní ann sa tSlóvaic faoin iomaíochas costais agus faoi fhorbairtí ar phraghsanna tithe roimh phaindéim COVID-19 agus tá siad ag dul i méid. Meastar go dtiocfaidh borradh faoin bhfás ainmniúil faoin gcostas aonad saothair, agus tá an croí-bhoilsciú an-ard i gcomparáid le piaraí na Slóvaice sa limistéar euro. Tá praghsanna tithe ag méadú leo go fóill agus tá méaduithe leanúnacha ag teacht ar an bhfiachas teaghlaigh le blianta beaga anuas. Tá an t-easnamh sa chuntas reatha ag méadú go mór. Ba cheart dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an easnamh ard rialtais.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, ní dhearna an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus níor sainaithníodh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le haghaidh na Slóvaice. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar leochaileachtaí nua atá ag teacht chun cinn agus ar na himpleachtaí atá acu i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh na Slóvaice.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 1.9 % in 2022 agus 0.5 % in 2023. Tá an boilsciú an-ard, i gcomparáid le comhpháirtithe trádála na Slóvaice sa limistéar euro. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú air go 14.5 % i mí Mheán Fómhair, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú 9.3 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na Slóvaice go ndeachaigh cúig thráscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta, fás ainmniúil faoin gcostas aonad saothair, an fiachas rialtais, fás dliteanas san earnáil airgeadais agus an t-athrú ar an dífhostaíocht i measc na hóige. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Chuaigh an t-ionchas **inbhuanaitheachta seachtraí** in olcas. Easnamh atá san iarmhéid ar chuntas reatha ag -2.5 % de OTI in 2021. Tuartar go dtiocfaidh meath mór air i mbliana agus go bhfanfaidh sé an-diúltach, mar gheall ar an gcomhardú fuinnimh agus mar gheall ar an laghdú mór ar an gcomhardú in earraí neamhfhuinnimh araon. An feabhas beag a tháinig ar an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta, a bhí ag -61 % de OTI in 2021, ba é ba chúis leis sin an fás faoi OTI agus roinnt éifeachtaí dearfacha luachála. Tuartar meathlú beag in 2022 sula dtosóidh sí ag feabhsú arís. An infheistíocht dhíreach atá i gceist le cuid mhaith den staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta, rud lena dteorannaítear an imní atá ann faoin staid sheachtrach.

- Bhí imní ann faoin **iomaíochas costais** roimh phaindéim COVID-19 agus tá an imní sin ag méadú a thuilleadh. Mhéadaigh na costais ainmniúla aonad saothair in 2021, cé go raibh an méadú níos lú ná an méadú a bhí ann i mblianta roimhe sin, ach tuartar go leanfaidh siad de bheith ag méadú go mór in 2022 agus in 2023, i gcomhthéacs chroí-bhoilsciú ard na Slóvaice agus méaduithe móra ar an bpá ainmniúil. Níor tháinig aon athrú ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021 ar an mórchóir agus lean sé de bheith réasúnta cobhsaí faoi mhí Lúnasa 2022 freisin.

- Tá an cóimheas idir **fiachas teaghlaigh** agus OTI os cionn an tagarmhairc bunaithe ar bhuntosca agus gar don tagarmharc stuamachta. Tá an fiachas teaghlaigh i bhfad níos airde ná mar atá sé i measc phiaraí na Slóvaice agus is ionann é agus beagnach 50 % de OTI. Bhí glansreafaí creidmheasa chuig teaghlaigh réasúnta dinimiciúil in 2021, thart ar 4 % de OTI, agus tuartar go dtiocfaidh méadú orthu in 2022. D'fhan an cóimheas idir fiachas teaghlaigh agus OTI gan athrú ar an mórchóir sa chéad leath de 2022. Tá líon na n-iasachtaí neamhthuillmheacha teaghlaigh íseal agus lean sé de bheith ag laghdú in 2021.

- Is ábhar imní go fóill iad forbairtí ar **phraghsanna tithe**. Tháinig moilliú ar an bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ó 9.6 % in 2020 go 6.4 % in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú ar an bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe go 16.6 % sa dara ráithe de 2022. Measadh go ndearnadh ró-luacháil 14 % ar phraghsanna tithe in 2021. Tá an creidmheas

morgáistí an-dinimiciúil agus is foinse riosca é. Tháinig méadú géar ar phraghsanna réadmhaoine, go háirithe ó bhí an dara leath de 2021 ann.

- Tá srian ar na rioscaí a bhaineann leis an **bhfiachas rialtais** sa ghearrthéarma. Mhéadaigh an fiachas rialtais go 62.2 % de OTI in 2021, méid is mó ná an táirseach scórchláir den chéad uair riamh. Tuartar go leanfaidh sé de bheith ag laghdú beagán, agus go mbeidh sé faoi bhun 60 % de OTI in 2022, méid is mó 12 phointe céatadán ná mar a bhí ann in 2019 go fóill féin. Chuaigh an t-easnamh rialtais in olcas ó bhí an phaindéim ann agus shroich sé 5.5 % in 2021. Tuartar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais in 2022 ach go méadóidh sé arís in 2023. Tá rioscaí arda inbhuanaitheachta fioscaí ann sa mheántéarma agus san fhadtéarma mar gheall ar fhorbairtí fiachais fhadtéarmaigh agus costais a bhaineann le níos mó daoine a bheith ag dul in aois.

Graf 3.25.1: **Graif roghnaithe: An tSlóvaic**



Foinse: Eurostat, Ameco agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.25.1: **Príomhtháscairí eacnamaíocha agus airgeadais, an tSlóvaic**

							réamhaisnéis	
	Tairseacha	*Tagarmharc I*	*Tagarmharc II*	*2019*	*2020*	*2021*	*2022*	*2023*
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			-2.5	-1.7	-1.8	-2.7	-4.7
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		0.1 (1)	-3.2 (2)	-3.3	0.6	-2.5	-6.3	-5.4
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-47.9 (3)	-1.5 (4)	-65.6	-64.8	-61.0	-62.6	-57.4
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				-14.1	-14.8	-14.7		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			14.2	15.4	14.1	16.6	16.6
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				5.3	5.5	2.8	7.6	5.5
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			2.6	5.3	3.1	1.2	-0.8
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				0.6	2.5	-0.1	-1.2	0.5
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	-6%			1.3	7.4	-2.9	-6.8	-9.3
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 1 bhliain)				-2.3	3.3	-4.2	-5.4	-0.8
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			91.0	94.5	95.0	94.8	79.3
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			4.5	2.5	5.5	8.0	2.3
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		49.5 (6)	30.0 (7)	43.4	46.6	47.8	49.3	47.5
Fiachas corparáideach neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		75.3 (6)	47.4 (7)	47.6	47.9	47.2	45.5	31.8
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			6.2	7.2	3.0	-0.5	-4.0
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		13.9 (8)		9.1	9.6	6.4	10.0	5.9
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			48.0	58.9	62.2	59.6	57.4
Iarmhéid ginearálta rialtais (% de OTI)				-1.2	-5.4	-5.5	-4.2	-5.8
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			5.8	10.2	24.0	3.0	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				8.3	5.3	8.4		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		15.8	16.8	16.7		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				2.9e	2.5e	2.0p	1.9	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			6.8	6.3	6.4	6.6	6.5
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		7.4 (10)		5.7	6.7	6.8	6.3	6.4
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			0.8	0.4	0.2	1.0	1.6
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-2.9	-2.2	-0.8		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	2 pp			-6.3	0.4	4.8		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.26. AN FHIONLAINN

San Fhionlainn, tá an fiachas teaghlaigh ard, cé go bhfuil na rioscaí lena mbaineann teoranta de réir dealraimh. Tá na hiasachtaí uile beagnach chun tithe a cheannach ag rátaí comhlúthacha, rud a nochtann teaghlaigh do na rioscaí a bhaineann le rátaí níos airde a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá an córas baincéireachta láidir agus athléimneach de réir cosúlachta, d'ainneoin nochtaí móra trasteorann, go háirithe le tíortha Nordacha eile.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, ní dhearna an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus níor sainaithníodh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le haghaidh na Fionlainne. I mbliana, ní mheasann an Coimisiún gur gá mionanailís bhreise a dhéanamh ar an bhFionlainn.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 2.3 % in 2022 agus 0.2 % in 2023. Tá boilsciú ard ann cé go bhfuil sé níos ísle ná mar atá ann i roinnt tíortha eile sa limistéar euro. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig laghdú ar an mboilsciú go 8.3 % i mí Dheireadh Fómhair, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú 4.4 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na Fionlainne go ndeachaigh dhá thascaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin an fiachas san earnáil phríobháideach agus an fiachas rialtais. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Tá imní theoranta ann faoin **iomaíochas costais**. Tháinig méadú breise ar na costais ainmniúla aonad saothair in 2021 agus tuartar go leanfaidh siad de bheith ag méadú, cé go bhfuil an croí-bhoilsciú níos ísle san Fhionlainn ná mar atá sé i roinnt tíortha eile sa limistéar euro. Dímheasadh an fíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT beagán in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, dímheasadh faoi mhí Lúnasa 2022 é.

- Tá an cóimheas idir **fiachas teaghlaigh** agus OTI fós os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bunaithe ar bhuntosca, ach tháinig laghdú air in 2021 agus d'fhan sé cobhsaí sa chéad leath de 2022 ar an mórchóir, mar go meastar go bhfanfaidh glansreafaí creidmheasa measartha. Tuartar go dtacóidh fás ainmniúil faoi OTI leis an díghiaráil in 2022 fós. Tá an fiachas neamhthuillmheach teaghlaigh fós íseal. Tá na hiasachtaí uile, nó geall leis na hiasachtaí uile chun tithe a cheannach ag rátaí comhlúthacha.

- Tá imní theoranta ann go fóill faoi fhorbairtí ar **phraghsanna tithe**. Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe go 4.6 % in 2021. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, bhí an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ag 2.2 % sa dara ráithe de 2022. Ní léirítear leis an méadracht bearna luachála go bhféadfadh sé go mbeadh ró-luacháil á déanamh ar phraghsanna tithe.

- Ní bhaineann ach rioscaí teoranta leis an **bhfiachas rialtais**. Tháinig laghdú air go 72.4 % de OTI in 2021 agus tuartar go gcobhsóidh sé thart ar an leibhéal sin, ach go bhfanfaidh sé os cionn an leibhéil a bhí ann in 2019. Tháinig laghdú ar an easnamh rialtais go 2.7 % de OTI in 2021 agus tuartar go leanfaidh sé de bheith ag laghdú. Tá rioscaí measartha inbhuanaitheachta fioscaí ann sa mheántéarma agus san fhadtéarma araon.

- Leanann an **earnáil baincéireachta** de bheith cobhsaí agus athléimneach. Bhí caipiteal leibhéal 1 i bhfad os cionn mheán an Aontais in 2021 agus bhí brabúsacht ard ann. Tá an cóimheas iasachta neamhthuillmhí an-íseal agus laghdaigh sé a thuilleadh in 2021. Níl ach rioscaí teoranta ann don chobhsaíocht airgeadais, d'ainneoin nochtaí móra trasteorann, go háirithe le tíortha Nordacha eile.

Graf 3.26.1: **Graif roghnaithe: An Fhionlainn**



Foinse: Eurostat, Ameco agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.26.1: **Príomhtháscairí eacnamaíocha agus airgeadais, an Fhionlainn**

							réamhaisnéis	
	Tairseacha	*'agairmharc' agairmharc*		*2019*	*2020*	*2021*	*2022*	*2023*
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			-1.0	-0.5	0.3	0.4	0.1
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		-0.5 (1)	-0.2 (2)	-0.3	0.7	0.6	-0.2	-0.3
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-79.3 (3)	2.0 (4)	4.0	-4.0	-1.4	4.7	4.3
NENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				6.9	5.8	15.8		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro) 12 % (limistéar neamh-euro)			1.3	5.3	6.0	7.4	10.0
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				1.9	0.7	3.3	3.2	3.1
Físor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro) ±11 % (limistéar neamh-euro)			0.1	2.3	-0.7	-5.4	-10.2
Físor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-1.5	1.6	-0.8	-6.2	-3.6
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 5 bliana)	-6%			3.1	11.6	4.9	-1.5	-2.8
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú 1 bhliain)				2.7	1.0	-3.5	-2.4	-0.4
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			146.1	152.6	150.1	143.5	140.9
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			6.6	6.1	6.1	4.2	6.9
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		55.1 (6)	59.4 (7)	65.8	69.0	67.8	64.7	63.5
Fiachas corparáide neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		65.7 (6)	89.0 (7)	80.3	83.6	82.3	78.8	77.4
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			-0.6	1.3	2.8	-3.5	-1.9
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		-2.5 (8)		0.4	1.8	4.6	2.4	2.0
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			64.9	74.8	72.4	70.7	72.0
Fiachas ginearálta rialtais (% de OTI)				-0.9	-5.5	-2.7	-1.4	-2.3
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			7.8	8.0	9.4	9.2	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				4.9	5.8	9.2		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		17.6	18.1	17.8		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				1.4e	1.5e	1.2p	1.0	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			7.7	7.3	7.4	7.5	7.3
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		6.7 (10)		6.8	7.7	7.7	7.0	7.2
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			2.3	1.5	1.8	2.8	3.4
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-1.4	-1.1	-0.2		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp	2 pp			-2.8	1.0	-0.2		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

3.27. AN tSUALAINN

Sa tSualainn, tá imní ann faoin bhfás ard leanúnach faoi phraghsanna tithe agus tá an fiachas teaghlaigh agus an fiachas corparáideach ard fós. Tá an fás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ard go fóill cé go bhfuil sé ag laghdú, agus meastar go ndéantar ró-luacháil ar phraghsanna tithe.

Sa bhabhta den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhí ann roimhe seo, rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú agus tháinig ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ann sa tSualainn. I mbliana, measann an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil scrúdú a dhéanamh ar mharthanacht leochaileachtaí nó ar an gcaoi a bhfuil deireadh á chur leis na leochaileachtaí i ngrinn-athbhreithniú le haghaidh na Sualainne.

Tuartar gurb éard a bheidh san fhás iarbhír OTI 2.9 % in 2022 agus -0.6 % in 2023. Tá boilsciú ard ann, cé go bhfuil sé beagán níos ísle ná mar atá sé i roinnt mhaith tíortha eile san Aontas agus tá an beartas airgeadaíochta á theannadh go mór. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig méadú air go 10.3 % i mí Mheán Fómhair, agus meastar gurb éard a bhí sa chroí-bhoilsciú 5.8 %. Meastar go méadóidh praghsanna níos tapúla ná pá.

Léirítear leis an léamh scórchláir le haghaidh na Sualainne go ndeachaigh ceithre thráscaire thar a dtairseacha táscacha in 2021, is iad sin fás iarbhír faoi phraghsanna tithe, sreafaí creidmheasa san earnáil phríobháideach, an fiachas san earnáil phríobháideach agus an t-athrú ar an dífhostaíocht i measc na hóige. Cuirtear na forbairtí ábhartha seo a leanas i dtábhacht le léamh eacnamaíoch ar an scórchlár:

- Ní ábhar imní i láthair na huaire iad forbairtí ar an **iomaíochas costais**. Tháinig méadú beag ar chostais ainmniúla aonad saothair in 2021 ach tuartar go leanfaidh siad de bheith ag méadú níos mó fós in 2022 agus 2023. Dá ainneoin sin, tháinig luachmhéadú beag ar an bhfíor-ráta malairte iarbhír bunaithe ar ICPT in 2021. Dímheasadh go mór é i gcomparáid leis an mbliain seo caite, áfach, faoi mhí Lúnasa 2022. Dímheasadh an ráta malairte ainmniúil in 2022. Leis an mbarrachas maith sa chuntas reatha, maolaítear rioscaí a bhaineann le luaineachtaí móra in airgeadraí. Tháinig laghdú ar an mbarrachas rialtais go 5.4 % de OTI agus tuartar go leanfaidh sé de bheith ag laghdú in 2022. Tá an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta dearfach agus tuartar go dtiocfaidh méadú uirthi.

- Tá an cóimheas idir **fiachas corparáideach neamhairgeadais** agus OTI fós orthu sin is airde san Aontas, agus tháinig méadú air go 123 % in 2021. Tá sé fós os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bhunúsaigh agus tá sé 11 phointe céatadáin níos airde ná mar a bhí sé in 2019. Laghdaítear rioscaí leis an sciar ard d'iasachtú trasteorann inghrúpa san fhiachas corparáideach. Tá maoláin leachtachta corparáidí atá ard agus ag dul i méid ann in éineacht leis an bhféichiúnas corparáideach, rud lena maolaítear na rioscaí a thuilleadh, cé go bhfuil codanna den earnáil chorparáideach nochtaithe ar phraghas an fhuinnimh agus ar mhéaduithe ar rátaí úis. Tá sreafaí creidmheasa chuig corparáidí neamhairgeadais ard mar % de OTI. Is ábhar imní í an réadmhaoin tráchtála go háirithe, mar gheall ar an gcaoi a gcistítear í.

- Tá an cóimheas idir **fiachas teaghlaigh** agus OTI fós orthu sin is airde san Aontas agus tá sé os cionn an tagarmhairc stuamachta agus an tagarmhairc bunaithe ar bhuntosca araon. Tháinig laghdú air mar chóimheas le OTI in 2021 agus lean sé de bheith ag laghdú beagán sa chéad leath de 2022 mar gheall ar ghlansreafaí dinimiciúla creidmheasa. Mar chóimheas le hollioncam indiúscartha teaghlaigh, tá an fiachas teaghlaigh ag méadú go leanúnach ó bhí 2013 ann chun beagnach 190 % de OTI a bhaint amach in 2021. Tá an fiachas neamhthuillmheach teaghlaigh fós íseal, ach tá costais seirbhísí fiachais ag méadú go tapa mar gheall ar rátaí úis. Ní shocraítear an ráta comhlúthach ach ar feadh suas le bliain amháin i gcás dhá thrian de mhorgáistí.

- Is ábhar imní go fóill é an **fás an-mhór faoi phraghsanna tithe**. Tháinig borradh faoin bhfás ainmniúil faoi phraghsanna tithe ó 4.2 % go 10.1 % in 2021, fás a bhí orthu sin is tapa san

Aontas. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig moilliú ar an bhfás faoi phraghsanna tithe go 7.1 % sa dara ráithe de 2022. Measadh go ndearnadh ró-luacháil 35 % ar phraghsanna tithe in 2021, ró-luacháil a bhí orthu sin is mó san Aontas. Tháinig laghdú mór ar phraghsanna tithe ó lár na bliana 2022 tar éis méaduithe ar rátaí úis agus ar phraghsanna fuinnimh, rud a chuir brú ar airgeadas teaghlaigh toisc go bhfuil leibhéil fiachais fós ard.

- Leanann an **earnáil baincéireachta** de bheith sláintiúil. Tá cóimheas caipitil leibhéal 1 gar do mheán an Aontais, tá an bhrabúsacht an-ard. Tá an cóimheas iasachta neamhthuillmhí íseal. Tá an soláthar creidmheasa do chorparáidí agus do theaghlaigh orthu sin is mó san Aontas agus tháinig borradh breise faoi in 2021. Is dúshláin don earnáil airgeadais iad an ceartú ar phraghsanna tithe agus na hathruithe ar choinníollacha le haghaidh na réadmhaoine tráchtála. Braitheann an earnáil go mór ar mhargaí idirnáisiúnta agus ar an iasachtú idirbhainc idir bainc na Sualainne dá chistiú freisin, rud a fhágann go nochtar an earnáil baincéireachta ar rioscaí sa mhargadh domhanda.

Graf 3.27.1: **Graif roghnaithe: An tSualainn**



Foinse: Eurostat, BCE (BSI) agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

Tábla 3.27.1: **Príomhtháscairí eacnamaíocha agus airgeadais, an tSualainn**

	Tairseacha	"agarmharc"	agarmharc	2019	2020	2021	réamhaisnéis 2022	réamhaisnéis 2023
Seasamh seachtrach								
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI, meán 3 bliana)	-4%/6%			3.7	4.7	5.6	4.9	4.0
Iarmhéid ar chuntas reatha, comhardú na n-íocaíochtaí (% de OTI)		0.7 (1)	0.3 (2)	5.5	5.9	5.4	3.3	3.4
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	-35%	-87.4 (3)	4.1 (4)	13.2	9.4	21.2	37.9	39.9
NIENDI - NIIP gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI) (5)				-11.4	-10.9	-2.0		
Iomaíochas								
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % 3 bliana)	9 % (limistéar euro)	12 % (limistéar neamh-euro)		7.2	8.7	5.5	6.9	8.5
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (athrú % bliain ar bhliain)				1.5	3.4	0.5	2.8	4.9
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	±5 % (limistéar euro)	±11 % (limistéar neamh-euro)		-8.3	-4.8	2.1	-2.4	-8.6
Fíor-ráta malairte éifeachtach — 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 1 bhliain)				-3.8	3.0	3.0	-8.0	-3.5
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	-6%			-2.9	3.1	-1.0	1.8	1.5
Sciar den mhargadh onnmhairíochta — % d'onnmhairí an domhain (athrú % 1 bhliain)				2.9	4.1	-3.2	0.4	-2.5
Fiachas earnála príobháidí								
Fiachas earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	133%			200.0	212.8	215.2	211.8	200.2
Sreabhadh creidmheasa earnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	14%			9.7	14.4	16.6	15.0	12.0
Fiachas teaghlaigh, comhdhlúite (% de OTI)		70.3 (6)	78.3 (7)	88.5	93.7	92.5	90.2	88.8
Fiachas corparáideach neamhairgeadais, comhdhlúite (% de OTI)		82.0 (6)	94.6 (7)	111.5	119.1	122.7	121.6	111.4
Margadh tithíochta								
Innéacs praghsanna tithe, díbhoilscithe (athrú % 1 bhliain)	6%			0.4	3.3	8.1	-5.9	-8.3
Innéacs praghsanna tithe, ainmniúil (athrú % 1 bhliain)		34.6 (8)		2.5	4.2	10.1	6.5	1.9
Fiachas rialtais								
Ollfhiachas ginearálta rialtais (% de OTI)	60%			35.2	39.5	36.3	32.1	29.4
Iarmhéid ginearálta rialtais (% de OTI)				0.6	-2.8	-0.1	0.2	0.2
Earnáil baincéireachta								
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliain)	16.5%			11.5	10.7	10.9	0.9	
Ráta toraidh ar chothromas (%)				10.9	8.4	10.0		
Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1		10.6 (9)		17.7	19.2	19.2		
Iasachtaí neamhthuillmheacha comhlána, eintitis intíre agus eachtracha (% d'iasachtaí comhlána)				1.1e	1.0e	1.0p	0.8	
Margadh saothair								
Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	10%			6.8 b	7.3 b	8.1	8.2	7.9
Ráta dífhostaíochta (leibhéal bliana)		6.7 (10)		7.0	8.5	8.8	7.2	7.6
Ráta gníomhaíochta — % den daonra idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	-0.2 pp			0.8	0.0	0.6 b	1.0	1.2
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí — % den daonra gníomhach idir 15 agus 74 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp)	0.5 pp			-0.5	-0.2	0.2		
Ráta dífhostaíochta i measc na hóige — % den daonra gníomhach idir 15 agus 24 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar pp	2 pp			1.1	6.3	7.9		

Nótaí: Féach Iarscríbhinn 1

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin, Eurostat agus BCE; An Coimisiún Eorpach le haghaidh na bhfigiúirí réamhaisnéise (réamhaisnéis an fhómhair 2022)

Tábla A1.1: **Nótaí a ghabhann le táblaí na rannóige Tíortha**

Nótaí a ghabhann le táblaí na rannóige Tíre
Nóta: Na figiúirí atá aibhsithe, is iad sin na figiúirí atá ag an teorainn nó thairsti. Bratacha: b: Briseadh sa tsraith. d: Sainmhíniú éagsúil. e: Measta. p: Sealadach.
(1) Cuntais reatha i gcomhréir leis na bunphrionsabail (noirm maidir le cuntais reatha): a dhíorthaítear ó chúlchéimnithe i bhfoirm laghdaithe lena ngabhtar príomhchinntitheach na cothromaíochta idir coigilt agus infheistíocht, lena n-áirítear cinntithigh bhunúsacha, tosca beartais agus coinníollacha airgeadais domhanda. Féach L. Coutinho et al. (2018), *Methodologies for the assessement of current account benchmarks* , *European Economy* , Páipéar Plé 86/2018.
(2) An cuntas reatha a bhfuil gá leis chun an NIIP thuas a chobhsú -35 % de OTI thar 20 bliain: Úsáidtear sna ríomhanna réamh-mheastacháin T+10 an Choimisiúin. Féach L. Coutinho et al. (2018), *Methodologies for the assessement of current account benchmarks* , *European Economy* , Páipéar Plé 86/2018.
(3) Tagarmharc stuamachta NIIP/NENDI: Is é atá sa tairseach stuamachta le haghaidh NIIP an leibhéal tírshonrach ar dóchúla, de réir na meastachán, géarchéim i dtaca le comhardú na n-íocaíochtaí a bheith ann má théitear thairis. Mar a tharlaíonn sé, tá an tairseach le haghaidh NENDI mar an gcéanna. Turrini A. agus S. Zeugner (2019) *Benchmarks for Net International Investment Positions* . *European Economy* , Páipéar Plé 097/ Mí na Bealtaine 2019.
(4) Tagarmharc NIIP arna mhíniú go bunúsach (norm NIIP): NIIP a bhainfí amach dá mbeadh iarmhéid ar chuntas reatha á rith ag tír i gcomhréir leis na bunphrionsabail ó bhí 1994 ann. Mar sin, léiríonn sé an chuid de NIIP ar féidir í a mhíniú trí na bunphrionsabail. Turrini A. agus S. Zeugner (2019) *Benchmarks for Net International Investment Positions* [Tagarmharcanna le haghaidh Staideanna Infheistíochta Idirnáisiúnta]. *European Economy* , Páipéar Plé 097/ Mí na Bealtaine 2019.
(5) NIIP glan ó ionstraimí neamh-mhainneachtana (NENDI): fothacar de NIIP a dhéanann asbhaint as a chomhpháirteanna nach mbaineann ach le cothromas, i.e. cothromas agus gnáthscaireanna maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche (IDC), agus ó fhiachas IDC trasteorann ionchuideachta, agus léiríonn sé na hionstraimí lena ndéantar NIIP a eisiamh, ar ionstraimí iad nach féidir a bheith faoi réir mainneachtana. Turrini A. agus S. Zeugner (2019) *Benchmarks for Net International Investment Positions* . *European Economy* , Páipéar Plé 097/ Mí na Bealtaine 2019.
(6) Tairseach stuamachta don chóimheas fiachais neamhairgeadais chorparáide agus teaghlaigh le OTI: comhfhreagraíonn sé don leibhéal lena mbaineann riosca géarchéime níos airde má sháraítear é. Díorthaítear é as cúlchéimnithe lena laghdaítear an dóchúlacht go mbeidh géarchéim ann nach raibh coinne léi nó go mbeidh foláirimh bhréagacha ann. Zeugner, S. (2019), *Is Private Debt Excessive?* , *Open Economies Review* , 1-42.
(7) An buntagarmharc don chóimheas fiachais neamhairgeadais chorparáide agus teaghlaigh le OTI: arna shainmhíniú mar an meánchuntas reatha a bhfuil gá leis chun NIIP a shroicheadh agus a chobhsú ag -35 % de OTI le linn na 20 bliain amach romhainn. Bricongne, J. C., Coutinho, L., Turrini, A., Zeugner, S. (2019), *Is Private Debt Excessive?* , *Open Economies Review* , 1-42.
(8) Meánbhearna maidir le praghsanna tithe: is é seo meán uimhríochtúil na mbearnaí idir praghas agus ioncam, idir praghas agus cíos agus sa luacháil samhla. Déantar an bhearna sa luacháil samhla a réamh-mheas i gcreat comhtháthaithe agus úsáid á baint as córas ina bhfuil cúig bhunathraitheach; daonra iomlán, stoc réadach tithíochta, ioncam indiúscartha réadach *per capita* , ráta úis réadach fadtéarmach agus díbhoilsceoir praghsanna an chaiteachais ar thomhaltas críochnaitheach. Bunaithe ar obair Philiponnet, N., Turrini, A. (2017), dar teideal *Assessing House Price Developments in the EU. European Economy - Discussion Papers 2015* - 048, An Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (AS ECFIN), an Coimisiún Eorpach.
(9) Cóimheas chaipiteal gnáthchothromas Leibhéal 1 atá é éileamh ag BCE i bPróiseas Athbhreithniúcháin agus Meastóireachta Maoirseachta 2021.

Foinse: Seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh

IARSCRÍBHINN 2: RÉAMHAISNÉISÍ AGUS TUAIRISCÍ ÓN AM I LÁTHAIR AR NA TÁSCAIRÍ SCÓRCHLÁIR

Chun feabhas a chur ar na heilimintí réamhbhreathnaitheacha den léamh scórchláir, cuireann anailís sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh freisin le réamhaisnéisí le haghaidh 2022 agus ina dhiaidh sin i gcás inar féidir. I gcás ina bhfuil na figiúirí sin ar fáil, bunaítear na figiúirí sin ar réamhaisnéis an fhómhair 2022 ón gCoimisiún. Murach sin, is éard atá sna figiúirí den chuid is mó réamhaisnéisí a d'ullmhaigh seirbhísí an Choimisiúin le haghaidh na Tuarascála seo maidir leis an Sásra Foláirimh.

Sa tábla thíos, tugtar achoimre ar na toimhdí a úsáidtear le haghaidh fhigiúirí réamhaisnéise na dtáscairí ceannlíne scórchláir. Eascraíonn na figiúirí OTI a úsáidtear mar ainmneoirí i gcóimheasa áirithe ó réamhaisnéis an fhómhair 2022 ón gCoimisiún.

I gcás rátaí athraithe ilbhliantúla (e.g., an t-athrú 5 bliana ar sciartha den mhargadh onnmhairiúcháin), ní bhunaítear ach an chuid a bhaineann le 2022 agus 2023 ar réamhaisnéisí, bunaítear na codanna a bhaineann le 2021 nó leis na blianta roimhe sin ar shonraí Eurostat is bonn le scórchlár an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

Tábla 1: **Cuir chuige i leith réamhaisnéisí agus tuairiscí ón am i láthair le haghaidh tháscairí ceannlíne scórchláir an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha**

Táscaire	Cur chuige	Foinsí sonraí
Iarmhéid ar chuntas reatha, % de OTI (meán 3 bliana)	Luachanna ó réamhaisnéis an fhómhair 2022 ón gCoimisiún (Coincheap Chomhardú na nÍocaíochtaí)	AMECO
Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	Réamhaisnéis ó sheirbhísí an Choimisiúin bunaithe ar réamhaisnéis an fhómhair 2022 ón gCoimisiún le haghaidh iasachtú/iasachtaíocht ghlan iomlán geilleagair	Seirbhísí an Choimisiúin
Físor-ráta malairte iarbhír – 42 chomhpháirtí trádála, díbhoilsceoir ICPT (athrú % 3 bliana)	Luachanna bunaithe ar réamhaisnéis an fhómhair 2022 ón gCoimisiún	AMECO
Sciar den mhargadh onnmhairíochta – % d'onnmhairí an domhain (athrú % 5 bliana)	Bunaítear na figiúirí ar réamhaisnéis an fhómhair 2022 ón gCoimisiún le haghaidh na nithe seo a leanas: i) onnmhairí ainmniúla earraí agus seirbhísí (G&S) le haghaidh na mBallstát (coincheap na gcuntas náisiúnta), agus ii) réamhaisnéis ón gCoimisiún le haghaidh onnmhairí earraí agus seirbhísí i méideanna le haghaidh an chuid eile den domhan, méideanna a aistrítear go leibhéil ainmniúla trí bhíthin an díbhoilsceora allmhairí SAM de chuid an Choimisiúin agus réamhaisnéisí ar an ráta malairte EUR/USD.	AMECO
Innéacs costais ainmniúil aonad saothair, 2010=100 (athrú % 3 bliana)	Luachanna ó réamhaisnéis an fhómhair 2022 ón gCoimisiún	AMECO
Innéacs praghsanna tithe (2015=100), díbhoilscithe (athrú % 1 bhliana)	Réamhaisnéis ó sheirbhísí an Choimisiúin	Seirbhísí an Choimisiúin
Sreabhadh creidmheasa san earnáil phríobháideach, arna chomhdhlúthú (% de OTI)	Réamhaisnéis ó sheirbhísí an Choimisiúin	Seirbhísí an Choimisiúin
Fiachas san earnáil phríobháideach, arna chomhdhlúthú (% de OTI)	Réamhaisnéis ó sheirbhísí an Choimisiúin	Seirbhísí an Choimisiúin
Ollfhiachas rialtais (% de OTI)	Luachanna ó réamhaisnéis an fhómhair 2022 ón gCoimisiún	AMECO
Ráta dífhostaíochta (meán	Luachanna ó réamhaisnéis an fhómhair 2022 ón gCoimisiún	AMECO

3 bliana)		
Iomlán na ndliteanas san earnáil airgeadais, neamh-chomhdhlúite (athrú % 1 bhliana)	Réamhaisnéis ó sheirbhísí an Choimisiúin	Seirbhísí an Choimisiúin
Ráta gníomhaíochta – % den daonra iomlán idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana ar an bpointe céatadáin(pc))	Réamhaisnéis ó sheirbhísí an Choimisiúin	Seirbhísí an Choimisiúin

Tábla 1.1: Scórchlár MIP 2021

	Míchothromaíochtaí seachtracha agus iomaíochas seachtrach					Míchothromaíochtaí inmheánacha						Táscairí fostaíochta'		
Bliain2021	Iarmhéid an chuntais reatha – % de OTI (meán 3 bliana)	Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (% de OTI)	Real effective exchange rate – 42 trading partners, HICP deflator (% athrú 3 bliana)	Sciar den mhargadh onnmhairíochta – % onnmhairí domhanda (% athrú 5 bliana)	Innéacs costais ainmniúil aonad saothair (2015=100) (% athrú 3 bliana)	Innéacs praghsanna tithe (2015=100), díbhoilsciteé (% athrú 1 bhliain)	Sreabhadh creidmheasa na hearnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	Fiachas na hearnála príobháidí, comhdhlúite (% de OTI)	Ollfhiachas rialtais ghinearálta (% de OTI)	Ráta dífhostaíochta (meán 3 bliana)	Dliteanais iomlána na hearnála airgeadais, neamh-chomhdhlúite (% athrú 1 bhliain)	Ráta gníomhaíochta – % den daonra iomlán idir 15 agus 64 bliana d'aois (athrú 3 bliana in pp)	Ráta dífhostaíochta fadtéarmach – % den lucht saothair atá idir 15–74 bliana d'aois (athrú 3 bliana in	Ráta dífhostaíochta i measc na hóige – % den lucht saothair atá idir 15–24 bliana d'aois (athrú 3 bliana in
Tairseacha	-4%/+6%	-35%	±5% (EA) ±11% (Neamh-EA)	-6%	9% (EA) 12% (Neamh-EA)	6%	14%	133%	60%	10%	16.5%	-0.2 pp	0.5 pp	2 pp
BE	0.5	59.9	0.6	2.4	5.4p	4.5	3.8p	169.0p	109.2	5.9	7.5	1.1	0.0	2.2
BG	0.5	-18.4	3.8	12.2	16.4	2.5p	4.4	84.4	23.9	5.5	9.5	0.6	-1.0	-0.1
CZ	0.5	-15.6	5.0	-1.1	13.9	16.4	2.9	78.8	42.0	2.5	7.9	0.0	0.1	1.5
DK	8.5	77.0	-1.1	6.5	6.1	9.5	12.3	214.7	36.6	5.2	11.7	1.4	0.0	0.3
DE	7.3	70.7	0.5	-5.9	7.4p	8.2p	5.7p	120.4p	68.6	3.4b	7.2	1.2	-0.2	0.3
EE	-0.1	-13.0	1.9	17.8	10.7	10.4	6.5	95.3	17.6	5.9	17.5	-0.2	0.3	4.7
IE	-4.2	-145.5	-2.6	39.9	-7.9	4.2	2.6p	168.1p	55.4	5.7	18.8p	1.8	-0.3	0.7
EL	-5.0	-171.9	-3.1	9.6	4.0p	6.4e	-0.1p	120.7p	194.5	16.7	14.3	-0.8	-3.3	-5.7
ES	1.2	-71.5	-0.5	-10.5	12.3p	1.5	2.5p	139.1p	118.3	14.8d	6.6	0.0d	-0.2d	0.5d
FR	-0.3	-32.1	-0.4	-11.4	4.6p	4.7	6.5p	167.8p	112.8	8.1d	7.3p	0.2d	-0.2d	-3.1d
HR	1.8	-35.1	-1.5	7.9	6.4p	4.5	3.0p	88.5p	78.4	7.2	11.7	2.4	-0.6	-1.8
IT	3.4	8.1	-1.8	-6.2	4.6	0.9	3.3	113.5	150.3	9.6	6.2	-1.1	-1.1	-2.5
CY	-7.5	-117.8	-2.4	24.9	4.1p	-4.3	4.3p	248.4p	101.0	7.4	-0.8	1.7	-0.1	-3.1
LV	-0.7	-27.4	2.3	13.4	14.5	7.3	0.9	58.0	43.6	7.3	13.2	-1.8	-1.1	2.6
LT	4.0	-7.4	4.4	37.9	19.2	11.0	5.9	53.9	43.7	7.3	25.2	0.9	0.6	3.2
LU	4.2	30.6	0.6	13.1	11.2p	12.4	53.9p	340.6p	24.5	5.9	11.4	2.1	0.4	2.7
HU	-1.9	-53.1	-4.1	0.0	12.4p	10.0p	12.7p	80.5p	76.8	3.8	16.4	2.1	-0.1	3.6
MT	-0.8	52.8	-1.2	-0.9	12.9	3.8p	9.4	131.8	56.3	3.8	7.7	3.5	-0.9	0.3
NL	6.4	93.0	2.2	1.1	11.2p	11.2p	11.7p	229.3p	52.4	4.5	-0.3p	1.0	-0.4	0.4
AT	1.9	14.7	1.2	-2.7	9.9	9.9	7.4	129.7	82.3	5.7	8.0	0.1	0.3	1.0
PL	0.3	-39.5	-0.4	24.9	9.9b	3.7	4.0	71.6	53.8	3.3	13.6	3.4	-0.1	0.1
PT	-0.6	-94.7	-2.8	-5.3	12.5p	7.9	4.0p	156.9p	125.5	6.8	7.1	0.7	-0.3	3.1
RO	-5.7	-47.2	1.0	10.6	14.4p	-1.1	3.8p	48.1p	48.9	5.5	14.3	3.2	-0.2	0.5
SI	5.8	-6.8	-0.4	11.6	12.8	7.8	3.5	66.4	74.5	4.7	14.1	0.6	-0.3	3.9
SK	-1.8	-61.0	3.1	-2.9	14.1	3.0	5.5	95.0	62.2	6.4	24.0	0.2	-0.8	4.8
FI	0.3	-1.4	-0.7	4.9	6.0	2.8	6.1	150.1	72.4	7.4	9.4	1.8	-0.2	-0.2
SE	5.6	21.2	2.1	-1.0	5.5	8.1	16.6	215.2	36.3	8.1	10.9	0.6b	0.2	7.9

Aibhsítear na figiúirí atá ag an tairseach nó os a chionn. Bratacha: b briseadh sa tsraith. d: Sainmhíniú difriúil. e: Measta. p: Sealadach.

1) Maidir le táscairí fostaíochta, féach leathanach 2 de AMR 2016. 2) Innéacs praghsanna tithe e= meastachán ag NCB le haghaidh EL. 3) Táscairí fostaíochta, d = Rinne an Spáinn agus an Fhrainc measúnú ar an gceangaltán leis an jab agus chuir siad san áireamh san fhostaíocht na daoine a bhí as láthair ón obair ar feadh tréimhse anaithnid, ach a mheastar go bhfillfidh siad ar an bpost céanna nuair a cheadaítear sin de réir bhearta sláinte COVID-19.
Foinse: An Coimisiún Eorpach, Eurostat agus an Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (maidir le Ráta Malairte Gilan Réadach) agus sonraí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta,WEO (maidir le méideanna domhanda onnmhairí earraí agus seirbhísí)

Blia in2021	OTI réadach (% athrú 1 bhliain)	Oilfhoirmiú caipitil sheasta (% de OTI)	Oilchaiteachas intíre ar T&F (% de OTI)	Cuntas reatha móide caipitil (Glanriasachtaíocht-glanfháil ar iasacht) (% de OTI)	Staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta gan ionstraimí neamh-mhainneachtana san áireamh (% de OTI)	Infheistíocht dhíreach eachtrach sa gheilleagar tuairiscithe - sreafaí (% de OTI)	Infheistíocht dhíreach eachtrach sa gheilleagar tuairiscithe - scaireanna (% de OTI)	Comhardú glan na trádála in earraí fuinnimh (% de OTI)	Ráta malairte glan réadach - comhpháirtithe trádála sa limistéar euro (% athrú 3 bliana)	Feidhmíocht onnmhairí in aghaidh geilleagair fhorbartha (% athrú 5 bliana)	Téarmaí na trádála (% athrú 5 bliana)	Sciar den mhargadh onnmhairíochta de réir méid (% athrú 1 bhliain)	Táirgiúlacht oibre (% athrú 1 bhliain)	Oll-iasachtaí neamhthuillmheacha eintiteas intíre agus eachtracha (% d'oll-iasachtaí)	Feidhmíocht costais aonad saothair i ndáil le EA (% athrú 10 mbliana)	Innéacs praghsanna tithe (2015=100) - ainmniúil (% athrú 3 bliana)	Foirgníocht chónaithe (% de OTI)	Fiachas teaghlach, comhdhlúite (INBFT san áireamh, % de OTI)	Giaráil baincéireachta chomhdhlúite, eintitis intíre agus eachtracha (iomlán na sócmhainní/iomlán an chothromais)
BE	6.1p	24.2p	na	0.6	37.3	4.0	166.7	-3.3p	0.4	7.1	-1.2p	1.0p	4.2p	1.6p	-3.3	16.1	6.3p	62.1	13.8p
BG	7.6	16.3	0.8p	0.2	49.8	2.6	80.8	-3.4	2.3	17.4	8.2	0.7	7.4	4.8p	54.2	20.5p	2.8	24.9	8.0p
CZ	3.5	26.0	2.0p	0.7	36.4	2.7	82.1	-2.5	4.5	3.4	0.8	-3.4	3.2	1.7p	15.1	41.7	4.6	34.4	12.3p
DK	4.9	22.6	2.8p	9.1	32.1	3.3	56.6	-0.5	-1.3	11.3	1.9	-2.3	2.3	1.8p	-6.6	20.2	6.0	104.3	16.2p
DE	2.6p	21.8p	3.1p	7.3	54.6	1.7	49.6	-1.9p	0.6	-1.6	-1.6p	-0.6p	2.5p	1.1p	12.9	27.1p	7.2p	56.7	14.1p
EE	8.0	28.9	1.7p	7.1	39.9	19.6	125.9	-0.3	1.4	23.2	1.4	9.6	7.9	1.1p	21.7	30.5	4.9	37.8	9.4p
IE	13.6	23.3	1.3p	15.1	-335.1	16.5	418.6	-1.2	-1.7	46.3	-4.4	3.8	7.1	2.4p	-37.6	11.2	2.1	29.7p	8.8p
EL	8.4p	13.3p	1.4p	-4.6	-150.2	3.1	23.4	-3.1p	-4.3	14.6	-5.2p	13.8p	5.6p	8.6p	-22.5	20.4e	1.3p	55.2	17.0p
ES	5.5p	19.8p	na	1.9	-39.7	3.0	76.4	-2.1p	-0.7	-6.4	0.0p	4.1p	3.0p	2.9p	-8.5	11.5	5.4p	58.4	15.8p
FR	6.8p	24.2	2.2	0.8	-37.2	3.0	51.9	-1.7	-0.5	-7.4	-1.0	-1.5p	4.2p	1.9p	-5.2	15.6	6.7p	66.7p	15.8p
HR	10.2p	21.6p	1.3p	5.5	12.0	6.9	63.4	-2.5p	-2.3	12.8	-1.8p	23.0p	8.9p	4.2p	-16.6	25.9	3.1p	34.7	7.8p
IT	6.7	20.0	1.5p	3.0	6.4	0.9	30.8	-2.5	-2.1	-1.9	-2.0	3.1	6.1	3.5p	-6.1	4.5	4.8	43.4	14.3p
CY	6.6p	19.5p	na	-6.4	-76.4	-123.3	1595.5	-4.4p	-2.4	30.6	-1.6p	3.3p	5.3p	5.6p	-16.3	0.0	7.6p	83.0	16.0p
LV	4.1	22.3	0.7p	-2.8	18.9	9.5	67.1	-2.5	1.1	18.5	7.7	-4.4	6.8	2.1p	35.8	25.0	2.2	19.4	10.3p
LT	6.0	21.4	1.1p	2.6	22.2	4.5	55.5	-4.8	3.2	44.2	-4.3	6.7	4.7	1.2p	30.7	33.0	3.0	23.6	15.7p
LU	5.1p	16.5p	na	5.9	-4766.5	-269.1	5498.4	-2.8p	0.6	18.2	2.0p	-0.6p	2.1p	0.6p	9.8	43.6	3.3p	66.0	15.2p
HU	7.1p	27.2p	1.6	-1.5	-1.5	16.1	323.0	-4.4p	-4.4	4.6	-2.2p	0.0p	6.0p	3.2p	14.9	43.0p	3.9p	21.0	10.8p
MT	10.3	22.1p	0.7	-3.6	259.4	25.1	1481.5	-4.4	-1.2	3.6	1.6	-1.3	7.2	3.0p	14.8	15.3p	3.7p	53.4	12.6p
NL	4.9p	21.6p	na	7.3	26.0	-14.4	549.9	-1.5p	2.4	5.7	-0.8p	-5.1p	2.8p	1.4p	1.6	32.8p	5.5p	100.4p	16.3p
AT	4.6	26.5	3.2p	0.4	-4.2	2.6	60.1	-2.4	1.1	1.7	-2.6	-0.7	2.5	1.8p	7.2	28.1	5.3	52.1	11.7p
PL	6.8	17.0	1.4p	-0.8	0.8	5.5	50.1	-2.0	-0.6	30.6	1.1	2.2	5.3b	5.0p	5.1	31.1	2.3	32.3	12.9p
PT	5.5p	20.3p	1.7p	0.6	-36.1	3.1	85.6	-2.7p	-3.0	-1.0	-0.5p	3.2p	3.5p	3.6p	2.3	30.9	3.8p	66.4	12.0p
RO	5.1p	24.1p	0.5p	-5.1	-6.5	4.1	46.6	-2.0p	0.2	15.7	5.6p	2.2p	3.2p	3.4p	35.4	13.0	2.6p	15.8	10.2p
SI	8.2	20.3	na	3.9	9.7	3.4	43.3	-2.8	-1.0	16.7	-1.5	4.2	6.8	2.1p	-0.4	24.5	2.4	26.4	9.6p
SK	3.0	18.9	1.0	-1.2	-14.7	0.8	66.5	-3.6	3.1	1.5	-2.6	0.3	3.6	2.0p	11.9	27.2	3.9	47.8	10.4p
FI	3.0	23.7	3.0	0.7	15.8	8.0	51.6	-1.9	-1.0	9.7	1.3	-4.9	-0.3	1.2p	-5.9	6.9	7.2	67.8	16.2p
SE	5.1	25.6	3.4	5.5	-2.0	9.2	91.7	-0.7	1.7	3.5	-0.1	-2.4	3.8	1.0p	4.2	17.6	5.3	92.5	16.4p

Bratacha: b briseadh sa tsraith e:Measta. p: Sealadach.

1) Ba é an 31 Deireadh Fómhair 2022 an sprioc-am tarchurtha oifigiúil maidir le sonraí 2021 i ndáil le hollchaiteachas intíre ar T&F agus rinneadh na sonraí a asbhaint an 21 Deireadh Fómhair 2022. 2) Innéacs praghsanna tithe e = meastachán ag NCB le haghaidh EL.

Foinse: An Coimisiún Eorpach, Eurostat agus an Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (maidir le Ráta Malairte Glan Réadach), an Banc Ceannais Eorpach (maidir le giaráil baincéireachta chomhdhlúite agus Oll-iasachtaí neamhthuillmheacha, eintitis intíre agus eachtracha), agus sonraí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta,WEO (maidir le méideanna domhanda onnmhairí earraí agus seirbhísí)

Blian 2021	Fostaíocht (% athrú 1 bhliain)	Ráta gníomhaíochta - % den daonra iomlán idir 15 agus 64 bliana d'aois (%)	Ráta dífhostaíochta fadtéarmach - % den lucht saothair atá idir 15-74 bliana d'aois (%)	Ráta dífhostaíochta i measc na hóige - % den lucht saothair atá idir 15-24 bliana d'aois (%)	Daoine óga nach bhfuil ag obair ná i mbun oideachais agus oiliúna - % den daonra iomlán atá idir 15-24 bliana d'aois		Daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta - % den daonra iomlán		People at risk of poverty after social transfers - % den daonra iomlán		Daoine atá an-díothach ó thaobh ábhair de agus atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta - % den daonra iomlán		Daoine a bhfuil cónaí orthu i dteaghlaigh déine an-íseal oibre - % den daonra iomlán idir 0 agus 64 bliana d'aois	
					%	(athrú 3 bliana in pp)	%	(athrú 3 bliana in pp)	%	(athrú 3 bliana in pp)	%	(athrú 3 bliana in pp)	%	(athrú 3 bliana in pp)
BE	1.9p	69.7	2.6	18.2	7.4b	-1.8b	18.8	-1.7	12.7	-3.7	6.3	-0.2	11.9	-1.2
BG	0.2	72.0	2.6	15.8	14.0b	-1.0b	31.7	-1.3	22.1	0.1	19.1	-3.2	8.4	-0.6
CZ	0.4	76.6	0.8	8.2	6.5b	0.9b	10.7	-1.1	8.6	-1.0	1.8	-0.6	5.4	0.9
DK	2.4	79.6	1.0	10.8	7.1b	-0.6b	17.3	-0.2	12.3	-0.4	3.1	-0.4	9.7	-0.3
DE	0.1p	78.7	1.2	6.9	7.5b	1.6b	20.7	2.2	15.8	-0.2	4.2	0.8	9.3	1.3
EE	0.1	79.1	1.6	16.7	10.9b	0.6b	22.2	-1.4	20.6	-1.3	1.9	-1.2	5.1	-0.2
IE	6.0	74.6	1.8	14.5	7.8b	-2.3b	20.0	-0.8	12.9	-2.0	5.1	-1.0	13.0	-0.2
EL	2.7p	67.3	9.2	35.5	11.0b	-3.1b	28.3	-2.0	19.6	1.1	13.9	-2.2	12.1	-1.5
ES	2.5p	73.7d	6.2d	34.8d	11.0bd	-1.4bd	27.8	0.5	21.7	0.2	8.3	-0.4	11.6	0.8
FR	2.5p	73.0d	2.3d	18.9d	10.6bd	-0.5bd	19.3	1.4	14.4	1.0	5.9	-0.8	10.7	3.2
HR	1.2	68.7	2.8	21.9	12.7b	-0.9b	20.9	-1.2	19.2	-0.1	3.5	-2.6	7.5	-1.8
IT	0.6	64.5	5.4	29.7	19.8b	0.6b	25.2p	-0.5p	20.1p	-0.2p	5.9p	-0.6p	10.8p	0.1p
CY	1.3p	76.7	2.6	17.1	12.8b	-0.4b	17.3	-1.8	13.8	-1.6	2.6	-1.2	5.8	-2.3
LV	-2.6	75.8	2.3	14.8	8.6b	0.8b	26.1	-2.3	23.4	0.1	5.3	-5.1	6.6	-0.7
LT	1.2	78.2	2.6	14.3	11.3b	3.3b	23.4	-5.1	20.0	-2.9	6.4	-5.6	7.8	-1.4
LU	3.0p	73.2	1.8	16.9	8.7b	3.4b	21.1b	1.0b	18.1b	1.4b	2.4b	0.8b	5.5b	-2.3b
HU	1.0p	76.2	1.3	13.5	10.6b	-0.1b	19.4	-1.2	12.7	-0.1	10.2	-1.7	5.3	-0.2
MT	2.9	78.2	0.9	9.4	9.8b	2.5b	20.3	1.1	16.9	0.1	5.4	0.7	5.3	0.0
NL	2.0p	83.7	0.8	9.3	5.1b	0.9b	16.6	0.1	14.4	1.1	2.1	-0.5	8.6	0.2
AT	2.0	77.2	2.0	11.0	8.5b	1.7b	17.3	0.5	14.7	0.4	1.8	-1.0	7.4	1.0
PL	1.5b	72.8	0.9	11.9	11.2b	2.5b	16.8p	-1.4p	14.8p	0.0p	2.9p	-1.6p	4.2p	-1.5p
PT	1.9p	75.2	2.9	23.4	7.6b	-0.8b	22.4	0.8	18.4	1.1	6.0	-0.6	5.3	-1.6
RO	1.8p	65.6	2.0	21.0	18.0b	3.5b	34.4	-4.3	22.6	-0.9	23.1	-5.2	3.5	-2.5
SI	1.3	75.0	1.9	12.8	6.6b	0.0b	13.2	-2.2	11.7	-1.6	1.8	-1.4	3.6	-0.8
SK	-0.6	74.6	3.9	20.6	11.0b	0.8b	15.6	0.4	12.3	0.1	5.7	0.3	5.0	-0.2
FI	3.3	78.8	1.8	17.1	7.7b	-0.8b	14.2	-2.4	10.8	-1.2	1.1	-1.1	8.6	-2.5
SE	1.2	82.9	1.9	24.7	5.1b	-0.9b	17.2	-0.5	15.7	-0.7	1.4	0.0	8.9	0.6

Bratacha: b briseadh sa tsraith. d: Sainmhíniú difriúil. p: Sealadach.

1) Táscairí fostaíochta d = Rinne an Spáinn agus an Fhrainc measúnú ar an gceangaltán leis an jab agus chuir siad san áireamh san fhostaíocht na daoine a bhí as láthair ón obair ar feadh tréimhse anaithnide, ach a mheastar go bhfillfidh siad ar an bpost céanna nuair a cheadaítear sin de réir bhearta sláinte COVID-19. 2) Daoine óga nach bhfuil ag obair ná i mbun oideachais agus oiliúna, b = Briseadh sa tsraith sonraí mar gheall ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1700. 3) Ioncam agus dálaí maireachtála, b = Tabhairt isteach comhpháirt CAWI le haghaidh na dteaghlach nua-roghnaithe in 2021 le haghaidh LU.

Foinse: An Coimisiún Eorpach, Eurostat